Comhairle Chontae Dhún na nGall

# Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018



## Croí-Dhoiciméad

Meitheamh 2012



# RÉAMHRÁ

Thar ceann Bhaill Thofa Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá lúcháir orm Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 a chur i láthair. Is é is cuspóir don phlean seo cuidiú le forbairt inbhuanaithe Dhún na nGall a bhaint amach, mar a bhfuil an cháilíocht bheatha eisceachtúil, le hamharcra cianaosta sléibhe, lochanna agus cladaigh, mar aon le raon leathan seirbhísí ardchaighdeáin le hinfheisteoirí agus turasóirí araon a mhealladh go dtí an ceantar.

Tá Dún na nGall mar chuid d'fhoréigiún mór le Cathair Dhoire, a bhaineann le cuid iarthuaisceart d'oileán na hÉireann. Cruthaíonn sé mais chriticiúil a thacaíonn le háiseanna éagsúla sláinte, oideachais, miondíola, sóisialta agus pobail a chuireann go léir, chomh maith leis na deiseanna a thugann Project Kelvin agus lucht oibre a bhfuil ardsileanna acu, le háit tharraingteach a dhéanamh de Chontae le hinfheistíocht a dhéanamh, le bheith ag obair, agus le maireachtáil inti.
Féachann an plean seo le Dún na nGall a shuíomh ionas go mbainfidh sí tairbhe ó na bealaí nua a saothraímid ár mbeatha i ndomhan iomaíoch. Caithfimid tithe a chur ar fáil do dhaonra méadaitheach, atá ag maireachtáil níos faide agus atá ag iarraidh roghanna nua a dhéanamh. Caithfimid freagairt do na hathruithe a thugann teicneolaíochtaí nua dúinn agus a chinntiú go mbeidh sé ar ár leas sóisialta, pobail, cultúrtha agus comhshaoil. Aithníonn an plean seo gur féidir ár gcomhshaol stairiúil - foirgnimh, tírdhreacha, bailte móra agus sráidbhailte - a chaomhnú níos fearr má thig rath, seachas críonadh, ar a spiorad mar áit, agus féachann sé le candam suntasach forbartha a dhíriú ar shuíomhanna a ina bhfuil an cumas é a bhuanú.

Baineann an plean seo le cuidiú le fás dearfach ar bhealach inbhuanaithe a spreagann dul chun cinn eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht. Is cóir d'fhorbairt atá inbhuanaithe dul ar aghaidh, gan mhoill - tá toimhde i bhfách le forbairt inbhuanaithe mar bhonn leis an phlean seo. Leagann an creat seo amach go soiléir cad é a d'fhéadfadh forbairt atá beartaithe neamh-inbhuanaithe agus is cleachtadh cruthaitheach é a aimsíonn bealaí leis na háiteanna ina mairimid a leasú agus a fheabhsú.

An Comhairleoir Noel McBride
Méara Chontae Dhún na nGall
Meitheamh 2012

## Clár

| Clár | | Leathanach |
|---|---|---|
| Caibidil 1 | Réamhrá Agus Comhthéacs | 1 |
| Caibidil 2 | Croí-Straitéis | 10 |
| Caibidil 3 | Forbairt Eacnamaíochta | 30 |
| | Forbairt Eacnamaíochta | 30 |
| | Straitéis Miondíola an Chontae 2012–2018 | 40 |
| Caibidil 4 | Infreastruchtúr | 50 |
| | Iompar | 50 |
| | Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | 58 |
| | Teileachumarsáid | 66 |
| | Tuilte | 70 |
| Caibidil 5 | Tithíocht | 76 |
| | Straitéis Tithíochta | 76 |
| | Tithíocht Uirbeach | 81 |
| | Tithíocht Tuaithe | 86 |
| | Cóiríocht don Lucht Siúil | 97 |
| Caibidil 6 | An Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha | 99 |
| | Oidhreacht Nádúrtha | 99 |
| | Oidhreacht Thógtha | 104 |
| | Oidhreacht Seandálaíochta | 107 |
| Caibidil 7 | Forbairt Acmhainní Nádúrtha | 109 |
| | An Tionscal Eastóscach agus Geolaíochta | 109 |
| | Fuinneamh | 112 |
| Caibidil 8 | Turasóireacht Agus Muir | 119 |
| | Turasóireacht | 119 |
| | Bainistiú Acmhainní Mara agus Criosanna Cósta | 125 |
| Caibidil 9 | Pobal, Cultúr agus Gaeltacht | 130 |
| Caibidil 10 | Forbairt agus Caighdeáin Theicniúla | 138 |
| Caibidil 11 | Straitéis Cúraim Leanaí | 193 |

# AGUISÍNÍ

**AGUISÍN A** **Creatchórais Bailte**

**AGUISÍN A** **Teach a Thógáil faoin Tuath i nDún na nGall. Treoir maidir le hIonad, Suíomh agus Dearadh.**

**AGUISÍN A** **Tuarascáil Comhshaoil (SEA)**

## Liosta Táblaí

Tábla 1: Riachtanais Talún Tithíochta do Leitir Ceanainn agus don chuid eile de Chontae Dhún na nGall
Tábla 2: Riachtanais Talún Tithíochta do Leitir Ceanainn agus don chuid eile de Chontae Dhún na nGall
Tábla 3: Leithroinnt an daonra laistigh den aicme bailte
Tábla 4: Leibhéal folúntais agus ceadanna atá ar marthain ag leibhéal aicme
Tábla 5: Bailte móra a shuíomh sa san ordlathas lonnaíochtaí (agus tagair fosta do Léarscáil 1
Tábla 6: Teilgin Daonáirimh
Tábla 7: Soláthar talún laistigh den chuntas ar aicmí bailte uirbeach
Tábla 8: Bailte Aicme 1 agus 2
Tábla 9: Clár athnuachana Uirbeach agus Sráidbhailte 2010-2012
Tábla 10 Díolacháin Mhiondíola Náisiúnta Iomlána do Gach Gnó Nasctha (Foinse CSO, 2010)
Tábla 11 Díolacháin Mhiondíola Náisiúnta 2010 (Foinse CSO, 2010)
Tábla 12: Fostaíocht Earnálach 2002-2006 (Aonad Taighde Chomhairle Chontae Dhún na nGall)
Tábla 13 Spás Urláir i gContae Dhún na nGall, 2005
Tábla 14: Cineál Miondíola
Tábla 15: Riachtanais do chóireáil dramhuisce d'ilfhorbairtí
Tábla 16: Leochaileacht Tuilte agus Treoir maidir le hÚsáid Talún
Tábla 17: Maitrís Leochaileachta do Cheantair Uirbeacha
Tábla 18: Ionaid Mhuiríne/Slatiascaireachta Mara Bheartaithe
Tábla 19: Tránna Brataí Goirme
Tábla 20: Teorainneacha ar Thaobh an Bhóthair i gCeantair Thuaithe
Tábla 21: Bóithre Poiblí ach go hÁirithe
Tábla 22: Bóithre Inmheánacha Cónaithe/Tionscail
Tábla 23: Amharclínte ag pointí rochtana chuig Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad
Tábla 24: Achar Amhairc chun Stopadh
Tábla 25: Caighdeáin Pháirceála Carranna
Tábla 26: Diminsin Na Mbánna Lódála & Páirceála
Tábla 27: Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi Chaomhnóireacht an OPW
Tábla 28: Reiligí Stairiúla (atá faoi chaomhnóireacht Chomhairle Chontae Dhún na nGall)
Tábla 29: Taifead Na Struchtúr Cosanta - Toghcheantar na nGleanntach
Tábla 30: Taifead Na Struchtúr Cosanta - Toghcheantar Inis Eoghain
Tábla 31: Taifead Na Struchtúr Cosanta - Toghcheantar Leitir Ceanainn
Tábla 32: Taifead Na Struchtúr Cosanta - Toghcheantar Shrath an Urláir
Tábla 33: Taifead Na Struchtúr Cosanta - Toghcheantar Bhaile Dhún na nGall
Tábla 34: Cearta Slí Poiblí

Tábla 35: Líon Iomlán na Seirbhísí Cúraim Leanaí sa Chontae
Tábla 36: Scaipeadh geografach na seirbhísí
Tábla 37: Seirbhísí Cúram Leanaí ag Rochtain ar an Scéim Fóirdheontais Pobail um Chúram Leanaí (Scéim FPCL)
Tábla 38: Seirbhísí Cúram Leanaí ag Rochtain ar an Sceim Tacaíochta Fostaíochta agus Oiliúna Cúraim Leanaí (Scéim TFOCL)
Tábla 39: An Líon Leanbh i gContae Dhún na nGall de réir bliana, aoisghrúpa agus toghlimistéar.
Tábla 40: Daonáireamh an Toghlimistéir a léiríonn athrú céatadáin agus athrú iarbhír idir dhaonáireamh 2002-2006
Tábla 41: Tábla ina léirítear staitisticí ar an líon leanbh atá anois ann agus ar an líon leanbh atá teilgthe (Bunaithe ar mheántreocht leanúnach d'ardú de 2.4% ar an ráta breithe bliain ar bhliain san aoischohóirt 0-4, agus leanúint an fháis de 2% roimhe sin san aoischohóirt 0-14)
Tábla 42: Léirítear Ráta Breithe Bliantúil Iarbhír i nDún na nGall ó 1998-2009 agus Ráta Breithe Bliantúil Teilgthe ó 2010-2016, bunaithe ar ardú bliantúil de 2.4% (an meánráta fáis idir 1998-2009)

## Liosta Figiúrí

Fíor 1: Ceangail an Phlean Forbartha le pleananna eile.
Fíor 2: Cuntas ar Aicmí Bailte Uirbeacha do Chontae Dhún na nGall (Aicmí).
Fíor 3: Factóirí Iomaíochta.
Fíor 4: Sampla – Saincheantair Tuilte A, B agus C.
Fíor 5: Ceadanna tithe saoire de réir toghlimistéir 2000-2010.
Fíor 6: Mionsonraí faoi Bhealaí Isteach do Mhaoin Chónaithe.
Fíor 7: Tomhas le haghaidh Spré Léargais [achair X & Y].
Fíor 8: Spré léargais malartach do bhóithre uirbeacha, réigiúnacha agus áitiúla sa chas go mbíonn cosc ar scoitheadh.

## Liosta Léarscáileanna

Léarscáil 1: Croí-Straitéis.
Léarscáil 2: Slite Infreastruchtúir Straitéiseacha.
Léarscáil 3: Líonra Iompair Sraitéiseach.
Léarscáil 4: Aerfort a Chosaint Léarscáil.
Léarscáil 5: Gréasán Teileachumarsáide do Ghutháin Phóca.
Léarscáil 6: Mórlíonra ICT gan Sreang.
Léarscáil 7: Cineálacha Ceantar Tuaithe.
Léarscáil 8: Limistéar Conláiste Ardscéimhe.
Léarscáil 9: Fuinneamh Gaoithe.
Léarscáil 10: Cearta Slí Poíblí.

**Bealaí agus Slite Léarscáilithe d'Fhorchoimeád**

Léarscáil (a) N14 Leitir Ceanainn go Leifear.
Léarscáil (b) N15 Leifear go Bealach Feích.
Léarscáil (c) N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear.
Léarscáil (d) N56 An Clochán Liath Na Gleannta (Cill Riáin).
Léarscáil (e) N56 Bóthar Faoisimh Leitir Ceanainn.
Léarscáil (f) N13-N15 Seachbhóthar Bhealach Féich Shrath an Urláir.
Léarscáil (g) N56 Inbhear go Na Cealla Beaga.
Léarscáil (h) Bóithre Faoisimh Laistigh agus Lasmuigh Bhun Cranncha.
Léarscáil (i) Seachbhóthar Mhagh.

# Caibidil 1
# Réamhrá Agus Comhthéacs.



# Caibidil 1 Réamhrá Agus Comhthéacs

## 1.1 Réamhrá

Is é Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall an príomhuirlis a úsáidtear chun athruithe ar úsáid talún sa Chontae a bhainistiú. Baineann an t-athrú fisiciúil le brúnna agus le fás laistigh dár mbailte agus dár gceantair thuaithe; athnuachan agus athghiniúint na mbailte agus na gceantar tuaithe sin; ár n-oidhreacht a chosaint (nádúrtha agus de dhéantús an duine); chomh maith leis na hiliomad brúnna éagsúla ar an tírdhreach i bhfoirm cineálacha éagsúla forbartha.

Ullmhaíodh an Plean Forbartha 2012-2018 seo de réir riachtanas na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2010 agus de réir Treoirlínte an Phlean Forbartha, 2007 agus de réir treoracha Rialtais eile i bhfoirm Treoirlínte agus Ciorclán.

Leagann an Plean cuspóirí agus beartais straitéiseacha na Comhairle amach maidir le forbairt foriomlán an Chontae suas go dtí 2018 agus ina dhiaidh sin suas go dtí an bhliain ionchais 2022. Baineann an Plean le ceantar feidhme Chomhairle Chontae Dhún na nGall, gan na trí limistéar Comhairlí Baile seo a leanas san áireamh: Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin ó tharla gur Údaráis Phleanála ar leithligh atá iontu agus tá a gcuid Pleananna Forbartha féin acu.

Cuimsíonn an Plean Forbartha Croí-Straitéis atá straitéiseach chun críocha cuspóirí forbartha agus beartais a fhorbairt le hollstraitéis faoi choinne phleanáil chuí agus fhorbair inbhuanaithe cheantar an Phlean Forbartha a sheachadadh. Léiríonn an Chroí-Straitéis go bhfuil na cuspóirí forbartha leagtha amach sa Phlean comhleanúnach chomh fada agus is féidir a dhéanamh le cuspóirí forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha leagtha amach sa Phlean Spásúil Náisiúnta, 2002-2020 agus in Treoirlínte Pleanála do Réigiún na Teorann, 2012-2022. Tá an Plean Forbartha faoi réir, chomh maith, Measúnú Comhshaoil Straitéiseach (MCS) léirithe mar Aguisín C, na tuairisce Comhshaoil agus tuairisce ar phróiseas an Mheasúnaithe Chuí (MC) mar a éilítear faoi Threoir na nGnáthóg.

Éilíonn an tAcht Pleanála go gcuimseoidh an Plean Forbartha roinnt cuspóirí reachtúla ar nós iad seo a leanas:

- Na húsáidí a bhaintear as an talamh a chriosú.
- Infreastruchtúr a sholáthar.
- An comhshaol a chaomhnú agus a chosaint.
- Bainistiú gnéithe an tírdhreacha a spreagadh agus a charachtar a chaomhnú.
- Na caighdeáin comhshaoil agus na cuspóirí a bunaíodh do chomhlachtaí rialacháin uisce dromchla agus screamhuisce a chomhlíonadh.
- Riachtanais shósialta, phobail agus chultúir a lánpháirtiú.
- Struchtúir, nó codanna struchtúr, a bhfuil leas speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil ag baint leo a chosaint.
- Tréithe na gceantar caomhantais ailtireachta a chaomhnú.
- Na ceantair a bhfuil athghiniúint de dhíth orthu a athnuachan agus a fhorbairt.
- Cóiríocht don lucht siúil a chur ar fáil.
- Taitneamhachtaí lena n-áirítear taitneamhachtaí áineasa agus cultúir a chaomhnú, a fheabhsú agus a leathnú.
- Soláthar seirbhísí chuig an phobal agus i scoileanna, i naíolanna agus i saoráidí oideachais/cúraim leanaí áirithe eile a sholáthar nó a éascú.
- Oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint.

- Lonnaíocht inbhuanaithe agus straitéisí iompair i gceantair uirbeacha agus tuaithe a chur chun cinn.
- Cearta rochtana poiblí a chaomhnú.

**Léirmhíniú**
Sa Phlean seo mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:-

Ciallaíonn "An Chomhairle" Comhairle Chontae Dhún na nGall.
Ciallaíonn "An Chomhairle Contae" Comhairle Chontae Dhún na nGall.
Ciallaíonn "An Contae" ceantar riaracháin na Comhairle chun críocha na nAchtanna Pleanála atá comhdhéanta de Chontae Dhún na nGall ar fad gan Comhairlí Baile Bhun Cranncha, Bun Dobhráin agus Leitir Ceanainn san áireamh.
Ciallaíonn "An Plean" Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018.

**Leagan amach an doiciméid**
Tá na doiciméid seo a leanas mar chuid de Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018:

1. An Doicimèad Scríofa
2. Léirscáileanna/Pleananna
3. Aguisíní

D'fhonn amhras a sheachaint, sa chás go mbíonn easaontas nó difríocht idir léarscáileanna agus téacs, bíonn feidhm leis an ráiteas scríofa.

## 1.2 An Comhthéacs Pleanála

### Comhthéacs Náisiúnta agus Trasteorann

**An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002-2020**
Is creat pleanála atá sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) 2002-2020 atá leagtha amach chun cothromaíocht inmharthana forbartha sóisialta, eacnamaíochta agus fisiciúil agus fás daonra ar fud na tíre a bhaint amach. Leagann an NSS béim ar ról lárnach na nGeatabhealaí ainmnithe, agus iad ag feidhmiú mar threallús eacnamaíochta do na Réigiúin. Maidir le Contae Dhún na nGall agus an tIarthuaisceart, d'ainmnigh an NSS geatabhealach nasctha do Leitir Ceanainn-Doire, mar cheann de na 8 geatabhealaí sa tír lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


D'aithin an NSS roinnt príomhréimsí le breithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs spáis;
- An deis atá ann comhoibriú a dhéanamh ar phríomhshaincheisteanna pleanála straitéiseacha le Tuaisceart Éireann;
- An riachtanas atá ann mais chriticiúil a bhaint amach, go háirithe i Leitir Ceanainn;
- A chinntiú go mbeidh ceangail infreastruchtúir leordhóthanacha ann idir an Réigiún agus an chuid eile den tír agus Tuaisceart Éireann.

Léirigh an Rialtas i dtuarascáil an NSS, 'Update and Outlook Report' a foilsíodh le déanaí roinnt pointí ar mhaithe le gníomhartha amach anseo a bhaineann leis an bPlean Forbartha Contae:
- Ní mór go ndéanfar infheistíocht chaipitil in infreastruchtúr fisiciúil a ailíniú níos dlúithe leis an bheartas lonnaíochta, chun tosaíocht na pleanála agus na hinfheistíochta straitéisí a lánpháirtiú ionas go ndíreofar ar sholáthar infreastruchtúir agus go ndéanfar é a chomhordú go héifeachtúil.
- Tacaíocht a thabhairt do chuspóirí beartais Gheilleagar Stuama an Rialtais ar mhaithe le hathnuachan eacnamaíochta, le hinfheistíocht chomhordaithe sna príomhGheatabhealaí ar nós

Leitir Ceanainn, a bhfuil deis láidir agus daonra leordhóthanach acu le bheith mar threallús do dhul chun cinn eacnamaíochta Réigiúnach agus Náisiúnta.

- Leas a bhaint as deiseanna na gceantar tuaithe agus fostaíocht nua a chruthú, go háirithe ó thaobh úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha dúchasacha sna hearnálacha seo a leanas: talmhaíocht agus agra-ghnó, foraoiseacht, iascach, fuinneamh in-athnuaite agus turasóireacht, agus i réimsí eile fosta ar nós earnálacha eolasbhunaithe nó earnálacha cruthaitheacha, nach mbraitheann go mór ar an láthair.
- An deis atá ann lánpháirtiú oibríochta níos fearr a chruthú i gcur i bhfeidhm dhá straitéis spáis ar oiléan na hÉireann trí shonraí, trí chomhairle agus trí chomhoibriú a roinnt níos fearr agus pleannanna reachtúla agus neamhreachtúla á bhforbairt.
- "Croí-Straitéisí" a thabhairt isteach sa Phlean Forbartha chun béim a leagan ar ról agus ábharthacht straitéiseach na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha chun forbairt áitiúil a threorú agus a chomhordú agus chun comhleanúnachas níos fearr a chinntiú idir beartas úsáid talún Náisiúnta, Cláir Infheistíochta Caipitiúla, Pleananna Forbartha agus Pleananna Limistéir Áitiúil.
- Timpeallachtaí uirbeacha ardchaighdeáin ar féidir leo an caighdeán saoil a fheabhsú, éileamh ar thaisteal a laghdú, an úsáid is fearr a bhaint as infreastruchtúr agus costais shóisialta agus chomhshaoil diúltacha a laghdú.
- An méid a bhraithimid ar bhreoslaí iontaise agus ar astaíochtaí gáis cheaptha a laghdú agus caighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú, éiceachórais nádúrtha agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú.
- Ní mór go dtabharfadh na straitéisí forbartha eacnamaíochta aghaidh ar na deiseanna atá ann chun fostaíocht nua agus éagsúil a chur ar fáil i gceantair thuaithe.

**Fíor 1: Ceangail an Phlean Forbartha le pleananna eile**




### Treoirlínte don Bheartas Pleanála Náisiúnta

Éilíonn na hAchtanna Pleanála ar na hÚdárais Phleanála aird a thabhairt ar Threoirlínte an Aire. Is iad na treoirlínte a bhfuil an bhaint is mó acu le hullmhú an Phlean Forbartha ná:

- Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (MSC)
- An Córas Pleanála agus Bainistiú Baoil Tuilte
- Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe a Fhorbairt
- Treoirlínte Pleanála Miondíola

- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus sna Lámhleabhair Deartha
- Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha

Is féidir sraith treoirlínte a fháil ar www.environ.ie.

### An Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann a cuireadh le chéile in 2001 (RDSNI)

Tá teorainn forleathan ag an gContae le Tuaisceart Éireann. Tá níos mó ná 90% de theorainn na talún ag luí le hais Thuaisceart Éireann. Tá sé tábhachtach go ndéantar an fhíric seo a aithint i gcomhthéacs pleanála an Phlean Forbartha. Bhí roinnt téamaí ullmhaithe ag an RDSNI:

- Córais uirbeacha pholalárnach agus cothromaithe a fhorbairt.
- An riachtanas atá ann caidrimh uirbeacha-tuaithe nua a fhorbairt.
- Infreastruchtúr lánpháirtithe a chur chun cinn.
- Úsáid stuama agus íogaireach a bhaint as acmhainní nádúrtha, agus as an oidhreacht thógtha agus chultúrtha fosta.

Aithníonn na téamaí seo an tábhacht a bhaineann le pleanáil spáis a chomhordú i gceantair Trasteorann. Go sonrach, tá sé mar chuspóir ag an straitéis an tIarthuaisceart a fhorbairt bunaithe ar Chathair Dhoire, agus an chathair a láidriú mar mhol don Iarthuaisceart ar fad, Dún na nGall a bhfuil go leor ceangal aige le Doire, san áireamh. Tugann an straitéis le fios go bhfuil ceantair faoi mhíbhuntáiste ar an dá thaobh den Teorainn, rud a leagann béim ar an riachtanas atá ann fás eacnamaíochta níos fearr a chothú ar fud an cheantair ar fad. Dá bhrí sin, spreagann an Straitéis comhoibriú Trasteorann ar bhonn fíorleathan. Áirítear na pointí seo a leanas ar na cuspóirí straitéiseacha do cheantar an Iarthuairscirt fosta:

- Ról Dhoire a láidriú mar chathair Réigiúnach agus mar mhol iompair an Iarthuaiscirt, a chuireann príomh-infreastruchtúr agus príomhsheirbhísí ar fáil i gcúrsaí riaracháin, oideachais, sláinte, fuinnimh, tionscail, tráchtála, siopadóireachta, cultúir agus ó thaobh taitneamhachtaí turasóireachta.
- Fás eacnamaíochta agus forbairt tionscail a spreagadh chun freastal ar riachtanais fostaíochta daonra atá ag fás go tapaidh; agus
- Doire a chur chun cinn trí athnuachan leanúnach agus forbairt íogaireach a dhéanamh ar an suíomh iontach in aice le bruach na habhann agus ar na ballaí uathúla i gcróilár na cathrach.

## Comhthéacs an Bheartais Réigiúnaigh

### Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Údarás na dTeorann Réigiúnach (BRA) 2010-2022

Tá Údarás na dTeorann Réigiúnach (BRA) ar cheann de na 8 údarás a bunaíodh mar chomhlacht reachtúil in 1994, agus é mar shainordú aige comhordú a chur chun cinn ar fud ghnó na nÚdarás Áitiúil ag leibhéal Réigiúnach agus comhairle a thabhairt ar mhaoiniú. Clúdaíonn an BRA na contaetha seo a leanas: Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Cabhán, Muineachán agus Lú.

Foilsíodh na céad Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (RPGanna) in 2004. Clúdaíonn an RPGanna nua an tréimhse 2010-2022 agus cuireann siad leis na taithí roimhe seo. Tá na treoirlínte nua riachtanach chun creat pleanála straitéiseach fadthéarmach a leagan amach ar mhaithe le pleanáil agus forbairt chuí an Réigiúin chun soláthar a dhéanamh do phobail inbhuanaithe. Tagann na Treoirlínte leis an Straitéis Spáis Náisiúnta agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta chomh maith leis an Straitéis Forbartha Réigiunach i dTuaisceart Éireann.

Cuireann na Treoirlínte nua múnla níos lánpháirtithe ar fáil ar mhaithe le fás agus le forbairt agus tagann pleanáil spáis leis an ngeilleagar agus leis an infreastruchtúr beartaithe laistigh de gach réimse

earnála ábhartha. Cuireann breithniú níos sonraithe ar athrú aeráide, ar bhainistiú comhshaoil agus ar bhainistiú baoil tuilte leis an gcur chuige nua.

Léarscáil 3.1 sna TPR (Meán Fómhair 2010) an stráitéis spásúil lonnaíochta do réigiún na teorann. Sainithníonn an straitéis seo an tábhacht a bhaineann le Bealach Straitéiseach an Iarthair a nascann Leitir Ceanainn, Doire, Baile Féich/Srath an Urláir, Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin agus Geatabhealach Shligigh. Léiríonn sé, thairis sin, nascacht ar aghaidh ó na Geatabhealaigh go Tuaisceart Éireann agus trí Shligeach chun na Gaillimhe. Tá an tábhacht a bhaineann le tionscadal débhóthair an A5 leis an bhealach iompair straitéiseach ó Dhoire go Baile Átha Cliath a uasghrádú soiléir chomh maith agus an Trasbhóthar Thuaidh á aithint, agus tá a naisc le Bealach an Iarthair soiléir chomh maith leis an tairbhe ghaolmhar do réigiún an iarthuaiscirt.

Maidir le forbairt eacnamaíoch, baineann na saincheisteanna a eascraíonn ó na TPR i dtaca leis an phlean forbartha leis an riachtanas soláthar talaimh agus infreastruchtúir ar mhórscála faoi choinne mórinfheistíochta, tailte tionsclaíocha agus trádála atá criosaithe go himleor agus breithniú ar an chur chuige seichimh ina leith seo. Rud eile de, léiríonn na TPR an gá le soláthar a dhéanamh faoi choinne éagsúlú talmhaíochta agus fiontríocht tuaithe, ar a n-áirítear coilltiú agus fuinneamh inathnuaite faoi réir breithnithe fóirsteanacha comhshaoil. Nótálann na TPR chomh maith an gá le deiseanna a chur ar fáil faoi choinne fiontair a bhunú bunaithe ar phróiseáil táirgí nádúrtha chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le hearnáil an mhiondíola agus leibhéal caillteanais mhiondíola go Tuaisceart Éireann a aithint. Rud eile de, i gcomhthéacs mórfhorbairt fiontraíochta agus tionsclaíochta, nótálann na TPR nach mór beartais a bheith ann faoi choinne fhorbairt a leithéid de mhórfhiontraíocht agus thionsclaíocht i suíomhanna inarbh fhéidir córais chóireála fuíolluisce le cumas sceitheanna fuíolluisce a chur amach atá ar chaighdeán nach mbeidh tionchar diúltach aige ar láithreacha Eorpacha síos an sruth.

Tá na príomhphointí seo maidir leis an bPlean Forbartha san áireamh le príomhspriocanna straitéiseacha na RGPanna.

- Forbairt ar an tsócmhainn is tábhachtaí sa Réigiún a chothú, is í sin a chuid daoine, trí chaighdeán saoil níos fearr a chur ar fáil.
- A chinntiú go bhfeidhmeoidh an fhorbairt a dhéanfar ar Leitir Ceanainn mar threallús straitéiseach fáis don Chontae agus go n-éascóidh an fhorbairt sin forbairt inbhuanaithe lánpháirtithe idir ceantair uirbeacha agus tuaithe.
- Naisc chomhcheangailteachta agus soghluaiseachta a fheabhsú.
- Nuálaíocht, fás eacnamaíochta agus iomaíochas ó thaobh deis forbartha an Chontae a chur chun cinn agus na hearnálacha a thiocfaidh chun cinn a éascú chun poist inbhunaithe a chur ar fáil don todhchaí.
- Caighdeán an chomhshaoil nádúrtha agus na hoidhreachta tógtha a chosaint agus a fheabhsú.

Leagann na RPGanna Croí-Straitéis amach don Réigiún. Bunaíonn siad an creat d'fhás daonra, do spriocanna tithíochta agus don Riachtanas Talún Tithíochta (HLR) do gach údarás áitiúil. Tá na figiúirí a bhaineann le Dún na nGall leagtha amach i dTábla 1 thíos agus ní mór iad a thabhairt san áireamh sa Phlean Forbartha tríd an gCroí-Straitéis Bailte de réir mar a éilíonn an reachtaíocht agus mar atá leagtha amach i gCaibidil 2.

**Tábla 1: Riachtanais Talún Tithíochta do Leitir Ceanainn agus don chuid eile de Chontae Dhún na nGall (mar atá sna RPGanna do Réigiún an Teorann 2010)**

| Láthair | Ardú ar an daonra 2010-2016 | Líon na n-aonad conáithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don tréimhse 2012-2018 | An méid talún tithíochta criosaithe iomlán a bheidh ag teastáil don tréimhse 2010-2016 (50% maidr le criosú de réir Treoirlínte Pleanála agus Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil san áireamh) | Riachtanas Talún Tithíochta (bunaithe ar (i) 12 aonad/ heic (ii)15 aonad / heic (iii) 20 aonad / heic (+50%) |
|---|---|---|---|---|
| Leitir Ceanainn | 2,700 | 925 (bunaithe ar mheánmhéid lín tí de 2.92 duine i bPlean Forbartha Leitir Ceanainn & na gCeantar Máguaird) | 41 heic (bunaithe ar mheánmhéid dlúis thithíochta de 35 aonad in aghaidh an heicteáir) | --- |
| Contae Dhún na nGall (gan Leitir Ceanainn san áireamh) | 10,227 (mínithe mar an sciar a bhí fágtha) | 3,653 (bunaithe ar mheánmhéid lín tí de 2.8) | --- | 297 heic<br>237 heic<br>178 heic[1] |

**An Plean Bainistíochta Abhantraí do Cheantar Abhantraí an Iarthuaiscirt (RBMP) 2009-2015**

De réir Chreat-Treoir Uisce de chuid an AE, tá Éire tiomanta bainistíocht a dhéanamh ar na huiscí ar fad trí phróiseas atá bunaithe ar dhobharcheantair, agus is é an Plean Bainistithe Abhantraí (RBMP) an sásra chun sin a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm ag an RBMP gach uisce laistigh den cheantar a chosaint agus, nuair is gá, uiscí a fheabhsú agus úsáid uisce inbhuanaithe a bhaint amach. San áireamh ar na huiscí tá aibhneacha, canálacha, locha, taiscumair, screamhuiscí, ceantair chosanta (lena n-áirítear bogaigh agus éiceachórais eile a bhraitheann ar uisce) inbhir agus uiscí cósta.

Féachann cur i bhfeidhm an RBMP le feabhas breise a bhaint amach agus leis sin go mbainfeadh go leor uiscí i nDún na nGall "stádas maith" ar a laghad amach roimh 2015, agus go mbeadh an pobal ar fad in ann leas a bhaint as trí rochtain inbhuanaithe fadthéarmach ar na huiscí seo agus ar úsáid na n-uiscí a chur ar fáil. Sa chás go mbíonn uiscí níos ísle ná an stádas maith, ní mór iad a fheabhsú go dtí go mbaineann siad stádas maith amach agus níor chóir go dtiocfadh meathlú ar stádas na n-uiscí reatha.

[1] Ní áiríonn Riachtanas Talaimh Thithíochta an riachtanas ag aicme 5 nó ní bheidh talamh criosaithe in aicme 5, tuath.

Beidh tionchar mór ag an RBMP ar chuspóirí agus ar bheartais an Phlean Forbartha go háirithe maidir le Croí-Straitéis/Ordlathas Bailte agus caibidil earnála ar nós Forbairt Eacnamaíochta agus Tithíocht a ullmhú.

### An Comhthéacs Beartas Áitiúil

Ag leanúint ar aghaidh ó na creataí Náisiúnta agus Réigiúnacha tá doiciméid áitiúla eile a bhfuil tábhacht ag baint leo fosta. Tá trí Phlean Forbartha reachtúil eile ann a bhaineann leis an gContae. Is iad sin:

- Plean Forbartha Leitir Ceanainn agus na gCeantar Máguaird (2009-2015).
- Plean Forbartha Bun Dobhráin agus na gCeantar Máguaird (2009-2015).
- Plean Forbartha Bhun Cranncha agus na gCeantar Máguaird (2008-2014).

Tá tábhacht ag baint le Plean Forbartha Leitir Ceanainn agus na gCeantar Máguaird ó tharla go gcuireann sé an creat ar fáil chun iad a aistriú chuig Cathair Geatabhealach, mar atá leagtha amach san NSS.

Ullmhaíodh Pleananna Limistéir Áitiúil i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae. Léiríonn an Croí-Straitéis áfach, an rún atá ann faoi láthair maidir le Pleananna Limistéir Áitiúla a ullmhú amach anseo. I mbailte aicme 2 (lasmuigh de Bhun Cranncha agus de Bhun Dobhráin mar a luaitear thuas), ullmhófar Pleananna Limistéir Áitiúla agus cuirfear pleananna nua ina n-áit nó déanfar iad a leasú, de réir mar is cuí, laistigh de bhliain amháin ó ghlacfar an Plean Forbartha Contae de réir riachtanas reachtaíochta.

San áireamh le doiciméid áitiúla eile a bhaineann leis an Phlean Forbartha Contae tá An Straitéis. Cuireann An Straitéis straitéis socheacnamaíochta agus cultúrtha ar fáil don Chontae agus d'ullmhaigh an Bord Forbartha Contae é, Bord a sheasann do leasanna earnála éagsúla. Tá sé tábhachtach an caidreamh idir an Plean Forbartha agus An Straitéis a shoiléiriú. Cuireann An Straitéis an comhthéacs socheacnamaíochta ar fáil don Phlean Forbartha. Feidhmíonn an dá cháipéis mar ráitis a thagann le chéile maidir le forbairt an Chontae, ach tá réimse freagrachta éagsúil acu. Díríonn An Straitéis ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha, ach díríonn an Plean Forbartha ar úsáid talún go príomha. Bíonn breithnuithe socheacnamaíochta mar fhaisnéis do chinntí úsáide talún agus léiríonn diminsean spáis na Straitéise ar bheartais úsáide talún agus ar chuspóirí an Phlean Forbartha. Is é an Plean Forbartha an ráiteas reachtúil maidir le cúrsaí straitéise úsáid talún. I gcleachtas áfach, bíonn go leor idirghníomhaíochta idir an dá cháipéis, ó tharla go gcabhraíonn an dá cheann acu chun comhthéacs a leagan amach dá chéile. Léiríonn agus neartaíonn siad a chéile in áit a bheith in iomaíocht nó in easaontas lena chéile ó thaobh téarmaí beartas de.

Tá deis ann chomh maith naisc Trasteorann a fhorbairt agus a úsáid i gcomhthéacs Geatabhealaigh Leitir Ceanainn-Doire trí Thionscnamh Gheatabhealach an Iarthuaiscirt agus trí Chomhpháirtíocht an Iarthuaiscirt.

## 1.3 Daonra

Tá Páipéar Deimeagrafaíochta cúlra (Samhain 2010) ullmhaithe mar chuid de phróiseas athbhreithnithe an phlean le hanailís spásúil mhionsonraithe treochtaí daonra sa Chontae a leagan amach. Tugann an Tuairisc Chomhshaoil, Rannán 5.9 (Aguisín C) forbhreathnú ar na treochtaí deimeagrafacha sa chontae arna ndíorthú ón pháipéar cúlra.

Measadh daonra Chontae Dhún na nGall (réamhthorthaí dhaonáireamh 2011) ag 160,927, i ndiaidh fás de 9.3% thar an tréimhse 2006-2011. Léiríonn seo ráta fáis níos gaiste ná an ráta fáis faoi choinne 2002-2006 (7%). Tá an ráta fáis thar an tréimhse 2006-2011 faoi choinne Dhún na nGall níos gaiste ná ráta fáis an Stáit (8.1%).

Bhí an dara ráta folúis ab airde sa stát i gContae Dhún na nGall in 2011, ag 28.5% arb ionann é agus 24,066 teach. Tá an figiúr seo ard nó tá sé comhdhéanta d'iomlán na dtithe folmha + árasáin fholmha + tithe saoire/ stoc iomlán tithe.

## 1.4 Dálaí Reatha Eacnamaíocha

I gCaibidil 3, Forbairt Eacnamaíoch, leagtar amach an comhthéacs náisiúnta don phlean forbartha, ag rá gur fhás an geilleagar náisiúnta sna blianta a fhad le 2007, ar an mheán ag ráta 5 go 6% per annum, agus go bhfuil sé tite ar gcúl ó thosaigh an meathlú. Aithníonn an plean na tionchair leitheadacha a bhí ag na dálaí eacnamaíocha ar an Chontae agus an bhaint atá ag na tionchair sin le pleanáil úsáid fhisiciúil an talaimh. Ar an chéad dul síos, tá 'éileamh' laghdaithe ann ar fhorbairt agus, mar thoradh air sin, tugann an plean deis thábhachtach le díriú ar 'riachtanas' agus 'cumas.' Nuair a chuirtear san áireamh teorainneacha reatha ar mhaoiniú poiblí, infheistíocht phríobháideach laghdaithe, oibligeáidí soiléire maidir le soláthar infreastruchtúr agus caighdeán seirbhíse chomh maith le soiléire maidir lenár n-oibligeáidí timpeallachta, caithfidh an plean a ról maidir le forbairt úr agus tosaíochtaí infheistíochta a threorú go hiomhchuí a neartú agus, comhthreomhar leis sin, na bearta atá ar fáil agus atá iomchuí a dhéanamh le tabhairt faoi shaincheisteanna oidhreachta

## 1.5 Príomhchuspóirí Straitéiseacha

D'aithin an Chomhairle roinnt príomhchuspoírí straitéiseacha don Chontae a dtabharfaidh an Plean Forbartha aghaidh orthu agus beidh na nithe seo a leanas san áireamh leo:

**IC-O-1:** Múnla eacnamaíochta inbhuanaithe a fhorbairt mar aon le nuálaíocht, taighde agus forbairt, éagsúlú tuaithe, tionscnaimh éicea-thurasóireachta, dul chun cinn fuinnimh a chuimsiú agus fiontair nua inbhuanaithe atá ag tosú amach a chur chun cinn.

**IC-O-2:** Naisc infreastruchtúir, gnó agus nuálaíochta laistigh den Chontae agus i gcomhthéacs Trasteorann a láidriú le Geatabhealaí, moil, agus bailte eile i Réigiún Teorann Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna eile sa tír agus níos faide ó bhaile.

**IC-O-3:** Fiontraíocht ghnó, nuálaíocht agus caidrimh oideachais le hinstitiúidí oideachais trasteorann a láidriú agus an tIarthuaisceart a chur chun cinn go ginearálta agus infheistíocht a mhealladh isteach sa Chontae.

**IC-O-4:** Ról Leitir Ceanainn mar fhócas an Gheatabhealaigh, mar threallús ar mhaithe le soláthar fostaíochta agus seirbhísí sa Chontae a chomhdhlúthú, a chosaint agus a fheabhsú.

**IC-O-5:** Tacaíocht a thabhairt do phobail bhríomhara agus tosaíocht a thabhairt d'uilechuimsitheacht shóisialta don daonra ar fad trí chomhionannas rochtana ar raon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear sláinte, oideachas, áineas, cúram leanaí, ealaíon, cultúr, siopadóireacht agus gníomhaíochtaí spóirt.

**IC-O-6:** Caighdeán agus éagsúlacht uathúil an chomhshaoil a chosaint agus a fheabhsú sa Chontae trí raon leathan bearta, arna dtacú ag pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

**IC-O-7:** Aghaidh a thabhairt ar na heaspaí infreastruchtúir agus seirbhísí atá ann cheana féin ar fud an Chontae ar nós an líonra iompair, iarnród, soláthar uisce agus saoráidí dramhuisce, diúscairt dramhaíola, líonraí fuinnimh agus cumarsáide, soláthar oideachais, cúram sláinte, miondíolachán agus raon leathan saoráidí pobalbhunaithe.

**IC-O-8:** Forbairt inbhuanaithe chuí, nuálaíocht, taighde agus dul chun cinn teicniúil i ngnó, i gcumarsáid agus i bhforbairt fuinnimh ar fud an Chontae agus i gcomhthéacs Réigiúnach, Treasteorann agus Náisiúnta a éascú.

**IC-O-9:** Is cuspóir de chuid an Phlean Forbartha é beartais an Phlean Forbartha seo a chur i bhfeidhm.

Ag teacht chun cinn ón méid atá thuasluaite, aithníodh na príomhshaincheisteanna seo a leanas atá amach roimh an Chontae. Tabharfaidh an Plean Forbartha aghaidh ar na saincheisteanna seo sa ráiteas scríofa.

- Daonra agus caighdeán beatha an phobail a choinneáil agus a ardú.
- Conas forbairt chothromaithe a bhaint amach bunaithe ar an Gheatabhealach, ar chuntas ar aicmí bailte agus aird chuí á tabhairt ar phobail tuaithe.
- Freastal a dhéanamh ar fhás, ar infheistíocht agus ar fhostaíocht chuí agus borradh a chur fúthu agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar raon easpaí infreastruchtúir.
- Conas dul i ngleic leis an ráta ard dífhostaíochta a bhaineann leis an chuid eile den Chontae.
- Conas cur leis na sócmhainní a bhaineann an Contae taitneamh astu go hinbhunaithte, lena n-áirítear cultúr, an cumas atá ann d'ábhair in-athnuaite ar nós fuinnimh gaoithe agus an deis turasóireachta atá ann.
- Conas fás an Chontae a chothromú le cosaint comhshaoil.
- Conas cumarsáid, infreastruchtúr, gnó, oideachas, taighde agus naisc fhorbartha sa chomhthéacs Trasteorann, Réigiúnach, Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a láidriú.

Rud eile de, leagann an Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C, leagann sí amach méid na mbrúnna comhshaoil i gContae Dhún na nGall. Tá achoimre orthu seo in alt 6.0 den Tuairisc Chomhshaoil.

# Caibidil 2
# Croí-Straitéis.



# Caibidil 2 Croí-Straitéis

## 2.1 Réamhrá agus Leanúnachas

Leagann an chuid seo den phlean amach an creat straitéiseach pleanála spáis do cheantar an Phlean Forbartha Chontae thar tréimhse ghearrthéarmach go dtí tréimhse níos fadtéarmaí. Tá an creat bunaithe ar fhianaise agus ar chainníochtaí, agus léiríonn sé leanúnachas maidir le haicme agus róil na ngeatabhealaí, na mbailte agus na gceantar tuaithe eile chomh maith leis an phróiseas a bhaineann le héifeacht a thabhairt don aicmiú trí chuspóirí daonra agus riachtanais talún tithíochta lena mbaineann a leagan amach.

**Patrúin agus Brúnna a bhaineann le Forbairt**

Bhí borradh suntasach i dtógáil i gContae Dhún na nGall, mar a bhí sa tír, le deich mbliana anuas. Go sonrach, bhí fás suntasach i dtithíocht scaipthe aonuaire faoi tuath de rogha ar mhaireachtáil i mbailte móra. Léirítear seo in anailís daonra sa pháipéar cúlra ar Dheimeagrafaíocht (Samhain 2010) mar a bhfuil scaipeadh spásúil dhaonra an chontae scoilte idir na ceantair thuaithe chomhiomlána (75.2% in 2006) agus ceantair uirbeacha comhiomlána (24.5%). Léiríonn na treochtaí ina leith seo ó bhí 2006 ann go bhfuil limistéir de cheantair thuaithe Dhún na nGall á n-athdhaonrú de réir mar atá an daonra sna ceantair thuaithe ag méadú leis ach gur laghdaigh an daonra sna ceantair uirbeacha chomhiomlána ó bhí 1996 ann. Nótáiltear, áfach, go bhfuil Contae Dhún na nGall déanta de líon mór lonnaíochtaí atá níos lú agus nach n-áirítear i sainmhíniú 'ceantar uirbeach comhiomlán' ach, seachas sin, go n-áirítear iad mar cheantair thuaithe chomhiomlána sa Lároifig Staidrimh.

Cé go raibh méadú suntasach i gceantair thuaithe, léiríonn treochtaí forbartha méadú mór chomh maith i dtógáil eastát ilchónaitheacha i mbailte mór agus i sráidbhailte an chontae. Níl patrúin bunaithe ar thíreolaíocht nó tá an méadú seo i mbailte mór agus i sráidbhailte tarlaithe ar fud an chontae.

Dá thoradh sin tá soláthar aonad tithíochta folamh reatha suntasach ar fud an chontae le folús taifeadta ar 28.5% (arb ionann é agus 24,066 aonad tithíochta) i gContae Dhún na nGall i réamhthorthaí dhaonáireamh 2011. Mar a dtugtar breac-chuntas air ar leathanach 7 den phlean, léiríonn leibhéil folúis a dhíorthaítear ó gheo-eolaire 2010 go bhfuil 5550 aonad aonad tithíochta folamh sa chontae (seachas Leitir Ceanainn) agus go mbreithnítear an figiúr seo a bhieth nío cruinne nó níl tithe saoire san aireamh ann.

Tá de thoradh ar na patrúin forbartha seo ná réimse leathan brúnna a dtugtar breac-chuntas sonrach orthu sa Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C, tábla 32. Go sonrach, tá brúnna ar thírdhreach agus ar mhuirdhreach, cáilíocht uisce, bagairt do láithreáin ainmnithe, astúcháin ghás ceaptha teasa agus gá ríthábhachtach le hinfheistíocht in infreastruchtúr fuíolluisce cuí agus imleor le comhlíonadh reachtaíocht agus treoracha AE agus náisiúnta a chinntiú.

Chomh maith leis sin, tá brúnna forbartha curtha ag na patrúin seo ar sholáthar infreastruchtúr sóisialta agus pobail ar bhealach a cheadóidh rochtaineacht ar na seirbhísí agus áiseanna seo. De bharr na bpatrún forbartha scaipthe bíonn soláthar na seirbhísí seo deacair le tabhairt faoi ar bheala inbhuanaithe.

**An Straitéis Spáis Náisiúnta agus Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha**
Leagann Réamhrá an Phlean seo cuspóirí agus aidhmeanna na Straitéise Spáis Náisiúnta agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha amach ó thaobh an chreata spáise straitéisigh a shocrú agus ullmhófar aicmiú na bpleananna laistigh den chreat sin.

Bunaíonn na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún an Teorann (RPGanna) a foilsíodh in 2010 spriocanna daonra agus an riachtanas gaolmhar atá ann d'aonaid tithíochta chomh maith le riachtanais talún tithíochta (HLR) do Chontae Dhún na nGall. Aithníonn na RPGanna fás iomlán daonra don Chontae ar fad, de 12,927 duine suas go dtí 2016. As sin, léiríonn na RPGanna go dtiocfaidh fás 2,700 duine ar an daonra i nGeatabhealach Leitir Ceanainn (clúdaithe ag Plean Forbartha Leitir Ceanainn & na gCeantar Máguaird 2009-2015) agus go dtarlódh fás daonra de 10,227 laistigh den chuid eile den Chontae. Sa chómhtheacs seo áfach, scaipfear an chuid eile den 10,227 duine idir na bailte líonra sa Chontae (gan Leitir Ceanainn san áireamh) agus sa cheantar tuaithe.

## Aidhm:

## An creat comhordaithe d'fhorbairt an Chontae a leagan amach a stiúrfaidh an láthair d'fhás nua, a fheidhmeoidh mar shásra chun cláir infheistíochta a chomhordú, a chinnteoidh soláthar leordhóthanach maidir le talamh tithíochta criosaithe agus a chuirfidh cosaintí comhshaoil riachtanacha i bhfeidhm.

**Roghanna Forbartha Straitéisí.**
Leag Treoirlínte Pleanála do Réigiún na Teorann, a foilsíodh in 2010, amach an chreat ar fhás daonra suas a fhad le 2016. Tá na Riachtanais maidir le Talamh Títhíochta a lean uaidh, arna mbunú ag Treoirlínte Pleanála Réigiún na Teorann, leagtha amach ar leathanach 5 den Chroí-Dhoiciméad, tábla 1. Leagann siad seo amach an mórchomhthéacs forbartha don Chontae.

Ag obair laistigh de na figiúirí seo, tá 3 rogha straitéiseacha forbartha faoi bhreithniú anois. Agus oiriúnacht na roghanna á breithniú, dírítear ar chur i gcrích straitéis inbhuanaithe atá comhsheasmhach le hordlathas pleannna.

Seo a leanas na trí rogha atá faoi bhreithniú:
1. Leanúint ar aghaidh le treochtaí reatha.
2. Múnla uirbealárnach.
3. Múnla na forbartha cothromaithe.

**Sonraí na Múnlaí Éagsúla:**
Leagtar amach sna hailt seo a leanas nádúr gach rogha agus na tionchair is dócha a thiocfas chun cinn.

**Rogha 1: Leanúint ar aghaidh le treochtaí reatha**
Is é a bheadh i gceist sa rogha seo ná leanúint ar aghaidh le patrúin forbartha agus íosmhéid idirghabhála i dtaca le beartas straitéiseach pleanála. 'Éileamh' seachas 'riachtanas' in éineacht le fórsaí an mhargaidh a stiúrfadh patrúin forbartha. Bhainfeadh na príomhphatrúin forbartha le fás leanúnach in aonaid tithíochta tuaithe sa cheantar tuaithe, ag baint ó dhaonra chroícheantair na mbailte móra agus fás mór ar imeallacha na mbailte móra, agus fás i bhforbairtí ilchónaitheacha ar bhealach scaipthe agus neamh-chomhordaithe.

Lagfadh an patrún forbartha seo cumas bailte móra tacaíocht a thabhairt d'fhás agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch. Ní bheadh forbairt dírithe ar shuíomhanna ina bhfuil seirbhísí oiriúnacha, i gcomhthéacs infreastruchtúr fisiciúil amhail cóiréal imleor fuíolluisce agus chomh maith i dtaca le hinfreastruchtúr 'bog' amhail áiseanna pobail, seirbhísí sláinte. Mhéadódh sé tionchair agus cúngach ar an chomhshaol.

Agus seo san áireamh, meastar nach mbeadh an cur chuige seo inghlactha agus ní bheadh sé comhsheasmhach le Treoracha Pleanála do Réigiún na Teorann.

**Rogha 2: Múnla uirbealárnach**

Is é a bheadh mar thoradh ar an chur chuige seo tiúchán forbairt nua sa Gheatabhealach (Leitir Ceanainn) agus sna príomhlonnaíochtaí daonra a thugann ról tacaíochta don Gheatabhealach; is é sin Baile Féich-Srath an Urláir, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, an Clochán Liath agus Carn Domhnach. D'ídeodh sé láithreacha athfhorbraíochta agus láithreacha inlíontacha agus athbheochan lár na mbailte sula dtarlódh forbairt ar láithreacha úrnua. Ní tharlódh forbairt i gceantair thuaithe ach in imthosca eisceachtúla agus mar sin ní mhéadódh an daonra i gceantair thuaithe le linn shaolrá an phlean ach amháin nuair a chuirtear cead pleanála a tugadh roimhe i bhfeidhm nó trí aonaid fholmha a thógáil. Bheadh infheistíocht, idir chrua agus bhog, comhchruinnithe i Leitir Ceanainn agus sna 6 bhaile tacaíochta.

Neartódh an cur chuige seo Leitir Ceanainn agus na príomhbhailte ach chuirfeadh sé brú mór láithreach ar sheirbhísí agus áiseanna atá ann faoi láthair sna bailte seo. D'fhágfadh bailte eile agus sráidbhailte an Chontae marbhánta agus d'fháiscfeadh sé an bheatha as pobal na tuaithe.

Agus seo san áireamh, meastar nach mbeadh an cur chuige seo inghlactha as siocair nach mbeadh de thoradh air fás comhordaithe cothromaithe an Chontae agus ní bheadh sé comhsheasmhach le Treoracha Pleanála do Réigiún na Teorann.

**Rogha 3: Múnla na forbartha cothromaithe**

Dhíreodh an cur chuige seo ar an Gheatabhealach (Leitir Ceanainn) agus ar na príomhlonnaíochtaí daonra a thugann ról tacaíochta don Gheatabhealach; is é sin Baile Féich-Srath an Urláir, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, an Clochán Liath agus Carn Domhnach. Ar leas an Chontae ar fad a bheadh díriú ar an Gheatabhealach i dtaca le ról suntasach réigiúnach Leitir Ceanainn a fhíorú, agus na sócmhainní agus ha hinfheistíochtaí a bhaineann leis an ról seo. Ach daonra a threorú isteach i bpríomhbhailte scaipfí tairseach chriticiúil go tíreolaíoch go príomhshuíomhanna le buntáistí fochontae a tharraingt trasna an chontae. Mar sin féin, bheadh méid an fháis oiriúnach socraithe thart ar 50% de na forspriocanna fáis daonra ar fad don Chontae agus bheadh sé nasctha go dlúth le hacmhainn an infreastruchtúir fhisiciúil. Shínfí an fócas straitéiseach seo chomh maith go líon teoranta lonnaíochtaí eile níos lú a léiríonn deiseanna straitéiseacha eacnamaíocha, amhail Ceann an Droichid agus na Cealla Beaga. Is é béim na straitéise ina leith seo leas a bhaint as an fhéidearthacht eacnamaíoch ag an dá shuíomh. Céim ar céim le alíniú bunfhás lonnaíochtaí a bhfuil an acmhainn infrastruchtúir acu faoi láthair nó ná pleanáilte, aithníonn an rogha seo na sócmhainní eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha agus pobail atá ann sna bailte móra agus sna sráidbhailte eile sa cheantar tuaithe. Dá thoradh sin, threorófaí fás thimpeall 50% den sprioc iomlán daonra go dtí an chuid eile den líonra bailte agus go dtí an ceantar tuaithe. Bheadh an fás seo, áfach, nasctha le hacmhainn suíomh ar bith spás a chur ar fáil d'fhorbairt nua, bíodh sin i dtaca le cóiréal uisce fuíll, íogaireachtaí comhshaoil, agus íogaireachtaí tírdhreacha mar shamplaí.

Agus seo san áireamh, meastar go mbeadh an cur chuige seo ina rogha inghlactha agus bheadh sé comhsheasmhach leis an straitéis leagtha amach i dTreoracha Pleanála do Réigiún na Teorann 2010.

**Cuntas ar Aicmí Bailte**

Tá an Chroí-Straitéis agus dáileadh na spriocanna daonra léirithe trí ordlathas lonnaíochta uirbeach agus tá sé le feiceáil ar Fíor 2 agus ar léarscáil 1. Chun an t-ordlathas lonnaíochta uirbeach a fhorbairt,


glacadh cur chuige fianaisebhunaithe chun eolas bonnlíne cáilíochtúil agus cainníochtúil a bhunú maidir le gach baile. Cé go ndearnadh anailís ar raon leathan táscairí, tá na nithe seo a leanas ar chuid de na ceisteanna níos tábhachtaí:

- Láthair straitéiseach.
- An leibhéal agus an raon seirbhísí atá ann faoi láthair, miondíolachán, pobal, gníomhaíocht eacnamaíochta.
- Na ceaduithe pleanála atá fós ann d'aonaid chónaithe.
- Cumas an dramhuisce agus an tsoláthair uisce atá ann cheana féin.
- Infheistíocht bheartaithe in infreastruchtúr.
- Ainmníochtaí comhshaoil.
- Baol tuilte.

Chomh maith leis sin, rinneadh anailís ar bhreithnuithe comhshaoil a mbeidh tionchar mór acu ar an gcumas fáis ar fud an Chontae tríd an phróiseas Measúnaithe Comhshaoil Straitéisigh (tagraíonn Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C). Tá an ghné seo den anailís ar an chéad ásc foirmithe ag an fhaisnéis atá i Rannán 5.0, d'Aguisín C (Tuairisc Chomhshaoil), a leagann amach go cuimsitheach staid reatha an chomhshaoil. Sainaithnítear na príomhcheantair leochaileacha maidir le hUiscí Sliogéisc Ainmnithe agus Dobharcheantair & Pobail Dúilicíní Fionnuisce ar Léarscáil 4, d'Aguisín C. Nótálann an Tuairisc Chomhshaoil trí chúis le riosca do Dhúilicíní Péarla Fionnuisce, ceann amháin a bhaineann le dlúthú forbartha, le réiteach talaimh gaolmhar, brú ar scéimeanna séarachais agus láithréanú neamhchuí córas ar shuíomh faoi choinne tithíocht aonuaire in aice na n-aibhneacha, a chuireann go léir leis an ualach cothaitheach agus driodair, ag cur isteach ar cháilíocht uisce agus in chúis ansin ann le riosca do Dhúilicíní Péarla Fionnuisce Tá machnamh déanta mar sin ar an ordlathas lonnaíochta le haird ar an chúis agus tionchar seo. Tá an t-ordlathas lonnaíochtaí forbartha chomh maith i gcomhthéacs na faisnéise agus na mbeart curtha ar bun i bPlean Bainistíochta Idirnáisiúnta Dobharcheantair an Iarthuaiscirt, leagtha amach ag Rannán 5.13 den Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C. Tugann an Tuairisc Chomhshaoil faisnéis maidir le Clár Infheistíochta na Seirbhíse Uisce 2010-2012. Leagann Táblaí 23 & 24, leathanach 55 d'Aguisín C 'Conarthaí faoi Thógáil' agus 'Conartha le Tosú 2010-2012' maidir le hinfreastruchtúr fuíolluisce cláraithe. Tá an fhaisnéis seo ríthábhachtach in ailíniú clár infheistíochta agus sainaithint suíomhanna le hacmhainn reatha nó phleanáilte le slí a thabhairt d'fhás suntasach. Rud eile de, breithnítear measúnacht riosca tuilte in Aguisín C, i Rannán 7.0, agus d'fhoirmigh sin sraith breithnithe agus ordlathas lonnaíochtaí á shainaithint.

Go ginearálta, díríonn an bhéim a leagtar ar an chuntas ar aicmí bailte uirbeacha ar ról an Gheatabhealaigh mar an phríomhthreallús fáis sa Chontae, tagann líonra 'Bailte Tacaíochta Straitéiseacha' ina dhiaidh sin, a bhfuil ról tábhachtach acu mar ionaid seirbhísí féindhóthanacha laistigh den Chontae. Chomh maith leis sin, aithníonn an cuntas ar aicmí bailte an ról tábhachtach atá ag an líonra "Bailte agus Sráidbhailte Láidre" agus cuireann sé cur chuige comhdhlúite maidir le dáileadh na spriocanna daonra chun cinn. Sa bhreis air sin, aithnítear grúpa 'Sráidbhailte Beaga' laistigh den Chontae, a bhfuil raon níos teoranta acu agus roinnt seirbhísí áitiúla ina bhfuil teorainneacha infreastruchtúir agus comhshaoil aitheanta i leith fás suntasach. Mar thoradh air sin, glacadh le cur chuige "cosanta agus chomhdhlúite" ó thaobh spriocanna daonra laistigh de "Shráidbhailte Beaga".

**Fíor 2: Cuntas ar Aicmí Bailte Uirbeacha do Chontae Dhún na nGall (Aicmí)**




Déanann an cuntas ar aicmí bailte soláthar don riachtanas tithíochta tuaithe tríd an sciar dheiridh a leithroinnt chuig an cheantar tuaithe ina ndéanfar na tograí atá déanta do thithe aonair tuaithe ar mhaithe le riachtanas tuaithe dáiríre (mar a leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe 2005, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) a mheasúnú i bhfianaise na mbreithnuithe pleanála ábhartha ar fad chomh maith leis na beartais sonraithe atá leagtha amach i gcaibidil 5 den phlean seo. Anuas air sin, rinneadh roinnt láithreacha a tugadh 'Pointí Rialaithe' orthu sa Phlean Forbartha Contae 2006-2012 (mar a leasaíodh) a mheasúnú i dtéarmaí méide, róil, feidhme, cumais infreastruchtúir agus comhshaoil chomh maith le hanailís ar an phatrún forbartha a tharla ag gach láthair. Sa chomhthéacs seo, tá nádúr tuaithe mar an phríomhfheidhm atá acu agus sna ceantair seo, ní bheadh ilfhorbairtí nó forbairí uirbeacha inmhianta, cuí ná inbhuanaithe i bhfianaise na dteorainneacha ar infreastruchtúr riachtanach. Mar thoradh air seo, cuireadh iad san aicme cuntais ar aicmí bailte is ísle agus dá bhrí sin, déanfar na láithreacha seo a bhreithniú mar láithreacha tuaithe i gcomhthéacs an bheartais phleanála.

Tá míniú níos sonraithe tugtha ar ról agus feidhm gach cuntas ar aicmí bailte uirbeacha mar aon leis an chur chuige bainistithe i leith gach aicme.

1. **An Geatabhealach (Aicme 1):** Is Geatabhealach é Leitir Ceanainn atá nasctha le Doire agus is é an príomhionad fáis é don Chontae ina mbeidh daonra ard agus infreastruchtúr cuí ríthábhachtach ó thaobh forbairt agus saibhreas an réigiúin a chur chun cinn. Soláthraíonn an plean do chur chun cinn an Gheatabhealaigh le bheith ina Gheatabhealach nasctha beomhar agus lánfheidhmithe idir Leitir Ceanainn – Doire. Bainfear sin amach i gcomhar le Comhairle Baile Leitir Ceanainn, trí chreat pleanála Phlean Forbartha Leitir Ceanainn & Environs agus i gcomhar le geallsealbhóirí trasteorann.

2. **Bailte Tacaíochta Straitéiseacha (Sraith 2):** Tá nasc infreastruchtúir straitéiseach fisiciúil aitheanta ag na bailte seo le Leitir Ceanainn agus tá ról fo-chontae straitéiseach tábhachtach acu mar ionad seirbhísí. Tá daonra bunaithe ann cheana féin agus tá an ráta seo ag ardú ó dhaonáireamh go daonáireamh agus tá fianaise ann fosta go bhfuil tairiscint láidir beogachta, bríomhar, shóisalta agus pobail ann. Léiríonn an fhianaise ar bheogacht agus ar bhríomhaireacht láidir go bhfuil leibhéal réasúnta fostaíochta laistigh de na bailte seo. Tá cumas le fáil faoi láthair sa chóireáil dramhuisce agus sa soláthar uisce chun tacaíocht a thabhairt d'fhás nó is dócha go mbeidh an cumas sin ar fáil i rith saolré an phlean. Aithnítear riachtanas suntasach sna láithreacha seo do scéimeanna tithíochta sóisialta a bhfuil rochtain éasca acu ar raon saoráidí agus seirbhísí sóisialta. I gcásanna áirithe, tá imthosca uathúla ann ina bhfuil deis shuntasach eacnamaíochta iontu a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ó thaobh uilechuimsitheacht a chur chun cinn mar Bhailte Tacaíochta Straitéiseacha. Déanfaidh an plean bainistiú ar fhás sna Bailte Tacaíochta Straitéiseacha chun leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do mhais criticiúil leordhóthanach chun beogacht agus bríomhaireacht na n-ionad seo a chothú ionas go bhfeidhmeoidh siad mar ról tacaíochta don Gheatabhealach le príomhnaisc straitéiseacha lena mbeadh líonra bailte straitéiseacha mar thoradh orthu.

3. **Bailte agus Sráidbhailte Láidre (Sraith 2):** Tá daonra bunaithe agus struchtúr lonnaíochta aitheanta ag na bailte seo ach chomh fada is a bhaineann sé le Bailte Tacaíochta Straitéiseacha, léiríonn siad leibhéal níos ísle tairisceana beogachta, bríomhaireachta, sóisialta & pobail chun tacú le fás breise. Go ginearálta ní bhíonn an chóireáil dramhuisce riachtanach agus/nó an t-infreastruchtúr soláthair uisce acu chun fás a dhéanamh faoi láthair agus ní dócha go mbeidh an chóireáil ná an t-infreastruchtúr sin ar fáil i rith saolré an phlean. Déanfaidh an plean Bailte agus Sráidbhailte Láidre a chomhdhlúthú trí fhócas a chur ar aon fhorbairt nua ar chroílár na láithreacha seo cibé trí fhorbairt inlíonta nó trí athfhorbraíocht mar aon le láithreacha cónaithe breise ar thailte atá criosaithe go dearfach i leith tithíochta. Feidhmeoidh athnuachan chroílár na lonnaíochtaí seo mar chatalaíoch chun a bhfeidhm áitiúil a choinneáil agus a chothú.

4. **Sráidbhailte Beaga (Sraith 4):** Sráidbhailte Beaga (Aicme 4): Tá daonra beag ach struchtúr lonnaíochta so-aitheanta ag na sráidbhailte seo. Tá infreastruchtúr sóisialta agus pobail teoranta iontu agus níl cóiréal fuíolluisce agus acmhainní fisiciúla uisce ar fáil. Déanfar machnamh ar bhreithniú ar cad é mar is féidir easpaí i gcórais uisce agus fuíolluisce a leigheas agus tá sé den riachtanas go n-aithneofaí agus go gcuirfí chun cinn na bailte beaga seo as siocair a n-oidhreachta reatha cultúrtha agus a suíomhanna tuaithe. Cosnóidh agus comhdhlúthóidh an plean na sráidbhailte seo in éadan tuilleadh leathnú míchuí agus beidh mar aidhm aige saincharachtar na hoidhreachta cultúrtha a chosaint.

5. **Ceantair Thuaithe (Aicme 5):** Tá an ceantar tuaithe comhdhéanta de bhailte tuaithe oscailte lasmuigh de bhailte agus de shráidbhailte aitheanta agus de ghrúpaí ceantar tuaithe ina bhfuil áitribh chónaithe go príomha. Is tithe aonair an pátrún fobartha cónaithe atá sna ceantair seo go príomha. Ní dhéanann séarach poiblí seirbhísiú ar na ceantair seo ach déantar soláthar do chóireáil dramhuisce trí chórais láithreacha.

### Spriocanna Daonra a Dháileadh

Déanann an Plean Forbartha soláthar do dháileadh daonra arna bhunú ag Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, mar atá leagtha amach sa Réamhrá agus thíos i dTábla 2.

**Tábla 2: Riachtanais Talún Tithíochta do Leitir Ceanainn agus don chuid eile de Chontae Dhún na nGall (mar atá sna RPGanna do Réigiún an Teorann 2010)**

| Láthair | Ardú ar an daonra 2010-2016 | Líon na n-aonad conáithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach don tréimhse 2012-2018 | An méid talún tithíochta criosaithe iomlán a bheidh ag teastáil don tréimhse 2010-2016 (50% maidr le criosú de réir Treoirlínte Pleanála agus Forbartha na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil san áireamh) | Riachtanas Talún Tithíochta (bunaithe ar (i) 12 aonad/ heic (ii)15 aonad / heic (iii) 20 aonad / heic (+50%) |
|---|---|---|---|---|
| Leitir Ceanainn | 2,700 | 925<br><br>(bunaithe ar mheánmhéid lín tí de 2.92 duine i bPlean Forbartha Leitir Ceanainn & na gCeantar Máguaird) | 41 heic<br><br>(bunaithe ar mheánmhéid dlúis thithíochta de 35 aonad in aghaidh an heicteáir) | --- |
| Contae Dhún na nGall (gan Leitir Ceanainn san áireamh) | 10,227<br><br>(mínithe mar an sciar a bhí fágtha) | 3,653<br><br>(bunaithe ar mheánmhéid lín tí de 2.8) | --- | 297 heic<br>237 heic<br>178 heic[1] |

Beartaíonn an Plean Forbartha an fás seo a scaipeadh ag teacht leis na céatadáin i dTábla 3 agus tacóidh sé seo leis an aicmiú atá léirithe i Fíor 2 sa mhéid is go bhfuil sé mar aidhm aige fás a leithroinnt i lonnaíochtaí ina mbíonn cumas fianaithe. Chomh maith leis sin, cinnteoidh an leithroinnt leanúnachas soláthair do riachtanas tuaithe bunaithe ar léiriú an riachtanais dháiríre atá ann i leith tithíochta buan sa cheantar tuaithe.

**Tábla 3: Leithroinnt an daonra laistigh den aicme bailte**

| Sraith | Láthair | % de leithroinnt na spriocanna daonra | Líon aonad tithíochta atá de dhíth[2] | Méid talaimh (ha) de dhíth[3] |
|---|---|---|---|---|
| 1 | Geatabhealach – Leitir Ceanainn | Leithroinnt ar leithligh tugtha dó sna RPGanna de 2,700 duine agus tá sé deighilte ón 'sciar atá fágtha. | 925 | Ranntlach ar leith sna TPR - ríofa ar bhonn líon tí 2.92<br><br>Is ionann agus timpeall: 41 ha |
| 2 | Bailte Tacaíochta Straitéiseacha | 50 | 1826 | 228 |
| 3 | Bailte agus Sráidbhailte Láidre | 10 | 365 | 46 |
| 4 | Bailte agus Sráidbhailte Beaga | 5 | 183 | 23 |
| 5 | Ceantar Tuaithe | 35 | 1278 | Neamhbhainteach |

[1] Ní áiríonn Riachtanas Talaimh Thithíochta an riachtanas ag aicme 5 nó ní bheidh talamh criosaithe in aicme 5, tuath.
[2] Bunaithe ar 2.8 duine in aghaidh daoine in aghaidh líon tí d'aicmí 2, 3, 4, 5.
[3] Bunaithe ar 12 aonad/heicteár d'aicmí 2, 3, 4 & 5

Leagtar amach i dtábla 3 dáileadh an daonra laistigh den ordlathas lonnaíochtaí bunaithe ar na spriocanna daonra do Leitir Ceanainn agus an chomhroinn atá fágtha sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Léirítear sa tábla cad é mar a aistríonn dáileadh chandam na dtithe do gach aicme isteach i gcandam an talaimh atá de dhíth i ngach aicme. Tugtar i dtábla 7 tuilleadh sonraí maidir leis an impleacht atá aige seo do gach lonnaíocht laistigh d'Aicme 2. Is cóir a nótáil go bhfuil easnamh tailte criosaithe go sainiúil faoi choinne úsáid chónaitheach i líon lonnaíochta agus tiomnaíonn an plean an chomhairle d'athruithe a dhéanamh sna Pleananna Baile reatha i gcomhar leis na Comhairle Baile agus machnamh a dhéanamh ar Phleananna Ceantair Áitiúil nua a dhéanamh nó machnamh a dhéanamh ar athruithe a dhéanamh i bPleananna Ceantair Áitiúil reatha mar atá leagtha amach i dTábla 8.

Féachann an plean seo le hilfhorbairtí cónaitheacha nua a threorú go dtí na tailte siúd atá criosaithe faoi choinne críocha cónaithe taobh istigh de lonnaíochtaí Aicme 2 agus Aicme 3. Sa chás go bhfuil iltograí cónaitheacha ar thalamh nach bhfuil criosú dearfach cónaithe aige (nó criosú úsáid mheasctha ar a n-áirítear gné cónaithe) ní bhreithneofar an togra ach amháin más féidir a léiriú nach bainfidh sé go hábharach leis an chroístraitéis agus nach dtiocfaidh sé salach ar pholasaithe eile, ar a n-áirítear Beartas CS-P-4 a éilíonn ar fhorbairt forbairt ar bhealach seicheamhach amach ón chroí. I gcás Lonnaíochtaí Aicme 4 ní chriosaítear talamh ach arís beidh an riachtanas forbairt go seicheamhach amach ón chroí i bhfeidhm.

Chomh maith leis an líon aonad is féidir a chur ar fáil trí shaolré an phlean de réir na spriocanna daonra, tá foinsí eile soláthair ann nach mór iad a bhreithniú, go háirithe sa chomhthéacs acmhainn a chinntiú faoi choinne uisce fuíll. Tá an soláthar comhcheangailte seo comhdhéanta den dáileadh atá leagtha amach i dtábla 3 móid tithe folmha ar fud an chontae agus ceadanna pleanála atá ar marthain (cead pleanála beo faoi choinne aonad cónaithe nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill). I dtaca le tithe folmha, léirigh céadtorthaí dhaonáireamh 2011 go bhfuil 28.5% de stoc tithíochta Dhún na nGall folamh, arb ionann agus 24,066 aonad. Tugtar achoimre i dtábla 4 ar fholúntas ag leibhéal aicme (seachas Leitir Ceanainn as siocair go bpléitear leis an Gheatabhealach trí leithdháileadh ar leith sna Treoracha Réigiúnacha Pleanála) ag úsáid an logeolaire 2010 in éineacht leis an líon aonad is féidir a chur ar fáil trí cheadanna plean atá ar marthain. Meastar go dtugann folúntas ón logeolaire léiriú níos cruinne ar fholúnas as siocair nach dtugann siad seo tithe saoire san áireamh.

I dtéarmaí iarbhíre, beidh soláthar na n-aonad tithíochta chun freastal ar an riachtanas tuaithe dáiríre comhdhéanta de 35% den sciar atá fágtha chomh maith le thart ar 3,200 áitreabh cónaithe folamh atá ann cheana féin laistigh den cheantar tuaithe (foinse: Geo-eolaire 2010) rud a thabharfaidh 4,500 aonad tithíochta ar an iomlán thar thréimhse an phlean. Sa bhreis air seo, tugadh cead pleanála do thart ar 6000 teach aonair sa cheantar tuaithe ó 2006 ach tá cuid mhór acu sin nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill.

**Tábla 4: Leibhéal folúntais agus ceadanna atá ar marthain ag leibhéal aicme**

| Aicme | Folúntas (Geo-eolaire 2010) | Aonaid ar fáil trí cheadanna ar marthain[1] |
|---|---|---|
| 2<br>Bailte Móra Tacaíochta Straitéiseacha | 838 | 2739 |
| 3<br>Bailte Móra Láidre agus Sráidbhailte | 888 | 1605 |
| 4<br>Sráidbhailte Beaga | 484 | 924 |
| 5<br>Ceantair Tuaithe | 3340 | 172 (gan an figiúr don chuid eile den tuath oscailte a áireamh) |

[1] Mar ag Eanáir 2011

**Infheistíocht infreastruchtúir agus an t-ordlathas lonnaíochtaí.**
Lárnach in ullmhú na croístraitéise agus an ordlathais lonnaíochtaí tá na cláir faoi choinne infheistíochta i bpríomh-infreastruchtúr sa chontae. Tá ailíniú fáis amach anseo le suíomhanna mar a bhfuil cumas reatha nó beartaithe in infreastruchtúr bunriachtanach don straitéis. Ina leith seo, sainaithníonn an Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce 2010-2012 na tionscadail seo a leanas:

Soláthar Uisce - Conarthaí ag tógáil:
- Scéim Soláthair Uisce Loch Moirne/Leitir Ceanainn.
- Caomhnú Uisce, Oibreacha Chéimeanna 1 & 2.

Soláthar Uisce - Conarthaí le tosú 2010 - 2012
- Scéim Soláthair Uisce Bhéal Átha Seanaidh/Ros Neamhlach.
- Caomhnú Uisce, Oibreacha Chéim 3.

Soláthar Uisce - ag Céim na Pleanála:
- Scéim Soláthair Uisce Chreamhghoirt.
- Scéim Soláthair Uisce Ghort an Choirce/an Fháil Charraigh.
- Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Inis Eoghain.
- Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Loch Moirne/Leitir Ceanainn.
- Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Iarthar Dhún na nGall (Leitir Mhic an Bhaird san áireamh).
- Caomhnú Uisce, Oibreacha Chéim 3.

Cóireáil fuíolluisce - Conarthaí ag tógáil:
- Scéim Séarachais Lathaigh (Príomhstáisiún Caidéalúcháin, córas tógála agus príomhchóras ardaithe).

Cóireáil fuíolluisce - Conarthaí le tosú 2010 - 2012:
- Scéim Séarachais Lathaigh (Líonra).
- Scéim Séarachais Bhun an Droichid (Ionad cóireála fuíolluisce & líonra).
- Scéimeanna Séarachais Dhún na nGall (grúpa B) Bun Dobhráin, (na Cealla Beaga, Conmhaigh agus Gleann Cholm Cille) (Ionad cóireála fuíolluisce).
- Scéimeanna Séarachais Dhún na nGall (grúpa B) Bun Dobhráin, (na Cealla Beaga, Conmhaigh agus Gleann Cholm Cille). (Líonraí).
- Scéim Séarachais Bhaile Dhún na nGall (SLI) (Líonra).
- Scéimeanna Séarachais na nGleannta/an Chlocháin Léith (Ionaid cóireála fuíolluisce).
- Scéim Séarachais Ghaoth Dobhair (Líonra).
- Scéim Séarachais Ghaoth Dobhair (Ionaid cóireála fuíolluisce).
- Scéimeanna Séarachais na gCealla Beaga (Príomhstáisiún caidéalúcháin agus sruth éalaithe).
- Scéimeanna Séarachais Leitir Ceanainn (Ionad cóireála fuíolluisce).

Cóireáil fuíolluisce - scéimeanna ag pleanáil:
- Scéim Séarachais an Fháil Charraigh.
- Scéim Bainistíochta Sloda Inis Eoghain/ Scéim Séarachais Bhun Cranncha.
- Scéimeanna Séarachais Leitir Ceanainn (Líonra).
- Scéim Séarachais Bhun an Phobail/an Chaisleáin Nua.
- Scéimeanna Séarachais Bailte Móra agus Sráidbhailte (Beartán 1) (Bun Cranncha, Carraig Airt, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Muin Séarlais, Rath Maoláin agus Rath Mealtain).

I measc tionscadal straitéiseach eile sa Chontae tá:
- Bóthar faoisimh Leitir Ceanainn (Bun na Gaoithe).
- Forbairt an débhealaigh N2/A5.
- Seachadadh agus cur i gcrích Project Kelvin.
- Rolladh amach Scéim Náisiúnta Leathanbhanda (SNL).

- Forbairt gach Chonair Ghathach Straitéiseach agus Nascbhóthar Straitéiseach.
- Forbairt Líonra Eangach Tarchuir.

## 2.2 Cuspóirí

**CS-O-1:** Tacú le cur i bhfeidhm Leitir Ceanainn – Doire mar an Geatabhealach nasctha agus soláthar cuí a dhéanamh d'fhás amach anseo de 2,700 duine breise roimh 2016 i gcomhar le Comhairle Baile Leitir Ceanainn.

**CS-O-2:** Pátrúin lonnaíochta amach anseo a threorú trí chuntas ar aicmí bailte a bhunú ina mbeidh líonra Bailte Tacaíochta Straitéiseacha, Baile agus Sráidbhailte Láidre, Sráidbhailte Beaga agus an ceantar tuaithe a bhfuil sé de chumas aige freastal a dhéanamh ar fás daonra breise de 10,227 duine roimh 2016.

**CS-O-3:** Cuntas ar aicmí bailte aicmithe a chur i bhfeidhm ina mbeidh Geatabhealach nasctha, bailte tacaíochta straitéiseach, baile agus sráidbhailte láidre, sráidbhailte beaga agus ceantair tuaithe agus a chinntiú go mbeidh an criosú talún cuí ag gach láthair.

**CS-O-4:** A chinntiú go mbeidh soláthar talún tithíochta ag gach láthair ag teacht leis an Riachtanas Talún Tithíochta (HLR) atá leagtha amach sna RPGanna.

**CS-O-5:** Fás na mbailte ar dhóigh leanúnach amach ón lár a spreagadh chun an úsáid is fearr a bhaint as an infreastruchtúr atá ann cheana féin agus atá beartaithe.

**CS-O-6:** Infheistíocht in infreastruchtúr a ailíniú leis na tosaíochtaí d'fhás a bunaíodh sa chuntas ar aicmí bailte ach amháin, i gcuinsí sonracha, nuair a shocraíonn breithnuithe comhshaoil a mhalairt.

**CS-O-7:** Tosaíocht a thabhairt do phríomhnaisc straitéiseacha idir an Geatabhealach agus na Bailte Tacaíochta Straitéiseacha chomh maith le naisc le slite iompair imeallacha tábhachtachta a freastalaíonn ar an chuid eile den Chontae.

**CS-O-8:** Forbairt na bpríomhbhealaí a chomhordú le húdárais chuí eile ionas go mbeidh naisc straitéiseacha ardchaighdeáin ann le hAerfort Dhún na nGall, Calafort na gCealla Beaga, Aerfort Chathair Dhoire, Caladh Lisahally, líonra iarnróid Thuaisceart Éireann, aerfoirt agus calaí Bhéal Feirste, aerfoirt agus calaí Bhaile Átha Cliath agus le Geatabhealaí eile lena n-áirítear naisc chuig Slí an Iarthair.

**CS-O-9:** Tacú le fás eacnamaíochta sa chontae ag príomhláithreacha a bhfuil tábhachta straitéiseach agus infreastruchtúir ag baint leo chomh maith le fás mórfhostaíochta ag leibhéal ard sa Gheatabhealach. Cuirfear sin i gcrích trí:

a) Leitir Ceanainn a bhunú mar ionad d'fhás eacnamaíochta ar fud na n-earnálacha, go háirithe tríd an bpáirc gnó atá ann cheana féin a chur chun cinn agus trí lár an bhaile a chomhdhlútú lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt d'fheabhsuithe ar an réimse poiblí.

b) Bailte aicme 2: Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seannaidh, An Clochán Liath, Baile Dhún na nGall agus Carn Domhnach a bhúnú mar phríomhionaid fáis don daonra chomh maith le príomhionaid d'fhás eacnamaíochta ar fud na n-earnálacha agus mar an chéanna i leith Bhun Cranncha i gcomhar le Comhairle Baile Bhun Cranncha.

c) Bailte aicme 2: Na Cealla Beaga agus Ceann an Droichid a bhunú mar phríomhionaid fáis do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta nua. Beidh an fócas sna Cealla Beaga dírithe ar an iascach agus ar na tionscail ghaolmhara, ar an ghalafort, ar thurasóireacht, ar thaiscéalaíocht ola agus mar ionad barr feabhais d'ábhair in-athnuaite agus seirbhísí ar a n-áirítear an fhéidearthacht Crios Forbartha Straitéisí faoi Pháirt IX na nAchtanna do cheantair chuí sna Cealla Beaga. I gcás Cheann an Droichid, aithníonn an Chomhairle láthair trasteorann straitéiseach Cheann an Droichid ar an tslí iompair straitéiseach a cheanglaíonn Geatabhealach Leitir Ceanainn – Doire agus na deiseanna a thagann chun cinn ó shuíomh an Tionscadail Kelvin. Cuireann sé seo, chomh maith leis an soláthar mór talún criosaithe i ndlínse Thuaisceart Éireann (cur síos déanta air mar chriosú cónaithe H1 agus H2 i bPlean Cheantar Dhoire 2011) Ceann an Droichid i suíomh mhaith d'fhás eacnamaíochta, agus d'fhás teoranta maidir le forbairt chónaithe.

d) Bun Dobhráin a bhunú mar ionad d'fhás eacnamaíochta breise ag cur leis an mbonn bunaithe atá ann faoi láthair i gcomhar le Comhairle Baile Bhun Dobhráin.

**CS-O-10:** Tacú le cur chuige cothromaithe i leith ceantar tuaithe chun beogacht a choinneáil agus leanúnachas na bpobal tuaithe bunaithe a chinntiú.

a) A chinntiú go ndéanfaidh forbairt chónaithe nua i gceantair thaithe soláthar do riachtanas thaithe dáiríre.

b) Ceantair thaithe lasmuigh de bhailte a chosaint láithreach ó dhianleibhéil forbartha chun crios idirthréimhseach sonraithe ó uirbeach go tuaithe a chinntiú. (Alt 5.3 tagraíonn Tithíocht Tuaithe).

**CS-O-11:** Sócmhainní cultúir agus oidhreachta an Chontae a aithint agus leas a bhaint astu.

a) Sócmhainní cultúir agus oidhreachta a lánpháirtiú isteach i gCreataí Bailte chun lánpháirtiú leanúnach na sócmhainní seo a chinntiú.

b) An deis agus an luach a bhaineann le leas a bhaint as ár sócmhainní cultúir agus oidhreachta a aithint agus a chur chun cinn.

### Suíomh na mBailte

Chun éifeacht a thabhairt do na haidhmeanna agus do na cuspóirí a leagadh amach, déantar bailte a lonnú laistigh den chuntas ar aicmí bailte uirbeach (dá dtagraítear i dtábla 5) bunaithe ar an bhreithniú ar an eolas ar fad a bailíodh ar gach baile agus ar thréithe bunaithe gach aicme laistigh den chuntas a cuireadh síos air níos luaithe. Tá na Creataí Bailte atá in aguisín A comhdhéanta de léarscáil a leagann amach Críoch Baile gach baile agus gach criosú talún nuair is cuí, agus i gcás bailte aicme 2 agus aicme 3, cuirtear téacs leis na léarscáileanna a thugann le fios an t-eolas ábhartha, na srianta agus na riachtanais a bhaineann leo. Ní mór na Creataí Bailte a léamh i gcomhar le Beartas Thithíochta Uirbeach, dá dtagraítear i gCaibidil 5.

**Tábla 5: Bailte móra a shuíomh sa san ordlathas lonnaíochtaí (agus tagair fosta do Léarscáil 1).**

| Sraith | Ainm | áthair |
|---|---|---|
| 1 | Geatabhealach | Leitir Ceanainn |
| 2 | Bailte Tacaíochta Straitéiseacha | Bun Cranncha & Ceantair mháguaird, Bealach Féich- Srath an Urláir, Béal Átha Seannaidh & Ceantair Mháguaird, Bun Dobhráin, Na Cealla Beaga, An Clochán Liath, Ceann an Droichid, Baile Dhún na nGall, Carn Domhnach |

| | | |
|---|---|---|
| 3 | Bailte & Sráidbhaile Láidre | Leifear, Bun an Phobail, An Bun Beag- Doirí Beaga, Conmhaigh, Ráth Mealtain, Ráth Bhoth, Newtowncunningham, Mainéar Uí Chuinneagáin, Magh, An Fal Carrach, Baile na nGallóglach, Na Gleannta, Ard an Rátha, Tamhnach an tSalainn, An Craoslach, Dún Fionnachaidh |
| 4 | Bailte Beaga | St Johnston, Cill Mhic Réanáin, Caisleán na Finne, Ros Neamhlach, Cill Fhéich, An Caisleán Nua, Ráth Maoláin, Cluain Maine, Fathain, Bun na hAbhann, Dún Cionnaola, Cúil na gCuirridín, Baile Lifín, An Cheathrú Chaol, Paiteagó, Ailt an Chorráin, An Charraig, Carraig Airt, Rinn Uí Choigligh, Cill Charthaigh, Anagaire, Baile an tSratha, Na Frosa, An Carraigín, An Lathaigh, Gleann Daoile, Cúil Dabhcha, Gort an Choirce, Baile na Finne, An Dúchoraidh, Málainn, Na Dúnaibh, Port an tSalainn, Loch an Iúir, Gleann Cholm Cille, An Bhroclais |
| 5 | Ceantar Tuaithe | CEANTAR TUAITHE agus:<br>An Fhearthainn – Port Nua, Gleann Gad, Port na Bláiche, Machaire Rabhartaigh, Rann na Feirste, An Mullach Dubh, Carraig Mhic Uidhilín, Halla an Phoirt, Málainn Mhóir, Inbhear, Baile an Droichid, Tieveban, Churchill, Croithlí, Teileann, An Tearmann, Leitir Mhic an Bhaird, Dún Lúiche, An Clochán Beag, An Machaire, Ardaghy- Cranny, Cionn Caslach, Mín an Aoire, Liscooley, Málainn Bhig, Inis, Ceathrú Meánach, Droim Eochaille, An Caiseal Ard, An Gleann, Baile an Droichid, Droim Fraoigh, Doneyloop, Cill Ó mBaird, Ros na Cillle, Tamney, Cloch Óir, Uisce Chaoin, Creamhghort, Gleann Bhairr, An Machaire, Droim Caoin |

**Teilgin Daonáirimh**

Tá na teilgin daonáirimh leagtha amach i dtábla 6 maidir le (a) na teilgin aonair do gach baile a bhfuil daonra de 1,500 nó níos mó ann agus (b) teilgin daonáirimh iomlána don chuid eile.

**Tábla 6: Teilgin Daonáirimh**

| Láthair | Daonra i ndaonáireamh 2006 (I gcás bailte a bhfuil 1,500 duine nó níos mó ann) | Daonáireamh measta 2010 | Fás teilgthe suas go dtí 2016 | Daonra teilgthe 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Leitir Ceanainn | 17,586 | 20,300 | 2,700 | 23,000 |
| Bun Cranncha | 5,911 | 6,295 | 1,381 | 7,676 |
| Bealach Féich-Srath an Urláir | 4,176 | 4,447 | 971 | 5,418 |
| Béal Átha Seanaidh | 2,686 | 2,860 | 614 | 3,474 |
| Baile Dhún na nGall | 2,339 | 2,491 | 562 | 3,053 |
| Bun Dobhráin | 1,964 | 2,091 | 460 | 2,551 |
| Carn Domhnach | 1,923 | 2,047 | 460 | 2,507 |
| An chuid eile (Tuaithe) | 110,679 | 117,873 | 5,779 | 123,652 |

**Solathár Talún**

Tugann Tábla 7 achoimre ar sholáthar iomlán na talún criosaithe a bhfuil deis ann forbairt chónaithe a dhéanamh air bunaithe ar na leithrannta tithíochta a bhaineann leis an chuntas ar aicmí bailte a aithnítear sa chaibidil seo mar aon leis an eolas soiléir ar mhéid na talún criosaithe d'úsáid chónaithe nó mheasctha laistigh den Phlean Forbartha Contae 2006- 2012 (mar a leasaíodh) agus laistigh de na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúil. Cuireann an tábla sonraí ar fáil freisin maidir leis an leibhéal criosaithe atá beartaithe anois laistigh den dréachtphlean forbartha seo. Sonraíonn an t-iomlán a thaispeántar do 'chriosú atá ann cheana féin' talamh atá criosaithe trí na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúil agus ní ghlacann sé talamh a aíthnítear mar thalamh atá lonnaithe laistigh de 'phointí rialaithe' i bPlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006-2012 (mar a leasaíodh) san áireamh. Is marcóirí sonraithe atá sna pointí rialaithe i bPlean Forbartha 2006 ar fud na phríomhbhóithre isteach chuig na bailte agus aithníonn siad tús ginearálta an limitéir uirbigh. Níl criosú dearfach déanta ar thalamh laistigh de na 'pointí rialaithe' chun críocha úsáid forbartha chónaithe nó mheasctha agus dá bhrí sin níl an toradh ina dhiaidh sin leagtha amach i dtábla na Croí-Straitéise. In ainneoin sin, cuireann an CDP 2006-2012 creat beartas ar fáil a bhfuil bailte mar thoradh air mar aon le hábhar an 'phointe rialaithe' lena bhféadfadh forbairt chónaithe a bheith mar thoradh air. Ar mhaithe le soiléireacht mar sin, tá an méid talún a bhféadfadh go mbeadh tithíocht mar thoradh air laistigh de na pointí rialaithe seo leagtha amach maidir le gach cuntas ar aicmí bailte agus cuirtear mínithe ar fáil sna nótaí sa tábla. De bhreis air sin, ní mór a nótáil go bhfuil na 'pointí rialiúcháin' sainmhínithe sa PFC 2006-2012 sáraithe ag na creataí lonnaíochta sainaitheanta sa Phlean seo.

**Tábla 7: Soláthar talún laistigh den chuntas ar aicmí bailte uirbeach.**

| Aicme | Láthair | Croí-Straitéis Leithroinnt Daonra | Líon aonad tithíocht a atá de dhíth | Riachtanas Talún Tithíochta (RTT) (HA) | Criosú atá ann cheana féin @ 30/05/12 (heic) | Criosú atá beartaithe (Tailte cónaitheacha go príomha) (heic) | Toradh tithíochta (Tailte cónaitheacha go príomha) (aonaid) | Toradh tithíochta (Tailte neam-chónaitheacha go príomha) (aonaid) | Easnamh/ Barrachas (heic) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| N/A | Contae | 12927 | 4577 | 338 | 1749 | 227 | 4229 | 1937 | -111 |
| 1 | Geatabhealach (Leitir Ceanainn) | 2700 | 925 | 41 | 825 | 41 | 1295 | 140 | 0 |
| 2 | Bailte tacaíochta straitéiseacha | 5114 | 1826 | 228 | 773 | 163 | 2472 | 276 | -65 |
| | Bun Cranncha | 1381 | 493 | 62 | 430 | 62[1] | 672 | 72 | 0 |
| | Bun Dobhráin | 460 | 164 | 21 | 136 | 21[2] | 228 | 24 | 0 |
| | Bealach Féich- Srath an Urláir | 971 | 347 | 43 | 0 | 11 | 468 | 48 | -32 |
| | Béal Átha Seannaidh | 614 | 219 | 27 | 96 | 27[3] | 288 | 36 | 0 |
| | Baile Dhún na nGall | 562 | 201 | 25 | 0 | 7 | 276 | 24 | -18 |
| | Carn Domhnach | 460 | 164 | 21 | 0 | 12 | 228 | 24 | -9 |
| | Na Cealla Beaga | 307 | 110 | 14 | 111 | 14[4] | 144 | 24 | 0 |
| | An Clochán Liath | 256 | 91 | 11 | 0 | 5 | 120 | 12 | -6 |
| | Ceann an Droichid | 102 | 37 | 5 | 0 | 4 | 48 | 12 | -1 |
| 3 | Baile agus Sráidbhailte Láidre | 1023 | 365 | 46 | 123 | 23 | 492 | 60 | -23 |
| 4 | Baile agus Sráidbhailte Beaga[5] | 511 | 183 | 23 | 28 | 0 | 0 | 183 | -23 |
| 5 | Faoin tuath | 3579 | 1278 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1278 | 0 |
| N/A | Iomlán | 12927 | 4577 | 338 | 1749 | 227 | 4229 | 1937 | -111 |

[1] Le seachadadh trí Athrú ar Phlean Forbartha Bhun Cranncha, Baile & Purláin, de dhíth.
[2] Le seachadadh trí Athrú ar Phlean Forbartha Bhun Dobhráin, Baile & Purláin, de dhíth.
[3] Le seachadadh trí leasú ar Phlean Áitiúil Ceantair Bhéal Átha Seanaidh, Baile & Purláin.
[4] Le seachadadh trí leasú ar Phlean Áitiúil Ceantair na gCealla Beaga.
[5] Gan talamh criosaithe ar bith taobh istigh de Bhailte Beaga - Áiríoinn beartais treoracha forbairt sheicheamhach (Tag. Polasaithe Croí-Straitéise leithéid CS-P-4)

**Criosú Úsáid Talún**

Déanfar cur i bhfeidhm an Chuntais ar Aicmí Bailte agus dáileadh na spriocanna daonra a sheachadadh trí chriosú úsáid talún sna Pleananna Forbartha, sna Pleananna Limistéir Áitiúil agus sna Creataí Lonnaíochta agus tríd na beartais tuaithe sa Phlean Forbartha Contae. Ar mhaithe le soiléireacht, agus aird á tabhairt ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis na bailte a aithníodh mar 'Bhailte Tacaíochta Straitéiseacha'- Aicme 2, pléfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall ullmhú na n-éagsúlachtaí maidir leis na Comhphleananna Forbartha leis an Údarás Pleanála cuí agus cinnteoidh sí go ndéanfar Pleananna Limistéir Áitiúla a ullmhú nó a leasú de réir mar is cuí. Aithníonn Tábla 8 an meán beartais chuí do gach baile aicme 1 & 2 chomh maith leis an eolas maidir leis na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúla atá ann cheana féin.

**Tábla 8: Bailte Aicme 1 agus 2**

| Baile | Sraith | DP nó LAP atá ann faoi láthair | Cur i bhFeidhm |
|---|---|---|---|
| Leitir Ceanainn | 1 | Plean Forbartha Leitir Ceanainn & Na gCeantar Máguaird 2009-2015 | Éagsúlacht an Chomhphlean Forbartha atá ann cheana féin de chuid Chomhairle Baile Leitir Ceanainn & Chomhairle Chontae Dhún na nGall. |
| Bealach Féich-Srath an Urláir | 2 | LAP Bhealach Féich-Srath an Urláir 2005-2011 | PLÁ le h-ullmhú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. |
| Béal Átha Seannaidh & Na Ceantair Mháguaird | 2 | LAP Bhéal Átha Seannaidh & Na gCeantar Máguaird 2009- 2015 | LAP le leasú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, ullmhaítear creat baile mar chuid den CDP seo. (Féach aguisín A). |
| Bun Cranncha & Na Ceantair Mháguaird | 2 | Plean Forbartha Bun Cranncha & Na gCeantar Máguaird 2008- 2014 | Éagsúlacht an Chomhphlean Forbartha atá ann cheana féin de chuid Chomhairle Baile Bun Cranncha & Chomhairle Chontae Dhún na nGall. |
| Ceann an Droichid | 2 | LAP Cheann an Droichid 2004- 2010 | LAP le h-ullmhú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, ullmhaítear creat lonnaíochta mar chuid den CDP seo. (Déan tagairt d'aguisín A). |
| Bun Dobhráin & Na Ceantair Mháguaird | 2 | Plean Forbartha Bhun Dobhráin & Na gCeantar Máguaird 2009-2015 | Éagsúlacht an Chomhphlean Forbartha atá ann cheana féin de chuid Chomhairle Baile Bhun Dobhráin & Chomhairle Chontae Dhún na nGall. |
| Carn Domhnach | 2 | N/A | LAP le h-ullmhú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, ullmhaítear creat lonnaíochta mar chuid den CDP seo. (Féach aguisín A). |
| Baile Dhún na nGall | 2 | LAP Bhaile Dhún na nGall 2005- 2011 | LAP le h-ullmhú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, ullmhaítear creat lonnaíochta mar chuid den CDP seo. (Déan tagairt d'aguisín A). |
| An Clochán Liath | 2 | N/A | LAP le h-ullmhú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, ullmhaítear creat lonnaíochta mar chuid den CDP seo. (Déan tagairt d'aguisín A). |
| Na Cealla Beaga | 2 | LAP na gCealla Beaga 2008- 2014 | LAP le leasú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun comhsheasmhacht le Croí-Straitéis an CDP a chinntiú. Sa tréimhse eatramhach, tá spriocanna daonra leagtha amach i mbeartas UB5 den CDP seo. |

Tá clár á fhorbairt lena chinntiú go ndéanfar éagsúlachtaí ábhartha a sheachadadh in am tráth (de réir mar a éilíonn reachtaíocht) chuig Pleananna Forbartha; go ndéanfar leasuithe ar Phleananna Limistéir Áitiúla; nó nuair is cuí go ndéanfar Pleananna Limistéir Áitiúla a ullmhú maidir le lonnaíochtaí Sraith 2. Idir an dá linn agus mar atá léirithe sa tábla roimhe seo, rachaidh creat lonnaíochta atá in Aguisín A den phlean seo i ngleic leis na 'Bailte Tacaíochta Straitéiseacha' seo a leanas:- Bealach Féich-Srath an Urláir, Ceann an Droichid, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall, An Clochán Liath. I gcás lonnaíochtaí Sraith 2 a bhí mar ábhar i bPlean Limistéir Áitiúil roimhe seo (i.e. Bealach Féich-Srath an Urláir, Ceann an Droichid agus Baile Dhún na nGall) léirítear teorainn an Phlean Limistéir Áitiúil ar na léarscáileanna in Aguisín A agus aithnítear criosú úsáid talún. Sa tréimhse eatramhach sular glacadh le Plean Limistéir Áitiúil nua nó sular leasaíodh Plean Limistéir Áitiúil a bhí ann cheana féin, déanfar tograí forbartha a mheasúnú i gcomhthéacs gach breithnithe pleanála ábhair ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena n-áirítear an leithroinnt tithíochta atá leagtha amach i leith gach baile, an cur chuige leanúnach a léiriú chun forbairt a dhéanamh ón lár amach, ainmniúcháin chomhshaoil ábhartha, beartais an Phlean Forbartha Contae agus an teacht ar an infreastruchtúr atá ann faoi láthair.

Le linn ullmhúcháin na bPleananna Limistéir Áitiúla nó na leasuithe ar Phleananna Limistéir Áitiúla atá ann cheana féin maidir le bailte Aicme 2, cuirfear teorainneacha athbhreithnithe in áit na dteorainneacha atá dílínithe sna Pleananna Limistéir Áitiúla cheana féin agus is dócha go laghdófar na teorainneacha athbhreithnithe seo chun comhlíonadh na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnaí agus Croí-Straitéise an Phlean Forbartha Chontae a chinntiú.

Ní bheidh Pleananna Limistéir Áitiúla ag teastáil níos mó do bailte a aithnítear in Aicmí 3 agus 4 ó tharla go gcuirtear an creat pleanála maidir leis na bailte seo ar fáil tríd an Phlean Forbartha Contae. Breithneofar roghanna faoi choinne pleananna spásúla pobalbhunaithe, neamhreachtúla do na lonnaíochtaí seo.

## 2.3 Beartais na Croí-Straitéise

Tagann na beartais seo a leanas chun cinn as an Chroí-Straitéis agus baineann siad go sonrach leis na Creataí Bailte atá in Aguisín A den Phlean Forbartha seo.

**CS-P-1** Is beartas de chuid na Comhairle é go ndéanfar tograí forbartha seachas tograí cónaithe i mbailte in Aicme 2 agus 3, a bhreithniú ar na tailte ar fad laistigh de na críocha bailte nach bhfuil criosú talún sonrach sannta ina leith. Déanfar aon togra den sórt sin a mheasúnú i bhfianaise na mbreithnuithe pleanála ábhair ábhartha, beartas ábhartha an Phlean Forbartha Contae agus treorach/beartas réigiúnach agus náisiúnta eile, na n-ainmniúchán comhshaoil ábhartha agus go háirithe Beartas na Comhairle WES-P-10.

Tá gach Creat Baile comhdhéanta de thailte atá fós tábhachtach go ndéanfaí iad a chur san áireamh laistigh den chríoch baile i gcomhthéacs riachtanas a sholáthar seachas úsáidí cónaithe ar nós úsáid pobail, oideachais, áineasa, sláinte agus fostaíochta, cé nach bhfuil criosú dearfach déanta ar na tailte seo i leith úsaid áirithe. Tá na Creataí Lonnaíochta (atá in Aguisín A den phlean seo) comhdhéanta de chríoch fhorbartha a leagann amach méid an bhaile agus na pointí ag a n-aistríonn an baile sin chuig ceantar tuaithe (is ag an phointe seo a mbíonn feidhm leis an mbeartas tuaithe) chomh maith le criosú sonrach nuair is cuí, srianta/deiseanna tábhachtacha a aithint chomh maith le heolas maidir le feidhm agus ról an bhaile. Níl na Creataí Bailte leagtha amach le bheith uileghabhálach ó thaobh chur i láthair na saincheisteanna ábhartha ar fad ar féidir a bhreithniú agus iarratas pleanála á chinneadh, ó tharla go bhféadfadh saincheisteanna eile a theacht chun cinn in imeacht ama nó a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cásanna láthair-shonrach áirithe.

**CS-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle go ndéanfar tograí forbartha seachas tograí cónaithe i mBéal Átha Seanaidh agus sna Cealla Beaga a bhreithniú i bhfianaise na mbreithnuithe pleanála ábhartha iomchuí ar fad, beartas iomchuí an Phlean Forbartha Contae agus treorach/beartas réigiúnach agus náisiúnta eile, an Phlean Limistéir Áitiúil iomchuí, na n-ainmniúchán comhshaoil iomchuí agus go háirithe Bheartas na Comhairle WES-P-10

**CS-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle go ndéanfar na hiarratais phleanála a mheasúnú i bhfianaise na mbreithnuithe pleanála ábhartha iomchuí ar fad lena n-áirítear criosú talún, fáil an infreastruchtúir, beartais iomchuí an Phlean Forbartha, treoracha/beartais réigiúnacha agus náisiúnta eile, ainmniúchán comhshaoil iomchuí agus go háirithe Beartas na Comhairle WES-P-10 laistigh de theorainneacha bailte Aicme 4.

**CS-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt na mbailte a threorú ar dhóigh leanúnach, amach ón lár chun úsáid an tsoláthair infrastruchúir atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo a uasmheadú, chun baint amach na hinbhuanaitheachta a chur chun cinn, chun an preabadh ar aghaidh chuig ceantair níos iargúlta a sheachaint ach chun úsáid níos fearr a bhaint as talamh nach bhfuil a dhóthain úsáide á bhaint as.

**CS-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go dtugtar i gcrích le forbairt i limistéir uirbeacha an 12 Critéar Deartha a leagtar amach san fhoilseachán: Lámhleabhar don Dearadh Uirbeach - Treoir Sárchleachtais (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2009).

**CS-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle, maidir le tograí forbartha i Lár Baile nó i gceantar uirbeach faoi fhoirgníocht, cinntiú mar seo a leanas:

- Go ndéantar soláthar d'fhoirgnimh shainiúla ar ardchaighdeán ailtireachta a chuireann le cuma sainiúil na háite agus le réimse poiblí den scoth.
- Go gcruthaítear éadanas tréan sráide trí chloí leis an líne foirgníochta atá bunaithe sa cheantar láithreach nó trí líne foirgníochta nua a bhunú ag teacht go díreach leis an mbóthar poiblí nuair atá deis réasúnta ann sin a dhéanamh. Ceadófar suíomh níos faide siar sa chás go ndéanfaí soláthar leis an bhforbairt do spás uirbeach ar ardchaighdeán a chur ar fáil le garraíodóireacht phictiúrtha/pleanáil leordhóthaineach, troscán sráide etc.
- Go mbíonn meas á léiriú, nuair is cuí sin, ar an gcomhthéacs lena mbaineann: na foirgnimh atá buailte leis an gceann beartaithe, dreach na sráide in aice láthair nó na foirgnimh sa cheantar ó thaobh dearadh, airde, scála agus toirt etc.
- Go mbíonn meas á léiriú ar chúrsaí stíle, mionghnéithe ailtireachta (ó thaobh dearadh /socrú na bhfuinneog, an chóir ar éadanas/clár tairr, ábhar agus bailchríoch), airde na sceimhleacha, claonadh an dín, líne an dín agus cuma agus airde na bhfoirgneamh go ginearálta, de réir mar is cuí, i limistéir a bhfuil dreach sráide traidisiúnta, dúchasach nó ardchaighdeáin de thréithe leo.
- Go gcruthaítear foirgníocht ar scála an duine, trí sholáthar do mhínchóiriú forbartha ó thaobh an scála ginearálta, fuinneoga, méid/comhréir, comharthaíocht agus mionghnéithe, chomh maith leis an scaradh cuí idir gnéithe den fhoirgníocht le héadanas sráide maidir le hachar cúng soir siar.
- Go gcuirtear ábhar suime don tsúil chun cinn nuair is cuí sin trí aire do chúrsaí modhnúcháin agus caomhchóiriú ar ghnéithe ailtireachta (e.g. mionghnéithe/ cóiriúchán i ndáil le sceimhleacha, fuinneoga, éadanais, mionathrú maidir le líne an dín, an suíomh isteach ón mbóthar etc.).
- Go n-úsáidtear, nuair is cuí sin, dearadh den áisiúlacht maidir le stór na talún ar furasta athchóiriú a dhéanamh air ionas go gcinntítear athúsáid as i ndáil le feidhmeanna eile (e.g. miondíolachán/tráchtáil etc.) san am atá le theacht.
- Go seachnaítear úsáid as cumhdach de chineál tionsclaíochta, nó réimsí fairsinge gloine, san fhorbairt atá beartaithe.

**CS-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle, ainneoin na gcritéar a leagtar síos sa bheartas thuas, ailtireacht chomhaimseartha a cheadú:

- Sa chás go gcuirtear dearadh ardchaighdeáin ar fáil agus go mbaintear úsáid as ábhar ardchaighdeáin den bhuanseasmhacht.
- Nuair atáthar ag teacht go maith le hairde, scála agus toirt na bhfoirgneamh in aice láimhe nó le dreach na sráide go ginearálta agus nach mbeadh an fhorbairt míréireach ar aon bhealach eile.

**CS-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú go mbíonn, nuair is gá, spás páirceála carranna á gcur ar fáil le tograí forbartha i Lár Baile nó in ionaid uirbeacha faoi fhoirgníocht (de réir mar a éilítear faoi na Caighdeáin Bainistíochta Forbartha a leagtar amach sa phlean seo faoi réir ag na beartais shonracha maidir le páirceáil a luaitear sa chaibidil faoi chúrsaí Iompair), agus sin i bhfoirm spásanna páirceála comhthreomhar leis an tsráid, spásanna páirceála ar chúl an fhoirgnimh nó, nuair is cuí sin, trí shocruithe eile do pháirceáil inmheánach (e.g. páirceáil faoin talamh nó ionad páirceála níos mó ná stór amháin.

**CS-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú go ndéantar cúrsaí áisiúlachta a chur chun cinn leis an dearadh agus an leagan amach ar thograí forbartha agus nach ndéantar ar aon bhealach eile bealach ceangail seanbhunaithe le limistéir uirbeacha, ná bealach a bhféadfadh tábhacht straitéiseach a bheith leis tráth is faide anonn, a bhlocáil, a chúngú go suntasach, brú isteach go fisiciúil air ná srian a chur ar a úsáid go sábháilte.

**CS-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú go mbíonn úsáid éifeachtach as an talamh i gceist le tograí forbartha agus nach gcuirtear bac i limistéir uirbeacha ar an bhforbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh tráth is faide anonn ar an talamh is faide thiar.

**CS-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle maidir le héadain siopaí i gCeantair Uirbeacha, de réir mar is cuí:

- Go mbeidís ar ardchaighdeán i ndáil leis an dearadh ginearálta, dathanna agus ábhar.
- Go mbeadh meas á léiriú leo ar thréithe ailtireachta an fhoirgnimh lena mbaineann, ó thaobh scála, comhréir, bailchríoch, ábhar agus an ceangal leis na stórtha níos airde ná iad.
- Go mbeadh meas á léiriú leo ar dhreach na sráide agus ar éadain thraidisiúnta na siopaí sa cheantar ó thaobh scála, comhréir, leithead, míneadas ginearálta na forbartha, socrú na bhfuinneog, an chóir ar an éadanas, scéim dathanna, ábhar agus bailchríoch.
- Go seachnófaí úsáid as éadain le boscaí ar scálaí rómhór, ceannbhrait phlaistigh os cionn éadan siopaí, comhlaí slándála seachtracha, dathanna géara, soilse gealánacha agus soilse neon.
- Go  ar gach bealach eile le Beartas BH-P-5.

**CS-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú gur úsáid chónaithe den chuid is mó a bhíonn ag baint le tograí forbartha ar thailte a bhfuil criosú i ndáil le forbairt chónaithe déanta ina leith. Déanfar tograí i leith tithe cónaithe aonair a bhreithniú ar bhonn na dtailte sin a bheidh an tÚdarás Pleanála sásta nach gcuirfidh an togra bac ar deis forbartha cónaithe na dtailte sin amach anseo.

**CS-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle cinntiú nach gceadaítear tograí forbartha ar thailte a bhfuil crios  i ndáil le Taitneamhacht déanta ina leith ar Léarscáileanna na gCreatchóras Bailte ach amháin sa chás go ndéantar soláthar leo d'fhorbairt de na cineálacha seo a leanas:

- Infreastruchtúr Fóillíochta nach den chineál tráchtála é nó infreastruchtúr pobail ar scála beag.
- Síneadh beag le foirgnimh atá ann san am i láthair;

- Foirgnimh nua taobh istigh de réimsí foirgníochta talmhaíochta seanbhunaithe nó síneadh as foirgneamh talmhaíochta atá ar fáil san am i láthair;

Agus nach mbainfí go mór ó thaitneamhacht an cheantair don tsúil ná nach ndéanfaí díobháil ó thaobh cúrsaí timpeallachta (e.g. coillte, gnáthóga etc.).

**CS-P-14** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú nach ndéanfaidh an fhorbairt cruthú na nasc a aithníodh sna léarscáileanna creatchórais bailte faoi iamh nó na nasc coisithe atá ann cheana féin laistigh de lár an bhaile nó idir ceantair chónaithe a chosc, a chaolú ná ní chuirfidh sí isteach air.

**CS-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go dtagann na tograí forbartha laistigh de theorainneacha sonraithe na mbailte leis na cuspóirí agus na beartais atá in áiteanna eile den phlean seo maidir le soláthar Infreastruchtúr Cóireála Uisce agus Dramhuisce/Cóireála Eisiltigh.

### Straitéis Tithíochta

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Tithíochta na Comhairle, atá i gCaibidil 5 den phlean seo, leibhéal soláthair tithíochta a fhreastalóidh ar riachtanais thithíochta na n-earnálacha agus an daonra ar fad a spreagadh agus a éascú. Go sonrach, scrúdaíonn an Straitéis Tithíochta an riachtanas is dócha a bheidh ann amach anseo do thithíocht shóisialta agus inacmhainne.

Tacaíonn an Straitéis Tithíochta leis an chur chuige atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis agus go háirithe le struchtúr an Cuntas ar Aicmí Bailte. Soláthraíonn an t-athdhíriú ar fhás cónaithe nua atá bunaithe ar chur chuige fianaisebhunaithe agus atá faoi stiúir ag plean do chomhchruinniú aonad chun riachtanas tithíochta a sholáthar ag láithreacha a bhfuil an cumas acu na seirbhísí agus na saoráidí coimhdeacha a sholáthar, lena n-áirítear roghanna iompair i gcás sraitheanna 1 agus 2 sa chuntas ar aicmí bailte. Léiríonn anailís go bhfuil na tosaíochtaí i dtéarmaí an riachtanais atá ann do thithíocht shóisialta ailínithe leis na tosaíochtaí d'fhás a bunaíodh laistigh den chuntas ar aicmí bailte agus a cuireadh i bhfeidhm tríd na creataí bailte. Chomh maith leis sin, cuirtear an fócas atá ar fhás leanúnach na mbailte amach ón gcroílár, mar atá leagtha amach sna beartais sa chaibidil seo, i bhfeidm trí chuspóir athnuachana na Straitéise Tithíochta.

### Straitéis Iompair

Aithníonn an Straitéis Iompair atá leagtha amach i gcaibidil 4 den phlean seo an Croí-Straitéis agus an Cuntas ar Aicmí Bailte agus tacaíonn sí leo. Aithníonn sí creat iompair straitéiseach a dhéanann soláthar do chomhnascthacht thábhachtach agus riachtanach maidir le Geatabhealach an Chontae (Leitir Ceanainn) agus na Bailte Tacaíochta Straitéiseacha (Aicme 2 sa chuntas ar aicmí bailte) chuig príomhlárionaid eile lasmuigh den Chontae agus déanann sí soláthar fosta do na naisc idir-chontae thábhachtacha in Aicmí 1 agus 2 den chuntas ar aicmí bailte le líonra na mBailte agus na Sráidbhailte Láidre ar fud na tíre. Léiríonn Léarscáil Uimh. 1 an caidreamh atá idir an creat iompair straitéiseach agus an cuntas ar aicmí bailte agus léiríonn sí go háirithe an tábhacht a bhaineann leis na naisc amach agus na naisc seachtracha. Tá na naisc amach agus na naisc seachtracha agus an fócas atá againn ar thiomantais trasteorann a bhaint amach agus seachadadh na gclár seo riachtanach do Shraitéis Eacnamaíochta na Comhairle. Tugann creat iompair straitéiseach agus Straitéis Eacnamaíochta an phlean seo aitheantas don ról tábhachtach atá ag infreastruchtúr ar ardchaighdeán ar nós infreastruchtúr bóithre, iarnróid, aeir agus farraige ó thaobh infheistíocht nua a mhealladh, gnó agus fiontraíochta agus mar fhrithchothromaíocht i leith imeallachas braite laistigh den Chontae. Díreoidh ailíniú na gcreataí straitéiseacha seo (croí-straitéis, cuntas ar aicmí bailte, Straitéis Iompair agus Straitéis Eacnamaíochta) ar thosaíochtaí infheistíochta agus muid ag dul chun cinn.

### Straitéis Miondíola

Ullmhaítear an Straitéis Miondíola atá i gCaibidil 3 den phlean seo mar athbhreithniú eatramhach ag feitheamh ar fhoilsiú an athbhreithnithe ar Threoirlínte Pleanála Miondíola de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tagann an Straitéis Miondíola áfach leis an Chroí-Straitéis agus leis an Chuntas ar Aicmí Bailte sa mhéid is go léiríonn anailís ar spás urláir miondíola sa

Chontae go bhfuil comhchruinniú spás urláir ann cheana féin agus atá ceadaithe sa Chontae go ginearálta in Aicmí 1 agus 2 den chuntas ar aicmí bailte, rud a chuireann le cuspóir na Comhairle na bailte seo a dhaingniú mar na Geatabhealaí (Leitir Ceanainn) agus mar Bhailte Tacaíochta Straitéiseacha sa Chontae.

Léiríonn na creataí bailte atá in aguisín A den phlean seo limistér lár an bhaile do gach lonnaíocht in aicme 2 ina ndíreofar ar an chuid is mó de ghníomhaíocht mhiondíola nua.

**Monatóireacht**

Bunófar próiseas monatóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair a bhaineann le talamh tithíochtaí a bunaíodh tríd an chroí-straitéis a ghlacadh. Cuirfidh sé seo eolas riachtanach ar fáil maidir le ceaduithe a deonaíodh ar fud an chuntais ar aicmí bailte chomh maith le cur i bhfeidhm na gceaduithe pleanála cónaithe a ceadaíodh in aicmí 1 agus 2. Tabharfaidh an próiseas monatóireachta faisnéis do Thuarascáil na mBainisteoirí a thógfaidh 2 bhliain le cur i gcríoch agus a chuirfidh leis an phróiseas monatóireachta a bhunaigh Údarás na dTeorann Réigiúnach maidir le feidhmiú agus feidhmíocht na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha dá dtagraítear i mBeartas UB-P-9, Tithíocht Uirbeach.

**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

**Map 1 / Léarscáil 1**

**Core Strategy Schematic Map**
**Scéimléarscáil Croistraitéise**

Tier 1 / Aicme 1 Linked Gateway Area
Ceantar Geatabhealaigh Nasctha

Tier 2 / Aicme 2 Strategic Support Towns
Bailte Tacaíochta Straitéiseacha

Tier 3 / Aicme 3 Strong Towns & Villages
Bailte agus Sraidbhailte Láidre


Other Important Towns outside County Donegal
Baile Tábhachtacha Eile taobh amuigh de Chontae Dhún na nGall

Strategic Routes
Bealaí Straitéiseacha

Areas under Strong Urban Influence
Ceantair faoi Thionchar Láidir Uirbeach

Structurally Weak Rural Areas
Ceantair Thuaithe a bhfuil a struchtúr lag

Stronger Rural Areas
Ceantair Thuaithe níos láidre




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall


Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012


To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

# Caibidil 3
# Forbairt Eacnamaíochta.



# Caibidil 3 Forbairt Eacnamaíochta

## 3.1 Forbairt Eacnamaíochta

### Aidhm:

**Sóláthar a dhéanamh d'fhás cuí na forbartha eacnamaíochta agus na ndeiseanna fostaíochta ar fud gach earnála de réir na Croí-Straitéise ag teacht le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.**

### 3.1.1 Cúlra

Leagann an Chaibidil seo amach straitéis, a sholáthraíonn freagairt spásúil faoi stiúir ag plean ar na saincheisteanna atá roimh an ngeilleagar áitiúil. Tá an Straitéis Miondíola ann fosta.

Cuireann an beochlár tomhas cothrom le dáta ar fáil maidir le dífhostaíocht sa Chontae. Léiríonn sé go raibh 9,663 duine ar an bheochlár i Meán Fómhair 2002 ach d'ardaigh an figiúr seo go dtí 12,550 i Meán Fómhair 2008, agus go dtí 21,333 roimh Meán Fómhair 2010. Léiríonn na figiúirí seo méid na faidhbe maidir leis an riachtanas atá ann a chinntiú go bhfillfidh daoine ar an obair. Roghnaigh cuid de na daoine filleadh ar an oideachas nó chuaigh siad ar scéimeanna athoiliúna a bhí á rith ag roinnt gníomhaireachtaí, le go mbeadh siad réidh le dul isteach san fhórsa oibre arís nuair a thiocfadh an geilleagar chuige féin arís. Tá riachtanas ann áfach, deiseanna d'fhostaíocht a mhealladh chun athsholáthar a dhéanamh ar na poist a cailleadh ar fud na n-earnálacha ar fad lena n-áirítear na tionscail tógála, déantúsaíochta, teicstílí, miondíola, talmhaíochta agus iascaigh. Tá an deis ann chun an Contae a fhorbairt mar an cheantar ceannródaíoch don eacnamaíocht ghlas, i réimsí fáis na Seirbhísí a dhéantar a thrádáil go hidirnáisiúnta, na táigeachta bia breisluacha agus na turasóireachta.

Tá go leor buntáistí ag an gContae d'infheisteoirí atá ag iarraidh lonnú sa cheantar agus forbairt a dhéanamh ann. Tá caighdeán maireachtála den scoth sa Chontae, ina bhfuil radharcanna iontacha ar shléibhte, ar lochanna agus ar an chladach, chomh maith le raon leathan seirbhísí ardchaighdeáin chun infheisteoirí agus turasóirí araon a mhealladh chuig an cheantar. Cuireann an daonra íosta a chruthaigh Leitir Ceanainn agus bailte móre eile sa Chontae raon leathan saoráidí sláinte, oideachais, miondíola, sóisialta agus pobail ar fáil. Chomh maith leis sin tá an Contae mar chuid d'fho-réigiún níos mó le Cathair Dhoire, lena n-áirítear cion iarthuaiscirt an oileáin. Cuidíonn an córas cánach corparáideach a bhfuil go leor buntáistí ag baint leis, na deiseanna a bhaineann le Tionscadal Kelvin, agus an fáil atá ar fhórsa oibre ard-oilte chun aird a tharraingt ar an Chontae mar áit tharraingteach chun infheistíocht a dhéanamh ann, conaí ann agus obair ann. Níos tábhachtaí ná ceann ar bith de na hairíonna seo tá acmhainn chónaitheoirí an Chontae. Trí na buanna agus na hacmhainní atá acu is féidir leo cuidiú le hathrú, le nuáil agus le fiontraíocht. Tá an teacht agus an rochtain atá ar dheiseanna oideachais an-tábhachtach. Tá ról Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus na naisc atá aige le hOllscoil Uladh agus le hionaid eile sárchleachtais acadúil tríú leibhéal go Náisiúnta i gcomhthéacs Trasteorann agus go hIdirnáisiúnta agus an comhoibriú atá ag an Institiúid leo go léir an-tábhachtach. Tá 3,000 mac léinn cláraithe ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, ardú 30% ar fhigiúr 2008, a léiríonn go bhfuil go leor daoine ag filleadh ar an oideachas agus ar an athoiliúint sa chontae.


### An Comhthéacs Náisiúnta

D'fhás an geilleagar Náisiúnta, sna blianta suas go dtí 2007, ag ráta de 5% go 6% in aghaidh na bliana ar an meán. Tá tionchar ag an chúlú eacnamaíochta ar an Chontae. Féachann an straitéis tosaíochta náisiúnta chun an geilleagar a fheabhsú agus a athbheochan mar atá leagtha amach i 'Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann'. Foilsíodh an 'Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe' in 2008. Leagann sé amach an beartas náisiúnta maidir le hathstruchtúrú na heacnamaíochta ar an mbonn go bhfillfear ar fhás inbhuanaithe sa ghearrthéarma. Dírítear ar 'Gheilleagar Stuama' ina bhfuil cultúr fiontraíochta bríomhar, timpeallacht ardchaighdeáin, soláthairtí fuinnimh daingne agus infreastruchtúr den chéad scoth. Aithníonn sé an tábhacht bhunúsach a bhaineann le filleadh ar fhás faoi stiúir ag onnmhairithe agus an ghné nuála den gheilleagar a thógail, trí chaipitil daonna a úsáid trí eolas, scileanna agus cruthaitheacht na ndaoine san eacnamíocht agus sa bhfiontraíocht ghlas. Is príomhghné í an fhiontraíocht ghlas chun an straitéis seo a sheachadadh go rathúil, agus is gnéithe tábhachtacha den chreat fosta iad buanna agus scileanna a choinneáil agus a mhealladh, chomh maith le hinfheistíocht isteach a mhealladh.

### An Comhthéacs Réigiúnach

Leagann Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha de chuid Údarás na dTeorann Réigiúnach (2010-2022) creat amach d'fhorbairt eacnamaíochta an Réigiúin agus an Chontae. Leagann sé amach creat fachtóirí iomaíochta chun feidhmíocht a chinneadh agus aithníonn sé príomhshócmhainní Réigiúnacha agus ceantair ina bhfuil deis fiontraíochta iontu.

**Fíor 3: Factóirí Iomaíochta**




Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann, 2010-2022

Ag cur leis na fachtóirí seo, breithníonn na RPGanna seo sócmhainní an Réigiúin i dtéarmaí na ndeiseanna earnálacha agus aithníonn siad na gnéithe atá ann agus a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhás eacnamaíoch amach anseo. Áirítear orthu turasóireacht, seibhísí eolasbhunaithe, fuinneamh inathnuaite / eacnamaíocht ghlas, an earnáil agraibhia agus táirgí agus seirbhísí comhshaoil. Aithníonn na RPGanna fosta an bunús acmhainní nádúrtha (lena n-áirítear talmhaíocht breisluacha, foraoiseacht agus dobharshaothrú), cultúr cruthaitheach (dearadh, meán digiteach, ceirdeanna agus amharcealaíon) agus an earnáil miondíola, sna príomhionaid, mar mhíreanna suntasacha lena mbreithniú. Tugann siad le fios fosta gur chóir go dtabharfadh na Pleananna Forbartha laistigh den réigiún aird ar a n-anailís earnálach, rud a léiríonn méid an chomhchruinnithe agus an scaipthe a theastaíonn ar fud an réigiúin. Leagann na RPGanna béim fosta ar riachtanais talún agus infreastruchtúir ar scála mór a bhaineann le mórinfheistíocht, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach choigríche ar chóir a bhreithniú agus ar chóir soláthar a dhéanamh dó sna Pleananna Forbartha sa Réigiún faoi seach. Ní mór go mbeadh an soláthar maidir le tailte tráchtála agus tionscail criosaithe seirbhísithe leordhóthanach a bheith fianaisebhunaithe agus go leanfadh siad an cur chuige leanúnach.

### 3.1.2 Cuspóirí

**ED-O-1:** Comhoibriú agus slite trasteorann a eascú chun deiseanna eacnamaíochta, cultúir agus forbartha sóisialta réigiúnach a chumasú agus a chothú.

**ED-O-2:** A chinntiú go gcuirfear talamh leordhóthanach ar fáil ag láithreacha cuí ar mhaithe le húsáidí a chruthaíonn fostaíocht agus go ndéanfar talamh den sórt sin a chosaint ó fhorbairt mhíchuí a chuirfeadh forbairt fhadtéarmach i mbaol.

**ED-O-3:** Forbairtí cuí a chruthaíonn fostaíocht a éascú agus a threorú isteach i lár Geatabhealaigh Leitir Ceanainn agus in ionaid Aicme 2 (Bailte Tacaíochta Straitéiseach).

**ED-O-4:** Infreastruchtúr leordhóthanach a chur ar fáil, lena n-áirítear saoráidí uisce, cóireála dramhuisce agus bainistithe dramhaíola chun freastal a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch amach anseo agus ar chruthú post i lár Geatabhealaigh Leitir Ceanainn agus in ionaid Aicme 2 (Bailte Tacaíochta Straitéiseach).

**ED-O-5:** Lonnaíochtaí úsáid mheasctha ina mbeidh forbairtí cuí cónaithe agus fostaíochta lonnaithe in aice lena chéile.

**ED-O-6:** Forbairt eacnamíocht tuaithe chuí a chur chun cinn trí éagsúlacht a thacaíonn le fás na bhfiontraíochtaí tuaithe atá ag teacht chun cinn agus a bhaineann leis na ceantair faoin tuath a spreagadh.

**ED-O-7:** Tacú le forbairt bhreise oideachais agus taighde cuí tríú leibhéal agus le forbairt laistigh de lár Gheatabhealaigh Leitir Ceanainn agus laistigh de na hionaid in Aicme 2 (Bailte Tacaíochta Straitéiseacha).

**ED-O-8:** Forbairt chuí ar thurasóireacht ar fud an Chontae a éascú trí thacú le tionscadail turasóireachta inbhuanaithe agus le cur chun cinn na dtionscal cruthaitheach mar ábhar acmhainne i leith breithnuithe comhshaoil, infreastruchtúir agus áineasa.

**ED-O-9:** An deis a bhaineann le Tionscadal Kelvin, le Líonraí Ceantar Uirbeach agus le gach acmhainn agus infreastruchtúr ICT a uasmhéadú ar fud an chontae chun forbairt chuí, inbhunaithe agus eacnamaíochta a éascú.

**ED-O-10:** Forbairt chuí acmhainní fuinnimh in-athnuaite an chontae a uasmhéadú agus tacaíocht a thabhairt do mhargadh i nDún na nGall d'fhuinneamh in-athnuaite áitiúil agus inbhuanaithe, agus é a éascú, margadh inarbh fhéidir le hoibreoirí fuinneamh gaoithe agus mara a "dtáirge fuinnimh áitiúil in-athnuaite" do mhargaí sa bhaile agus thar sáile a iompar, a stóráil, a thrádáil agus a easpórtáil, faoi réir ainmníochtaí comhshaoil agus breithnithe áiseanna.

### 3.1.3 Straitéis Forbartha Eacnamaíochta

Is í an straitéis atá ann ná forbairt eacnamaíochta agus fostaíochta nua a ailíniú le ról agus le feidhm na lonnaíochtaí a aithníodh sa Chroí-Straitéis/sa Chuntas ar Aicmí Bailte. Tá sé mar aidhm ag an straitéis lánpháirtiú na n-úsáidí fostaíochta cuí le húsáidí talún eile a chur chun cinn, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, pobail, turasóireachta agus miondíola, mar iarracht chun forbairt inbhuanaithe chothrom a chur ar fáil. Áirítear leis seo an deis atá ann na riachtanais taistil agus na hamanna taistil a laghdú ag léiriú an róil ríthábhachtaigh atá ag líonra náisiúnta bóithre atá sábháilte agus éifeachtúil le

tacú le fás eacnamaíoch. Féachann an straitéis freisin leis na deiseanna uathúla a chuireann an Contae i láthair i gcomhthéacs Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chur chun cinn.

**An Caidreamh leis an Chroí-Straitéis agus leis an Chuntas ar Aicmí Bailte**

Tá tábhacht Náisiúnta, Réigiúnach, Áitiúil agus Trasteorann ag baint le Geatabhealach nasctha Leitir Ceanainn – Doire. Cuireann an Geatabhealach an treallús is mó faoi fhorbairt eacnamaíochta sa Chontae i gcomhar leis na Bailte Tacaíochta Straitéiseacha lena n-áirítear Na Cealla Beaga agus Ceann an Droichid i bhfianaise na deise sonraí a bhaineann leo maidir le teicneolaíocht mhuirí agus fuinnimh agus le Seirbhísí a dhéantar a Thrádáil go hIdirnáisiúnta. Leagann an Croí-Straitéis, mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, an tOrdlathas Lonnaíochta (tagraíonn Léarscáil 1), a léiríonn an tábhacht a bhaineann le Leitir Ceanainn mar phríomhinneall eacnamaíochta an chontae, amach.Tá idirchaidreamh an-tábhachtach idir an Straitéis Eacnamaíochta, an Croí-Straitéis agus gnéithe earnálacha an Phlean Forbartha.

Áirítear le cuspóirí na Croí-Straitéise tosaíocht a thabhairt do phríomhnaisc straitéiseacha idir an Geatabhealach agus na Bailte Tacaíochta Straitéiseacha. Chomh maith leis sin, féachann an Chomhairle le naisc ardchaighdeáin straitéiseacha Náisiúnta agus Réigiúnacha a éascú leis an fharraige, leis an aer agus leis an iarnród as Dún na nGall chuig Geatabhealaí, láithreacha agus margaí eile. Tacaíonn an Croí-Straitéis fosta le fás eacnamaíochta ag príomhláithreacha straitéiseacha a bhfuil cumas infreastruchtúir acu. Tá an Croí-Straitéis, agus ina dhiaidh sin na príomhshuíomhanna faoi choinne mórfhás eacnamaíoch, sainaitheanta sa phlean seo agus aird ar an fhéidearthacht faoi choinne tionchair chomhshaoil. Leagann an Tuairisc Chomhshaoil amach staid reatha an chomhshaoil, (Aguisín C, rannán 5.0) trasna an raon réimsí ar a n-áirítear bithéagsúlacht, suíomhanna caomhnaithe lena n-áirítear Dobharcheantair Dúilicíní Péarla Fionnuisce, clúdach talaimh, uisce (mar a bhaineann le Plean Bainistíochta Abhantraigh Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt), fuíolluisce, uisce, tírdhreach agus sócmhainní ábhartha. Tá na breithnithe seo measúnaithe go carnach sa chinneadh maidir leis an leibhéal fáiss a bheadh fóirsteanach ar fud an chontae.

**An Straitéis Miondíola**

Léiríonn an Straitéis Miondíola, a bhfuil míniú tugtha air thíos, go bhfuil cuid mhór den fhórsa oibre fostaithe sna hearnálacha mórdhíola agus miondíola. Is príomhchuspóir den straitéis eacnamaíochta é tairiscint miondíola bríomhar agus éagsúil a chur ar fáil ag teacht le Treoirlínte Náisiúnta. De réir na Croí-Straitéise agus Creataí Bailte an Phlean, stiúrann an Straitéis Miondíola úsáid talún miondíola laistigh de lár na mbailte aitheanta agus ag an am céanna cuireann sí na caighdeáin is airde agus is féidir chun cinn maidir le dearadh agus leagan amach na n-ionad miondíola.

**Fáil na Talún agus an infreastruchtúir**

Mar threallús eacnamaíochta don Chontae, beidh Geatabhealach Leitir Ceanainn mar phríomhláthair d'fhorbairt eacnamaíochta sa Chontae lena n-áirítear infheistíocht dhíreach choigríche agus rinneadh é seo a sheachadadh tríd na criosuithe agus na beartais atá i bPlean Forbartha Leitir Ceanainn agus na gCeantar Máguaird 2009-2015. Chomh maith leis sin, déantar tailte a aithint fosta i mBun Cranncha agus i mBun Dobhráin trí phleananna forbartha agus ag láithreacha eile trí Phleananna Limistéir Áitiúla. Tá tailte breise ann laistigh d'úinéireacht na Comhairle agus comhlachtaí eile ag láithreacha éagsúla ar fud an Chontae a dhéanann soláthar do dheiseanna cruthaithe post. Dá bhrí sin, breithnítear go bhfuil an soláthar talún leordhóthanach chun freastal a dhéanamh ar éileamh amach seo i rith tréimhse an Phlean.

Tá infheistíocht infreastruchtúir ríthábhachtach do ghníomhaíocht forbartha eacnamaíochta amach anseo. Féachfaidh an Chomhairle le haon easpaí infreastruchtúir a aithint a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt eacnamaíochta cuí agus chun sásraí a aithint chun na teorainneacha seo a d'fhéadfadh ranníocaíochtaí ó na forbróirí a bheith san áireamh leo a sheachaint.

### An Ceantar Tuaithe

Tá ról tábhachtach ag gníomhaíochtaí traidisiúnta feirmeoireachta, turasóireachta agus foraoiseachta ó thaobh eacnamaíochta tuaithe an Chontae. As limistéar iomlán an Chontae, úsáidtear 47% de do thalmhaíocht, cé nach bhfuil go leor de oiriúnach do dhian-fheirmeoireacht tráchtála. Tá an dara cumhdach foraoise is airde sa tír sa Chontae fosta ag 12.2%, agus tá beagnach 40% de faoi úinéireacht phríobháideach. D'fhéadfadh go mbeadh cuid den talamh áfach, oiriúnach d'úsáidí eile. Tá formhór na ngníomhaíochtaí feirmeoireachta agus foraoiseachta lasmuigh de scóp an rialaithe pleanála, ach tá cumas ag na deiseanna éagsúlachta ar fad atá ag teacht chun cinn maidir le marcaíocht capall, slatiascaireacht, seoltóireacht, tonnmharcaíocht, siúlóid agus éicea-thurasóireacht cuairteoirí a mhealladh ón mbaile agus ó thar lear agus chun poist tacaíochta a chruthú. D'fhéadfadh táirgeacht bia orgánach agus breisluacha agus agrathurasóireacht poist a chruthú. Tagann formhór na bithmhaise as foraoiseacht, agus cuireann saileach agus miscanthus deis ar fáil do bharra fuinnimh bithmhaise. Is féidir le díleá anaeróbach dramhaíl orgánach agus bithmhais fhliuch a aistriú isteach i bhfuinneamh in-athnuaite agus i dteicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn agus ar féidir a chuimsiú chun póitinseal iomlán na hearnála a bhaint amach. Is féidir le foraoiseacht modh forlíontach gníomhaíochta feirme eile a chur ar fáil trí phlandú agus trí bhaint agus ag an am céanna is féidir leis ábhar tógála inbhuanaithe agus foinse fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil. Tá sé de chumas ag acmhainní mara ar nós feamainn cuidiú le deiseanna fostaíochta eile ar nós poist i réimse na cógaisíochta, na gcosmaidí, an fhuinnimh agus na dtáirgí bia. Tá mórdheiseanna fostaíochta ann fosta in earnáil na turasóireachta mar atá leagtha amach sa Chaibidil Turasóireachta/Mara. Tá an fhéidearthacht ag fiontair atá ann cheana agus ag fiontair nua cur le fostaíocht i gcoitinne agus le geilleagar Dhún na nGall. [Tagair fosta do Cuspóir E-O-1].

### Idirchaidreamh agus comhoibriú Idirghníomhaireachta.

Is í Comhairle Chontae Dhún na nGall an phríomhghníomhaireacht ar an Bhord Forbartha Contae. Tá ról straitéiseach ag an Bhord ó thaobh fhorbairt eacnamaíochta an Chontae, déanann sé forbairt agus seachadadh seirbhísí a lánpháirtiú ag leibhéal an Chontae agus déantar baill an Bhoird a cheapadh as na húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, gníomhaireachtaí forbartha áitiúla, comhpháirtithe sóisialta agus as an earnáil dheonach. Áirítear orthu seo comhlachtaí ar nós an IDA, Údarás na Gaeltachta, Fiontraíocht Éireann, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Fáilte Ireland. Cuireann an comhoibriú seo ardán ar fáil ar mhaithe le forbairt chomhordaithe agus seachadadh seirbhísí poiblí ag leibhéal an Chontae. Cuireann comhoibriú trasteorann maidir le forbairt eacnamaíochta leis an chomhordú ag leibhéal an Chontae. Déantar é seo go príomha trí Bhord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt (NWPB) a cheapann a chuid comhaltaí ón Bhord Forbartha Contae agus ó Bhord Straitéise Dhoire lenár aithníodh spriocanna agus gníomhaíochtaí tosaíochta trasteorann. Tá an Bord Forbartha Contae freagrach as Straitéis lánpháirtithe Dhún na nGall ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir. Sa chomhthéacs seo, d'aithin an CDB roinnt spriocanna straitéiseacha a bhaineann le réimsí ar nós an Eacnamaíocht Ghlas, Infheistíocht Isteach, Scileanna Fiontair/Ardoideachais, Branda Dhún na nGall, Cultúr mar Acmhainn, Turasóireacht agus rochtain ar sheirbhísí. Is é an Plean Forbartha an ráiteas reachtúil maidir le húsáid talún agus dá bhrí sin féachann sé leis na spriocanna straitéiseacha agus gníomhaíochtaí tosaíochta an CDB a léiriú agus a aithint.

Beidh an Chomhairle tacúil le hiniúchtaí san fhéidearthacht tionscnaimh a fhorbairt le fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint ar a n-áirítear gaoth, taoide, hídrea agus bithmhais faoi choinne úsáid sa tír seo agus le heaspórtáil, ar a n-áirítear an fhéidearthacht áis hídreastórála in Iardheisceart an Chontae mar a léirítear ar Léarscáil 2.

### Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte

Baineann Clár Athnuachana Uirbeach & Sráidbhailte na Comhairle le hoibreacha feabhsaithe comhshaoil i mbailte a dhéanamh ionas go bhfeidhmeoidh sé mar bhrostaitheoir d'athnuachan eacnamaíochta agus sóisialta. Ar an chineál oibreacha a dhéanfar tá gaireas fóntais a chur faoi thalamh, troscán sráide a chur ar fáil, oibreacha tírdhreacha, lár an bhaile a athnuachan agus carrchlós 'siar ón tsráid' a sholáthar. Tugtar tosaíocht do láithreacha na noibreacha de réir na gcritéar a chomhaontaigh an Chomhairle ar bhonn bliantúil nó faoi réir na fála ar mhaoiniú a fhaightear ó roinnt foinsí. Baineann an clár reatha leis na bailte agus na sráidbhailte mar atá leagtha amach i

dTábla 9 faoi réir fála an mhaoinithe. B'fhéidir go gceapfar clár breise faoi réir foinsí maoinithe cuí a aithint.

**Tábla 9: Clár athnuachana Uirbeach agus Sráidbhailte 2010-2012**

| 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| Ard an Rátha<br>An Craoslach<br>Leifear<br>Srath an Urláir<br>An Bhun Beag-Na Doirí Beaga<br>Conmhaigh | Ráth Bhoth<br>Paiteagó<br>Carn Domhnach<br>Leitir Ceanainn<br>Srath an Urláir<br>An Clochán Liath | Bun Cranncha<br>Newtowncunningham<br>Cill Charthaigh<br>Machaire Rabhartaigh |

Tá Clár Caomhnaithe agus Athnuachana na Comhairle (2011-2013) comhdhéanta de roinnt tionscadal ceannródaíoch agus tionscadail eile a d'fhéadfaí a thionscnamh i rith saolré an phlean. Áirítear ar na tionscadail reatha, faoi réir fála ar mhaoiniú cuí, Paiteagó – (Tionscadal an Tearmainn), An Clochán Liath – Imeall Trá (Athnuachan), Carn Domhnach – (Cnoc na Beairice) Tionscadal Athnuachana, Srath an Urláir – Ionad Sárchleachtais Ceannródaíoch do Spóirt agus d'Áineas, Leifear/An Srath Bán – an tionscadal Abhann.

## 3.1.4 Beartais

**ED-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Straitéis Forbartha Eacnamaíochta a chur i bhfeidhm chun an fhostaíocht atá ann cheana féin a chothú agus chun cruthú post a éascú ag láithreacha cuí sa Chontae.

**ED-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle go gcomhlíonfadh aon fhorbairt eacnamaíochta a fhreastalaíonn ar na beartais suímh atá leagtha amach thíos (beartais ED-P-3 – ED-P-15) na critéir atá leagtha amach i mBeartas ED-P-16 agus go dtiocfadh an fhorbairt sin le pleanáil chuí & le forbairt inbhuanaithe an cheantair.

**ED-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí forbartha eacnamaíochta a bhaineann le foirgneamh nó próiseas tionscail (mar a sainmhínítear in Airteagal 5 de Rialacháin Pleanála 2001) a cheadú laistigh de na lonnaíochtaí sainmhínithe ar thalamh criosaithe d'úsáid den sórt sin i bplean áitiúil nó mar atá sonraithe i gcreat lonnaíochta sa Phlean seo faoi réir aon bhreithniú agus beartas comhshaoil ED-P-2. Ceadófar forbairt tionscail freisin i gceantar tionscail/fostaíochta atá ann cheana féin laistigh de lonnaíochtaí ar an choinníoll go bhfuil scála, nádúr agus foirm an togra oiriúnach don láthair agus go dtagann sé le beartas ED-P-2. In áiteanna eile laistigh de na lonnaíochtaí, ceadófar tograí d'úsáid tionscail (gan úsáid tionscail éadrom san áireamh) i lonnaíochtaí in Aicme 1 agus in Aicme 2 amháin agus nuair is féidir na nithe seo a leanas a léiriú:- nach bhfuil aon talamh criosaithe nó talamh le fáil ar cheantar tionscail atá ann cheana féin; go mbaineann an togra le cuideachta seachas le togra amhantrach; agus go gcuirfeadh an fhorbairt go mór le geilleagar an cheantair. Ní cheadófar forbairt a bhaineann le foirgnimh nó le próisis tionscail lasmuigh de theorainn na lonnaíochtaí amuigh faoin tuath ach amháin má bhaineann an fhorbairt le hacmhainn táirge a bhfuil baint sonrach aige le suíomh agus nárbh fhéidir an fhorbairt a beartaíodh a lonnú i lonnaíocht ag teacht leis an mbeartas seo.

**ED-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle go gceadófar tograí forbartha eacnamaíochta a bhaineann le húsáid tionscail éadrom laistigh de lonnaíochtaí ar thalamh criosaithe d'úsáid

den sórt sin i bplean áitiúil nó mar atá sonraithe i gcreat lonnaíochta sa Phlean seo nó ar thalamh ina bhfuil ceantar fostaíochta/tionscail ann cheana féin, ar an choinníoll go bhfuil scála, nádúr agus foirm an togra oiriúnach don láthair agus go dtagann sé le beartas ED-P-2. In áiteanna eile laistigh de na lonnaíochtaí sainmhínithe, déanfar tograí d'úsáid tionscail éadrom a chinneadh ar bhonn a dtuillteanas aonair agus aird á tabhairt ar scála agus ar charachtar na lonnaíochta, an teacht ar infreastruchtúir riachtanach agus ar chomhlíonadh an bheartais ED-P-2. Ní cheadófar forbairt a bhaineann le foirngimh nó próisis tionscail éadroma lasmuigh de na lonnaíochtaí amuigh faoin tuath ach amháin má bhíonn baint dhíreach ag an fhorbairt sin le hacmhainn táirge a bhfuil baint sonrach aige le suíomh nó le tionscadal faoi théarmaí ceachtar de na beartais ED-P-10 go ED-P 15.

**ED-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle go gceadófar tograí forbartha eacnamaíochta a bhaineann le húsáid trádstórais nó stórála laistigh de lonnaíochtaí ar thalamh criosaithe d'úsáid den sórt sin i bplean áitiúil nó mar a shonraítear i gcreat lonnaíochta sa Phlean seo. Ceadófar togra d'fhorbairt trádstórais/stórála ar thalamh ina bhfuil ceantair tionscail/fostaíochta ann cheana féin, ar an choinníoll go gcomhlíonann an togra na critéir seo a leanas:-

(i) go dtagann sé le haon úsáid tionscail/fostaíochta atá ann cheana féin agus nach gcuirfidh sé isteach ar a leanúnachas/leathnú;
(ii) nach mbeidh laghdú mór ar thalamh tionscail áitiúil nó i gceantar níos leithne de chuid an Phlean mar thoradh air;
(iii) go bhfuil sé de scála, nádúr agus foirm atá oiriúnach don láthair; agus
(iv) go dtagann sé le beartas ED-P-2.

In áiteanna eile laistigh de na bailte sainmhínithe, déanfar tograí d'úsáid trádstórais/stórála a chinneadh ar bhonn a dtuillteanas aonair agus aird á thabhairt ar scála agus ar charachtar an bhaile, teacht ar infreastruchtúr riachtanach agus ar chomhlíonadh an bheartais ED-P-2. De ghnáth, ní cheadófar tograí d'úsáid trádstórais/stórála lasmuigh de theorainn an bhaile.

**ED-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí forbartha a bhaineann le húsáid ghnó (Aicme 2) laistigh de Lár an bhaile nó in áiteanna eile a sonraíodh d'fhorbairt úsáid ghnó mheasctha ar an choinníoll go gcomhlíonfar gach beartas eile den Phlean seo agus an critéir i mbeartas ED-P-16. Ceadófar úsáid ghnó (Aicme 2) freisin i gceantar gnó/fostaíochta atá ann cheana féin laistigh de bhailte ar an choinníoll go bhfuil scála, nádúr agus foirm an togra oiriúnach don láthair agus go dtagann sé le beartas ED-P-16. In áiteanna eile laistigh de na bailte, ní cheadófar tograí d'úsáid ghnó in Aicme 2 ach amháin sa chás gur féidir a léiriú nach bhfuil aon talamh ná foirgnimh le fáil laistigh d'aon Lár Baile ainmnithe nó ar thalamh criosaithe d'úsáid mheasctha; nó sa chás nach bhfuil aon chriosú/ainmniú den sórt sin ann, sa chás go bhfuil an láthair bheartaithe suite go lárnach; agus sa chás go gcomhlíonann an togra gach beartas eile den Phlean seo agus an critéir i mbeartas ED-P-16. Déanfar tograí a bhaineann le húsáid ghnó in Aicme 3 a bhreithniú ar a dtuillteanas féin laistigh de lonnaíochtaí agus is féidir iad a cheadú sa chás go bhfuil an scála oiriúnach don láthair agus ar an choinníoll go gcomhlíonfar gach beartas eile den Phlean seo agus na critéir i mbeartas ED-P-16. De ghnáth, ní cheadófar forbairt a bhaineann le hAicme 2 agus le hAicme 3 lasmuigh den teorainn baile amuigh faoin tuath ach amháin mura mbaineann an fhorbairt go díreach le hacmhainn táirge a bhfuil baint sonrach aige le suíomh nó sa chás go bhfreastalaíonn an togra ar théarmaí aon cheann de na beartais ED-P-10 go ED-P-15.

**ED-P-7** Is beartas de chuid na Comhairle é i gcomhar leis an Chomhairle Baile ábhartha, de réir mar is cuí, cead a thabhairt do thograí forbartha eacnamaíochta a bhaineann le húsáid mar ionad glaonna nó ar mhaithe le taighde agus le forbairt laistigh de bhailte i Aicme 1 agus Aicme 2 nó ar thalamh ar baineadh úsáid as roimhe seo nó atá criosaithe chun

críocha tionscail/fostaíochta nó gnó i bplean forbartha, i bplean áitiúil nó mar atá sonraithe i gcreat baile sa Phlean seo, ar an choinníoll go gcomhlíonfar critéir sa bheartas ED-P-16. In áiteanna eile laistigh de bhailte, ní cheadófar tograí d'úsáid a bhaineann le hionad glaonna nó do thaighde agus forbairt ach amháin sa chás gur féidir a léiriú:- nach bhfuil talamh criosaithe nó talamh ar cheantar tionscail atá ann cheana féin le fáil laistigh de cheantar an Phlean; go mbaineann an togra le cuideachta seachas le togra amhantrach; go bhfuil scála an togra oiriúnach sa bhaile; agus go gcuirfeadh an fhorbairt go mór le geilleagar an cheantair. In áiteanna eile laistigh de bhailte (sa bhreis ar Aicmí 1 agus 2) déanfar tograí do thaighde agus d'fhorbairt ar scála cuí i leith an bhaile a bhreithniú ar a dtuillteanas féin faoi réir chomhlíonadh ED-P-16. Lasmuigh de bhailte, ní cheadófar tograí ar mhaithe le taighde agus le forbairt ach amháin sa chás go mbíonn acmhainn ann a bhfuil baint shonrach aice le suíomh a shocraíonn an láthair tuaithe nó sa chás go gcomhlíonann an togra téarmaí na mbeartas ED-P-10 go ED-P-15.

**ED-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle é leathnú ar úsáid tionscail nó gnó atá ann cheana féin a cheadú laistigh de bhaile sainithe ar an choinníoll go dtagann an scála a bheidh mar thoradh air agus cineál na fiontraíochta le carachtar agus le scála an bhaile agus go gcomhlíonann an togra na critéir atá leagtha amach i mbeartas ED-P-16.

**ED-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle úsáidí forbartha eacnamaíochta amuigh faoin tuath agus a dtagann leis na forálacha seo a leanas a cheadú:-

- Scéimeanna Eágsúlachta Feirme – forálacha leagtha amach i mBeartas ED-P-10.
- Tionscadail Tuaithe Beaga – forálacha leagtha amach i mBeartas ED-P-11.
- Úsáid forbartha eacnamaíochta atá ann cheana féin a leathnú - forálacha leagtha amach i mBeartas ED-P-12.
- Mórfhorbairt Tionscail – forálacha leagtha amach i mBeartas ED-P-13.
- Forbairt eacnamaíoch uathúil sa Ghaeltacht – forálacha leagtha amach i mBeartas ED-P-14.
- Úsáid forbartha eacnamaíochta atá ann cheana féin a athfhorbairt – forálacha Bheartas ED-P-15.

Ní cheadófar gach togra eile d'fhorbairt eacnamaíochta amuigh faoin tuath ach amach má thagann siad faoin Bheartas seo in imthosca eisceachtúla ina mbeidh forbairt a bhfuil tábhacht réigiúnach nó náisiúnta ag baint léi agus sa chás nach mbeidh aon láthair oiriúnach ann laistigh de bhaile sa cheantar a dhéanfaidh freastal ar an togra.

**ED-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle Scéimeanna Eágsúlachta Feirme a rithfear i gcomhar le hoibríochtaí talmhaíochta na feirme a cheadú. Ba chóir go ndéanfadh an fhorbairt bheartaithe, a mhéid agus is féidir, foirngimh feirme barraíochta a athúsáid nó a athchóiriú. Ba chóir go mbeadh scála, foirm agus leagan amach aon fhoirgnimh bheartaithe nua oiriúnach don cheantar tuaithe. Ní mór go dtiocfadh an scéim éagsúlachta molta le gach beartas eile sa Phlean seo agus ní mór dó critéir ábhartha Bheartas ED-P-15 a chomhlíonadh. Sa chás go mbíonn easpaí san infreastruchtúr uisce agus/nó sa chás nach féidir nasc a dhéanamh leis na córais phoiblí, beidh ar an fhorbróir a léiriú gur féidir sainréitigh faoi stiúir forbartha a aithint, a chomhaontú i scríbhinn, a chur i bhfeidhm agus a chothabháil agus a thabharfaidh aghaidh ar na heaspaí sin.

**ED-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle togra daingean d'fhiontair thionscail nó d'fhiontair ghnó tuaithe bheaga nó do scéim pobail atá faoi stiúir ag fiontar lena léireofar nach bhfuil aon láthair oiriúnach ann laistigh d'aon bhaile sa cheantar áitiúil agus go mbainfeadh an geilleagar áitiúil leas as an togra agus go gcuirfeadh sé le hathnuachan an phobail. Ní mór fianaise a chur leis an iarratas faoin bheartas seo chun tacú le cás an leasa eacnamaíochta a bheadh ann don gheilleagar áitiúil agus ní mór eolas sonraithe a chur leis freisin maidir leis an chuardach a rinneadh chun láthair oiriúnach a fháil laistigh de

theorainn an bhaile/na mbailte áitiúla. Ní mór go mbeadh baint shoiléir ag aon ghné miondíola i leith forbartha beartaithe faoin bheartas seo leis an úsaid tionscail/ghnó príomha.

**ED-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí maidir le forbairt eacnamaíochta atá amuigh faoin tuath cheana féin a leathnú a cheadú ar ag choinníoll nach ndéanfaidh scála agus nádúr na forbartha deiridh dochar do charachtar tuaithe an cheantair; nach dtiocfaidh aon ardú mór ar achar na láithreach don fhiontar; agus go mbeidh an t-infreastruchtúr atá ann cheana féin (lena n-áirítear na líonra bóithre) in ann freastal a dhéanamh ar an fhorbairt leathnaithe. Ní cheadófar togra nach gcomhlíonfadh na critéir seo ach amháin i gcás imthosca eisceachtúla inar féidir na nithe seo a lenas a léiriú:

- nach féidir an fiontar a athlonnú mar gheall ar chúiseanna oibríochta nó fostaíochta áirithe;
- go gcuirfeadh an togra go mór leis an ngeilleagar áitiúil;
- nach ndéanfadh an fhorbairt dochar mór do charachtar na tuaithe; agus
- sa chás go mbeidh feabhsuithe infrastruchtúir riachtanach ní mór réiteach a bheidh faoi stiúir forbróirí a aithint agus a sheachadadh.

**ED-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle breithniú go fábharach ar thograí i gcomhair mórfhorbairt tionscail faoi tuath a chuireann go suntasach le geilleagar an Chontae mar a dtaispeántar go bhfuil suíomh tuaithe de dhíth ar an togra mar gheall ar a riachtanais ar leith nó ar a méid. Ní mór fianaise a chur leis an iarratas forbartha faoin bheartas seo chun tacú le cás an leasa eacnamaíochta a bheadh ann don chontae agus i gcás an tsuímh tuaithe ar na forais seo a leanas: méid, eolas sonraithe, eolas sonrach ar an chuardach a rinneadh chun láthair oiriúnach a fháil laistigh de theorainn na lonnaíochta. Tabharfar forálacha bheartas ED-P-17 san áireamh fosta agus ní mór Plean Taistil a ullmhú le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na rochtana ar mhodhanna taistil éagsúla. Cuirfear coinníollacha i bhfeidhm ar fheabhsuithe infreastruchtúir faoi stiúir forbróirí i gcásanna cuí. Déanfar measúnacht ar thograí forbartha i bhfianaise gach breithniú bainteach ábhartha lena n-áirítear beartais bhainteacha de phlean forbartha an chontae agus treoir/beartais réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmnithe bainteacha comhshaoil lena n-áirítear léiriú chur i gcrích Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

**ED-P-14** Tá de bheartas ag an Chomhairle soláthar a dhéanamh faoi choinne deiseanna uathúla forbartha eacnamaíocha a thagann chun cinn sa Ghaeltacht, ar a n-áirítear tailte faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta (mar atá ag Mín an Bhealaigh, Ard an Rátha), ag aithint go bhfuil meath ar acmhainní in Údarás na Gaeltachta.' Déanfar measúnacht ar thograí forbartha i bhfianaise gach breithniú bainteach ábhartha lena n-áirítear beartais bhainteacha de phlean forbartha an chontae agus treoir/beartais réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmnithe bainteacha comhshaoil lena n-áirítear léiriú chur i gcrích Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

**ED-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle athfhorbairt ar úsáid forbartha eacnamaíochta bunaithe amuigh faoin tuath a cheadú chun críocha tionscail nó gnó ar an choinníoll go ndéanfar na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- nach mbeidh drochthionchar ag scála agus nádúr an togra ar charachtar an cheantair áitiúil;
- gur féidir aon ualach breise ar infreastruchtúr a réiteach trí fheabhsuithe faoi stiúir forbróirí;
- nach mbeadh aon ardú mór ar limistéir na láithreach;
- go dtiocfaidh scála, foirm agus leagan amach aon fhoirgnimh bhreise leis an gceantar áitiúil;
- go gcomhlíonann an togra na critéir atá leagtha amach i mbeartas ED-P-15; agus

- ní mór go mbeadh baint shoiléir ag aon ghné miondíola i leith forbartha beartaithe faoin bheartas seo leis an úsaid tionscail/ghnó príomha.

**ED-P-16** Tá de bheartas ag an Chomhairle go gcaithfidh aon togra maidir le húsáid forbartha eacnamaíochta, chomh maith le forálacha beartais eile de chuid an Phlean seo, na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

a) go dtiocfaidh sé leis na húsáidí a bhaintear as an talamh mórthimpeall atá ann cheana féin nó atá ceadaithe;
b) nach gcuirfidh sé isteach ar fhóntais na gcónaitheoirí máguaird;
c) go bhfuil cumas san infreastruchtúr uisce cheana féin nó réamheagraithe (soláthar agus/nó diúscairt eisilteach) nó gur féidir feabhsuithe oiriúnacha faoi stiúir forbróirí a aithint agus a sheachadadh;
d) gur féidir leis an líonra bóithre atá ann cheana féin déileáil go sábháilte le haon trácht feithicle bhreise a chruthóidh an fhorbairt bheartaithe nó go ndéanfar feabhsuithe oiriúnacha faoi stiúir forbróirí a aithint agus a sheachadadh chun aon fhadhb ar na bóithre a sheachaint;
e) go gcuirfear socruithe rochtana leordhóthanach, páirceáil, limistéir inlíochta agus seirbhísíthe ar fáil ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha amach in Aguisín B nó mar a aontaíodh i scríbhinn leis an údarás pleanála;
f) nach gcruthóidh sé núis torainn;
g) go mbeidh sé in ann déileáil go cuí le haon easpa/easpaí;
h) nach mbeidh drochthionchar aige ar ghnéithe tábhachtacha den oidhreacht thógtha nó den oidreacht nádúrtha lena n-áirítear láithreacha Natura 2000;
i) nach mbeidh sé lonnaithe i gceantar ina bhuil baol tuilte agus/nó nach mbeidh sé mar chúis leis na tuilte ná ní dhéanfaidh sé níos measa iad;
j) go mbeidh leagan amach na láithreach, dearadh an fhoirgnimh, socruithe an infreastruchtúir agus an tírdhreacha ghaolmhair ar ardchaighdeán agus go gcuideoidh siad le hinbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht a chur chun cinn;
k) go gcaithfear leis an teorainn mar is cuí agus go gcuirfear modhanna imfhálaithe ar fáil agus go ndéanfar aon cheantar ina dhéantar stóráil lasmuigh a chlúdach ó radharc an phobail;
l) i gcás tograí amuigh faoin tuath, tá bearta sásúla ann chun cuidiú leis an lánpháirtiú isteach sa tírdhreach;
m) Ní chuireann sé i mbaol cáilíocht uisce nó an clár beartas i bPlean Bainistíochta Abhantrach an Oirthuaisceart (PBAOT) 2009-2015'.

**ED-P-17** Is é beartas na comhairle seo próifíl eacmamaíoch a chruthú faoi choinne gach toghcheantair i nDún na nGall.

**ED-P- 18** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Ghaeilge a chur chun cinn trína chinntiú go ndéanfar bailte Gaeltachta, a fhéadfaidh feidhmiú mar dhreasadóirí dá gceantair mháguaird, a fhorbairt ar bhealach iomchuí agus inbhuanaithe, agus i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

**ED-P-19** Tá de bheartas ag an Chomhairle bailte agus sráidbhailte Gaeltachta a chur chun cinn mar phríomhcheantair fáis maidir le forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear turasóireacht agus infheistíochtaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn as cláir mhaoinithe, tionscadail agus tionscnaimh, idir phoiblí agus phríobháideach, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

## 3.2 Straitéis Miondíola an Chontae 2012–2018

### Aidhm:

**Raon leathan gníomhaíochtaí miondíola a éascú ag láithreacha cuí i gceantair uirbeacha, dá bhrí sin ag cinntiú beogachta agus inmharthanachta agus ag feabhsú iomaíochta laistigh de láir na mbailte.**

### 3.2.1 Cúlra

Ullmhaíodh an Straitéis Miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola reatha a foilsíodh in Eanáir 2005, ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is athbhreithniú eatramhach atá anseo ag feitheamh ar fhoilsiú an athbhreithnithe ar na Treoirlínte Pleanála Miondíola atá ag teacht agus atá á bhforbairt faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ar fhoilsiú Dhaonáireamh 2011. Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar impleachtaí na bhfoilseachán seo nuair a bheidh siad ar fáil agus déanfaidh sí athbhreithniú, nuair is gá, ar Straitéis Miondíola na Comhairle.

Tagann an Straitéis fosta leis an Straitéis Spáis Náisiúnta 2002, leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010 agus le Croí-Straitéis an Plean Forbartha Contae 2012-2018.

Tá pátrún an chaiteachais mhiondíola athraithe le déanaí i dtimpeallacht miondíola atá dúshlánach agus iomaíoch agus atá faoi thionchar trádáil trasteorann, iomaíocht níos airde agus múnlaí miondíola nua atá ag teacht chun cinn.

Bhí tionchar ag nádúr foluaineach ráta malairte an sterling-euro ar phátrúin na siopadóireachta trasteorann. Le deich mbliana anuas, d'athraigh an ráta malairte ó íosluach de £0.57= €1 i mBealtaine 2000 go uasluach de £0.97= €1 i Nollaig 2008, agus tharla athrú iomlán de 36.6% idir Feabhra 2000 agus Feabhra 2011 (www.ecb.int) ag léiriú an méid tionchair a bhíonn ag an teorainn ó thaobh pátrúin caiteachais miondíola i nDún na nGall. Léirítear é seo arís i luach na ndíolachán i leith na heacnamaíochta le ceithre bliana anuas mar a léirítear i dtáblaí 10 agus 11.

**Tábla 10: Díolacháin Mhiondíola Náisiúnta Iomlána do Gach Gnó Nasctha (Foinse CSO, 2010)**

| Bliain | % Athrú Bliantúil i ndíolacháin mhiondíola iomlána |
|---|---|
| 2006 | 8.1% |
| 2007 | 7.3% |
| 2008 | -4.3% |
| 2009 | -18% |

**Tábla 11: Díolacháin Mhiondíola Náisiúnta 2010 (Foinse CSO, 2010)**

| Earnáil Miondíola | Athrú % i nDíolacháin Mhiondíola |
|---|---|
| Cáin Mhótair | 9.0 |
| Siopaí Neamhspeisialaithe (Gan Siopaí Ilrannacha san áireamh) | 0.4 |
| Siopaí Ilrannacha | 8.0 |
| Bia, Deochanna & Tobac | -5.0 |
| Breosla | -4.1 |
| Cógais, Leigheas & Cosmaideach | -5.4 |
| Éadach, Bróga & Teicstílí | -0.2 |
| Troscán & Soilse | -14.8 |
| Crua Earraí, Péinteanna & Gloine | -3.8 |
| Earraí Leictreacha | -4.1 |
| Leabhair, Páipéir Nuachta & Stáiseanóireacht | -10.6 |
| Earraí miondíola eile | -3.1 |

**Cúlra an Bheartais**

Mar a léirítear sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010, léiríonn earnáil an mhiondíola cohórt suntasach fostaíochta. Léiríonn fostaíocht earnálach i nDún na nGall go raibh 13.6% (7730 duine) fostaithe i gceird an mhórdhíola agus an mhiondíola in 2006.

**Tábla 12: Fostaíocht Earnálach 2002-2006 (Aonad Taighde Chomhairle Chontae Dhún na nGall)**

| Tionscal | Dún na nGall 2006 | % | Dún na nGall 2002 | % | % Athrú. 2002-2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán ag an Obair | 56670 | 100.0% | 48379 | 100.0% | 17.1% |
| Trádáil Mhórdíola agus Mhiondíola | 7730 | 13.6% | 6429 | 13.3% | 20.2% |

Cé nach mbeidh méid an athraithe ó 2006 i bhfostaíocht an mhiondíola soiléir go dtí go bhfoilseofar torthaí dhaonáireamh 2011, is léir go bhfuil ról lárnach ag an miondíol sa Chontae agus is dócha go leanfaidh sé ar aghaidh de bheith ina phríomhfhionse fostaíochta. Chun láidreacht fostaíochta na hearnála a choinneáil, ní mór aird a thabhairt ar na hathruithe ar chaiteachas tomhaltóirí le roinnt blianta anuas. Leanann na hioncaim inchaite ar aghaidh ag titim i dtús 2011 agus is dócha go leanfaidh caiteachas tomhaltóirí ar aghaidh ag laghdú dá réir. Ní mór é seo a thabhairt ar aird sa chomhthéacs go bhfuil ardú 85% tagtha ar earraí agus ar sheirbhísí go náisiúnta idir 2000 agus 2008 (€50.6bn go €93.8bn)[1] agus cé go bhfuil leibhéal an chaiteachais tite 11.5% roimh dheireadh 2010, tá luach agus deis suntasach ag baint leis an earnáil seo go fóill. Is léir go bhfuil difríocht leanúnach idir luach agus méid rud a thugann léiriú ar an bhfíric[2] go bhfuil praghsanna fós ag titim níos tapúla ná díolacháin aonaid agus tá tomhaltóirí níos airdeallaí ó thaobh luach de. Treisíonn taighde margaidh a rinne an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí i nDeireadh Fómhair 2010 an treocht seo, rud a dheimhníonn go bhfuil tomhaltóirí ag leanúint ar aghaidh ag siopadóireacht ar thóir na margaí is fearr agus go bhfuil lucht siopadóireachta ag pleanáil chun cinn níos minice anois in áit cuairteanna siopadóireachta beaga a dhéanamh.

[1] Institiúid Mhargaíochta na hÉireann - Monatóir Margaíochta Tomhaltóirí 2010

[2] Institiúid Mhargaíochta na hÉireann - Monatóir Margaíochta Tomhaltóirí 2010

Maidir leis an Straitéis Pleanála Miondíola i nDún na nGall, deimhnítear cómhthéacs an bheartais agus na spriocanna ag na leibhéil straitéise Náisiúnta agus Réigiúnach. Is príomhchuspóir de chuid Dhún na nGall é an taithí siopadóireachta is fuinniúla agus is éagsúlaí a chur ar fáil. Ag teacht leis an Chroí-Straitéis (caibidil 2) agus le Creat Lonnaíochta an Phlean, tá sé ríthábhachtach don straitéis go ndéanfar úsáidí talún miondíola a dhíriú laistigh de láir na mbailte agus ag an am céanna ag cur na caighdeáin cháilíochta is airde chun cinn ó thaobh dearaidh agus leagan amach na bhforbairtí miondíola.

Tá deiseanna leordhóthanacha ag láir na mbailte aitheanta chun freastal a dhéanamh ar spás urláir miondíola breise ó thaobh deiseanna inlíonta agus athfhorbartha a úsáid. Ní mór aird a thabhairt ar mhéid na háite atá fágtha i mbailte agus i sráidbhailte ina bhfuil an deis ann an méid spáis miondíola atá saor sna lonnaíochtaí a chomhdhlúthú agus dá bhrí sin feabhsófar beogacht agus cuma fisiciúil na n-ionad seo.

Cuireann na figiúirí atá ar fáil maidir le spás urláir sa Chontae le próifíliú an ordlathais mhiondíola i nDún na nGall (tábla 13).

**Tábla 13: Spás Urláir i gContae Dhún na nGall, 2005**

| Spás Urláir i gContae Dhún na nGall, 2005 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Láthair** | **Áisiúlacht (m2)** | **Comparáid (m2)** | **Earraí téagracha (m2)** | **Iomlán** |
| Leitir Ceanainn | 12,279 | 41,249 | 12,162 | 65,690 |
| Baile Dhún na nGall | 4,210 | 7,619 | 1,060 | 12,889 |
| Bealach Féich/Srath an Urláir | 1,934 | 10,324 | 380 | 12,638 |
| Bun Cranncha | 2,916 | 7,252 | 4,024 | 14,192 |
| Béal Átha Seanaidh | 2,542 | 3,657 | | 6,199 |
| An Clochán Liath/An Bun Beag/Na Doirí Beaga | 5,795 | 4,075 | 1,500 | 11,370 |
| Bun Dobhráin | 3,014 | 4,977 | | 7,991 |
| Carn Domhnach | 1,735 | 3,130 | | 4,865 |
| An Fal Carrach | 1,164 | 2,024 | | 3,188 |
| Ráth Bhoth | 801 | 1,764 | | 2,565 |
| Ard an Rátha | 688 | 1,965 | | 2,653 |
| Bun an Phobail | 1,136 | 1,246 | | 2,382 |
| Na Cealla Beaga | 1,332 | 1,202 | | 2,534 |
| Na Gleannta | 762 | 779 | | 1,541 |
| Baile na nGallóglach | 279 | 1,331 | | 1,610 |
| Leifear | 323 | 576 | | 899 |
| Ráth Mealtain | 370 | 297 | | 667 |
| Caisleán na Finne | 280 | 207 | | 487 |
| Conmhaigh | 418 | 270 | | 688 |
| Ceantair eile | 745 | 2,010 | 160 | 2,915 |
| **Iomlán** | **42,723** | **95,954** | **19,286** | **157,963** |

**Cur chuige Leanúnach** (Treoirlínte Pleanála Miondíola, 2005 - An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)
Is í an láthair is fearr d'fhorbairt mhiondíola nua, nuair is indéanta agus is inmharthana sin, ná laistigh de lár an bhaile (nó dúiche nó mórionad sráidbhaile). Nuair nach féidir foirm agus scála na forbartha atá riachtanach ar shuíomh laistigh de lár an bhaile a chur ar fáil, is féidir breithniú a dhéanamh ar

shuíomh ar imeall an bhaile chun an fhéidearthacht a bhaineann le turas amháin a fhreastalaíonn ar roinnt cuspóirí a spreagadh. Glactar leis go bhfuil láthair ar imeall lár an bhaile, chun críocha na dteoirlínte seo, i bhfoisceacht achar siúil éasca agus áisiúil de phríomhchroí-lár siopadóireachta lár an bhaile. Athróidh an t-achar a mheastar a bheith áisiúil de réir imthosca áitiúla ach de ghnáth ní dócha go mbeidh sé níos mó ná 300-400 méadar ó imeall an phríomhcheantair siopadóireachta agus níos lú ná sin i mbailte níos lú.

Agus measúnú déanta ar an méid, fáil, rochtain agus féidearthacht a bhaineann leis an dá láthair a fhorbairt, ar dtús laistigh de lár an bhaile agus ansin ar imeall lár an bhaile, níor chóir láithreacha eile lasmuigh de lár an bhaile a bhreithniú ach amháin sa chás gur féidir a léiriú nach bhfuil aon lár baile, nó láithreach ar imeall lár an bhaile ann atá oiriúnach, atá inmharthana agus atá ar fáil. Tugtar an cur chuige leanúnach air seo go coitianta i leith láthair na forbartha miondíola.

Is dócha go dtarlóidh roinnt forbartha miondíola lasmuigh de láithreacha lárnacha. Ní bheidh láithreacha a bheidh oiriúnach i dtéarmaí méide, páirceála, cruthaithe tráchta nó socruithe seirbhísithe d’fhorbairtí ar scála mór i lár an bhaile é féin sna láir bailte ar fad, go háirithe i mbailte beaga agus stairiúla. I láir bailte den sórt seo, ba chóir go ndéanfaí na forbairtí ar scála a bheadh oiriúnach do mhéid lár an bhaile chun baol an drochthionchair a bheadh ag baint leo a laghdú.

Le linn don Chomhairle a bheith ag ullmhú na bpleananna forbartha, ní mór di na critéir lenár féidir an fiúntas a bhaineann le hiarratais miondíol amach ó lar an bhaile a mheas a shonrú. Ba chóir go gclúdódh na critéir seo ceisteanna ar nós nádúr agus méid na bhformáidí miondíola lenár féidir láithreach amach ó lár an bhaile a bhreithniú, an riachtanas leathan atá ann (riachtanas spás urláir) d’fhorbairt miondíola bhreise chun freastal ar phobal áitiúil aitheanta, méid na forbartha, caighdeán an dearaidh agus an leagan amach, an tionchar ar an timpeallacht áitiúil, an tionchar ar bheogacht agus ar inmharthanacht, seirbhísiú, rochtain trí mhodhanna taistil agus carrchlóis éagsúla. Ní mór d’fhorbróirí agus iad ag cur isteach iarratais phleanála a gcuid tograí a cheapadh laistigh de chreat na gcritéir sonraithe.

Léiríonn an tábla seo a leanas (tábla 14) an cineál miondíola a bheadh súil leis a bheith lonnaithe i sraitheanna an ordlathais lonnaíochta agus a bhfuil sé beartaithe leis go gcuirfeadh sé leis an ordlathas lonnaíochta atá leagtha amach i gCaibidil 2. Glactar leis fosta go ndéanfadh ionaid ar mheán mhéid agus ar mhéid mhór freastal ar fhorbairt siopaí áitiúla agus siopaí comharsanachta chun freastal a dhéanamh ar na bailte sin.

**Tábla 14: Cineál Miondíola**

| Cineál Miondíola | An Comhthéacs don Mheasúnú | Ordlathas lonnaíochta cuí/ Sraith |
|---|---|---|
| Siopaí Bia Dúiche | De ghnáth, cuirtear ionaid siopadóireachta dúiche saintógtha ar fáil laistigh den cheantar faoi fhoirgnimh sna comhchathracha. Bíonn siopa mór bia iontu de ghnáth chomh maith le raon siopaí ionaid agus asraonta seirbhísí neamh-mhiondíola (ar nós bainc, oifig an phoist nó gruagairí). Tá feidhm mhiondíola thábhachtach acu i leith an phobail áitiúil a chónaíonn i bhfoisceacht 15-20 nóiméad tiomána laistigh den láthair. Níl aon tairseach méide soiléir ann d’ionad dúiche ach ag brath ar dhlús an dhaonra i gceantar an dobharcheantair, is dócha gur thart ar 10,000 m2 a bheadh sa tairseach. | Sraith 1 |
| Siopaí Bia Móra | Suas go dtí 3,000m2 glan. Freastalaíonn na siopaí seo go príomha ar riachtanais siopadóireachta earraí áise | Sraith 1 agus 2 |

| Cineál Miondíola | An Comhthéacs don Mheasúnú | Ordlathas Ionnaíochta cuí/ Sraith |
|---|---|---|
| | seachtainiúla na dteaghlach. Bíonn achar soiléir mór spás urláir de dhíth orthu mar aon le carrchlós in aice láimhe ó tharla go ndéanann formhór na dteaghlach (ach ní iad ar fad) a gcuid siopadóireachta áise seachtainiúil téagarach trí charr a thabhairt leo.<br><br>Nuair is féidir, ba chóir siopaí bia móra a chur ar fáil i mbaile, i sráidbhaile mór nó in ionad dúiche nó ar imeall an ionaid inár féidir iompar poiblí a sholathár do lucht siopadóireachta nach bhfuil carr acu. I gcásanna eisceachtúla, ní bheidh sé indéanta láithreacha nach bhfuil i lár baile nó ar imeall an bhaile a thabhairt chun cinn mar gheall ar riachtanais a bhaineann le méid na láithreach ó thaobh siopaí bia móra, srianta comhshaoil i mbailte stairiúla nó mar gheall nach bhfuil sé de chumas ag an líonra bóithre déileáil le trácht breise nó le feithiclí seirbhíse. | |
| Siopaí Bia Lascaine | Tá deis ag siopaí bia lascaine níos lú atá suas go dtí ollachar de 1,500 m2 rogha agus raon an mhiondíola a leathnú, go háirithe ar son earnálacha áirithe den phobal. Tá dobharcheantar agus tairiscint miondíola a gcuid custaiméirí difriúil ó na hollstóir agus ó na hollmhargaí príomhshrutha agus beidh a lucht trádála éagsúil fosta; beidh feidhm leis seo nuair a bheidh said ag déanamh measúnaithe ar an tionchar, ach ba chóir breithniú a dhéanamh freisin ar an tionchar a bhíonn ar ionaid chomharsanachta agus ar siopaí eile. Is féidir le siopaí bia lascaine feidhmiú go héifeachtúil in ionaid atá níos lú. Ní mór tograí maidir leis an phlean forbartha a bhreithniú chomh maith le forálacha alt 65 de na treoirlínte. Ní mór athúsáid na n-áitreabh neamh-mhiondíola atá ann cheana féin agus na n-áitreabh atá folamh in ionaid atá ann cheana féin a spreagadh mura bhfuil fianaise shoiléir ann lena chruthú go mbeadh tionchar mór aige sin ar inmharthanacht na n-ionad níos lú, mar gheall ar mhéid an tsiopa lascaine. | Sraith 1, 2 agus 3 |
| Páirceanna Miondíola/Trádstórais Mhiondíola | Tháinig páirceanna miondíola chun cinn mar cheirtleáin na dtrádstóras miondíola cruinnithe timpeall ar charrchlós coitianta a dhíolann earraí tí téagaracha den chuid is mó. Tá achair fairsinge de spás seomra taispeána de dhíth ar thrádstórais mhiondíola, agus go minic is beag riachtanais stórála a bhíonn i gceist leo. Bailíonn cuid shuntasach custaiméirí earraí le carr nó le veain. I gcásanna áirithe, bíonn oibritheoirí trádstórais miondíola in ann seachadadh chuig an mbaile a shocrú.<br><br>Go ginearálta, níl trádstórais mhiondíola oiriúnach do | Sraith 1 agus 2 |

| Cineál Miondíola | An Comhthéacs don Mheasúnú | Ordlathas Ionnaíochta cuí/ Sraith |
|---|---|---|
| | lár bailte mar gheall ar na riachtanais méide a bhaineann leo agus a riachtanas i leith saoráidí maithe carrchlóis agus éascaíocht an tseirbhísithe.<br><br>Ní mór d'údaráis pleanála agus iarratais ar pháirceanna miondíola neamhbhia á mbreithniú acu an tionchar a bheidh ar lár bailte atá ann cheana féin a bhreithniú.<br><br>Is féidir le forbairt na n-aonad trádstórais miondíola aonair mhóra atá níos mó ná 5,000 m2 (agus uaireanta níos mó ná 10,000 m2) agus atá dírithe ar mhír shonrach den mhargadh, tionchar monaplachta nár chóir glacadh leis a bheith aici ar shiopaí níos lú i lár bailte. Ní dócha go nglacfar le haonaid trádstórais mhiondíola aonair ar scála mór a bheidh níos mó ná ollachar de 6,000 m2 (lena n-áirítear aon ionad gairdín coimhdeach) i go leor áiteanna mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu ar an líonra bóithre mórthimpeall agus an deis a bhaineann leo chun monaplachtaí áitiúla a chruthú rud a chuirfeadh isteach ar iomaíochas sna dobhaircheantair áitiúla.<br><br>Go ginearálta ní mór cur in aghaidh na n-iarratas ar thrádstórais mhiondíola aonair lasmuigh de lár an bhaile nó ar imeall an bhaile chun líon na n-aistear sa charr a laghdú. Sa bhreis air sin, ní mór aird a thabhairt go cúramach ar chur i bhfeidhm na dtrádstóras miondíola scoite ar fud na bpríomhchonairí bóithre, mar gheall ar an tiochar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an súil, ionas gur féidir dearadh ar ardchaighdeán a bhaint amach. | |
| Ionaid Asraon Monarchan | Ní mheastar go bhfuil ionaid asraoin monarchana oiriúnach do láithreacha úrnua amach ón mbaile. | Aicme 1 agus 2 |
| Clubanna Trádstórais Miondíola (Íoc & Iompar) | Nascann clubanna trádstórais miondíola gnéithe den mhórdhíolachán íoc agus iompair maidir le díolacháin le baill cáilithe den phobal. Ní mór caitheamh leo chun críocha na Straitéise seo mar ghnó miondíola agus faoi réir forálacha beartais an phlean forbartha agus na riachtanas atá leagtha amach in alt 65 de na Treoirlínte Miondíola. | Aicme 1 agus 2 |
| Siopaí i mBailte Beaga agus i gCeantair Thuaithe | Go minic bíonn ról ríthábhachtach ag na siopaí bia agus na hollmhargaí atá ann cheana féin ó thaobh chaighdeán agus raon na siopadóireachta in ionaid bailte tuaithe níos lú a chothabháil agus chun tacú leis an ngeilleagar tuaithe mórthimpeall a dhaingniú, go háirithe i gceantair eile sa Stát a bhfuil dlús daonra níos lú iontu. Ba chóir go dtacódh na beartais | Aicme 3 agus 4 |

| Cineál Miondíola | An Comhthéacs don Mheasúnú | Ordlathas Lonnaíochta cuí/ Sraith |
|---|---|---|
| | phleanála le saoráidí áitiúla na mbailte agus na sráidbhailte níos lú a chuireann seirbhís éifeachtach agus luachmhar ar fáil don phobal. Ba chóir go leanfadh ionaid den sórt seo ar aghaidh ag solathár ní amháin don bhia, ach don siopadóireacht chomparáideach freisin agus ní mór go mbeadh sé ar an láthair is fearr, go háirithe ó thaobh siopaí bia. Sa chás nach ndéanann ionad bailte tuaithe freastal maith ar an bpobal, agus go bhfuil líon suntasach den phobal a thaistealaíonn sa charr chuig ionaid eile atá níos mó, ba chór tograí d'fhorbairtí miondíola nua a spreagadh i lár an bhaile nó in aice leis, chun an taisteal a laghdú agus chun trádáil a choinneáil sa bhaile. I mbailte agus i sráidbhailte beaga mar sin, tá tuiscint shoiléir ann gur fearr forbairtí nua a thógail i lár an bhaile nó ar imeall lár an bhaile. Mar atá in áiteanna eile, níor chóir forbairtí miondíola amach ón bhaile a cheadú más dócha go mbeidh laghdú i raon na saoráidí áitiúla i mbailte nó i sráidbhailte mar thoradh ar soláthar na bhforbairtí sin nó má bhíonn tionchar acu ar éagsúlacht na siopaí nó má bhíonn laghdú ar mhiondíol an bhia ghinearálta ó lár na mbailte níos lú mar thoradh orthu. Is dócha go mbeidh an scóp do shiopaí móra nó d'fhorbairtí miondíola eile ar scála mór níos teoranta i mbailte tuaithe beaga seachas in aon áit eile. | |
| Siopaí Sráidbhailte | Tá ról tábhachtach eacnamaíochta agus sóisialta ag siopa an tsráidbhaile i gceantair thuaithe agus tá tábhacht ag baint leis fosta do riachtanais riachtanacha ó lá go lá, go háirithe do dhaoine scothaosta, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine nach bhfuil aon rochtain acu ar charr nó do dhaoine a bhfuil freastal dona á dhéanamh orthu ó thaobh iompar poiblí. Bheadh tionchar ag cailliúnt an tsiopa seo ar an bpobal. Go ginearálta, ba chóir miondíolachán a threorú chuig lonnaíochtaí atá ann cheana féin agus ba chóir forbairtí amuigh faoin tuath a dhiúltú. Go heisceachtúil, d'fhéadfaí glacadh le saoráidí miondíola lasmuigh de theorainneacha forbartha na mbailte agus lasmuigh de na criosanna glasa sna himthosca seo a leanas:<br>▪ Siopa atá coimhdeach le gníomhaíochtaí a thagann chun cinn as éagsúlacht feirme.<br>▪ Siopa atá leagtha amach chun freastal ar saoráidí áineasa turasóireachta agus atá tánaisteach don phríomhúsáid.<br>▪ Siopa ar scála beag atá ceangailte le ceardlann atá ann cheana féin nó atá ceadaithe agus a mhiondíolann an táirge go díreach leis an bpobal.<br>▪ Siopa ar scála beag atá leagtha amach chun freastal a dhéanamh ar phobal tuaithe scaipthe. | Aicme 4 agus 5 |

| Cineál Miondíola | An Comhthéacs don Mheasúnú | Ordlathas lonnaíochta cuí/ Sraith |
|---|---|---|
| Siopaí Áitiúla (Comharsanacht) | Tá feidhm thábhachtach ag siopaí áitiúla atá lonnaithe in ionaid áitiúla nó in ionaid chomharsanachta i gceantair uirbeacha. Is féidir leo seirbhís luachmhar a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais laethúla nó riachtanais ócáideacha na gcónaitheoirí máguaird nó na ndaoine a bhíonn ag spaisteoireacht thart. Tá feidhmeanna sóisialta agus eacnamaíochta suntasacha ag siopaí áitiúla ina bhfuil siopaí bia agus asraonta neamhbhia ar nós cógaslanna; cuireann said seirbhís níos tábhachtaí ar fáil dóibh siúd nach bhfuil chomh soghluaiste, go háirithe daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh a bhfuil leanaí óga acu agus daoine nach bhfuil rochtain ar charr acu. Mar shampla, in eastáit tithíochta imeallacha, b'fhéidir nach mbeadh ach na saoráidí siopadóireachta a bhfuil rochtain éasca orthu curtha ar fáil. Sa chás gur féidir leis an Chomhairle idirdhealú soiléir a dhéanamh maidir leis an tábhacht a bhaineann le siopaí den sórt sin in ionaid áitiúla sainithe, ba chóir go dtabharfadh siad cosaint dóibh i bpleananna forbartha, trí chriosú cuí a dhéanamh ar úsáid-talún. | Na Sraitheanna ar fad (mar is cuí) |

**Aicmiú Miondíola**
Rinneadh an tAicmiú Miondíola a chomhordú leis an anailís a bhaineann leis an Chroí-Straitéis agus leis an tOrdlathas Lonnaíochtaí a ullmhú (caibidil 2, lena n-áirítear Léarscáil 1). Rinneadh gach lonnaíocht a luacháil ó thaobh an daonra, na feidhme, teacht ar sheirbhísí (uisce, séarachas, bóithre) agus na tairisceana miondíola.

Tugann an tAicmiú Miondíola aitheantas do Leitir Ceanainn mar an príomhcheann scríbe miondíola sa Chontae (Aicme 1), rud a tháinig chun cinn as moltaí laistigh den Stráitéis Spáis Náisiúnta agus laistigh de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, a d'aithin Leitir Ceanainn mar cheann de na príomhbhailte Geatabhealaigh sa Chontae.

## 3.2.2 Cuspóirí

**RS-O-1:** Mais chriticiúil maidir le húsáidí miondíola sna príomhionaid uirbeacha sa Chontae a bhaint amach ar dhóigh a thiocfaidh leis an Chroí-Straitéis agus leis an Straitéis Bailte.

**RS-O-2:** Leanúnachas le cuspóirí miondíola na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010 agus na dTreoirlínte Pleanála Mindíola 2005 agus le haon nuashonrú a rinneadh ar na doiciméid seo ina dhiaidh sin a chinntiú.

**RS-O-3:** Éagsúlacht maidir le cineálacha miondíola laistigh den Chontae a chur chun cinn.

**RS-O-4:** Ardchaighdeán deartha i bhfoirm agus i leagan amach na dtograí miondíola a chur chun cinn ar dhóigh a chuireann le caighdeán fisiciúil lár na mbailte.

**RS-O-5:** Earnáil láidir mhiondíola neamhspleách a chur chun cinn mar chuid de thimpeallacht éagsúil agus iomaíochta.

**RS-O-6:** Forbairtí miondíola laistigh de lár na mbailte a chomhdhlúthú agus leathnú a dhéanamh ar shlí incriminteach ina dhiaidh sin.

**RS-O-7:** Dlús agus éagsúlacht níos airde a chur chun cinn trí fhorbairt talún cúil, inlíonta agus úsáid-mheasctha.

**RS-O-8:** Athnuachan talún agus foirgneamh tréigthe a chur chun cinn laistigh de lár na mbailte ar mhaithe le húsáidí miondíola.

**RS-O-9:** Miondíolachán mar chuid d'eacnamaíocht turasóireachta an Chontae a chur chun cinn.

## 3.2.3 Beartais

**RS-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle mórfheabhsúcháin a dhéanamh ar an soláthar miondíola réigiúnach ard-oird i Leitir Ceanainn.

**RS-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle méid áirithe de chomparáid ard-oird agus trádstóráil miondíola ag láithreacha cuí i mbailte Aicme 1 agus Aicme 2 mar a aithníodh sa Chroí-Straitéis a spreagadh, treoraithe ag Tábla 14 – Cineálacha Miondíola.

**RS-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle soláthar na forbartha ar scála áitiúil ag láithreacha cuí i mbailte Aicme 3 mar a aithníodh sa Chroí-Straitéis a spreagadh.

**RS-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle seirbhísí miondíola áitiúla i sráidbhailte in Aicme 4 mar a aithníodh sa Chroí-Straitéis, agus laistigh de shráidbhailte tuaithe a aithníodh in Aicme 5 den cuntas ar aicmí bailte, a éascú.

**RS-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle athúsáid agus athfhorbairt talún nó foirgneamh folamh nó tréigthe lasitigh de lár na mbailte/sráidbhailte a spreagadh agus a éascú ar mhaithe le húsáid mhiondíola.

**RS-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle go mbeidh tograí miondíola faoi réir tástála leanúnach cuí ar láthair an tsuímh agus faoi réir chineál na miondíola beartaithe de réir Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (2005) nó de réir aon atrialla ina dhiaidh seo maidir leis na treoirlínte seo.

**RS-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle nach ndéanfar tograí d'fhorbairt mhiondíola a bhreithniú ach amháin sa chás go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist:

- go gcuirfidh siad rochtain shábháilte agus éasca ar fáil do choisithe, do rothaithe agus do dhaoine faoi mhíchumas;
- go mbeidh ardchaighdeán deartha ag baint leo agus go mbeidh siad ag teacht go sásúil leis an timpeallacht thógtha mórthimpeall;
- nach mbeidh drochthionchar acu ar an sruth tráchta feithicle sa gharchomharsanacht nó i gceantar níos leithne na forbartha;
- go gcloífidh siad le beartais bhainistithe tuilte an phlean seo.

**RS-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle go léireoidh forbairtí miondíola ar scála mór gur féidir iad a sheirbhísiú trí naisc phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe le líonraí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

**RS-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle freastal a dhéanamh ar shiopaí bia lascaine laistigh d'ionaid mhiondíola chuí.

**RS-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle breithniú a dhéanamh ar athfhorbairt na láithreacha athfhorbraíochta ar mhaithe le húsáidí miondíola faoi réir fheidhmiú na tástála leanúnaigh cuí i leith na húsáide agus na láithreach miondíola beartaithe.

**RS-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle go gcuimseoidh gach forbairt mhiondíola laistigh den Ghaeltacht comharthaíocht chuí i nGaeilge i gceantar, i méid agus i dtábhacht atá cothrom ar a laghad leis an gceantar, le méid agus le tábhacht na gcomharthaí a chuirtear ar fáil i dteangacha eile. Spreagfar comharthaí i nGaeilge amháin.

**RS-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle go bhféachfaidh an Chomhairle le láithreacha trádála ócáideacha a ainmniú de réir an Achta Corr-Thrádála 1995 ag láithreacha oiriúnacha laistigh d'áiteanna i lár na mbailte nó ag áiteanna cuí eile.

**RS-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle siopa/caife suas go dtí 100 méadar cearnach d'achar iomlán miondíola/caife a cheadú nuair a bhaineann an t-achar le stáisiún líonta peitril. Sa chás go mbeidh spás miondíola/caife de níos mó ná 100 méadar cearnach de spás iomlán miondíola/caife a bhaineann le saoráidí peitril á lorg, beidh feidhm ag an gcur chuige leanúnach le forbairt den sórt sin.


**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

## Map 2 / Léarscáil 2

## Strategic Infrastructure Corridors Slite Infreastruchtúir Straitéiseacha

- 110 Kv Line Eirgrid / Líne 110 Kv Eirgrid
- 110 Kv Station Eirgrid / Stáisiún 110 Kv Eirgrid
- 110 Kv Reinforcement Line - Operational from 2012 / Líne Átreisiúcháin 110 Kv - i bhfeidhm ó 2012
- 38 Kv Station / Stáisiún 38 Kv
- 38 Kv Line / Líne 38 Kv
- Indicative Location of Hydro Electricity Generation Facility / Suíomh Táscach d'Áis Ghiniúna Hidrileictreachais
- Indicative Utility Infrastructure Corridor / Dorchla Táscach d'Infrastruchtúr Fóntais
- Project Kelvin / Tionscadal Kelvin
- Broadband Interconnector / Idirnascaire Leathanbhanda
- Eircom Broadband Backbone Network / Líonra Leathanbhanda Cnámh Droma Eircom
- Eircom DSL Exchanges / Malartáin DSL Eircom
- Metropolitan Area Network / Líonra Ceantar Uirbeach
- Indicative Gas Pipeline Route / Bealach Táscach do Phíblíne Gháis




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council, 2012.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

# Caibidil 4
# Infreastruchúr
## Iompar, Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil, Teileachumarsáid, Tuilte.



# Caibidil 4 Infreastruchtúr

## 4.1 Iompar

**Aidhm:**

**Naisc ardchaighdeáin straitéiseacha Náisiúnta agus Réigiúnacha leis an fharraige, leis an aer agus leis an iarnród as Dún na nGall chuig Geatabhealaí eile, láithreacha agus margaí a bhaint amach; soláthar a dhéanamh do nascacht ardchaighdeáin laistigh den Chontae ag teacht leis an Chroí-Straitéis; agus an inrochtaineacht is fearr agus gluaiseacht éasca a sheachadadh chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil an Chontae amach anseo.**

### 4.1.1 Cúlra

Tá líonra iompair ardchaighdeáin agus inbhuanaithe mar mhír ríthábhachtach ó thaobh fás agus forbairt ar fud gach réimse d'fhorbairt shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an líonra iompair ó thaobh infheistíocht a mhealladh, tionscal na turasóireachta a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus áiteanna agus pobail inbhuanaithe a chruthú. Tá an Straitéis Iompair atá leagtha amach sa chaibidil seo ceangailte go dlúth le agus eascraíon sí ón Chroí-Straitéis a leagtar amach i gCaibidil 2. Tá cur i bhfeidhm an ordlathas lonnaíochta (tagraíonn léarscáil 1) i bpáirt spleách ar bhun-naisc iompair timpeall an chontae, ag leibhéal straitéiseach, ag leibhéal idirchontae agus ag leibhéal áitiúil.

**An Comhthéacs Straitéiseach**

Cuireann an NSS roinnt prionsabal straitéiseach ar fáil a thacaíonn leis an chur chuige Náisiúnta i leith tosaíocht a thabhairt d'infreastruchtúr eacnamaíochta agus é a aithint lena n-áirítear aird a tharraingt ar phríomhlíonraí iompair a bheidh mar bhonn taca le forbairt réigiúnach chothromaithe. Déantar na prionsabail seo a thabhairt chun cinn tríd na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, 2010-2022. Aithníonn na treoirlínte seo go bhfuil easpaí in infreastruchtúir iompair laistigh den Réigiún a bhfuil infheistíocht de dhíth air amach anseo in ainneoin roinnt feabhsuithe infreastruchtúir suntasacha le roinnt blianta anuas. Maidir le hiompar, luann na RPGanna Iompar Poiblí, Bóithre (ar a n-áirítear an Trasbhóthar Thuaidh mar a dtugtar breac-chuntas air in sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha), Iarnród, Aerfoirt, Calafoirt, Rothaíocht agus Siúlóid mar réimse bunúsach infheistíochta tosaíochta. Breithnítear go bhfuil nascthacht idir Réigiún na Teorann agus Tuaisceart Éireann a bheith ríthábhachtach d'fhorbairt amach anseo mar aon le nascthacht le réigiúin eile in Éirinn. Is breithniú bunúsach é lánpháirtiú leis an Straitéis Forbartha Réigiúnach ó thaobh straitéisí a fhorbairt don Réigiún.

Tá na tosaíochtaí infheistíochta Náisiúnta leagtha amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus in Iompar 21, 2006-2015. Tá straitéis iompair reatha na hÉireann leagtha amach i 'Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe, 2009-2020 ina bhfuil spriocanna uaillmhianacha don athrú módúil (ag athrú go dtí modhanna taistil éagsúil ón iompar atá bunaithe ar an mbóthar, an mótarcharr príobháideach ach go háirithe), astuithe iompair a laghdú agus plódú tráchta a éascú. Leagann sí amach raon beart atá leagtha amach chun taisteal níos cliste a spreagadh, rogha iompair a

sheachadadh, éifeachtúlacht an iompair innealta a fheabhsú, agus seachadadh beartas níos lánpháirtithe a chinntiú.

Déanann na treoirlínte náisiúnta maidir le forbairtí a thugann rochtain ar bhóithre Náisiúnta soláthar i leith chosaint na hinfheistíochta in infreastruchtúr iompair. Tá sé seo fós faoi athbhreithniú agus molann sé cur chuige comhoibritheach idir na húdaráis phleanála agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA).

### 4.1.2 Cuspóirí

**T-O-1:** Naisc ardchaighdeáin straitéiseacha Náisiúnta agus Réigiúnacha leis an fharraige, leis an aer agus leis an iarnród as Dún na nGall chuig Geatabhealaí, láithreacha agus margaí eile a bhaint amach.

**T-O-2:** Soláthar a dhéanamh do nascthacht ardchaighdeáin laistigh den Chontae ag teacht leis an Chroí-Straitéis.

**T-O-3:** An inrochtaineacht is fearr agus gluaiseacht éasca a sheachadadh agus tograí cuí maidir leis an athrú módúil a éascú.

**T-O-4:** Rochtain mhaith ar láithreacha na mórghníomhaíochtaí eacnamaíochta a sholáthar.

**T-O-5:** Cumas iompair agus sábháilteacht na mbóithre Náisiúnta agus na mbealaí straitéiseacha eile a chosaint.

**T-O-6:** Ná slite agus na bealaí a chosaint agus na tailte atá riachtanach do thionscadail feabhsúcháin iompair mar a aithníodh i gCaibidil 9 a chosaint.

**T-O-7:** Tacú le soláthar an naisc iarnróid idir Geatabhealach nasctha Leitir Ceanainn/Dhoire agus chuig Sligeach fosta agus chun tacú le hathoscailt Shlí Iarnróid an Iarthair as Baile Átha an Rí go Sligeach.

**T-O-8:** Tacú le forbairt chuí agus le rochtain ar chalafoirt agus ar aerfoirt

**T-O-9:** Tacú le forbairt agus le leathnú na seirbhísí iompair phoiblí lena n-áirítear An Tionscnamh Iompair Tuaithe.

**T-O-10:** Tacú le feabhas cuí a dhéanamh ar an rochtain ar oileáin amach ón gcósta.

**T- O-11:** Naisc iompair trasteorann a neartú (ar a n-áirítear Conair Iompair an Iarthair A5) agus tacú le naisc nua.

### 4.1.3 Beartais Iompair

#### Ghinearálta

**T-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le forbairt chuí, le leathnú agus le feabhsú líonra iompair Dhún na nGall agus sin a éascú de réir na croí-straitéise, faoi réir breithnuithe comhshaoil, sábháilteachta agus pleanála eile.

**T-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le húdaráis Thuaisceart Éireann naisc iompair trasteorann atá ann a neartú (ar a n-áirítear Conair Iompair an Iarthair A5) agus tacú le forbairt nasc nua.

**T-P-3** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairt a chuirfeadh cur i bhfeidhm scéim iompair a aithníodh sa phlean forbartha i mbaol a cheadú.

**T-P-4** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt chuí na réiteach iompair ilmhódúil inacmhainne a chuireann roghanna iompair dáiríre ar nós stad agus síob, rothaíocht agus coisithe, seirbhísí bus agus tacsaí; agus infreastruchtúr coimhdeach ar fáil do phobail agus do ghlúnta amach romhainn a éascú;

**T-P-5** Is beartas de chuid na Comhairle é soláthar, feabhas agus leathnú na gcosán agus na soilse ag áiteanna cuí a lorg faoi réir breithnuithe comhshaoil, sábháilteachta agus fóntais.

**T-P-6** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a iarraidh chun soláthar leordhóthananch a chur ar fáil maidir le carrchlós agus socruithe seirbhísithe gaolmhara. Cinnfear an t-achar cruinn carrchlóis de réir na dtréithe forbartha sonracha agus de réir láitheach na forbartha sin ag féachaint do na caighdeáin atá leagtha amach i gCaibidil 9 Caighdeáin Forbartha agus Teicniúla. Is féidir glacadh le líon spásanna carrchlóis níos lú sna himthosca seo a leanas:

- Sa chás go mbeidh sé mar chuid de phacáiste beart chun modhanna eile iompair a chur chun cinn trí Mheasúnú Tráchta agus Iompair; nó
- Sa chás go mbeidh an fhorbairt in áit a bhfuil rochtain ard air agus a bhfuil freastal maith á dhéanamh ag iompar poiblí uirthi; nó
- Sa chás go mbainfeadh an fhorbairt leas as na spásanna atá ar fáil i gcarrchlóis phoiblí máguaird, go n-osclódh carrchlóis de ghnáth d'úsáid phoiblí nó do pháirceáil carranna ar an tsráid; nó
- Sa chás go mbeidh sé soiléir don Údarás Pleanála go bhfuil úsáid i rith an lae ar cheann de na húsáidí agus gur úsáid i rith an tráthnóna atá san úsáid eile; nó
- Sa chás gur féidir a bhunú go dtugann baill den phobal cuairt ar an láithreán trí chóiste/bus; nó
- Sa chás go gcuideodh cleachtadh solúbthachta le caomhnú na hoidhreachta tógtha nó nádúrtha, go gcuideodh sé le ceantair a bhfuil athnuachan de dhíth orthu, go ndéanfadh sé caighdeán forbartha níos fearr a éascú nó athúsáid tairbheach foirgnimh atá ann cheana féin a éascú.

Le linn don Chomhairle a bheith ag déanamh measúnaithe ar fhorálacha carrchlóis, éileoidh sí go ndéanfar roinnt spásanna atá le soláthar a choinneáil do dhaoine faoi mhíchumas de réir sárchleachtais. Sa chás go nglacfar le leibhéal níos ísle soláthar carrchlóis, ní bheidh feidhm aige seo le líon na spásanna coinnithe atá le soláthar.

**T-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go gcuirfear lánaí rothaíochta, seastáin agus saoráidí coimhdeacha ar fáil i dtograí forbartha cuí ag féachaint do na caighdeáin atá leagtha amach i gCaibidil 9 Caighdeáin Forbartha agus Teicniúla.

**T-P-8** Is beartas de chuid na Comhairle é gan Treochomharthaí a cheadú ach amháin sa chás go mbaineann siad le gnó/forbairt, nó i/ag garchomharsanacht na bpríomhacomhal a thugann treoir chuig gnó/forbairt sa chás go mbíonn siad:

- go hiomlán treo-aimsitheach ó thaobh nádúr de;
- ar scála a bheadh cuí ó thaobh feidhme treo-aimsitheach agus a láithreach óstach. Beidh comharthaí amuigh faoin tuath ar scála beag.

**T-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan Comharthaíocht Fógraíochta ghinearálta a cheadú ach amháin sa chás go mbaineann an chomhathaíocht sin le gnó/forbairt laistigh de theorainneacha Lár an Bhaile i lonnaíochtaí Aicme 2 agus 3 nó laistigh de bhailte Aicme 4 na Lár Bailte Inaitheanta.

**T-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan Comharthaíocht Léirmhínithe/Eolais Ghinearálta de nádúr neamhthráchtála a cheadú ach amháin ar leataobhanna, i bpáirceanna, i gcarrchlóis phoiblí, ag pointí féachana nó ag pointí eile a bhfuil tábhacht stairiúil, tíreolaíochta, eolaíochta, litríochta nó ailtireachta ag baint leo.

**T-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan comharthaíocht Ainm/Fáilte don Chontae, don Bhaile/Sráidbhaile, don Cheantar Geografach Sonrach (lena n-áirítear comharthaí do bhrandaí turasóireachta geografacha sonracha) ach amháin ag pointí iontrála chuig: an chontae, chuig an bhaile/an tsráidbhaile atá i gceist, nó chuig ceantair gheografacha (m.sh Bealach Féich/Srath an Urláir, An Ghaeltacht, Leithinis Fhanaide srl) sa chás gurb é ainm/suaitheantas an chontae, an bhaile/sráidbhaile ar leith nó branda turasóireachta mar an mhír cheannasach más cuí.

**T-P-12** Is beartas de chuid na Comhairle é gan comharthaíocht a cheadú ach amháin do phríomhthaitneamhachtaí turasóireachta (m.sh Ionaid Oidhreachta, Músaeim, Ionaid Léirmhínithe srl), Bealaí Turasóireachta, Saoráidí Pobail, (m.sh ionaid pobail, saoráidí spóirt srl) nó Príomhshaoráidí Poiblí nó Infreastruchtúir (m.sh Saoráidí carrchlóis, Oifig an Phoist, Ospidéil, Ionaid Sláinte, Leabharlanna, leithris phoiblí, láithreáin áiseanna chathartha, aerfoirt srl) maidir leis an fhorbairt atá i gceist, ag na pointí iontrála chuig an bhaile/an tsráidbhaile óstach, nó ag nó i ngarchomharsanacht na bpríomhacomhal a théann chuig an fhorbairt atá i gceist. Ag láithreacha den sórt seo, déanfar comharthaíocht d'ilsaoráidí/d'iltaitneamhachtaí a thabhairt le chéile ar aon chomhartha amháin. Beidh dath donn agus bán ar chomharthaí do Thaitneamheachtaí/do Bhealaí Turasóireachta. Go ginearálta beidh dath dubh agus bán ar chomharthaí do shaoráidí poiblí/pobail. Beidh formhór na gcomharthaí do charrchlóis/iompair gorm agus bán den chuid is mó. Beidh lógónna/siombail mar ghné cheannasach de chomharthaí den sórt sin. Beidh siombail a aithnítear go hidirnáisiúnta a bhfuil nádúr neamhthráchtála ag baint leo mar ghné cheannasach de chomharthaí den sórt seo.

**T-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle go dtiocfaidh gach togra comharthaíochta leis na nithe seo a leanas

- Nach gcuirfidh siad isteach ar shábháilteacht bóithre.
- Go mbeidh siad ar ardchaighdeán físe ó thaobh deartha, datha agus ábhar.
- Go mbeidh siad ar scála/de charachtar a bheidh oiriúnach don fhoirgneamh atá i gceist agus don timpeallacht tíosach de réir mar is cuí.
- Nach mbainfidh siad ón oidhreacht thógtha nó nádúrtha.
- Go gcloífeadh siad le beartais a bhaineann le haghaidheanna siopaí atá leagtha amach sna Beartais um Dhearadh Uirbeach (CS-P-5 go CS-P-15, caibidil 2).

**T-P-14** Is é beartas de chuid na Comhairle é:

- Comhlíonfaidh gach comhartha a chuireann comhlachtaí poiblí in airde na forálacha atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004, sna Rialacháin Comharthaí I.R. Uimh 391 de 2008 agus i Lámhleabhar na Tráchta Bóithre maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chineálacha éagsúla comharthaí.
- Beidh gach comhartha Gnó/Pobail i nGaeilge amháin nó sa dá theanga agus cuirfear an Ghaeilge in airde ar dtús agus ní bheidh sí níos lú ná na teangacha eile atá in úsáid agus beidh sí chomh suntasach céanna leo.

**T-P-15** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcomhlíonfadh gach togra forbartha leis na Caighdeáin Forbartha agus Teicniúla atá leagtha amach i gCaibidil 10 chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.

## An Líonra Straitéiseach Bóithre

Aithníodh an líonra straitéiseach bóithre ar Léarscáil 3 agus sa Chroí-Straitéis agus tá sé comhdhéanta de bhóithre Náisiúnta agus de bhóithre réigiúnacha straitéiseacha rud a éascaíonn gluaiseacht éifeachtúil tráchta idir lonnaíochtaí laistigh den Chontae agus lasmuigh de. Tá an líonra Bóithre straitéiseach ríthábhachtach maidir le hinfheidhmiú an ordlathais lonnaíochta a chuirtear i láthair ag Léarscáil 1.

Tugtar leibhéal níos airde de thábhacht straitéiseach do Phríomhbhóithre Náisiúnta, a chomhdhéanann gach ceann acu cuid de Shlí an Atlantaigh agus a dhéanann soláthar do rochtain seachtrach nó a nascann ionaid daonra an Gheatabhealaigh.

Go hiondúil deántar feabhsuithe bóithre thar thréimhsí fada agus beidh ar an Chontae brath go mór ar an infreastruchtúr atá ann cheana féin sa ghearrthéarma/sa mheántéarma. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach, go ndéanfar caighdeán agus cumas iompair na mbealaí atá ann cheana féin a chosaint amach anseo.

**T-P-16** Is beartas de chuid na Comhairle é gan cead a thabhairt d'fhorbairtí a bhfuil bealaí isteach nua de dhíth orthu nó forbairtí a mbeadh níos mó tráchta ag pointí rochtana atá ann cheana féin chuig Bóithre Náisiúnta nó chuig bóithre a cóireáladh chuig caighdeáin na mBóithre Náisiúnta (An Líonra Straitéiseach Bóithre) mar thoradh orthu agus a bhfuil luasteorainn de níos mó na 60 kph orthu. Féadfaidh an Chomhairle breithniú a dhéanamh ar phointe rochtana nua a chruthú ó úsáid atá ann cheana féin agus atá údaraithe a chuireann deireadh le guaiseacha tráchta ar bhóthar straitéiseach, faoi réir rochtain atá ann cheana féin a dhúnadh. In imthosca eisceachtúla, féadfar rochtain dhíreach a bhreithniú, ar bhonn cás ar chás, i gcomhchomhairle leis an NRA nuair is cuí, chun freastal a dhéanamh ar infreastruchtúr straitéiseach nó ar fhorbairt a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint léi.

**T-P-17** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go ndéantar gach forbairt nua atá beartaithe in aice le Príomhbhóithre Náisiúnta atá ann cheana féin nó atá pleanáilte a chur siar 50m ó imeall seachtrach an charrbhealaigh ach amháin sa chás go bhfuil líne foirgneamh seanbhunaithe ag na foirgnimh atá ann cheana féin agus sa chás sin féadfaidh na foirgnimh nua an líne foirgneamh seanbhunaithe a leanúint.

**T-P-18** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh nach ndéanfar stáisiúin líonta a mbeidh rochtain dhíreach ar bhealaí straitéiseacha de dhíth orthu a bhreithniú lasmuigh den luasteorainn 60kph. Beidh feidhm ag an mbeartas seo leis an líonra straitéiseach bóithre atá leagtha amach i Léarscáil uimh.3.

**T-P-19** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go ndéanfar aon rochtain nua ar bhóithre straitéiseacha a dhearadh de réir Lámhleabhar Deartha an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do Bhóithre agus do Dhroichid (DMRB), ag seachaint úsáid na lánaí chasadh ar dheis ach amháin sa chás gur bunaíodh barántas soiléir.

**T-P-20** Is beartas de chuid na Comhairle é Measúnú Tráchta agus Iompair agus Iniúchadh Sábháilteachta Bóithre a éileamh d'aon fhorbairt a mholann rochtain chuig an Líonra Straitéiseach Bóithre.

**T-P-21** Ta de bheartas ag an Chomhairle seo go n-aithnítear Gleann na Finne mar shuíomh lárnach tíreolaíoch sa Chontae nó gur pointe rochtana suntasach atá ann go dtí an Contae agus tríd an Chontae.

## Aer

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hAerfort Dhún na nGall agus Aerfort Chathair Dhoire ó thaobh phríomhrochtain idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach chuig/as an gContae a sholáthar.

**T-P-22** Is beartas de chuid na Comhairle é rochtain chuí chuig aerfort Dhún na nGall agus leathnú aerfort Dhún na nGall a eascú agus a fheabhsú faoi réir pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**T-P-23** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí forbartha a bhainistiú laistigh de cheantar níos leithne Aerfort Dhún na nGall agus aird chuí á tabhairt ar an léarscáil cosanta atá leagtha amach ag deireadh an ailt seo (Léarscáil uimh 4).

**T-P-24** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacaíocht a thabhairt d'Aerfort Dhún na nGall agus é a chur chun cinn mar phríomhshócmhainn iompair agus turasóireachta do Chontae Dhún na nGall.

**T-P-25** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le haerfort Chathair Dhoire agus é a chur chun cinn mar shócmhainn infreastruchtúir trasteorann d'oirthear Dhún na nGall.

## Seirbhísí Chalafort Mara Agus Farantóireachta

Mar atá leagtha amach in áiteanna eile den phlean, tá ról tábhachtach ag seirbhísí chalafort mhara agus farantóireachta ó thaobh bheogacht shóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn.

**T-P-26** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt agus leathnú breise ar Ionad Calafoirt na gCealla Beaga a chur chun cinn agus a éascú mar chaladh uisce domhain tráchtála agus fóillíochta a bhfuil straitéis thábhachtach ag baint leis, faoi réir breithnuithe comhshaoil.

**T-P-27** Tá de bheartas ag an Chomhairle na seirbhísí farantóireachta ón gCaisleán Nua go hAird Mhic Giollagáin agus ó Bhun Cranncha go Ráth Maoláin a chur chun cinn, a chothú agus a fheabhsú.

**T-P-28** Tá de bheartas ag an Chomhairle seirbhísí ag Ailt an Chorráin agus ag an gCaisleán Nua a chur chun cinn agus a éascú.

## Iarnród

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall na deiseanna sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil a bhaineann le hathbhunú na seirbhísí iarnróid isteach sa Chontae agus tríd an Chontae. Dá bharr sin, chuir an Chomhairle tús le hobair féidearthachta ar athbhunú na nasc iarnróid san Iarthuaisceart le Slí Iarnróid an Iarthair agus le Baile Átha Cliath agus Béal Feirste araon agus tá sí ag obair leis na Contaetha eile ar feadh na teorann chun an tionscnamh seo a chur chun cinn.

**T-P-29** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le soláthar naisc iarnróid idir Geatabhealach nasctha Leitir Ceanainn/Dhoire agus le Sligeach fosta agus tacú le hathoscailt Shlí Iarnróid

an Iarthair ó Bhaile Átha an Rí go Sligeach, dá bhrí sin ag tabhairt líonra iarnóid na hÉireann chun críche.

**T-P-30** Tá de bheartas ag an Chomhairle slite iarnróid seanbhunaithe/staire ar fud an chontae a chosaint ar mhaithe le soláthar infreastruchtúir straitéiseach go príomha (ar nós tionscadail iarnróid/bóithre) agus d'fhorbairt áinéasa ina dhiaidh sin. Ní bhreithneofar úsáidí eile ar fud na slite seo. Sa chás go bhfuil forbairt déanta ar na slite seo, déanfar tailte cóngaracha a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun constaic den sórt sin a sheachaint agus na bealaí seo a cheangal le chéile arís chun críocha taitneamhachtaí (siúl/rothaíocht) a chosaint chun na críche sin. I ngach constaic áfach, is é an cuspóir is tábhachtaí ná infreastruchúr straitéiseach a chur ar fáil.

**T-P-31** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt chuí na dtionscadal iarnróid ar scála beag atá bunaithe ar thurasóirí sa Chontae a éascú faoi réir breithnuithe comhshaoil agus pleanála eile.

## Seirbhísí Bus Agus Tacsaí

Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí bus agus tacsaí i bpobail tuaithe, a nascann ceantair thuaithe le lonnaíochtaí agus le seirbhísí ríthábhachtacha ar nós scoileanna agus cúram sláinte. Tá cineálacha éagsúla iompair bus agus tacsaí ag freastal ar an Chontae, agus tá siad leagtha amach thíos:

- Seirbhísí achar fada luasbhealaigh Bhus Éireann, a cheanglaíonn Dún na nGall le Doire, le Baile Átha Cliath, le Sligeach agus le Gaillimh.
- Cuireann Bus Éireann/Ulster Bus agus oibritheoirí iompair príobháideacha bealaí agus seirbhísí comaitéara aitiúla ar fáil ar fud an Chontae.
- Seirbhísí bus scoile arna bhfeidhmiú thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
- Seirbhísí cóiste agus mionbhus príobháideacha chuig Doire, Béal Feirste, Gaillimh, Baile Átha Cliath agus Glaschú.
- Bealaí bus pobail rite faoin Tionscnamh Iompair Tuaithe (RTI).
- Seirbhísí tacsaí príobháideacha.
- Seirbhísí tacsaí a mhaoinítear go poiblí ar nós iad sin a fheidhmítear faoi Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

**T-P-32** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt agus feabhsú na saoráidí, cláir agus tionscnaimh iompair a chuireann seirbhísí ar fáil do cheantair uirbeacha agus tuaithe an Chontae araon a éascú.

**T-P-33** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairtí agus cláir iompair chuí atá bunaithe ar thurasóirí agus a bhaineann le sócmhainní turasóireachta straitéiseacha (m.sh Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Sliabh Liag) a éascú.

**T-P-34** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le forbairt na dtionscadal agus na dtograí poiblí, leathphoiblí agus pobail a chuireann réitigh iompair nuálacha ar fáil i gceantair thuaithe, i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus i gceantair teorann ar nós scéimeanna stad agus síob faoin tuath; roinnt carranna agus scéimeanna roinnt carranna, scéimeanna bus agus tacsaí i gcomhar le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus pobail ó thuaidh agus ó dheas a éascú faoi réir pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe an cheantair.

**T-P-35** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcuireann forbairtí ar scála mór infreastruchtúr leordhóthanach ar fáil d'úsáid busanna agus tacsaithe, nuair is cuí, faoi réir ag pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

## Siúl Agus Rothaíocht

Is iad siúl agus rothaíocht na cineálacha iompair is inbhuanaithe agus is príomhghnéithe ghluaiseachta agus inrochtaine iad i gceantair uirbeacha agus idiruirbeacha. Téann siúl agus rothaíocht chun leasa na timpeallachta agus an daonra trí thruailliú, torann agus plódú tráchta a laghdú chomh maith le stíleanna beatha sláintiúla níos gníomhaí a chur chun cinn.

**T-P-36** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go ndéanann tograí forbartha bealach na nasc a d'fhéadfadh a bheith ann (ar nós páirceanna líneacha, bóithre, cosáin, slite, rotharbhealaí) a chosaint tríd an láthair atá i gceist sa chás go mbreithníonn an t-údarás pleanála go bhfuil deis straitéiseach ann chun nasc idir nó chuig na ceantair atá buailte ar a chéile a chur ar fáil.

**T-P-37** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcuimsíonn dearadh agus leagan amach na forbartha ilchónaithe, pobail, tionscail agus tráchtála ar scála mór na forálacha leithleacha agus éifeachtacha maidir le gluaiseachtaí coisithe agus tráchta feithicle lastigh den láthair agus den cheantar áitiúil.

**T-P-38** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcuireann tograí forbartha ar scála mór infreastruchtúr siúil agus rothaíochta ar fáil.

**T-P-39** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go gcuirfidh forbairtí soláthar cuimsitheach ar fáil, nuair is cuí, ionas go mbeidh daoine le riachtanais gluaiseachta speisialta in ann rochtain a fháil orthu de réir sárchleachtas reatha.

**T-P-40** Tá de bheartas ag an Chomhairle bealaí siúil agus rothaíochta fada comhnasctha a spreagadh agus a éascú mar roghanna eile ar an charr, go háirithe i gceantair thuaithe, idir bailte.

**T-P-41** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le cothabháil, le feabhas agus le leathnú An Líonra Rothaíochta Náisiúnta agus é sin a éascú.

## 4.2 Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil

### Aidhm:

**Tacú le forbairt inbhuanaithe an Chontae tríd an chomhshaol a chosaint agus trí Sheirbhísí Comhshaoil ardchaighdeáin a sholáthar. Is córas inbhuanaithe é córas a bhfuil meas aige ar an timpeallacht nádúrtha, ar an gheilleagar agus ar riachtanais sóisialta agus cultúir an phobail.**

### 4.2.1 Cúlra

Áirítear ar fhreagrachtaí na Comhairle maidir le seirbhísí uisce agus comhshaoil forbairt agus feidhmiú an infreastruchtúir uisce agus comhshaoil chun leasa gach saoránaigh agus gach cuairteora agus cosaint na timpeallacha nádúrtha – aer, uisce agus ithir – de réir prionsabal na forbartha inbhunaithe.

Maidir le soláthar dramhuisce agus seirbhísí soláthair uisce, tá sé soiléir go bhfuil sé ríthábhachtach pleanáil a dhéanamh ar bhealach comhordaithe ar fud na seirbhísí. Beidh cur chuige comhordaithe i leith infheistíochta agus i leith luach ar airgead a bhaint amach mar thoradh ar infreastruchtúr a ailíniú in aghaidh tosaíochtaí na Comhairle ó thaobh dhiriú ar fhás agus ar mhais chriticiúil.

Mar a pléadh i gCaibidil 2: Croí-Straitéis (ar a n-áirítear Léarscáil 1), beidh an cur chuige seo bunaithe ar fhianaise agus faoi stiúir phlean ionas go bhforbrófar cláir infreastruchtúir chun tacú leis an chuntas ar aicmí bailte atá leagtha amach sa Chroí-Straitéis agus chun é a chur i bhfeidhm mar aon le hoibleagáidí comhshaoil a chomhlíonadh. Tugann Aguisín C, an Tuairisc Chomhshaoil, faisnéis i dtaca le cóireáil fuíolluisce agus soláthar uisce mar atá ann agus faisnéis ar infheistíochta bheartaithe sa bheirt acu mar a shainaithnítear sa Chlár Infheistíochta Seirbhísí Uisce.

Leagtar béim ar na himpleachtaí comhshaoil a bhaineann leis an riachtanas atá ann infheistíocht a dhéanamh in infreastruchtúr dramhuisce agus cuirfidh na leochaileachtaí seo na tosaíochtaí do chláir infheistíochta atá ag dul chun cinn in iúl agus beidh tionchar acu orthu. Maidir leis sin, tá tábhacht ar leith ag baint le himpleachtaí Phlean Bainistithe Abhantraí an Iarthuaiscirt agus déantar cur síos sonrach air sa Tuarascáil Comhshaoil atá faoi iamh mar Aguisín C leis an bplean seo. Cuireann an Tuarascáil Comhshaoil eolas ar fáil faoi staid reatha an chomhshaoil agus tá sé ríthábhachtach ó thaobh rioscaí agus bagairtí maidir lenár sócmhainní comhshaoil ar nós láithreacha Caomhnaithe, láithreacha NATURA 2000 lena n-áirítear dobharcheantair Diúilicíní Péarla Fionnuisce agus caighdeán uisce a aithint. Tabharfaidh an tuarascáil treoir do na tosaíochtaí infheistíochta infreastruchtúir sa chás go mbeidh bagairtí comhshaoil suntasacha i gceist.

**Tosaíocht Acmhainní**

Tabharfar tosaíocht bhreise maidir le leithroinnt acmhainní chun seirbhísí a chothabháil, a fhorbairt agus a fheabhsú mar seo a leanas:

(a) Córais ar ardchaighdeán a chinntiú chun rioscaí comhshaoil a leigheas;
(b) Freastal a dhéanamh ar an riachtanas atá ann faoi láthair agus ar fhás faoi stiúir phlean;
(c) Freastal a dhéanamh ar na riachtanais cumais d’fhorbairt eacnamaíochta ag teacht le fás faoi stiúir phlean, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

**Creat Beartas**
Cuirtear an Chomhairle ar an eolas go córasach faoi bheartas Rialtais agus tá aon athrú ar reachtaíocht trí Chiorcláin a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus maoiniú Státschiste ar an gcoinníoll go gcuirtear na beartais seo i bhfeidhm.

Tugann reachtaíocht agus beartais náisiúnta treoir do Chláir Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil agus déanann rialacháin AE iad sin a threorú ina seal féin ar mhaithe le húsáid uiscí nádurtha a rialú mar aon le gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar chomhlachtaí uisce a rialú ar nós, An Creat-Treoir Uisce (2000/60/EC), An Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh (91/271/EC), An Treoir um Uisce Óil (98/83/EC) agus an Creat-Treoir Dramhaíola (2008/98/EC).

Is píosa tábhachtach é an Creat-Treoir Uisce (WFD) de reachtaíocht comhshaoil AE a bhaineann le haibhneacha, le locha, le screamhuisce, le hinbhir agus le huiscí cósta agus a bhunaíonn cur chuige lánpháirtithe i leith úsáid inbhunaithe na n-acmhainní uisce seo. Is é cuspóir an WFD ná "stádas ard" na n-uiscí a bhfuil stádas ard acu a chothabháil, meathlú ar stádas na n-uiscí atá ann cheana féin a chosc agus "stádas maith" ar a laghad a bhaint amach maidir le formhór na n-uiscí roimh 2015. Cuirfear an Treoir i bhfeidhm trí Phleananna Bainistíochta Abhantraí. Tháinig Phlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt, a bhfuil Contae Dhún na nGall agus áiteanna eile faoi, i bhfeidhm an 15 Iúil 2010. Áirítear leis an bplean, bearta sonracha a chaithfear a ghlacadh agus is faoi na hÚdaráis Áitiúla, faoin nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, faoin Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus faoin Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a thiteann an fhreagracht sin. Príomhghné den phlean seo ná na ceantair chosanta a aithint agus a mheas, is uiscí iad seo atá faoi chosaint reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach atá ann cheana féin agus tá cosaint de dhíth orthu mar gheall ar a n-íogaireacht i leith truaillithe nó an tábhacht eacnamaíochta, sóisialta nó comhshaoil a bhaineann leo. Áirítear ar cheantair chosanta foinsí uisce óil, uiscí sliogéisc, uiscí snámha, ceantair atá íogaireach ó thaobh cothuithe de, Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir Chosanta Speisialta.

Cruthaíonn an creat roimhe seo an bunús d'fhorbairt beartas na Comhairle maidir le seirbhísí agus cosaint comhshaoil.

## 4.2.2 Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Comhairle maidir le Seirbhísí agus Cosaint Comhshaoil:

**WES-O-1:** Féachaint le leibhéal sásúil seirbhíse a bhaint amach, trí chórais inbhunaithe, maidir le:

a) Soláthar Uisce
- Soláthar uisce leordhóthanach agus daingean maidir le huisce óil glan agus folláin sna ceantair soláthair atá ann cheana féin agus chuig na ceantair sin atá aitheanta i gcomhair fáis sa chuntas ar aicmí bailte;
- Cáilíocht an tsoláthair uisce óil atá ann a chaomhnú agus a fheabhsú de réir na rialúchán is deireanaí i dtaca le huisce óil.
- Soláthar uisce leordhóthanach do riachtanais tionscail agus tráchtála, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí;
- Acmhainní uisce an Chontae a chosaint agus a chothabháil trí sceitheadh a íoslaghdú agus trí fheasacht phoiblí agus rannpháirtíocht i gcaomhnú uisce a chur chun cinn.

b) Dramhuisce
- Cóireáil leordhóthanach a chur ar fáil don fhuíolluisce ar fad a théann isteach i gcóras bailiúcháin poiblí de réir an cheadúnais sceite dramhuisce arna eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;

- Cumas cóireála dramhuisce leordhóthanach do cheantair uirbeacha tosaíochta a aithníodh san ordlathas lonnaíochta;
- Rialuithe leordhóthanacha ar mhaithe le dramhuisce tionscail a chóireáil agus a dhiúscairt, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

**WES-O-2:** Laghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a spreagadh.

**WES-O-3:** Féachaint le seirbhísí leordhóthanacha a chur ar fáil do:
- dhramhaíl tí a bhailiú, a chóireáil, agus a dhiúscairt;
- dhramhaíl tráchtála agus tionscail a bhailiú, a chóireáil, agus a dhiúscairt, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

**WES-O-4:** Caighdeán na n-uiscí dromchla agus na screamhuiscí a chothabháil, a chosaint agus a fheabhsú de réir Chlár na mBeart atá i bPlean Bainistíochta Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWIRBD), 2009-2015.

**WES-O-5:** Soláthar a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil trí na nithe seo a leanas:
- Uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint ó thruailliú de réir an Phlean Bainistithe Abhantraí, na Scéime Cosanta Screamhuisce agus na Scéimeanna Cosanta Foinsí do sholáthairtí uisce poiblí;
- Cosaint in aghaidh éilliú ithreach;
- Truailliú aeir agus torainn a íoslaghdú;
- Tacú leis an truailliú atá ann cheana féin a leigheas;
- Comhlíonadh iomlán leis na Rialacháin Náisiúnta agus Eorpacha cuí, Reachtanna agus Treoracha a chinntiú trí mhonatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ábhartha.

**WES-O-6:** Seirbhísí éigeandála cuí a sholáthar agus a fhorbairt laistigh den Chontae.

## 4.2.3 Beartais

Is iad seo a leanas beartais na Comhairle maidir le huisce, seirbhísí agus cosaint comhshaoil:

**WES-P-1** **Cosaint Comhshaoil**
Is beartas de chuid na Comhairle é an comhshaoil a chosaint ó dhrochthionchar trí fhorbairt, fheidhmiú, cheadú agus é a threorú agus a rialú agus trí idirghabháil dhíreach a dhéanamh.

**WES-P-2** **Plean Bainistíochta Dramhaíola**
Is beartas de chuid na Comhairle é an Plean Bainistíochta Dramhaíola a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí. Rinne an Chomhairle Chontae Plean Bainistíochta Dramhaíola faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996. Leagtar amach sa Phlean seo beartais agus straitéisí na Comhairle Contae maidir le bainistiú dramhaíola. Tugann an plean aghaidh ar riachtanais an bheartais rialtais agus na spriocanna náisiúnta mar atá leagtha amach i bhfoilseachán de chuid an Rialtais "Waste Management – Changing Our Ways". Aithníonn an plean easpaí infreastruchtúir agus molann sé Infreastruchtúir na Bainistíochta Dramhaíola a fhorbairt. Baineann na beartais ábhartha leis na gníomhartha seo a leanas: -

**Líonadh Talún**
Cur ar chumas an cumas líonta talún laistigh den Chontae a dheis diúscartha a bhaint amach agus ina dhiaidh sin rialú a dhéanamh ar easpórtáil na dramhaíola bailithe chuig infreastruchtúr dramhaíola

lasmuigh den Chontae. An líonadh talún dúnta a dhíchoimisiúnú agus a athbhunú de réir Cheadúnas EPA na saoráide. Gach saoráid líonta talún stairiúil a bhainistiú go freagrach (láithreacha stairiúla ceadúnaithe agus neamhrialaithe) laistigh den Chontae. Leanúint de bheith ag fiosrú na ndeiseanna atá ann do chomhoibriú trasteorann maidir le diúscairt dramhaíola.

**Láithreacha Áiseanna Cathartha/Ionaid Athchúrsála**

Leibhéal ard seirbhíse ag na Láithreacha Áiseanna Cathartha/Ionaid Athchúrsála atá ann cheana féin i gCarn Domhnach, sa Chlochán Liath, sa Lathaigh, i Leitir Ceanainn, i mBaile na nGallóglach agus i Srath an Urláir a bhainistiú agus a chothabháil agus a chinntiú go gcuirfear sin ar fáil ar an dóigh is éifeachtaí ó thaobh costas de.

**Saoráidí Aisghabhála Ábhar**

A chinntiú go bhfuil gach saoráid aisghabhála ábhar tráchtála laistigh den Chontae ceadúnaithe/ceadaithe go cuí agus go bhfuil siad ag feidhmiú laistigh de théarmaí a gceadúnas/a gceadanna.

**Plean Bainistíochta Sloda**

Moil sloda dramhuisce agus ionaid chóireála a fhorbairt ar fud an Chontae ag teacht leis an Phlean Bainistithe Sloda, atá cuimsithe sa Phlean Bainistithe Dramhaíola agus a chuireann creat ar fáil do chóireáil sloda a thagann chun cinn as cóireáil uisce agus dramhuisce sa Chontae. Leagtar amach straitéis do bhailiú, d'iompar, do láimhseáil sloda agus do chóiréail agus diúscairt sloda ina dhiaidh sin sa phlean. Is é an rogha diúscartha inmhianaithe do shloda dramhuisce ná athúsáid tairbheach na bithsholad trí thalmhaíocht agus gairneoireacht, tar éis thriomiú paistéaraithe agus teirmeach. Beidh na hionaid chóireála sloda fuíolliosce lonnaithe i mBaile Dhún na nGall agus i Leitir Ceanainn.

**WES-P-3** **Cosaint Screamhuisce**

Tá de bheartas ag an Chomhairle dobharlaigh screamhuisce a chosaint trína chlár cosanta comhshaoil agus córas pleanála úsáidte talaimh. Áirítear leis sin láithreacha ar bith atá ar Chlár Limistéar Cosanta Threoir na gCreataí Uisce.

Bunófar rialuithe ar chur chuige bainistithe rioscaí, a fhéachann le nádúr na guaise, leochaileacht an chomhlachta screamhuisce agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtarlódh éilliú a fháil amach. Tá roinnt uiscíoch a bhfuil tábhacht áitiúil leo laistigh de Dhún na nGall a stórálann lear mór uisce agus a bhfuil ar a gcumas uisce a stóráil do ghrúpscéimeanna beaga agus sráidbhailte (m.sh bruacha Loch Feabhail, sil-leagain gairbhéil abhann ag Cionn Fhánada agus sil-leagain gairbhéil agus dobharoighreacha sa Mhuileann Nua/Glenswilly, ag inbhear Loch Súilí agus in aice leis an Chósta sa Charn Domhnach agus i mBun Cranncha). Is féidir pointí Astarraingthe Screamhuisce Poiblí agus na Pleananna Cosanta Screamhuisce Gaolmhara a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

**WES-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle comhlíonadh na Rialachán um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus an Cheadúnais Sceite Dramhuisce ábhartha a bhaint amach maidir le sceitheadh dramhuisce cathrach isteach in aibhneacha, in inbhir agus san fharraige oscailte, agus chun forbairt eacnamaíochta agus shóisialta a fhorbairt trína cláir scéime séarachais a sheachadadh, trí chomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach nuair is cuí.

**WES-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle soláthar uisce leordhóthanach agus inghlactha a chur ar fáil do thomhaltóirí ag teacht leis na Rialacháin um Uisce Óil agus chun forbairt eacnamaíochta agus shóisialta a cheadú trí chláir scéime soláthair uisce a sheachadadh.

Déantar feabhsuithe ar sheirbhísí uisce a sheachadadh faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce [WSIP] agus faoin Chlár Uisce Tuaithe [RWP]. Is é Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce plean rollta trí bliana na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais

Áitiúil ó thaobh sholáthar an mhórsholáthair uisce agus infreastruchtúir dramhuisce a mhaoiniú. Is é an clár reatha ná 2010-2012 agus déantar é a thabhairt cothrom le dáta in 2013. Tugann Measúnú Riachtanas do Sheirbhísí Uisce a ghlac an Chomhairle leis in 2009 treoir don chlár seo. Tá ról ríthábhachtach ag an chlár maidir leis an Chlár Uisce Tuaithe fosta, ó thaobh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta.

Tá an Clár Uisce Tuaithe bunaithe ar an Phlean Straitéiseach Uisce Tuaithe, a ghlac an Chomhairle leis in 2000. Tá an Clár comhdhéanta den Chlár Ghrúpscéimeanna Uisce, Clár Scéimeanna Uisce Poiblí Beaga agus Séireachais agus den Scéim Deontas Soláthair Uisce. Is féidir an Clár Uisce Tuaithe a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

**WES-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle córais rialaithe sceite a shuiteáil agus a chothabháil ar gach soláthar uisce agus chun an tUisce Gan Chuntas [UFW] a laghdú chuig leibhéil eacnamaíochta de réir prionsabal forbartha inbhuanaithe ó thaobh teicnící Athsholáthair /athshlánaithe píopaí a chur i bhfeidhm de réir mar is gá, agus ó thaobh maoinithe oiriúnach a fháil ó acmhainní na Comhairle féin.

**WES-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Clár Ghrúpscéimeanna Uisce a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón Choiste Monatóireachta Uisce Tuaithe agus chun tacaíocht riaracháin agus teicniúil leordhóthanach a chur ar fáil chuig coistí grúpscéimeanna, agus na scéimeanna seo a ghlacadh ar láimh más mian leis na grúpaí sin a dhéanamh.

Cuireann thart ar 350 de na scéimeanna seo soláthar uisce píopa ar fáil i gceantair thuaithe, agus tá formhór acu faoi úinéireacht phríobháideach. Tá measúnú á dhéanamh ar easpaí agus tá tosaíocht á tabhairt dóibh faoi na teidil seo: Caighdeán, Soláthar agus Seirbhís. Táthar ag tabhairt aghaidh ar na scéimeanna atá ann faoi láthair, a bhfuil caighdeán uisce nár chóir glacadh leis acu mar an chéad tosaíocht lena n-áirítear na scéimeanna sin a bhfuil in Aguisín 14 de rialú Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil in Éirinn. Tá straitéisí i bhfeidhm chun easpaí caighdeáin uisce a réiteach i ngach scéim a fhreastalaíonn ar níos mó ná 50 duine, cibé tríd iad a cheangal le soláthair poiblí nó trí shaoráidí cóireála uisce leordhóthanach a shuiteáil. Dá bhrí sin, cuirfidh an Chomhairle an clár i bhfeidhm chun na Grúpscéimeanna Uisce atá ann cheana féin a thabhairt cothrom le dáta. Déanann an Chomhairle bainistiú ar sholáthar na líonraí soláthair uisce breise i gceantair thuaithe trí ghrúpscéimeanna nua a fhorbairt agus déanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú air. Tá de bheartas ag an Chomhairle faoi láthair a chinntiú go gcuirfear caighdeán inghlactha soláthair uisce ar fáil do gach tomhaltóir ionas nach ndéanfar damáiste do dhaoine ná dá gcuid maoine.

**WES-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Clár Scéimeanna Uisce Poiblí Beaga agus Séireachais a chur i bhfeidhm le tacaíocht ón gCoiste Monatóireachta Uisce Tuaithe agus an maoiniú oiriúnach riachtanach a ghnóthú tríd an Scéim Ranníocaíochta Forbartha.

Déanann an stáitchiste maoiniú ar an Chlár Scéimeanna Beaga ar an bhunús go gcuireann an Chomhairle 25% den mhaoiniú oiriúnach ar fáil. Faoi láthair déantar scéimeanna Beaga a chatagóiriú trí bhuiséad níos lú ná €635,000 a bheith acu. Thug an clár seo aghaidh ar 40 scéim den sórt seo ó 1994 agus thug said seo aghaidh ar riachtanais ghearrthéarmacha na scéimeanna uisce agus dramhuisce agus rinne siad scrúdú ar na mórfheabhsuithe atá le déanamh faoin WSIP in am trátha.

**WES-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle caighdeán na n-uiscí ar fad a chothabháil, a chosaint agus a fheabhsú de réir Chlár na mBeart atá i bPlean Bainistíochta Abhantraí an Iarthuaiscirt (NWIRBD), 2009-2015.

**WES-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go ndéantar an dramhuisce a chruthaítear a bhailiú agus a scaoileadh ar dhóigh sábháilte agus inbhuanaithe a thagann leis an gcur chuige nasctha atá leagtha amach i Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 agus le cuspóirí an Phlean Bainistithe Abhantraí agus beidh feidhm leis na nithe seo a leanas agus an méid sin á dhéanamh:

**(1) Maidir le teach cónaithe aonair (nó a chomhionann) ina bhfuil líon daoine atá cothrom le nó níos nó lá 10 i gceantar nach bhfuil córas séarachais ann:**

Ní cheadófar tograí do theach cónaithe aonair (nó a chomhionann) i gceantar nach bhfuil córas séarachais ann ach amháin sa chás go bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach mbeadh aon drochthionchar ag an fhorbairt ar an chumas atá ann na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a bhaint amach, nuair atá an fhorbairt sin á breithniú chomh maith leis an fhorbairt a ceadaíodh roimhe seo. Nuair atá iarratas pleanála á dhéanamh ag an iarratasóir, ní mór dó/di eolas ar chineál an chórais choireála ar an láthair atá beartaithe a chur isteach mar aon le fianaise maidir le hoiriúnacht na láithreach don chóras atá beartaithe. Ní mór do mheasúnóirí oiriúnacha láithreacha gach measúnú a dhéanamh de réir na treorach atá curtha ar fáil sa Chód Cleachtais agus ní mór dóibh Foirm Tréithrithe Láithreach comhlánaithe a chur isteach mar atá in Aguisín B den Chód Cleachtais.

Tá na nithe seo a leanas riachtanach chomh maith:

a) Ní mór don chóras cóireála dramhuisce cloí leis an athbhreithniú is déanaí den Chód Cleachtais do na Seirbhísí Cóireála Dramhuisce agus Córais Diúscartha a Fhreastalaíonn ar Thithe aonair (p.e. ≤ 10) a d'fhoilsigh An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ní mór an córas a roghnú, a dhearadh agus a shuiteáil de réir an Chóid Chleachtais seo.
b) Ní mór go mbeadh Deimhniú de chuid an Irish Agrément Board ag córais cóireála dílsithe nó ní mór go mbainfeadh siad caighdeán infhíoraithe neamhspleách amach.
c) Sula rachfar i mbun cónaithe sa teach cónaithe, ní mór deimhniú feidhmíochta, bunaithe ar thástáil réamhthógála a chuir gníomaí inniúil i gcrích, a chur isteach.
d) Sula rachfar i mbun cónaithe, beidh clár oibrithe agus cothabhála rialta i bhfeidhm ag úinéirí don chóras dramhuisce a suiteáladh.

**(2) Maidir le teach cónaithe aonair (nó a chomhionann) ina bhfuil líon daoine atá cothrom le nó níos nó lá 10 i gceantar a bhfuil córas séarachais ann:**

Ní cheadófar tograí do theach cónaithe aonair (nó a chomhionann) i gceantar a bhfuil córas séarachais ann ach amháin sa chás go bhfuil an t-údarás pleanála sásta nach mbeadh aon drochthionchar ag an fhorbairt ar an chumas atá ann na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a bhaint amach, nuair atá an fhorbairt sin á breithniú chomh maith leis an fhorbairt a ceadaíodh roimhe seo. Nuair atá iarratasóirí ag déanamh iarratas pleanála beidh orthu an pointe a bhfuil sé beartaithe ceangal a dhéanamh leis an chóras atá ann cheana féin a léiriú, agus beidh orthu toiliú a chur isteach le ceangal a dhéanamh leis an chóras atá ann cheana féin lena n-áirítear deimhniú cumais atá ann. Sa chás nach bhfuil an cumas ag an chóras séarachais nó cóireála don fhorbairt féadfaidh an tÚdarás Pleanála dá lánrogha féin córas cóireála ar an láthair a ceadú ag cloí le forálacha an cheantair nach bhfuil séarachais ann thuasluaite.

**(3) Maidir le hilfhorbairtí (nó a gcomhionann):**

Ní mór do thograí den sórt sin a bheith oiriúnach agus comhsheasmhach le cupsóirí agus beartais eile laistigh den phlean agus i gcásanna den sórt sin déanfaidh an Chomhairle measúnú ar thograí i gcomhthéacs na gcuspóirí atá leagtha amach i bPlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt, agus i gcomhthéacs na dtéarmaí sa cheadúnas sceite dramhuisce nó sa deimhniú dramhuisce agus aird á tabhairt ar fhorbairtí atá ann cheana féin agus atá ceadaithe. Sa chás nach bhfuil aon chumas leordhóthanach ann cheana féin laistigh de ghléasra cóireála dramhuisce chun freastal a dhéanamh ar fhorbairt nua, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

a) Sa chás go bhfuil an soláthar cumais le teacht agus:
   i. go bhfuil séarach ann cheana féin a bhfuil cumas hiodrálach leordhóthanach aige, is féidir cead a dheonú do ghléasra cóireála eatramhach a scaoilfidh eisilteach a bhfuil cóireáil déanta air isteach sa séarach. Chomh luath agus a chuirfear an cumas cóireála riachtanach ar fáil déanfar an gléasra eatramhach a dhíchoimisiúnú agus déanfar an dramhuisce a threorú chuig an séarach. Beidh feidhm ag na coinníollacha atá liostaithe faoi (A) i dtábla 15.

   ii. sa chás nach bhfuil aon séarach ann cheana féin, is féidir cead eatramhach a dheonú do ghléasra cóireála sa chás go bhfaightear ceadúnas chun eisilteach a bhfuil cóireáil déanta air isteach a scaoileadh isteach sa timpeallacht ghlactha. Beidh feidhm fosta ag na coinníollacha atá liostaithe faoi (A) i dtábla 15.

b) Sa chás nach bhfuil soláthar cumais le tarlú ní cheadófar forbairt go ginearálta, ach amháin sna cásanna seo a leanas:
   i. sa chás go bhfuil séarach ann cheana féin nó scaoileadh dramhuisce sa cheantar máguaird, déanfaidh forbróir breithniú ar sholáthar an chumais chóireála dramhuisce ar an choinníoll go bhfuil sé ar chumas an ghléasra cóireála freastal a dhéanamh ar an fhorbairt bheartaithe, ar an fhorbairt atá ann cheana féin agus ar an fhorbairt cheadaithe go dtí méid áirithe. Beidh feidhm ag na coinníollacha atá liostaithe faoi (B) i dtábla 15.

   ii. (ii) Sa chás nach bhfuil aon séarach ann cheana féin agus nach bhfuil feidhm le (b)(i) is féidir cead a dheonú do ghléasra cóireála a dhéanfaidh freastal ar an fhorbairt sa chás go bhfaightear ceadúnas chun eisilteach a bhfuil cóireáil déanta air isteach a scaoileadh isteach sa timpeallacht ghlactha. Beidh feidhm ag na coinníollacha atá liostaithe faoi (C) i dtábla 15 thios:

**Tábla 15: Riachtanais do chóireáil dramhuisce d'ilfhorbairtí**

| Critéir | Sonraí na riachtanas |
|---|---|
| (A) | ▪ Ní mór don ghléasra cóireála cóireáil tánaisteach ar a laghad a sholáthar agus ní mór go mbeadh sé ar mhéid a fhreastalódh ar gach maoin laistigh den fhorbairt.<br>▪ Ní mór go mbeadh an córas leagtha amach ionas go gceanglódh sé go héasca leis an séarach poiblí atá beartaithe agus ní mór an ceangal leis an séarach poiblí a dhéanamh láithreach tar éis na saoráide cóireála dramhuisce poiblí a choimisiúnú.<br>▪ Ní mór fianaise ar chomhaontú cothabhála le soláthróir an aonaid cóireála shealadaigh a chur isteach chuig an údarás pleanála.<br>▪ Déanfaidh an soláthróir an t-aonad cóireála sealadach a shuiteáil agus a choimisiúnú.<br>▪ Déanfar córais aonaid chóireála sealadacha a roghnú, a shuiteáil, a fheidhmiú agus a chothabháil de réir na treorach atá leagtha amach sna Lámhleabhair Chóireála Dramhuisce, Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnólachtaí, Ionaid Fóillíochta agus Óstáil a d'fhoilsigh an Ghíomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.<br>▪ Ní mór go mbeadh sonraíocht an aonaid chóireála dramhuisce shealadaigh ceadaithe ag an Údarás Pleanála.<br>▪ Beidh Taillí Forbartha de réir na Scéime Ranníocaíochta Forbartha iníoctha.<br>▪ Beidh infreastruchtúr cóireála dramhuisce ann agus beidh sé i bhfeidhm le cumas leordhóthanach sula rachfar i mbun cónaithe in aon chuid den fhorbairt. |

| Critéir | Sonraí na riachtanas |
|---|---|
| (B) | ▪ Ní mór cead ón údarás pleanála a bheith faighte maidir le suíomh, láithreánú, dearadh, tógáil, suiteáil agus coimisiúnú ghléasra cóireála, shruth éalaithe agus aon infreastruchtúir riachtanach eile.<br>▪ Ní mór go mbeadh na próisis chóireála leordhóthanach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an scaoileadh riachtanais an chur chuige nasctha mar atá sonraithe sna Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 (nó in aon rialachán leasaithe).<br>▪ Ní mór go dtiocfadh an t-iarratasóir ar chomhaontú leis an Údarás Seirbhísí Uisce maidir leis na costais chaiptil a roinnt chomh maith le haon costas feidhmithe nó cothabhála a tabhaíodh don ghléasra cóireála sa tréimhse sular thóg an tÚdarás Seirbísí Uisce ar láimh é.<br>▪ Beidh infreastruchtúr cóireála dramhuisce ann agus beidh sé i bhfeidhm le cumas leordhóthanach sula rachfar i mbun cónaithe in aon chuid den fhorbairt. |
| (C) | ▪ Déanfar córais aonaid chóireála sealadacha a roghnú, a shuiteáil, a fheidhmiú agus a chothabháil de réir na treorach atá leagtha amach sna Lámhleabhair Chóireála Dramhuisce, Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnólachtaí, Ionaid Fóillíochta agus Óstáil a d'fhoilsigh an Ghíomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus de réir chead an Údaráis Phleanála fosta.<br>▪ Ní mór fianaise ar chomhaontú cothabhála le soláthróir an aonaid cóireála shealadaigh a chur isteach chuig an údarás pleanála.<br>▪ Beidh Taillí Forbartha de réir na Scéime Ranníocaíochta Forbartha iníoctha.<br>▪ Beidh infreastruchtúr cóireála dramhuisce ann agus beidh sé i bhfeidhm le cumas leordhóthanach sula rachfar i mbun cónaithe in aon chuid den fhorbairt. |

**WES-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle comhoibriú a dhéanamh leis na húdaráis chóngaracha agus acmhainní a roinnt leo lena n-áirítear na húdarais sin i dTuaisceart Éireann agus clár caipitil stáisiúin dóiteáin agus athsholáthar fearais dóiteáin a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbainfidh na Briogáidí leas as an teicneolaíocht agus an trealamh is déanaí chun leasa shábháilteacht an phobail.

**WES-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí forbartha a bhainistiú chun baol na mórthimpistí a bhaineann le substaintí contúirteacha a laghdú agus/nó teorainn a chur leis na hiarmhairtí a bhaineann leo.

I gcomhthéacs beartas agus cuspóirí a ghlacadh san áireamh chun críocha an baol a bhaineann le mórthimpistí a laghdú agus teorainn a chur leis na hiarmhairtí a bhaineann leo, éilítear ar an Phlean Forbartha suíomh agus nádúr na láithreacha bunaithe laistigh de cheantar an phlean a léiriú. Maidir leis sin, níl aon láthair den sórt sin laistigh de Chontae Dhún na nGall. Laistigh de shaolré an Phlean áfach, d'fhéadfadh athrú teacht ar an cheist seo má dhéanfar laghdú ar thairsí stórala substaintí áirithe nó má dhéanfar na méideanna atá le stóráil ag úsáidí tionscail a ardú.

D'fhéadfadh go mbainfeadh critéir forbartha le hachair chuí a choinneáil idir guaiseacha agus ceantair chónaithe, limistéir a bhaineann an pobal úsáid astu, agus/nó ceantair a bhfuil íogaireacht nó leas nádúrtha áirithe ag baint leo. Maidir leis seo, déanfaidh an Chomhairle idirchaidreamh dlúth leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ní mór d'aon togra pleanála a chuirfear isteach na rialacháin, treoirlíne agus treoracha a bhaineann leis an Treoir maidir le Mórthimpistí.

## 4.3 Teileachumarsáid

### Aidhm:

**Forbairt ar líonra teileachumarsáide ardchaighdeáin agus inbhunaithe é éascú don Chontae mar ghné ríthábhachtach chun tacú le fás i ngach réimse den gheilleagar agus an caighdeáin saoil a ardú do mhuintir Dhún na nGall.**

### 4.3.1 Cúlra

Is príomhghnéithe iad líonraí teileachumarsáide maidir le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta an Chontae. Tacaíonn infreastruchtúr leathanbhanda agus teileafónaíochta le gach earnáil eacnamaíochta, agus féachann sé le rochtain uilíoch ar sheirbhísí poiblí a chur ar fáil agus tá sé tábhachtach ó thaobh earraí agus seirbhísí a mhalartú go hidirnáisiúnta, agus feidhmíonn sé mar chatalaíoch maidir le hidirghaolta eacnamaíochta a athrú trí athrú teicneolaíochta tapa. Tá an fhorbairt tapa agus leanúnach atá ag teacht ar na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), agus an fás as cuimse atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as an Idirlíon mar gheatabhealach rochtana atá ag fáil níos tábhachtaí i leith thrádáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí, idirchaidreamh líonraithe shóisialta agus an choinbhéirseacht atá ag teacht chun cinn maidir le feidhmchláir craoltóireachta meán agus cumarsáide soghluaiste príomhshrutha, ag cruthú éileamh atá ag fás i gcónaí ó úsáideoirí gnó, oideachais, craoltóireachta meán agus cónaithe ar mhaithe le luasanna rochtana níos airde, níos mó cumais agus iontaofacht agus láidreacht níos fearr.

Tá líonra teileachumarsáide inbhuanithe ríthábhachtach maidir le seirbhísí leathanbhanda ardchaighdeáin, inrochtaine a chur ar fáil do chách. Tá sé seo comhdhéanta de raon modhanna teileachumarsáide a forbraíodh ar dhóigh atá íogaireach ó thaobh an chomhshaoil de.

Rinneadh dul chun cinn maith le roinnt bliana anuas trí thionscadail chómhaoinithe Náisiúnta agus AE ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an bpríomhlíonra leathanbhanda agus ar na heaspaí nascthachta idirnáisiúnta, tríd na Scéimeanna Líonraí Ceantar Uirbeach a chur i bhfeidhm sna bailte seo a leanas sa Chontae: Gaoth Dobhair, Leitir Ceanainn, Bun Dobhráin, Bun Cranncha, Béal Átha Seanaidh, Bealach Féich/Srath an Urláir, Carn Domhnach agus Baile Dhún na nGall.

Bunaíonn leathadh amach leanúnach ar thionscnamh 'Thionscadal Kelvin' nascthacht idirnáisiúnta den scoth a dhíríonn ar Gheatabhealach Leitir Ceanainn-Dhoire. Cuireann an teicneolaíocht seo rochtain dhíreach ar fáil chuig cábla snáthoptaice faoi uisce tras-Atlantach a shíneann amach chuig na líonraí cábla snáthoptaice faoi thalamh a bhfuil nascthacht acu ar fud Cheanada, na Stát Aontaithe, na Ríochta Aontaithe agus ar fud Mhórthír na hEorpa. Cuirfidh cur i gcrích an tionscadail Dún na nGall agus an réigiún chun cinn mar cheann scríbe eile tarraingteach do chuideachtaí domhanda, ar nós tithe airgeadais ceannródaíocha, an margadh malartaithe, soláthróirí seirbhíse agus cuideachtaí meán a bhíonn bandaleithead an-tapa, ardchumais, láidir agus a bhfuil aga folaigh íseal aige agus praghas iomaíoch air de dhíth orthu. Tá an deis ag tionscadal Kelvin tuilleadh infheistíochta comhlántach a mhealladh isteach i bhforbairt infreastruchtúir teileachumarsáide sa réigiún, dá bhrí sin ag daingniú iomaíochas eacnamaíochta amach anseo.

Is í teileafónaíocht talamhbhunaithe an rochtain is mó a úsáidtear agus is mó a bhfuil fáil air maidir le líonraí cumarsáide do sheirbhísí teileafónaíochta, facs agus leathanbhanda. Mar sin féin, tá uasghrádú

cuimsitheach ar an líonra riachtanach chun rochtain leathanbhanda do líonta í agus do ghnólachtaí a chumasú.

Aithníonn an Chomhairle fóin póca agus leathanbhanda mar infreastruchúr tábhachtach do chumarsáid nua-aimseartha, tacaíocht ghnó agus ó thaobh seirbhís a chur ar fáil do cheantair a bhfuil daonra ard iontu chomh maith le go leor ceantar tuaithe ar fud an Chontae. I nDún na nGall tá tionchar atá ag éirí níos tábhachtaí ag an infreastruchtúr seo ar an gheilleagar tuaithe, sa talmhaíocht agus i ngnólachtaí eile araon, laghdaíonn sé an tionchar eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann le hiargúltacht agus le himeallachas.

Forbraíodh an líonra atá ann cheana féin go cuimsitheach le roinnt blianta anuas trí chláir ar nós an Scéim Leathanbhanda Náisiúnta (NBS). In ainneoin sin, tá easpaí fós ann ó thaobh rochtana agus caighdeáin, go háirithe maidir le cumas leathanbhanda. Tá léarscáil den líonra soghluaiste reatha leagtha amach ag deireadh an ailt seo (Léarscáil uimh. 5). Cuirfear eagráin atá uasghrádaithe ar fáil thar thréimhse an Phlean trí www.donegalcoco.ie chun uasghráduithe agus forbairtí ar an líonra a léiriú de réir mar a dhéantar iad.

D'fhéadfadh gur príomhshaincheist a bheadh i dtaitneamhacht amhairc agus i ndíghrádú comhshaoil maidir le tograí crann & aeróige agus ní mór na tionchair charnacha agus an tionchar sonrach a bhaineann le gach togra ar leith a bhreithniú go cúramach. Tá láthair na dtograí teileachumarsáide ríthábhachtach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ár n-oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chosaint. Is fearr na haeróga a chur san áit chéanna ar chrainn atá ann cheana féin agus is fearr crainn a chur san áit cheánna ar láithreacha atá ann cheana féin ó tharla go gcuirfeadh sé deireadh leis an éileamh atá ann láithreacha do chrainn nua a chruthú ar fud an Chontae ag teacht leis na moltaí i dTreoirlínte an Rialtais ar Aeróga agus ar Struchtúir Tacaíochta. Déanfar láthair na n-aeróg ar struchtúir atá ann cheana féin ar nós piolóin agus aeróga leictreachais a spreagadh de réir mar is cuí. Is príomhuirlis é measúnú iarmharta amhairc in imthosca cuí chun scrúdú a dhéanamh ar an méid tionchar a bheidh ag struchtúr beartaithe ar an timpeallacht tíosach.

Is ceist eile í Cúinsí Sláinte a ardaítear go minic maidir le tograí crann & aeróg. Leanann an Chomhairle treoracha an Rialtais dá dtagraítear thuas a bhfuil ráiteas iontu faoi ghnéithe Sláinte & Sábháilteacha agus an riachtanas go gcuireann iarratasóirí pleanála ráiteas comhlíonta le Treoirlínte an Chumainn Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta (IRPA) nó a chomhionann Eorpach ar fáil chomh maith le fianaise go gcloíonn an feistiú atá beartaithe le na teoirlínte sin. Tugann ceadúnú teileafónaíochta soghluaiste aghaidh ar astuithe lena chinntiú go gcloíonn said le caighdeáin idirnáisiúnta agus dá bhrí sin luann Treoirlínte an Rialtais nach ábhar é monatóireacht d'údaráis phleanála.

## 4.3.2 Cuspóirí

**TC-O-1:** Forbairt agus seachadadh líonra teileacumarsáide inbhunaithe ar fud an Chontae a éascú trí raon córas teileacumarsáide, a forbraíodh agus aird chuí á tabhairt ar an oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus ar bhreithnuithe comhshaoil.

**TC-O-2:** Tacú le himlonnú na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta, na Scéime Leathanbhanda d'Áitribh Tuaithe nach bhfuil Freastal á dhéanamh orthu agus tionscadail chomhchosúla agus é sin a éascú faoi réir phleanáil cuí agus forbairt inbhunaithe an cheantair.

### 4.3.3 Beartais

**TC-P-1** Is beartas de chuid na Comhairle é imlonnú na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta, na Scéime Leathanbhanda d'Áitribh Tuaithe nach bhfuil Freastal á dhéanamh orthu agus tionscadail chomhchosúla a éascú faoi réir aon srianta a eascraíonn as na hainmniúcháin comhshaoil idirnáisiúnta/náisiúnta agus faoi réir phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

**TC-P-2** Is beartas de chuid na Comhairle é Líonra Gan Sreang ICT (line radhaic) a chosaint. Déanfar tograí forbartha a thiteann laistigh den líonra a bhreithniú i gcomhchomhairle le Roinn Córas Eolais Chontae Dhún na nGall. Sa chás go mbreithneofar go bhfuil tionchair dhiúltacha ag an togra forbartha ar an líonra, éileofar ar an bhforbróir bearta a aithint agus a chur i bhfeidhm chun an bac seo a shárú. Tá an líonra leagtha amach i Léarscáil uimh.6. Cuirfear eagráin atá uasghrádaithe ar fáil thar thréimhse an Phlean trí www.donegalcoco.ie chun uasghráduithe agus forbairtí ar an líonra a léiriú de réir mar a dhéantar iad.

**TC-P-3** Is beartas de chuid na Comhairle é go gcuirfear aeróga nua nó aeróga a chuirfear in áit na seanchinn san áit chéanna ar chrainn atá ann cheana féin agus go gcuirfear crainn nua a chur san áit chéanna agus a chur le chéile ar na láithreacha atá ann cheana féin, ach amháin, go gcuirfear cás iomlán le breithniú a dhéanamh air agus a bhfuil na doiciméid riachtanacha ar fad leis isteach in éineacht leis an iarratas ag miniú na n-imthosca sonracha a chuireann in aghaidh na n-aeróg seo a chur san áit chéanna agus/nó iad a chur le chéile. Lonnófar aeróga teileacumarsáide nua agus struchtúir thacaíochta de réir fhorálacha Telecommunications Antennae and Support Structures, Guidelines for Planning Authorities 1996, (nó mar a d'fhéadfaí a leasú) agus ní bheifear i bhfách leo de ghnáth in aice le scoileanna, struchtúir chaomhnaithe nó suíomhanna seandálaíochta agus séadchomharthaí eile; i mbailte móra agus sráidbhailte, mar a shainmhínítear in aon Phlean Ceantair Áitiúil nó clúdach Creat Lonnaíochta, déanfaidh oibreoirí dianiarracht lonnú in eastáit tionsclaíochta nó i dtailte atá criosaithe go tionsclaíoch.

**TC-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle breithniú ar thograí maidir le haeróga teileachumarsáide taobh istigh de limistéir ainmnithe oidhreachta tógtha, gnáthóga ainmnithe nó limistéir ardscéimhe ar leith mar a bhféadfaí aon aeróg nua a shuiteáil agus a lonnú ar dhóigh nach n-imríonn tionchar diúltach ar an radharc nó nach gcáilíonn an spéis a bhaineann le limistéar dá leithéid. Beidh aon togra maidir le haeróg faoi réir gach breithniú ábharach, ar a n-áirítear ainmniúcháin chomhshaoil agus breithnithe conláiste.

**TC-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle breithniú ar thograí faoi choinne aeróga teileachumarsáide taobh istigh de limistéir ainmnithe oidhreachta tógtha, gnáthóga ainmnithe nó limistéir ardscéimhe ar leith mar a bhféadfaí aon aeróg nua a shuiteáil agus a lonnú ar dhóigh nach n-imríonn tionchar diúltach ar an radharc nó nach gcáilíonn an spéis a bhaineann le limistéar dá leithéid. Beidh aon togra i leith struchtúir thacaíochta aeróga faoi réir gach breithniú ábharach, ar a n-áirítear faoi réir ainmniúcháin chomhshaoil agus breithnithe conláiste.

**TC-P-6** Is beartas de chuid na Comhairle é chun an iomarca infreastruchtúir as dáta agus/nó nach n-úsáidtear agus atá fanta sa tírdhreach tar éis a dháta úsáide éifeachtach a sheachaint, tabharfar cead pleanála do chrainn agus do thograí gaolmhara de thréimhse 5 bliana, agus éileofar go mbainfear as é agus go ndéanfar an láithreán a athshuíomh ar bhonn díchoimisiúnaithe ach amháin sa chás go bhfaightear cead ar feadh 5 bliana breise.

**TC-P-7** Is beartas de chuid na Comhairle é gur chóir bóithre rochtana a bhfuil baint acu le forbairt teileachumarsáide a leagan amach agus a thírdhreachú chun aon chur isteach ar radharc agus ar thimpeallacht an tírdhreacha a sheachaint agus ag an am céanna ag cloí le hAlt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga agus ag féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, leasanna cáilitheacha agus bagairtí ar iontaofacht na láithreach Natura 2000.

## 4.4 Tuilte

### Aidhm:

Tograí forbartha laistigh de thuilemhánna agus laistigh de cheantair eile a bhfuil baol tuilte iontu a bhainistiú ar bhealach leanúnach bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ansin ar mhaolú agus chun measúnú cúramach a dhéanamh ar thograí forbartha a dhéanfadh an baol tuilte in áiteanna eile níos measa d'fhonn an cur chuige céanna a ghlacadh maidir le scéimeanna den sórt sin.

### 4.4.1 Cúlra

Tarlaíonn tuilte aibhneacha go nádúrtha, ach ní féidir iad a chosc go hiomlán. In ainneoin sin, féachfaidh an Chomhairle baol den sórt seo a laghdú i gceantair leochaileacha. Leanann Dún na nGall ar aghaidh ag fulaingt de bharr maidhm tuilte áitiúla (m.sh Ráth Bhoth 2008, Bun Beag 2009) atá deacair tuar cruinn a thabhairt orthu mar gheall ar na hiliomad athróg a bhaineann le baol tuilte a mheasúnú, m.sh méid an dobharcheantair, cineál agus póiriúlacht na hithreach agus na geolaíochta, airde na dtáblaí screamhuisce, grádáin, an méid báistí a thiteann gach bliain, an líon aibhneacha, lochanna agus ceantair uirbeacha atá ann, tuilte taoide. Meastar go dtarlóidh tuilte níos minice agus níos measa mar gheall ar athrú aeráide. Tugann Aguisín C Tuairisc Chomhshaoil, tuilleadh eolais ar thionchair thuilte. Déanann tuilte cósta/abhann an baol tuilte i nDún na nGall níos measa. Ar fud Dhún na nGall, tá raon éagsúil tuilte a tharlaíonn agus déantar cur síos orthu thíos.

Aibhneacha – Tuilte as abhainn nó as sruthchúrsa eile.

Báistiúil – Tuilte a bhaineann le stoirmeacha toirní samhraidh comhiompach nó titim ard báistí. D'fhéadfadh go mbeadh an titim báistí ró-ard agus go mbeadh an sruth iomarcach don uisce dromchla agus do chórais draenála faoin talamh. Is foinse tábhachtach é an easpa cumais sa líonra draenála uirbeach ó thaobh tuilte de, mar a tugadh le fios le linn roinnt samhraidh anuas.

Cósta/Inbhearach – Tuilte ó shruthanna taoide, i.e. an idirghníomhaíocht idir aibhneacha agus an fharraige, ach bíonn leibhéil na taoide chun tosaigh i bhformhór na gcásanna.

Screamhuisce – Tarlaíonn tuilte mar gheall go n-éalaíonn screamhuisce as an talamh nuair a ardaíonn an tábla uisce go dtí leibhéal na talún nó os a chionn. Is tuilte áitiúla a bhíonn i gceist le tuilte screamhusice agus cé go n-ardaíonn leibhéal an uisce go mall, d'fhéadfadh go mbeadh an t-uisce ann ar feadh tréimhsí fada ama. Dá bhrí sin, is é damáiste suntasach do mhaoin seachas an baol báis a bhíonn mar thoradh go minic ar thuilte den sórt sin.

**Reachtaíocht agus Treoir**

In 2007, tháining an Treoir Tuilte 2007/60/EC i bhfeidhm. Éilítear ar Bhallstáit measúnú a dhéanamh le féachaint a bhfuil a sruthchúrsaí agus a gcóstaí i mbaol tuilte, agus éilítear orthu léarscáil a dhéanamh de mhéid na dtuilte agus de na sócmhainní agus na daoine atá i mbaol sna ceantair seo roimh 2015 agus bearta leordhóthanacha agus comhordaithe a ghlacadh chun an baol seo a laghdú.

I mí na Samhna 2009, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 'An Córas Pleanála agus Bainistíochta Baoil Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála'. Laistigh den fhráma ama

seo, ní mór go dtabharfadh na pleananna forbartha aghaidh ar an mbaol tuilte tríd na measúnuithe baoil tuilte riachtanacha, lena n-áirítear léarscáileanna de na saincheantair tuilte, a bheith i bhfeidhm acu ag na céimeanna ríthábhachtacha déanta cinntí agus ní mór aon leasú ina dhiaidh sin a bhreithniú. Úsaideadh aon eolas faoi thuilte a bhí ar fáil don Chomhairle chun an Plean seo agus na Creataí Bailte a chur le chéile. (Aguisín A).

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an phríomhghníomhaireacht maidir le bainistiú tuilte agus tá sí ag forbairt léarscáileanna tuilte táscacha agus Léarscáiliú Measúnaithe agus Bainistíochta Baoil Tuilte Dobharcheantair (CFRAM – staidéar atá bunaithe ar dhobharcheantar lena mbaineann measúnú ar an mbaol tuilte i ndobharcheantar mar aon le straitéis a bhunú chun an baol sin a bhainistiú chun an drochthionchar ar dhaoine, ar mhaoine agus ar an timpeallacht a laghdú). Tá siad seo dlite faoi 2013 agus ina ndiaidh be na Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile Dobharcheantair (PBRTD) faoi 2015. Déanfar an baol tuilte a mheasúnú ó thaobh an tionchair is dóigh a bheith aige ar 'Ghlacadóirí' aitheanta ar nós daoine, maoine, scoileanna, ospidéil, gléasraí cóireála dramhuisce. Mura dtabharfar an obair seo chun críche, féachfaidh Comhairle Chontae Dhún na Gall forbairt laistigh de thuilemhánna agus laistigh de cheantair eile a bhfuil baol tuilte iontu a bhainistiú ar bhealach leanúnach bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ansin ar mhaolú. Tá riachtanas ann cur chuige cúramach a ghlacadh i leith tograí forbartha laistigh de cheantair a bhfuil stair tuilte ag baint leo. Dá réir sin, is féidir na táscairí seo a leanas a úsáid roimh fhoilsiú an CFRAMS chun an baol tuilte a mheasúnú.
Áitítear ar na táscairí sin:

1. Léarscáileanna Tuilte Stairiúla www.floodmaps.ie - Léarscáiliú agus foinse sonraí do thuilte ar fud an Chontae.
2. Léarscáileanna Ithreach Gláracha www.gsi.ie - Léarscáileanna a léiríonn ceantair ina bhfuil ithir ghlárach agus inár cruthaíodh limistéir talún as sil-leaganacha dríodracha á tháinig as cosáin uisce roimhe seo.
3. Léarscáileanna Talún Tairbhiúla OPW – Go ginearálta, aithníonn na léarscáileanna ar www.floodmaps.ie na scéimeanna draenála talmhaíochta.
4. Léarscáiliú Tuilte Cósta OPW (Le fáil ag deireadh 2011 don Iarthar/don Iarthuaisceart ón OPW).
5. Aithníodh ceantair sna léarscáileanna 6" OSI mar cheantair atá 'I mBaol Tuilte'. Taispeánann na léarscáileanna seo ceantair ina bhfuil fásra réisc fosta, agus tagann fás mór orthu i dtuilemhánna.
6. Cuairt ar an Láthair – Is táscairí iontacha ag leibhéal na láithreach iad topagrafaíocht áitiúil agus gnéithe ar nós lintéir a bhféadfadh tuilte áitiúla a bheith mar thoradh orthu mar aon le marcanna de leibhéal ard uisce ar fhoirgnimh agus aon scoilt de bharr damáiste uisce. Léiríonn fásra ar nós bogshifíní saincheantair tuilte.
7. Eolas áitiúil deimhnithe.
8. Réamhléarscáileanna Measúnaithe Riosca Tuilte (RRT).

**Cur chuige Leanúnach/Scála Baoil Tuilte**
Úsáideoidh an Chomhairle an Cur Chuige leanúnach i leith tograí forbartha de réir Táblaí 16 agus 17 agus i leith an 'Scála Baoil Tuilte' A-C maidir leis na dóchúlachtaí Arda – Measartha a bhaineann le tarlú tuilte chun tograí forbartha a mheas. Tabharfaidh foilsiú an CFRAMA tuilleadh eolais don chur chuige leanúnach agus déanfar na himpleachtaí don bheartas a glacadh leis a bhreithniú agus más gá tionscnófar athrú ar an bPlean Forbartha Contae.

**Crios A – Seans ard go dtarlóidh tuile**, i.e.) níos mó ná dóchúlacht 1% nó 1 as 100 as aibhneacha agus níos mó ná dóchúlacht 0.5% nó 1 i 200 as tuilte cósta.

**Crios B – Seans measartha go dtarlóidh tuile,** i.e.) idir dóchúlacht 0.1% nó 1 i 1,000 bliain agus 1% nó 1 i 100 bliain do thuilte abhann agus idir 0.1% nó 1 i 1,000 bliain agus 0.5% nó 1 i 200 do thuilte cósta.

**Crios C – Seans íseal go dtarlóidh tuile**, i.e.) níos lú ná 0.1% nó 1 i 1,000 bliain do thuilte abhann agus cósta araon). Clúdaíonn crios tuile C gach ceantar lasmuigh de Chriosanna A nó B.

**Tábla 16 Leochaileacht Tuilte agus Treoir maidir le hÚsáid Talún**


| Aicme Leochaileachta | Úsáid Talún agus Cineálacha na Forbartha a bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leo |
|---|---|
| Forbairt Chomhoiriúnach Uisce | Infreastruchtúr rialaithe tuilte. |
| | Dugaí, muiríní agus céanna. |
| | Saoráidí Loingseoireachta. |
| | Tógáil long, deisiú agus baint ó chéile, próiseáil iasc le taobh na ndugaí agus cuisniú iasc agus gníomhaíochtaí comhoiriúnacha a bhfuil láthair in aice an uisce atá de dhíth orthu. |
| | Áineas agus turasóireacht a bhfuil bunaithe ar an uisce (gan cóir codlata san áireamh). |
| | Stáisiúin garda tarrthála agus garda cósta. |
| | Spás oscailte taitneamhachtaí, spóirt agus áineasa lasmuigh agus saoráidí riachtanacha ar nós seomraí feistis, agus; codladh coimhdeach riachtanach nó cóiríocht chónaithe do bhaill foirne trí na húsáidí sa chatagóir seo (faoi réir rabhadh sonrach agus plean aslonnaithe) |
| Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach | Foirgnimh a úsáidtear do na nithe seo a leanas: miondíolachán, fóillíocht, trádstóráil, tráchtáil, tionsclaíoch agus institiúidí neamhchónaithe. |
| | Talamh agus foirgnimh a úsáidtear do laethanta saoire nó do charbháin agus do champáil saoire turasóireachta neamhstatach, faoi réir rabhadh sonrach agus plean aslonnaithe. |
| | Talamh agus foirgnimh a úsáidtear do thalmhaíocht agus d'fhoraoiseacht. |
| | Cóireáil dramhaíola (seachas dramhaíol líonta talún agus guaiseach) |
| | Obair agus próiseáil míonraí, agus; |
| | Infreastruchtúr iompair áitiúil. |
| Forbairt atá an-leochaileach | Ní mór go mbeadh stáisiúin Gardaí, otharcharr agus dóiteáin a bheith i bhfeidhm le linn tuilte. |
| | Ospidéil. |
| | Pointí rochtana agus fágála éigeandála. |
| | Scoileanna. |
| | Tithe cónaithe, hallaí cónaithe mac léinn agus brúnna. |
| | Ionaid cúraim cónaithe, ionaid leanaí agus ionaid seirbhísí sóisialta. |
| | Carbháin agus páirceanna tithe soghluaiste. |
| | Tithe cónaithe a dearadh, a tógadh nó a cuireadh in oiriúint do dhaoine scothaosta nó, do dhaoine eile atá faoi bhac gluaiseachta, agus: |
| | Infreastruchtúr riachtanach ar nós iompar príomha agus dáileadh fóntas, lena n-áirítear stáisiúin chumhachta a ghineann leictreachas agus fo-stáisiúin, cóireáil uisce agus séarachais, agus foinsí suntasacha truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtarlódh tuilte. |

Foinse – Treoirlínte Córais Phleanála agus Bainistíochta Baoil Tuilte d'Údaráis Phleanála, Samhain 2009, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**Tábla 17: Maitrís Leochaileachta do Cheantair Uirbeacha (Féach Fíor 4 thíos)**

| | Saincheantar Tuilte A Dóchúlacht Ard | Saincheantar Tuilte B Dóchúlacht Mheasartha | Saincheantar Tuilte C Dóchúlacht Íseal |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Chomhoiriúnach Uisce** | Forbairt chuí | Forbairt chuí | Forbairt chuí |
| **Forbairt nach bhfuil chomh leochaileach** | **Tástáil fírinnithe ag teastáil** | Forbairt chuí | Forbairt chuí |
| **Forbairt atá an-leochaileach** | **Tástáil fírinnithe ag teastáil** | **Tástáil fírinnithe ag teastáil** | Forbairt chuí |

**Fíor 4: Sampla – Saincheantair Tuilte A, B agus C**




## 4.4.2 Cuspóirí

**F-O-1:** Gach togra forbartha a mheasúnú de réir na dTreoirlínte Córais Phleanála agus Bainistíochta Baoil Tuilte d'Údaráis Phleanála, Samhain 2009, de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**F-O-2:** Cur chuige leanúnach a ghlacadh i leith bainistíochta baoil tuilte agus an láthair d'fhorbairt nua á mheasúnú bunaithe ar sheachaint, laghdú agus maolú bhaol tuilte; agus

**F-O-3:** Measúnú baoil tuilte a chuimsiú nuair is cuí isteach sa phróiseas déanta cinntí maidir le hiarratais phleanála agus achomhairc pleanála.

**F-O-4:** A chinntiú go gcloífear le riachtanais dlí an AE agus náisiúnta maidir leis an timpeallacht thógtha agus caomhnú an dúlra ag gach céim den bhainistíocht baoil tuilte agus go gcloífear le hAirteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ag féachaint do na cuspóirí caomhnaithe cuí, don leas cháilitheach agus do na bagairtí i leith iontaofacht láthair Natura 2000.

## 4.4.3 Beartais

**F-P-1** Is beartas de chuid na Comhairle é a chinntiú go gcloífidh gach togra forbartha leis na Treoirlínte Córais Phleanála agus Bainistíochta Baoil Tuilte d'Údaráis Phleanála, Samhain 2009, de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**F-P-2** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a bhainistiú laistigh de thuilemhánna agus laistigh de cheantair eile a bhfuil baol tuilte iontu a bhainistiú ar bhealach leanúnach bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ansin ar mhaolú.

**F-P-3** Is beartas de chuid na Comhairle é tograí forbartha a dhéanfadh an baol tuilte in áiteanna eile níos measa a mheasúnú go cúramach d'fhonn an cur chuige leanúnach céanna a ghlacadh do scéimeanna den sórt sin.

**F-P-4** Is beartas de chuid na Comhairle é prionsabal réamhchúraim a fhostú trí úsáid a bhaint as an gcur chuige leanúnach i dtreo tograí forbartha ina bhfuil baol tuilte aitheanta iontu agus an úsáid is fearr a bhaint as an eolas atá ar fáil lena n-áirítear na Táscairí Baoil Tuilte, ach amháin sa chás go mbíonn sé fírinnithe (féach F-P-7) go bhfuil forais inbhuanaithe níos leithne ann d'fhorbairt chuí agus gur féidir an baol tuilte a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha gan an baol tuilte in áiteanna eile a ardú agus an baol tuilte foriomlán a laghdú nuair is indéanta sin.

**F-P-5** Is beartas de chuid na Comhairle é a éileamh go gcuirfidh iarratasóirí/forbróirí 'Measúnú Baoil Tuilte' agus nó 'Áirimh Dhraenála Uisce Dromchla' ó dhaoine cuícháilithe isteach nuair is cuí faoi réir na dTreoirlínte Bainistíochta Riosca Tuile, 2009 (nó mar a nuashonraítear).

**F-P-6** Is beartas de chuid na Comhairle é gan forbairt a cheadú nuair nach ndearnadh saincheisteanna tuilte a réiteach go rathúil nó nach féidir iad a réiteach go rathúil agus/nó má tá baol tuilte iarmharacha nach féidir glacadh leo fós os comhair na forbartha, na n-áititheoirí agus/nó na maoine in áit éigin eile, lena n-áirítear inter alia, suas nó síos an tsrutha.

**F-P-7** Éileofar ar thograí forbartha i gceantair uirbeacha tástáil fírinnithe a dhéanamh de réir na maitríse leochaileachta (tábla 17) agus de réir S.5.15 na dTreoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte (DEHLG), ag leagan amach go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

1. Tá an lonnaíocht ina sprioc fáis faoin Straitéis Spáis Náisiúnta , faoi na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha nó faoi Straitéis Lonnaíochta an Chontae.

2. Meastar go mbeidh úsáid na dtailte don togra áirithe nó don fhorbairt áirithe riachtanach le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na lonnaíochta uirbí a bhaint amach agus, go háirithe:

    a. Beidh sí ríthábhachtach athnuachan agus/nó leathnú lár na lonnaíochta uirbí a éascú;
    b. Beidh tailte suntasacha a ndearnadh forbairt orthu roimhe seo agus/nó nach bhfuil a dhóthain úsaide á baint astu san áireamh;
    c. Tá sí laistigh de chroílár lonnaíochta uirbí bunaithe nó lonnaíochta uirbí ainmnithe, nó tadhlach leis;
    d. Beidh si ríthábhach le fás uirbeach dlúth agus inbhuanaithe a bhaint amach; agus
    e. Ní mór d'iarratasóir ráiteas pleanála a chur isteach le taispeáint cad chuige a measann siad nach bhfuil aon tailte oiriúnacha eile ann faoi choinne na húsáide

nó an chineáil forbartha áirithe atá ann i limistéir ar lú an riosca tuilte dóibh laistigh de chroílár na lonnaíocht nó tadhlach leis.

3. Is féidir measúnacht riosca tuilte ar leibhéal oiriúnach sonraíochta, a léiríonn gur féidir riosca tuilte don fhorbairt a bhainistiú go leordhóthanach agus nach mbeidh úsáid ná forbairt na dtailte ina n-údar le tionchar díobhálach aon áit eile. NB. Is cóir inghlacthacht nó neamh-inghlacthacht aon leibhéil riosca do limistéar cónaitheach a shocrú ach breithniú ar an fhorbairt atá beartaithe agus ar an chomhthéacs áitiúil agus is cóir cur síos air sa mheasúnacht riosca tuilte ábhartha.

4. Breithnítear an fhorbairt a bheith riachtanach le cuspóirí a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a chomhlíonadh.

**F-P-8** I gceantair tuaithe, ní mór go gcuirfí Measúnú Baoil Tuilte agus tástáil fírinnithe isteach le gach togra forbartha laistigh de cheantair a bhfuil dóchúlacht ard nó dóchúlacht mheasartha tuilte ag baint leo, agus beidh siad faoi réir gnáthchritéir pleanála agus comhshaoil agus beartas eile ábhartha sa Phlean Forbartha seo. Ní mór don tástáil fírinnithe sa chás seo, na nithe seo a leanas a dheánamh:

1. An riachtanas atá ann go ndéanfar an togra forbartha ar an talamh atá i gceist seachas áit éigin eile atá níos oiriúnaí agus níos inbhuanaithe lasmuigh de cheantair tuilte ard nó mheasartha.

2. Is féidir measúnú baoil tuilte a bhfuil leibhéal cuí sonraí ag baint leis agus a léiríonn gur féidir an baol tuilte i leith na forbartha a bhainistiú go leordhóthanach agus ní chruthóidh úsáid nó forbairt na dtailte drochthionchair nach féidir glacadh leo in áiteanna eile. NB. Ní mór breithniú a dhéanamh sula nglacfar nó eile le haon baol cónaithe maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus an gcomhthéacs áitiúil agus ní mór cur síos a dhéanamh ar an mbaol sin sa mheasúnú baoil tuilte ábhartha.

3. Breithnítear go bhfuil an fhorbairt riachtanach chun cuspóirí pleanála cuí agus forbartha inbhanaithe an cheantair a bhaint amach.

**F-P-9** Is beartas de chuid na Comhairle é úsáid na gCóras Inbhuanaithe Draenála Uirbeacha (SUDs), na gceantar maolaithe tuilte, scaoileadh rialaithe na n-uiscí dromchla agus úsáid na spásanna oscailte do dhromchlaí crua leath-thréscaoilteacha a chur chun cinn do thograí forbartha cuí.

**F-P-10** Is beartas de chuid na Comhairle é ról nádúrtha na dtuilemhánna mar bhealach maolaithe tuilte a dhaingniú agus a chur chun cinn in imthosca cuí. D'fhéadfaí ceantair talmhaíochta agus spásanna oscailte folmha laistigh de thuilemhánna a bhreithniú mar cheantair agus mar spásanna atá oiriúnach d'fhorbairt mar limistéir taitneamhachta/áineasa agus páirceanna poiblí foirmiúla, ó tharla go bhfeidhmíonn siad fosta mar dhobharcheantair tuilte.

**F-P-11** Is beartas de chuid na Comhairle é forbairt na n-oibreacha feabhsúcháin tuilte fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a éascú, lena n-áirítear claífoirt, cosaintí farraige, cainéil draenála, locháin maolaithe chun baol tuilte agus an damáiste a dhéantar do shlite beatha, do mhaoine agus do ghnólachtaí a mhaolú faoi réir breithnuithe comhshaoil ar a n-áirítear tionchar féideartha ar uiscí sliolgéis ainmnithe agus, dobharcheantair dúilicíní péarla fionnuisce agus chomhlíonadh Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

# County Donegal Development Plan 2012 - 2018

# Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018

## Map 3 / Léarscáil 3

## Strategic Transport Network
## Líonra Iompair Sraitéiseach


Strategic Road Network
Gréasán Bóithre Straitéiseacha

National Roads
Bóithre Náisiúnta

Regional Roads
Bóithre Réigiúnacha

Airport
Aerfort


Strategic Ports
Calafort Straitéiseach




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall


Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012


To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.




**County Donegal Development Plan**

**2012 – 2018**

**Plean Forbatha Contae Dhún na nGall**

**Map 4 / Léarscáil 4**

**Donegal Airport Safeguarding**

**Aerfort a chosaint léarscáil**

**1 & 2** Transitional Surfaces Maximum Elevation 47.88m
**1 & 2** Dromchlaí Idirchriosacha Uas-Airde 47.88m

**3 & 4** ILS Transitional Surfaces Maximum Elevation 302.88m
**3 & 4** Dromchlaí Idirchriosacha CTT (Córas Trealaimh Tuirlingthe) Uas-Airde 302.88m

**5** Approach Surfaces @ 3.33% Maximum Elevation 86.21m
**5** Dromchlaí Isteach @3.33% Uas-Airde 86.21m

**6** Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 84.43m
**6** Dromchlaí Isteach @ 2.5% Uas-Airde 84.43m

**7** Approach Surfaces @ 4% Maximum Elevation 444.43m
**7** Dromchlaí Isteach @ 3% Uas-Airde 444.43m

Take Off Surfaces @ 4%
**8** Maximum Elevation 102.88m
**9** Maximum Elevation 109.43m
Dromchlaí Imeachta @ 4%
**8** Uas-Airde 102.88m
**9** Uas-Airde 109.43m

**10 & 11** Inner Horizontal Surfaces Maximum Elevation 47.88m
**10 & 11** Ion-Dromchlaí Cothrománacha Uas-Airde 47.88m

**12 & 13** Conical Surfaces @ 3% Maximum Elevation 107.88m
**12 & 13** Dromchlaí Cónúla @ 5% Uas-Aidre 107.88m

**14** Missed Approach Surfaces @ 2.5% Maximum Elevation 302.88m
**14** Dromchlaí Ascnaimh Iomraill @ 2.5% Uas Aidre 302.88m


0 1km 2.5km 5km

**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

## Map 5 / Léarscáil 5

## Mobile Telecommunications Network
## Gréasán Teileachumarsáide do Ghutháin Phóca




Licensed Mobile Telecommunications Equipment
Trealamh Teileachumarsáide Soghluaiste Ceadúnaithe

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.

Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.


Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

## Map 6 / Léarscáil 6

## Major ICT Wireless Network (Line of Sight)
## Mórlíonra ICT gan Sreang (Líne Amhairc)




Wireless Routes
Bealaí gan sreang

Public Service Centre Wide Area Network
Gréasán Achair Fhairsing an Ionad Seirbhísí Pobail

Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall


Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.

Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012


To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.

Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

# Caibidil 5
# Tithíocht
## Straitéis Tithíochta, Tithíochta Uirbeach, Tithíocht Tuaithe, Cóiríocht don Lucht Siúil.



# Caibidil 5 Tithíocht

## 5.1 Straitéis Tithíochta

### 5.1.1 Culrá

Ullmhaítear an Straitéis Tithíochta faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2010 chun leibhéal soláthair tithíochta a dhéanfaidh freastal ar na riachtanais tithíochta gach earnáil den daonra a spreagadh agus a éascú laistigh de na ceantair atá clúdaithe ag Pleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil aonair.

Déanann an straitéis iniúchadh ar riachtanais tithíochta an daonra amach anseo i dteannta leis an riachtanas a cheapfar a bheidh ann do thithíocht sóisialta agus inacmhainne. Tugann an straitéis aghaidh ar an riachtanas atá ann do mheascán cineálacha tithe amach anseo ag teacht leis an gCroí-Straitéis agus leis na spriocanna fáis daonra a aithníodh i gCaibidil 2.

Aithníonn an tAcht chomh maith go bhfolárfaidh an straitéis tithíochta, mar bheartas ginearálta, go gcoinneofar céatadán sonraithe, nach mbeidh níos mó ná 20% den talamh criosaithe d'úsáid chónaithe chun tithíocht sóisialta agus inacmhainne a sholáthar.

Forálann an Straitéis Tithíochta d'athbhreithniú i gcomhthéacs na Croí-Straitéise, éileamh ar thithíocht sóisialta agus inacmhainne agus ar sholáthar beartaithe. Déanann an anailís seo comparáid leis an méid atá leagtha amach sa Straitéis Tithíochta roimhe seo ach tá aird ar fhorálacha agus ar riachtanais an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010 agus ar na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha 2010. Ó thaobh na gcuspóirí, leanann an Straitéis Tithíochta seo le 15% de thalamh atá criosaithe d'úsáid chónaithe nó mheasctha agus do thithíocht sóisialta agus inacmhainne a choimeád. Cuireann an straitéis seo, ina dhiaidh sin, le bunús chuspóirí na Straitéise Tithíochta 2006-2012 chun aghaidh a thabhairt mar shampla ar bheartas tithíochta, ar idirscaradh sóisialta, ar éileamh ar thithíocht agus ar na meicníochtaí chun freastal ar riachtanas tithíochta.

**Ba chóir an Straitéis a léamh i gcomhar le Croí-Straitéis an Phlean seo a leagann amach na forálacha maidir le spriocanna daonra a dháileadh, leis an ordlathas lonnaíochtaí (Tagraíonn Léarscáil 1) agus le teilgin daonáirimh do phríomhlonnaíochtaí. Déanann an Croí-Straitéis agus an Straitéis Tithíochta fócas in athuair ar phatrún fáis cónaithe trí chur chuige faoi stiúir ag plean agus bunaithe ar fhianaise a dhéanfadh soláthar d'fhorbairt ag suíomhanna a bhfuil cumas seirbhíse agus infreastruchtúir acu chun freastal a dhéanamh ar fhorbairt tithíochta nua.**

Aithníonn an Chomhairle an soláthar suntasach aonad tithíochta arbh fhéidir a chur ar fáil trí eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, ceadanna pleanála ar marthain agus réadmhaoin fholamh chomh maith leis na spriocanna daonra socraithe ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Tugtar i dtábla 3 den den Chroí-Straitéis tuilleadh eolais ina leith seo laistigh de aicmí an ordlathais lonnaíochta. Spreagfar úsáid na sócmhainní ábharacha seo sa chéad dul síos ar son soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne nuair is féidir.

**Tithíocht Sóisialta agus Inacmhainne**

Forálann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nach mór don Straitéis Tithíochta Contae soláthar a dhéanamh do thithíocht sóisialta agus inacmhainne araon. Maidir leis sin, is é an sainmhíniú a thugann an straitéis ar thithíocht sóisialta ná tithíocht ar cíos ón Údarás Áitiúil, nó ó chomhlacht tithíochta comhoibritheach deonach nó cóiríocht a sholáthraítear tríd an Scéim Cóiríochta

Cíosa. Sainmhínítear Tithíocht Inacmhainne mar thithe a bhfuil úinéirí ina gcónaí iontu nó úinéireacht roinnte/scéim cheannacháin incriminteach a sholáthraítear ag praghas níos ísle ná luach an mhargaidh.

**An tÉileamh ar Thithíocht Sóisialta agus Inacmhainne agus ar Chóiríocht don Lucht Siúil**

Ag deireadh 2010 measadh go raibh riachtanas tithíochta ag thart ar 2,500 duine ar an liosta feithimh Tithíochta sóisialta. Sa bhreis air sin tá líon suntasach daoine ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus ag fáil forlíonadh cíosa le níos mó ná ocht mí dhéag. Ó tharla go bhfuil forlíonadh cíosa íníoctha le daoine a mheastar nach bhfuil in ann costas na cóiríochta a íoc as a n-acmhainní féin, meastar go bhfuil riachtanas tithíochta acu sin chomh maith. Nuair a ghlactar na daoine ar liosta feithimh na Comhairle agus na daoine a fhaigheann forlíonadh cíosa ar feadh tréimhse níos mó ná ocht mí dhéag san áireamh tá an riachtanas iomlán cothrom le tuairim is 4,200. Léirigh an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 mar atá glactha ag an gComhairle Contae gur theastaigh cóiríocht do 91 teaghlach lucht siúil sa Chontae ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, 2008 agus tá siad sin san áireamh sa riachtanas tithíochta sóisialta foriomlán a aithníodh. D'aithin an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil go raibh gá le trí (3) láthair neamhbhuana agus go gcaithfidh athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá a bheadh leis an cheathrú ceann.

I dteannta na treochtaí sa mhargadh go ginearálta, tá laghdú suntasach tagtha ar an éileamh atá ar thithíocht inacmhainne. I rith 2010, thug an Chomhairle fiche (20) áit chónaithe inacmhainne nach raibh díolta ar léas do sholáthróirí tithíochta deonacha ar feadh tréimhse cúig (5) bliana lena leithroinnt ar dhaoine ar liosta feithimh na Comhairle. Déanfar athbhreithniú ar stádas na n-áiteanna cónaithe ag deireadh na tréimhse cúig (5) bliana.

Tá seasca (60) áit chónaithe cháilitheach leithdháilte ag an Chomhairle le díol faoin Scéim Cheannachán Incriminteach. Faoin scéim, íocann an ceannaitheoir praghas lascainithe ar áit chónaithe nua agus faigheann sé úinéireacht iomlán agus bíonn sé freagrach as í a chothabháil agus árachas a chur uirthi. Ó tharla gur scéim í seo nach bhfuil ach díreach tagtha isteach, níl mórán éilimh uirthi go fóill agus ní bheidh fios cén éileamh a bheidh uirthi go mbeidh tréimhse an phlean i bhfeidhm.

**Soláthar Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne agus Cóiríocht don Lucht Siúil**

Tá próiseas chun an bhéim ar sheachadadh tithíochta sóisialta a bhogadh ón spleáchas ar thógáil agus ar cheannacht chuig ról níos mó do mheicníochtaí seachadta níos solúbtha ar siúl anois le roinnt blianta anuas. In 2004 thug Tuarascáil 112 'Tithíocht in Éirinn, Beartas agus Feidhmíocht' de chuid na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) anailís thábhachtach ar na dúshláin atá roimh bheartas tithíochta sa mheántéarma. Formhuinigh an tuarascáil an gá a bhí ann le cur chuige solúbtha agus grádaithe maidir le tacaíocht tithíochta. D'fhorbair tuarascálacha NESC uimhir 113 agus 114 ina dhiaidh sin in 2005 dar teideal 'Stát Leasa Forbarthach' agus 'Daoine, Táirgiúlacht and Cuspóir' faoi seach dearcadh níos leithne ar gach seirbhís bunaithe ar 'chur chuige saolré' maidir le beartas sóisialta a fhorbairt. De réir an léargais sin, feictear riachtanas ar shlí níos diminiciúil, agus scrúdaítear rioscaí agus contúirtí atá roimh dhuine i sochaí na hÉireann agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ag céimeanna éagsúla den saolré. Leanaí, daoine óga, daoine in aois oibre, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas na príomhghrúpaí a aithníodh.

In 2007 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Ráiteas ar Bheartas Tithíochta dar teideal 'Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail Inbhuanaithe' agus d'fhormhuinigh sí coincheap an 'chur chuige saolré' i dtuarascálacha an NESC maidir lena mbeartas tithíochta a fhorbairt. Aithníonn an ráiteas an ról tábhachtach atá ag an stát maidir le tacaíocht a chur ar fáil do líonta tí nach bhfuil in ann freastal ar a riachtanas cóiríochta óna n-acmhainní féin. Déanfar foráil ar an tacaíocht sin trí chóras meicníochtaí tacaíochta solúbtha a chruthú a bheadh oiriúnaithe chun riachtanais ar leith na líonta tí a chur san áireamh ag cibé pointe ina bhfuil siad sa tsaolré ar dhóigh a chumasóidh rogha pearsanta agus féinriail.

Meastar dá réir sin go ndéanfar an Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP) a athlonnú agus a athbhunú chun leanúnachas soláthar a chinntiú ar bhonn inbhuanaithe. Beidh béim maidir le soláthar tithíochta amach anseo luite ar shraith mhéadaithe roghanna nach mbaineann le tógáil lena n-áirítear:
Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta
Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)
Ról Leathnaithe na hEarnála Deonaí agus Comhoibrí
Iasachtaí agus Deontais chun áiteanna cónaithe a cheannach/ a fheabhsú.

Is beag infheistíochta caipitil a bheidh i gceist maidir le tógáil nó ceannacht na n-údarás áitiúil agus cuirfear cibé maoiniú caipitil atá ar fáil in ord tosaíochta chun freastal ar riachtanais speisialta, chun tacú le hathghiniúint agus chun an stoc tithíochta a fheabhsú. Is trí na meicníochtaí sin a thiocfaidh formhór an chóiríocht a bheidh á sholáthar don Lucht Siúil. Is í an earnáil Dheonach agus Chomhoibríoch den chuid is mó a sheadadfaidh na tionscnaimh tógála as an nua amach anseo maidir le gnáth-thithíocht sóisialta trí mheicníochtaí tógála lena léasú agus meicníochtaí airgeadais nuálacha eile. Cuireann an Chomhairle na scéimeanna deonacha, an Scéim Chúnamh Caipitil ach go háirithe, chun cinn agus leanfaidh sí leis sin, trí chruinnithe idirghníomhaireachta le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Díreoidh an Chomhairle ar chásanna riachtanas speisialta nuair is léir nach bhfuil an clár tithíochta sóisialta a bhaineann le tógáil as an nua, scéim léasaite/cóiríochta cíosa in ann freastal ar riachtanais na gcliant sin.

Mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ag an Chomhairle maidir le diúscairt na n-aonad inacmhainne atá ann cheana agus mar gheall ar an mhoill sa mhargadh tithíochta go ginearálta, ní mheastar go mbeidh foráil ar bhreis thithíocht inacmhainne mar ghné shuntasach de chlár tithíochta na Comhairle go luath amach anseo. Coinneofar an seasamh maidir leis an Scéim Ceannacháin Incriminteach faoi athbhreithniú le linn shaolré an phlean.

B’éigean don údarás áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas maidir le líonta talún oiriúnacha chun tithíocht sóisialta a sholáthar mar thoradh ar an athrú i mbeartas tithíochta sóisialta ar tagraíodh dó thuas go háirithe maidir leis an chlár tógála a bhfuil laghdú mór air. Níl sé i gceist an cúlsholáthar talún breise a fháil sa ghearrtéarma go dtí an meántéarma agus tá sé beartaithe anuas air sin an cúlsoláthar talún atá ann cheana a chothabháil seachas é a dhiúscairt mar ullmhúchán ar éilimh amach anseo do sholáthar tithíochta nach mbeifí in ann a sheadadadh trí shraith roghanna nach mbaineann le tógáil.

**Ag Freastal ar Riachtanais**

Bainfaidh an fhreagairt ar riachtanas tithíochta le raon tionóntachtaí a leithdháileadh faoi Chlár Tithíochta Sóisialta na Comhairle agus faoin gClár Tithíochta Deonaí, an Scéim Cóiríochta Cíosa, soláthar cúnaimh i bhfoirm scéimeanna iasachtaí agus an clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Chun freastal ar na riachtanas sin, beidh fíorghá le treoir maidir le hinfhaighteacht na mbeart gníomhachtaithe éagsúla chun tacaíocht tithíochta sóisialta a sholáthar. Cé go mbeidh cur i bhfeidhm Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt mar ghné thábhachtach chun freastal ar riachtanas, ní bheidh ról chomh suntasach sin aige mar a samhlaíodh roimhe seo mar gheall ar an gcúlú suntasach i dtionscal na tógála. Maidir leis sin, ba chóir go leanfaí le Cuid V a chur i bhfeidhm i dtéarmaí 15% forchoimeádais do Thithíocht Sóisialta agus Inacmhainne.

Díreoidh an clár tithíochta sóisialta den chuid is mó ar sholáthar tithíochta tríd an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta agus Scéim Cóiríochta Cíosa.

Maidir leis sin tá 201 aighneacht faighte ag an Údarás Áitiúil lena mbaineann 1145 aonad faoin gClár Léasaithe Sóisialta agus tá léasanna fadtéarmacha (10 mbliana) á mbaint amach ar bhonn leanúnach chun freastal ar riachtanas tithíochta sóisialta ar dhóigh shubstaintiúil. Is í an Scéim Cóiríochta Cíosa go príomha a sholáthraíonn tithíocht sóisialta le 125 aistriú ar an meán chuig an gclár beartaithe ar bhonn bhliantúil. Leagann an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 amach spriocanna na Comhairle chun freastal ar riachtanais an Lucht Siúil trí tríocha (30) aonad cóiríochta buan a sholáthar

chomh maith le trí (3) láthair do chóiríocht neamhbhuan. Maidir le teaghlaigh lucht siúil atá faoi dhíon i ngnáthchóiríocht, tá lánpháirtiú níos fearr beartaithe.

Déanfaidh na bearta go léir atá beartaithe, mar aon le forbairt an chuir chuige 'saolré' maidir le measúnú an riachtanais tithíochta ag pointe ama ar leith freastal ar an riachtanas tithíochta sóisialta ar bhonn shubstaintiúil thar na 5 - 10 mbliana amach romhainn.

## 5.1.2 Cuspóirí:

**HS-O-1:** Cuirfidh an Chomhairle chun cinn agus déanfaidh sí forbairt ar choincheap tithíochta inoiriúnaithe saolré chun freastal ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumais, na ndaoine scothaosta, daoine singil agus ar riachtanais na ndaoine sin a mbíonn a gcúinsí teaghlaigh ag athrú.

Tabharfar tosaíocht do luathaithint riachtanas ó thaobh tithíochta inoiriúnaithe saolré mar aon le sainoiriúnú iomchuí ar mheascán cineálacha tithíochta chun freastal ar na riachtanais aitheanta.

**HS-O-2:** Comhairle a chur ar fáil trí Aonaid Sheirbhísí Poiblí agus trí na ceithre (4) Chomhairle Baile d'iarratasóirí maidir leis an raon cúnaimh tithíochta atá ar fáil ag teacht leis na scéimeanna reatha go léir.

Cinnteoidh an tseirbhís seo go mbeidh iarratasóirí ar an eolas faoin raon roghanna atá ar fáil agus ar an rogha aitheanta is iomchuí. Meastar go bhfuil sé seo mar chuid lárnach chun soláthar leordhóthanach a sheachadadh chun freastal ar riachtanas agus an úsáid is éifeachtaí ar acmhainní agus scéimeanna a chinntiú.

**HS-O-3:** Cuirfidh an Chomhairle Contae meascán tithíochta iomchuí agus forbartha lárionad pobail chun cinn nuair is cuí trí dul i mbun comhairliúcháin leathan le gníomhaireachtaí éagsúla laistigh den Chontae agus trína gCoistí Toghlimistéar agus tríd an gCoiste Beartais Straitéisigh Corparáideach/Tithíochta. Beidh caighdeáin le socrú agus le baint amach sa ghníomhaíocht chun freastal ar an gcleachtas a nglactar leis mar atá leagtha amach sna treoirlínte ábhartha go léir, lena n-áirítear treoirlínte cúraim leanaí, arna eisiúint ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

**HS-O-4:** Tá sé beartaithe ag an Chomhairle an bearna a laghdú tuilleadh idir an liosta feithimh tithíochta agus na meicníochtaí soláthair éagsúla trí leanúint le tithíocht dheonach a chur chun cinn, go háirithe i gcás daoine bhfuil riachtanais speisialta acu.

**HS-O-5:** Déanfaidh an Chomhairle iarracht maoiniú leordhóthanach a leithdháileadh tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil agus eile chun an stoc atá ar cíos aici a chothabháil ag caighdeán inghlactha agus go háirithe chun stoc níos sine a uasghrádú ag úsáid na foinsí maoinithe ar fad atá ar fáil.

**HS-O-6:** Déanfaidh an Chomhairle iarracht meascán cineálacha tithíochta iomchuí a bhaint amach laistigh d'fhorbairtí a thugann aird ar dhéimeagrafacha athraitheacha na ndaoine ar an liosta tithíochta.

**HS-O-7:** Spreagfaidh an Chomhairle úsáid sócmhainní ábharacha atá ann ar a n-áirítear eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, réadmhaoin fholamh, ceadanna pleanála ar marthain le

tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar nuair is oiriúnach agus is féidir faoi réir comhlíonadh forálacha eile beartais den phlean seo.

## 5.1.3 Beartais

**HS-P-1:** Tá de bheartas ag an Chomhairle 15% de thalamh atá criosaithe d'úsáid chónaithe nó do mheascán úsáidí conaithe agus úsáidí eile chun tithíocht sóisialta agus inacmhainne a sholáthar.

Leanfaidh an Chomhairle leis an choinníoll a leanas a ghearradh ar gach iarratas pleanála do thithíocht ar thailte criosaithe ábhartha:-

Sula gcuirfear tús le forbairt tógála, rachaidh an t-iarratasóir/ forbróir i mbun comhaontaithe leis an Chomhairle faoi Alt 92(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú ag Alt 3 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2002 do na nithe seo a leanas:-

a. Cuid de na tailte laistigh den láthair iarratais a aistriú; nó
b. Tithe laistigh den láthair iarratais a thógáil nó a aistriú; nó
c. Láthair seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán laistigh de láthair an iarratais a aistriú; nó
d. Tailte eile a aistriú; nó
e. Tithíocht ar thailte eile a thógáil nó a aistriú; nó
f. Láthair seirbhísithe i bpáirt nó go hiomlán ar thailte eile a aistriú; nó
g. Suim airgid chomhaontaithe a íoc; nó
h. Meascán de (a) agus ceann amháin nó níos mó de na roghanna eile (i.e. (b) – (g))
   Cúis: Chun cloí le straitéis tithíochta na Comhairle.
   Nuair is é an rogha comhaontaithe é tithe a sholáthar, éileoidh an Chomhairle go mbeidh 60% den fhorbairt fhoriomlán ar a laghad i gcrích sula ndéanfar é a aistriú.

**HS-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle an cúlsoláthar tithíochta sóisialta atá ann a chothabháil le go mbeidh sé in ann freastal ar riachtanas nuair nach mbíonn aon roghanna soláthair neamhthógála oiriúnacha ar fáil.

**HS-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 a chur i bhfeidhm arna ghlacadh agus aon clár ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh an Chomhairle a ghlacadh.

## 5.2 Tithíocht Uirbeach

### Aidhm:

**Tithíocht uirbeach ar ardchaighdeán a bhaint amach i bpríomhbhailte sa Chontae chun freastal leordhóthanach a dhéanamh ar fhás daonra amach anseo ar dhóigh a dhéanann soláthar d'fhorbairt leanúnach agus shubstaintiúil bailte agus ar lánpháirtiú pobal leis an leibhéal iomchuí infreastuchtúir agus soláthair seirbhíse.**

### 5.2.1 Cúlra

Tháinig méadú suntasach ar thithíocht uirbeach sa Chontae sa tréimse 2000 go dtí 2008 agus tá laghdú suntasach tagtha uirthi ó shin. Tá forbairtí ilchónaithe ar mhórscála le fáil ar fud bhailte an Chontae lena n-áirítear Leitir Ceanainn agus mar an lárionad Geatabhealaigh. Comhlíonann tithíocht uirbeach feidhm thábhachtacht ó thaobh aonaid thithíochta a sholáthar laistigh de struchtúir bailte atá ann cheana agus cuireann sé tithíocht atá gar do scoileanna, saoráidí pobail, saoráidí sláinte, siopadóireacht, fostaíocht agus siamsaíocht ar fáil. Ó thaobh an chomhshaoil de, comhlíonann sé cuspóir inbhuanaitheachta toisc go gciallaíonn tithíocht uirbeach gur féidir an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní talún agus gníomhaíocht dírithe laistigh de dhobharcheantar spásúil aitheanta.

Leagann an Croí-Straitéis i gCaibidil 2 amach go sonrach, líon na leithdháiltí tithíochta iomlána (in uimhreacha aonaid) a aithnítear sna Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann agus an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an Chomhairle, tríd an orlathas lonnaíochtaí (tagraíonn Léarscáil 1), soláthar a dhéanamh ar an leithdháileadh tithíochta seo sa Chontae. Bunaíonn an Croí-Straitéis comhthéacs spáis do thithíocht uirbeach nua, príomhionaid fáis a aithint ina dhíreofar forbairt thithíochta nua agus déanfaidh na cuspóirí agus beartais sa chaibidil seo iarracht caighdeán na bhforbairtí nua a chur chun cinn.

Ar aon chéim le béim níos dírithe ar na láithreacha do na hiliomad forbairtí nua, beidh buntáistí suntasacha mar thoradh ar chur chun cinn an phróisis deartha d'fhorbairtí ilchónaithe. Mar thoradh air sin, beidh áiteanna níos tarraingtí le cónaí, beidh foráil ar chomhcheangailteacht agus lánpháirtiú maidir le tithíocht nua leis an gcomhdhéanamh uirbeach atá ann cheana, soláthrófar spásanna dearfacha, soláthrófar réitigh dearaigh nuálacha, agus cabhrófar le spiorad pobail a fhorbairt agus coireanna a laghdú. Beidh feabhas ar na háiteanna a chónaímid nuair a bheidh na buntáistí seo ar fad san áireamh. Tacaíonn foilsiúchán ar Threoir de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil leis an gcur chuige sin mar seo a leanas:

- 'Tithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe, Treoirlínte Sárchleachtais maidir le Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil,' DEHLG, 2007.
- 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua,' DEHLG, 2007
- 'Treoirlínte ar Fhorbairt Tithíochta Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha,' DEHLG, 2009.
- 'Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach, Treoir Shárchleachtais, Doiciméad a ghabhann le Treoirlínte ar Fhorbairt Tithíochta Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' DEHLG, 2009.

Aithníonn an Chomhairle an soláthar suntasach aonad tithíochta arbh fhéidir a chur ar fáil trí eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, ceadanna pleanála ar marthain agus réadmhaoin fholamh chomh

maith leis na spriocanna daonra socraithe ag na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Tugtar i dtábla 4 den Chroí-Straitéis tuilleadh eolais ina leith seo laistigh d'aicmí an ordlathais lonnaíochta.

## 5.2.2 Cuspóirí:

Seo a leanas na cuspóirí a bhaineann le tithíocht uirbeach:

**UB-O-1:** An riachtanas réamh-mheasta d'aonaid thithíochta a dháileadh ag teacht leis an gCroí-Straitéis mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 a fhorálann do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

**UB-O-2:** Forbairt chónaithe uirbeach nua a sheachadadh i mbailte ar dhóigh leanúnach, amach ón gcroílár ag baint an úsáid is fearr as infreastruchtúr, as acmhainní talún agus ag cabhrú le hathghiniúint na mbailte atá ann cheana.

**UB-O-3:** Lena chinntiú nach ndéanfar forbairt chónaithe nua sula gcuirfear na cláir atá beartaithe i bhfeidhm maidir le hinfheistíocht in infreastruchtúr crua (m.sh. bóithre, cosáin, dramhuisce, soláthar uisce) agus in infreastruchtúr sóisialta agus pobail.

**UB-O-4:** Lena chinntiú go ndéanfar forbairt chónaithe nua a lánpháirtiú le forbairt uirbeach atá ann cheana ar dhóigh a dhéanfaidh foráil ar áiteanna agus ar spásanna dearfacha.

**UB-O-5:** Cáilíocht a chur chun cinn i bhforbairt chónaithe nua.

**UB-O-6:** Foráil shásúil a chinntiú maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne chuig ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach sna láithreacha is iomchuí, áit ar féidir seirbhísí agus infreastruchtúr riachtanach a chothabháil agus a sholáthar go héasca.

**UB-O-7:** Lena chinnitiú go ndéantar ilfhorbairt chónaithe nua sa Ghaeltacht ar dóigh a chaomhnaíonn oidhreacht teanga agus cultúir na gceantar sin.

**UB-O-8:** Le cinntiú go gcuirtear ar fáil bun-infreastruchtúr le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt nua ilchónaitheach ar dhóigh a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe comharsanachta.

## 5.2.3 Beartais

Seo a leanas Beartais na Comhairle, atá leagtha amach chun an aidhm agus na cuspóirí atá sonraithe thuas a chomhlíonadh:

**UB-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle ilaonaid tithíochta nua (sainmhínithe mar 2 aonad nó níos mó) a threorú i dtreo na mbailte sin atá aitheanta sa Chroí-Straitéis/Chuntas ar Aicmí Bailte. Beidh scála forbairt den chineál seo ag teacht leis an bhfás dírithe réamh-mheasta do na haicmí sainiúla sin; tabharfad aird ar imthosca an bhaile shainiúil lena n-áirítear leibhéal na talún criosaithe agus beidh sé de réir ábhar na 'gCreatchórais Bailte' do gach baile mar atá sonraithe in aguisín A den phlean seo.

Leag Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Réigiún na Teorann amach spriocanna daonra don Chontae suas go dtí 2016 agus as na spriocanna sin faightear líon na n-aonad tithíochta agus Riachtanais Talún Tithíochta gaolmhara. Maidir leis sin, aithníonn an RPG

go gcaithfear soláthar a dhéanamh do 2,700 daoine faoi 2016 i Leitir Ceanainn agus méadú de 10,277 duine breise dáilte ar fud líonra na mbailte ar fad sa Chontae chomh maith leis an gceantar tuaithe. Leagann an Croí-Straitéis, caibidil 2, amach cur chuige na gComhairlí maidir le dáileadh an fháis réamh-mheasta seo go sonrach.

**UB-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle laistigh de chríocha na mbailte in Aicmí 2 agus 3, go ndéanfar iarratais ar fhorbairt chónaithe a mheas i bhfianaise na mbreithnuithe pleanála ábhar cuí ar fad lena n-áirítear criosaithe d'úsáid talún, fáil ar infreastruchtúr, beartais ábhartha an Phlean Forbartha Contae agus treoir/beartas réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmniúcháin comhshaoil cuí agus Beartas WES-P-10 na Comhairle agus ba chóir go mbeadh aird ag na forbairtí sin ar scála agus ar chineál an bhaile.

**UB-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle nuair a bheartaítear iarratas nua ar fhorbairt cónaithe ar thalamh nach bhfuil criosú cónaithe dearfach déanta air (nó criosú d'úsáid mheasctha lena n-áirítear gné chónaithe) ní dhéantar an togra a mheas go fabhrach mura féidir a léiriú nach gcuirfidh an togra isteach go hábhartha ar an Chroí-Straitéis, agus nach dtiocfadh sé salach ar aon bheartas eile den Phlean Forbartha Contae nó ar phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

**UB-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle freastal ar aon riachtanas a aithnítear d'aonaid chónaithe nua laistigh de chríocha baile an Bhuna Bhig-Dhoirí Beaga (aicme 3). Déanfar iarratais ar fhorbairt chónaithe a mheas i bhfianaise dáilte ón sciar fáis atá cionroinnte chuig an Chontae trí Threoirlínte Pleanála do Réigiún na Teorann 2010-2022. Beidh an sciar fáis chuig an Bun Beag – Doirí Beaga mar chion coibhneasta i gcomhthéacs na mbailte aicme 3 go léir agus beidh an glacadh ag teacht leis an Chroí-Straitéis. Maidir le hiarratais ar aonaid chónaithaithe nua, beidh aird ar gach breithniú pleanála ábhair lena mbaineann, beartais ábhartha an Phlean Forbartha Contae agus treoir/beartas réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmniúcháin comhshaoil chuí agus Beartas WES-P-10 na Comhairle ach go háirithe.

Aithníonn an Creatchóras Bailte do Bhun Beag-Doirí Beaga in Aguisín A den phlean seo an pátrún bailte uathúil agus traidisiúnta atá tagtha chun cinn sa Bhun Beag-Doirí Beaga atá comhdhéanta de thithe aonaracha den chuid is mó. Mar fhreagra ar sin, níl pacáiste talún cónaithe criosaithe go sonrach ag an Chomhairle ach déanfaidh sí monatóireacht ar thograí thar thréimhse an phlean i bhfianaise an sprice céatadáin fáis foriomlán atá dáilte ar aicme 3.

**UB-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle freastal ar an riachtanas iomchuí d'aonaid chónaithe nua i mBéal Átha Seanaidh agus sna Cealla Beaga laistigh de threorainneacha an phlean a aithníodh i bPlean Forbartha Bhaile Átha Seanaidh agus na Ceantar Máguaird 2009-2015 agus i bPlean Limistéir Áitiúil na gCealla Beaga 2008-2014. Déanfar iarratais ar fhorbairt chónaithe a mheas i bhfianaise dáilte ón sciar fáis atá cionroinnte chuig an gContae trí Threoirlínte Pleanála do Réigiún na Teorann 2010-2022 de 219 aonad i leith Bhaile Átha Seanaidh agus 110 aonad i leith na gCealla Beaga agus beidh aird ar gach breithniú pleanála ábhair lena mbaineann, beartais agus criosaithe ábhartha an Phlean Forbartha Contae ábhartha agus treoir/beartas Réigiúnach, Náisiúnta eile, ainmniúcháin comhshaoil chuí agus Beartas WESP5 na Comhairle ach go háirithe.

**UB-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle, laistigh de theorainneacha Aicme 4, go gcuimseoidh aon togra nua faoi choinne forbairt chónaitheach (2 aonad nó níos mó) ráiteas go bhfuil an togra de réir fhorálacha na Croí-Straitéise, ar a n-áirítear Beartais CS-P-3 agus CS-P-4, maidir le gach gné ábharach agus nach dtagann sé salach go hábharach le haon bheartas eile den phlean seo agus go bhfuil sé de réir phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe na lonnaíochta.

**UB-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt úsáid mheasctha a ionchorpraíonn úsáid cónaithe a threorú chuig lár an bhaile i mbailte in aicmí 2 & 3 mar thosaíocht thar talamh atá suite lasmuigh de lár na mbailte. Déanfar measúnú ar thogra ar bith den chineál sin faoi réir breithnuithe pleanála ábhair cuí lena n-áirítear criosaithe d'úsáid talún, fáil ar infreastruchtúr, beartais ábhartha an Phlean Forbartha Contae (lena n-áirítear Straitéis Miondíola) agus treoir/beartas réigiúnach agus náisiúnta eile agus ainmniúcháin comhshaoil chuí.

Tá treorainneacha lár na mbailte do bhailte in aicmí 2 agus 3 dílínithe sna Creatchórais Bailte in Aguisín A. Dílíníonn na léirscáileanna méid lár an bhaile ag gach láthair.

**UB-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle go léireodh tograí forbartha d'fhorbairtí cónaithe nua (2 aonad nó níos mó) i mbailte ina bhfuil an próiseas deartha, leagan amach, sonraíochta, críche na forbartha beartaithe ag freastal ar na treoirlínte atá leagtha amach sna phríomhfhoilseacháin Rialtais seo a leanas: ithíocht Ardchaighdeáin do Phobail Inbhuanaithe, Treoirlínte Sárchleachtais maidir le Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil,' DEHLG, 2007.

- 'Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua,' DEHLG, 2007.
- 'Treoirlínte ar Fhorbairt Tithíochta Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha,' DEHLG, 2009.
- 'Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach, Treoir Shárchleachtais, Doiciméad a ghabhann le Treoirlínte ar Fhorbairt Tithíochta Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha' DEHLG, 2009.

Leagtar béim ar áiteanna ar ard-cháilíocht a sheachadadh ina mbeidh daoine ag iarraidh a bheith ina gcónaí agus maidir leis sin, tá an Chomhairle muiníneach go mbeidh éifeachtaí dearfacha ann ó thaobh comharsanachtaí nua a chruthú a bheidh inmharthana agus tarraingteach má ghlactar le cur chuige atá faoi threoir ag cáilíocht. Bunaíonn na Treoir-Dhoiciméid atá sonraithe thuas próiseas deartha soiléir a mbeidh ar iarratasóirí a chur i bhfeidhm trí:

- Threoir le haghaidh dearadh a ullmhú a dhéanann cur síos ar an láthair i gcomhthéacs na mbailte; achoimre ar na cuspóirí agus ar na beartais phleanála forbartha cuí; aon chonstaicí pleanála nó forbartha a aithint e.g eolas ar thuilte, láithreáin agus séadchomhartha, fóntais agus seirbhísí; táscaire faoin gcineál, dearadh, leagan amach agus forbairt a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach ar an láthair.
- Thograí Coincheapa a ullmhú a dhéanfaidh roinnt roghanna, nuair is cuí, a mheas;roghanna a thástáil; an dóigh a chuireann an togra le forbairt inmharthana; rogha roghnaithe a aithint.
- Ráiteas Deartha a ullmhú a thabharfadh míniú ar an chúis go gceaptar go bhfuil réiteach deartha amháin ar an cheann is oiriúnaí do shuíomh ar leith.

**UB-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle Monatóireacht Tithíochta bhliantúil a chur i gcrích chun monatóireacht a dhéanamh ar fhás líon na dtithe sna bailte.

Soláthróidh monatóireacht eolas riachtanach ar an talamh a aithnítear do thithíocht nó d'úsáid mheasctha a thógtar trí na ceadanna pleanála a dheonaíodh a aithint chomh maith le suirbhé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gceadanna pleanála.

**UB-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle oidhreacht teanga agus cultúir Ghaeltacht Dhún na nGall a chaomhnú maidir leis na tionchair ábhartha ar oidhreacht teanga agus cultúir a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó ilfhorbairtí tithíochta laistigh de nó i ngar de cheantar Gaeltachta ar bith. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir an tionchar ar oidhreacht teanga agus cultúir ar an cheantar a mheas agus san áit a léireofar tionchar suntasach caithfear bearta maolaithe cuí a chur ar fáil. Cruthóidh Measúnú Tionchair Teanga den sórt sin sin breithniú ábhartha ar thograí forbartha an údaráis pleanála.

Beidh Measúnú Tionchair Teanga ag teastáil maidir le hIlfhorbairtí Cónaithe ina mbeidh 10 aonad cónaithe nó níos mó iontu sa Ghaeltacht.

Tagraíonn ilfhorbairtí cónaithe sa Ghaeltacht do gach iarratas a bhfuil níos mó ná 2 aonad ann. I bhformhór cásanna nuair is 2 go dtí 9 aonad atá i gceist leis an togra, ní bheidh aon gá le Measúnú Tionchair Teanga mura bhfuil deis ann do "Thionchar Suntasach", mar a bheadh i gcás chomhthéacs carnach. Beidh ceanglas ann áfach i leith cheadúnas ar bith go mbeidh cion na n-aonad a bheidh á n-áitiú ag cainteoirí Gaeilge cothrom le cion na gcainteoirí Gaeilge laistigh de DED (bunaithe ar shonraí an dhaonáirimh is déanaí) láthair an iarratais (faoi réir ag íosmhéid 20%).

**UB-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle an cúlsoláthar tithíochta sóisialta atá ann a chothabháil le go mbeidh sé in ann freastal ar riachtanas nuair nach mbíonn aon roghanna soláthair neamhthógála oiriúnacha ar fáil.

Beidh soláthar tithíocht poiblí faoi stiúir ag clár tithíochta a bheidh bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus tosaíocht tithíochta i ngach Toghcheantar. Soláthrófar beagnach gach aonad tithíochta trí shraith mhéadaithe roghanna soláthair neamhthógála lena n-áirítear an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa. Ní rachfaidh tograí tógála nua ar aghaidh ach amháin na cinn sin a bhfuil tairbhí athnuachana ag baint leo ar aghaidh ach in imthosca fíor eisceachtúil m.sh. tithíocht inlíonta chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta, riachtanas speisialta etc. Oibreoidh an Chomhairle go dlúth chomh maith le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le soláthróirí Tithíochta Deonacha ó thaobh freastal ar riachtanais a gcliant a bhfuil riachtanais speisialta acu. Radhaidh an Chomhairle i mbun chlár cothabhála réamhbheartaithe dá stoc féin atá ann cheana le béim láidir ar éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú ina leith. Níl sé beartaithe ag an Chomhairle aon chúlsoláthar talún breise a cheannacht chun soláthar tithíochta sóisialta a éascú sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma. Déanfaidh an Chomhairle an cúlsoláthar tithíochta sóisialta atá ann a chothabháil le go mbeidh sé in ann freastal ar riachtanas nuair nach mbíonn aon roghanna soláthair neamhthógála oiriúnacha ar fáil.

**UB-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle go dtabharfaí ainm agus uimhir d'fhorbairtí tithíochta i gcomhar le Coiste Logainmneacha Dhún na nGall, ar dhóigh loighciúil agus leanúnach sula gcuirfear tús le forbairt le go mbeidh rochtain éasca ag na seirbhísí éigeandála agus ag an phobal ar na forbairtí. Beidh sé mar riachtanas chomh maith ar fhorbróirí ceansú, comharthaíocht agus líniú tráchta iomchuí a shuiteáil laistigh d'fhorbairtí tithíochta sula rachfar i mbun cónaithe iontu mar chuid de réiteach deartha cáilíochta.

**UB-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle go ndéanfaidh tograí forbartha faoin choinne forbairt ilchónaitheach (2 aonad nó níos mó) gach infreastruchtúr riachtanach a chur ar fáil le tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí agus cáilíocht na beatha san fhorbairt chónaitheach nua agus sa chomharsanacht, roimh an chéad áitíocht in aon aonad. Áireoidh aon soláthar infreastruchtúir mar sin, ach ní bheidh sé teoranta dó, naisc seirbhíse go líonraí fóntais atá ann, áiseanna comharsanachta, áiseanna cúram leanaí, soláthar spás oscailte, stadanna bus, rotharbhealaí, cosáin agus soilsiú poiblí'. Cuirfear urrús cuí ar fáil, le críochnú agus cothabháil sásúil na forbartha a chinntiú, de réir fhorálacha Alt 10.1.5 (tagraíonn Caibidil 10) agus ní scaoilfear é go dtí go gcomhlíonfar na riachtnais sin agus fianaise tugtha ina leith a shásóidh an tÚdarás Pleanála. Rud eile de, ní cheadófar aon nasc le haon chamra poiblí nó príomhlíona uisce go dtí go bhfuil seo deimhnithe agus doiciméadaithe.

## 5.3 Tithíocht Tuaithe

### Aidhm:

**Chun freastal ar fhorbairt a thugann aghaidh ar riachtanas tithíochta tuaithe dáiríre na bpobal tuaithe ar fud an chontae ar dhóigh a thabharfadh aird chuí ar bhreithnuithe comhshaoil.**

### 5.3.1 Cúlra

Tá forbairt beartas ar thithíocht tuaithe dírithe ar a chinntiú go bhfuil gach rogha cuí agus inbhuanaithe ar fáil do dhaoine ón tuath le go bhféadfaidh siad leanúint ar aghaidh ag cónaí ina gceantar féin agus cur le saol an phobail. Tá an prionsabal mar bhonn taca bunúsach sa bheartas áitiúil agus go náisiúnta, ag na Treoracha do Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe (2005). Chun é sin a léiriú, beidh freastal ar riachtanas tithíochta ginte dáiríre mar chomhpháirt lárnach de bheartais na Comhairle laistigh de na spriocanna d'fhás daonra a aithnítear laistigh de Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha agus den Chroí-Straitéis. (Caibidil 2).

Léiríonn táscairí atá ar fáil don Chomhairle go bhfuil soláthar suntasach ar áitribh aonair sa Chontae. Mar tháscaire lárnach do Dhún na nGall, deonadh os cionn 17,000 iarratas tithíochta tuaithe aonair idir 2000 agus 2010, agus b'ionann sin agus 85% d'iarratais sa Chontae i rith na tréimhse sin. Léiríonn sonraí Geoeolaire[1] idir 2005 agus 2008 go dtáinig ardú ó 39781 go dtí 47974 aonad ar thithíocht tuaithe agus b'ionann sin agus ardú 20% (8193 aonad) ar stoc tithíochta tuaithe sa Chontae. Tá thart ar 3200 teach folamh faoin tuath sa chontae[2] mar bhonn taca ag na sonraí sin maidir le stoc tithíochta.

Léirítear soláthar chomh maith trí líon na dtithe cónaithe atá ar fáil ar an margadh maoine a scrúdú. Léiríonn sonraí do mhí Iúil 2009[3] soláthar de 4,116 aonad a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh den Chontae agus is ionann sin agus cumas tithíochta do 11,936 duine. Soláthraíonn sé sin leibhéal rogha sa mhargadh tithíochta.

Leighdháileann Croí-Straitéis an phlean seo 35% den leithdháileadh tithíochta chuig ceantair tuaithe a sholáthraítear faoi Threoirlínte Réigiún na Teorann.

Is ionann [1278 aonad] den sciar atá fanta do cheantair tuaithe mar a aithnítear sa Chroí-Straitéis móide thart ar 3200 aonad folamh agus tá soláthar comhcheangailte de thart ar 4500 aonad thar thréimhse an phlean mar thoradh air sin. Ciallaíonn an leibhéal soláthair sin go bhféadfaí cóiríocht a chruthú do thart ar 12,500 duine chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas tithíochta tuaithe.

Soláthraíonn na Treoracha do Thithíocht Tuaithe Inbhuanaithe creathchóras d'fhorbairt beartas i leith tithíochta tuaithe bunaithe ar thréithe déimeagrafacha, sóisialta agus fisiciúla an chontae. Ceadaíonn sé sin gur féidir beartas a chur in oiriúint chun freastal ar na riachtanais tithíochta tuaithe dáiríre do mhuintir Dhún na nGall seachas saincheisteanna a bhaineann le héileamh, mar shampla brúnna uirbeacha, an mhian atá ann freastal ar éileamh ón mhargadh tithe saoire agus an t-éileamh a bhaineann le luachanna talún ardmhéine.

---

[1] An Post
[2] An Post
[3] Foinse www.daft.ie.

Ciallaíonn an comhmheasúnú sóisialta agus fisiciúil ar cheantair tuaithe gur féidir ceantair tuaithe a aithint mar:

- cheantair tuaithe atá lag ó thaobh struchtúir de,
- Ceantair Thuaithe Níos Láidre agus
- cheantair atá faoi thionchar láidir uirbeach,

agus aithnítear iad i Léarscáil Uimh. 7.

Deimhníonn Treoirlínte maidir le Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe do na hÚdaráis Pleanála (DEHLG 2005) Ceantair Tuaithe atá Lag ó Thaobh Struchtúir de mar cheantair a léiríonn tréithe mar laghdú daonra leanúnach agus suntasach chomh maith le struchtúr eacnamaíoch bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fás eacnamíochta. Sainmhínítear Ceantair Thuaithe Níos Láidre mar cheantair ina bhfuil leibhéil daonra níos cobhsaí go ginearálta i struchtúr bailte mór agus sráidbhailte atá dea-fhorbartha agus sa mhórcheantar tuaithe timpeall orthu. Tá tacaíocht ag an chobhsaíocht seo ó bhonn talmhaíochtaí atá go traidisiúnta láidir agus bíonn an leibhéal gníomhaíochta maidir le forbairt tithíochta ar bhonn aonair sna ceantair seo go híseal i gcomparáid, de ghnáth, agus teoranta do cheantair áirithe. Aithníonn na Treoirlínte Ceantair Atá Faoi Thionchar Láidir Uirbeach mar cheantair atá gar do na ceantair máguaird nó in éascaíocht taistil chuig bailte móra agus sráidbhailte, a bhfuil an daonra ag fás go tapa iontu agus atá faoi bhrú suntasach chun tithíocht a fhorbairt a chuireann brú ar infreastruchtúr ar nós an gréasán bóithre áitiúil.


Tá de dhualgas ar an Chomhairle cuspóirí phlean Cheantar Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt a bhaint amach trína bhfeidhmeanna. I gcomhthéacs bheartas tithíochta tuaithe bíonn sé sin le feiceáil trí chosaint na screamhuiscí agus na n-uiscí dromchla agus trí na céimeanna cuí a thógáil chun ceantair atá ainmnithe mar cheantair le diúilicíní péarla fionnuisce a chosaint. Maidir leis na beartais tithíochta tuaithe is féidir é seo a sholáthar trí chód cleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil do chórais cóireála dramhuisce agus córais diúscartha tithe aonair a chomhlíonadh.[1] Ina leith seo, tugann an Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C, faisnéis mhionsonraithe ar staid reatha an chomhshaoil de réir raon táscairí comhshaoil. Go sonrach, tá leochailí comhshaoil ar leith mapáilte lena leibhéal leochailteachta carnach a bhreithniú. Cuideoidh an fhaisnéis seo leat cinneadh threorú maidir le hiarratais ar thithíocht tuaithe i dtaca le lena dtionchair aonair agus charnacha ar an chomhshaoil. Tagraíonn an Tuairisc Chomhshaoil, Aguisín C, ar a n-áirítear léarscáil uimhir 1.

Tá brú suntasach ar cheantair tuaithe atá gar do bhailte móra agus mar thoradh air sin tá brú ar an infreastruchtúr áitiúil agus ar chruthú sraoilleála uirbí gan séarachas sna cúlcríocha tuaithe. Caithfidh an Chomhairle, mar fhreagra ar an chomhthéacs beartas náisiúnta, bearta a chothabháil chun tacú le inmharthanacht, inbhuanaitheacht agus tarraingteacht na mbailte agus na sráidbhailte sna ceantair sin mar áiteanna le cónaí iontu nó le hinfheistíocht a dhéanamh iontu. Tá tionchar uirbigh láidir ar na cúlcríocha aitheanta i Leitir Ceanainn agus i gCathair Dhoire agus aithníodh bailte in Aicme 2 agus in Aicme 3 i léarscáil uimh. 7 a bhaineann le Croí-Straitéis an phlean seo.

Tá forbairt déanta ar líon mhór tithe saoire i gceantar tuaithe le deich mbliana anuas. D'fhéadfaí a rá gur baineadh leas gearrthéarmach as soláthar agus as forbairt na dtithe chun freastal ar an margadh sin don eacnamaíocht áitiúil, agus cuireann sé sin leis an mbrú ar infreastruchtúr aitiúil agus deir roinnt daoine go raibh éifeacht dhíreach aige sin ar chumas bhaill an phobail áitiúil maidir le láithreacha inacmhainne a cheannach dóibh féin. Tá beartais Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2006 -2012 (mar a leasaíodh) dírithe ar fhás na dtithe saoire a bhainistiú (Fíor 5) agus cothromaíocht a chinntiú idir freastal ar riachtanas tithíochta ginte tuaithe agus deis turasóireachta thar tréimhse ama níos faide. Tá bunús ann mar sin chun an creatchóras beartas atá ann cheana a chothabháil agus éifeachtacht a mheas thar tréimhse níos faide. Dá réir sin níl sé beartaithe beartas na dtithe saoire do cheantair tuaithe a athrú.

[1] Tagair do Chaibidil 2 maidir le Seirbhísí Uisce & Comhshaoil.

**Fíor 5: Ceadanna tithe saoire de réir toghlimistéir 2000-2010**




## 5.3.2 Cuspóirí

Seo a leanas na cuspóirí a bhaineann le tithíocht tuaithe:

**RH-O-1:** An riachtanas réamh-mheasta d'aonaid thithíochta a dháileadh ag teacht leis an gCroí-Straitéis

**RH-O-2:** Tacú le cur chuige cothromaithe i leith ceantar tuaithe chun beogacht a choinneáil agus inbhuanaitheacht na bpobal tuaithe a chinntiú agus aird chuí ar bhreithnuithe comhshaoil.

**RH-O-3:** A chinntiú go ndéanfaidh forbairt chónaithe nua i gceantair tuaithe soláthar do riachtanas tuaithe dáiríre.

**RH-O-4:** Ceantair tuaithe atá díreach lasmuigh de bhailte a chosaint láithreach ó dhianleibhéil forbartha agus leis sin an deis do mhéadú incriminteach na mbailte agus a bpoiteinseál i ndiaidh tréimhse an phlean a chosaint; úsáid a bhaint as infreastruchtúr fisiciúil agus sóisialta atá ann cheana; agus an t-éileamh ar sholáthar neamheacnamaíochta infreastruchtúir nua a sheachaint.

**RH-O-5:** Ardchaighdeán deartha a chur chun cinn agus a chomhtháthú go rathúil isteach i dtírdhreachú tithíochta tuaithe nua;

**RH-O-6:** Comhlíonadh cuspóirí agus straitéisí comhshaoil Phlean Bainistíochta agus le hAlt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur chun cinn.

### 5.3.3 Beartais

Sainmhínítear ceantar tuaithe Dhún na nGall mar na ceantair sin atá taobh amuigh de theorainneacha Pleananna Forbartha, Pleananna Ceantair Áitiúil agus Creata Lonnaíochta. I rannán 5.3.1 tá sé mínithe go dtugann Sustainablel Rural Housing Guidelines for Planning Authorities (2005) creat faoi choinne forbairt beartais i dtaca le tithíocht tuaithe agus go bhfuil trí chineál ceantar tuaithe aitheanta agus léirithe in Léarscáil 6 mar:

- Ceantair Thuaithe atá Lag maidir le Struchtúr
- Ceantair Thuaithe Níos Láidre agus
- Ceantair Faoi Thionchar Láidir Uirbeach

Sainmhínítear Ceantair atá Lag maidir le Struchtúr in Sustainable Rural Housing Guidelines for Planning Authorities (2005) mar na ceantair sin a léiríonn tréithe ar a n-áirítear meath leanúnach agus suntasach daonra chomh maith le struchtúr eacnamaíoch níos laige bunaithe ar innéacsanna ioncaim, fostaíochta agus fás eacnamaíoch. Sainmhínítear Ceantair Thuaithe Níos Láidre mar cheantair ina bhfuil leibhéil daonra níos cobhsaí go ginearálta i struchtúr bailte mór agus sráidbhailte atá dea-fhorbartha agus sa mhórcheantar tuaithe timpeall orthu. Tá tacaíocht ag an chobhsaíocht seo ó bhonn talmhaíochtaí atá go traidisiúnta láidir agus bíonn an leibhéal gníomhaíochta maidir le forbairt tithíochta ar bhonn aonair sna ceantair seo go híseal i gcomparáid, de ghnáth, agus teoranta do cheantair áirithe. Sainmhínítear Ceantair faoi Thionchar Láidir Uirbeach mar cheantair a léiríonn tréithe ar a n-áirítear cóngaracht do na ceantair díreach máguaird nó i gceantar taistil cathracha nó bailte móra, daonraí atá ag fás go gasta, fianaise go bhfuil brú mór faoi choinne forbairt titihíochta de bharr bheith cóngarach dá leithéid de cheantair uirbeacha, nó do mhórbhealaí taistil le rochtain réidh ar an cheantar uirbeach, agus brúnna ar infreastruchtúr, an líonra áitiúil bóithre, mar shampla.

Féachann beartais an phlean seo le cinntiú go bhfuil cineál agus scála forbairt chónaitheach i gceantair thuaithe curtha ar fáil ag suíomhanna cuí agus ar bhealach a bhuanóidh pobail tuaithe gan tionchar diúltach a imirt ar phríomhshócmhainní eacnamaíocha, comhshaoil, nádúrtha agus oidhreachta cultúrtha ceantar tuaithe. Féachann sé fosta le brú a bhainistiú i gcomhair sceitheadh ó cheantair uirbeacha sna ceantair thuaithe cóngarach do na príomhbhailte agus Cathair Dhoire, atá sainmhínithe mar cheantair atá Faoi Thionchar Láidir Uirbeach in Léarscáil 7.

I gCeantair Faoi Thionchar Láidir Uirbeach is gá méid na forbartha a bhainistiú a fhad is go bhfuiltear ag éascú daoine a bhfuil fíor- "riachtanas tithíochta de ghiniúint tuaithe" acu. Go ginearálta, i gceantair a shainmhínítear mar Cheantair Thuaithe Níos Láidre éascófar tithíocht aonuaire de ghiniúint tuaithe. I gCeantair Thuaithe atá Lag maidir le Struchtúr éascóidh an beartas tithíocht tuaithe de ghiniúint uirbeach agus tuaithe araon mar tá meath tagtha i ndaonra na gceantar seo sa tréimhse 2006-2011. (Léarscáil 7).

Déanfaidh an beartas tithíochta tuaithe seo foráil faoi choinne pobal inbhuanaithe tuaithe faoi réir líon bunriachtanais bheartais a bheith curtha i gcrích; go gcomhlíontar na sanriachtanais atá leagtha amach faoi bheartas RH-P-1; go bhfuil tithíocht de cháilíocht deartha chuí, go gcomhtháthaíonn sé go rathúil sa tírdhreach agus nach mbíonn de thoradh uirthi athrú díobhálach ar charachtar an limistéir thuaithe nó nach gcreimeann sí é a thuilleadh mar a shonraítear faoi Bheartas RH-P-2; go gcomhlíonann an t-iarratasóir sainmhíniú riachtanais tithíochta tuaithe i gCeantair Thuaithe Níos Láidre mar a shainmhínítear i mBeartas RH-P-3 agus; go gcomhlíonann an t-iarratasóir sainmhíniú riachtanais tithíochta tuaithe i gCeantair Faoi Thionchar Láidir Uirbeach mar a shainmhínítear i mBeartas RH-P-5

**RH-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle go mbeadh na riachtanais a leanas i bhfeidhm i gcás gach iarratas ar thithíocht tuaithe:

1. Beidh tograí d'áitribh aonair faoi réir ag Dea-Chleachtas i ndáil le suíomh, láithreánú agus dearadh títhíochta tuaithe mar atá leagtha amach in Aguisín B agus cloífidh siad le Beartas RH-P-2.

2. Ní bheidh tograí d'áitribh aonair lonnaithe ar dhóigh a bheadh díobhálach d'ionracas nó do charachtar na gCeantar Tuaithe atá Sannta mar Limistéir Conláiste Ardscéimhe (EHSA), nó ní bheidh drochthionchar acu ar ghnáthóga ainmnithe, radhairc nó amhairc lena n-áirítear amhairc atá clúdaithe ag Beartas NH-P-14; ná gan Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chur i gcrích agus aird ar na cuspóirí ábhartha caomhnaithe, leasanna cáilitheacha agus bagairtí ar shláine láithreacha Natura 2000.

3. Ní bheidh drochthionchar ag aon áitreabh molta, leis féin nó go carnach le haon fhorbairt atá ann cheana agus/nó le haon fhorbairt cheadaithe, ar cheantair chosanta mar a shainmhíníonn Plean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarththuaiscirt.

4. Beidh rochtain/imeacht ar an láthair cumraithe ar dhóigh nach mbeidh sé ina chontúirt ag úsáideoirí bóthair nó nach ndéanfaí sé dochar suntasach don thírdhreach agus beidh aird aige ar Bheartas T-P-15.

5. Déanfaidh aon thogra ar áitreabh tuaithe nua nach bhfuil ceangailte le séarach poiblí nó le draein soláthar do dhiúscairt éifeachtach agus shábháilte eisiltigh agus uisce dromchla ar dhóigh nach gcuirfeadh sláinte poiblí i mbaol agus a thagann le cóid chleachtais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

6. Beidh tograí d'áitreabh aonair faoi réir ag Beartas tuilte F-P-8 mar atá leagtha amach sa phlean seo.

7. Sa chás go ndeonaítear cead cuirfidh an Chomhairle coinníoll Áitíochta leis agus d'fhéadfaí go gcaithfí comhaontú dlí a chomhlíonadh faoi S47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (mar a leasaíodh).

**RH-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle cead a thabhairt d'áitreabh tuaithe nua a fhreastalaíonn ar riachtanas tuaithe léirithe (féach Beartais RH-P-3–RH-P-9) ar choinníoll go bhfuil an fhorbairt deartha go cuí agus ar ardchaighdeán; go mbíonn sí lánpháirtithe go maith leis an tírdhreach; nach dtarlaíonn athrú díobhálach nó tuilleadh ídithe do charachtar an cheantair. Agus inghlacthacht an togra á mheas beidh na breithnithe seo a leanas mar threoir ag an Chomhairle:-

1. Seachnóidh áitreabh atá beartaithe cruthú nó leathnú phatrún forbartha bruachbhailteach sa cheantar tuaithe;

2. Ní chruthóidh áitreabh atá beartaithe forbairt ribíneach nó ní chuirfidh sé léi; (féach sainmhínithe);

3. Ní bheidh mar thoradh ar áitreabh atá beartaithe forbairt a mbeadh drochthionchar aici ar fhóntas an cheantair nó ar chónaitheoirí tuaithe eile mar gheall ar shuí, ar shuíomh nó láthair na forbartha, nó a mbeadh ina forbairt neamhrialta;

4. Ní ghlacfar le háitreabh atá beartaithe má bhíonn sé feiceálach sa tírdhreach; agus beidh aird aige ar Bheartas T-P-15.

5. Ní ghlacfar le háitreabh atá beartaithe sa chás nach mbeadh sé ag teacht leis an tírghné, na crainn, an fásra, na foirgnimh, na fánaí nó na gnéithe nádúrtha eile a d'fhéadfadh cabhrú lena lánpháirtiú. Ní thabharfar breithniú fabhrach, de ghnáth, ar

thograí forbartha a bhainfidh le tochailt nó inlíonadh fairsing nó suntasach, ná ar thograí as a leanfaidh crainn nó coillte a bhaint go pointe níos faide ná mar a bheidh riachtanach chun freastal ar an bhfhorbairt. Braithfidh méid na tochála a bhféadfaí a bhreithniú ar imthoscaí an cháis, ar a n-áirítear an méid is féidir forbairt na láithreach molta, oibreacha láithreach beartaithe san áireamh, a lánpháirtiú go réidh leis an timpeallacht díreach thart uirthi agus leis an timpeallacht níos leithne (mar a fhormhínítear thíos).

Is acmhainn ann féin é ceantar tuaithe Dhún na nGall. Is acmhainn áineasa agus sócmhainn mhór turasóireachta í. Baineann an tírdhreach chomh maith le cáilíocht bheatha agus 'féiniúlacht' do chónaitheoirí Dhún na nGall. Tá tírdhreacha ar ardchaighdeán agus ardfhóntais ann, is áit shuntasach í maidir le caomhnú nádúir agus bithéagsúlachta trí ghnáthóga a chur ar fáil d'fhiadhúlra, d'fhlóra agus d'fhána; agus tá leideanna ar ár n-oidhreacht chultúir le feiceáil ann. Tá sé ríthábhachtach go mbeifí cúramach agus freastal á dhéanamh ar fhorbairt nua, go mbeidh sí lánpháirtithe sa cheantar tuaithe agus nach gcuirfidh sí isteach ar charactar an cheantair tuaithe, ar bhealach a d'fhéadfadh an acmhainn luachmhar atá sa tírdhreach a dhíluacháil nó a scriosadh.

Bíonn éagsúlacht i gceist le tírdhreacha agus ní mór é sin a thabhairt ar aird. Ní bhaineann cinneadh ar cibé an bhfuil foirgneamh nua lánpháirtithe sa tírdhreach le tástáil dofheictheachta; éilíonn sé measúnú ar an méid is féidir forbairt na láithreach, oibreacha beartaithe san áireamh, a lánpháirtiú go réidh leis an timpeallacht díreach thart air agus leis an timpeallacht níos leithne.

Breithneofar an measúnú ar lánpháirtiú ó radhairc thábhachtacha mar a bhíonn siad le feiceáil ó áiteanna ar an líonra bóithre poiblí; ó chearta slí poiblí nó ó áiteanna eile a mbíonn rochtain ag an phobal orthu nó a mbíonn an pobal ag cruinniú iontu, m.sh. carrchlós, trá nó páirc. Sa chás nach féidir láthair a aithint go héasca óna leithéid de radhairc thábhachtacha, ní chuireann sin deireadh leis an ghá le láthair a roghnú go cúramach, lena chinntiú go meascfaidh an foirgneamh beartaithe go maith leis an timpeallacht díreach thart air agus lena chinntiú go mbeidh sé ar ardchaighdeán deartha.

Ba chóir foirgnimh nua a shuíomh ar bhealach a mbainfeadh tairbhe as na deiseanna a chuireann aon phlandú aibí, cnoic, fánaí nó gnéithe nádúrtha eile ar fáil chun cabhrú le lánpháirtiú. Ní ghlacfar le tithíocht bheartaithe a d'fheicfí mar fhorbairt ar an spéirlíne nó a mbeadh suite ar bharr fána/droma nó a mbeadh, ar bhealach éigin eile, mar ghné fheiceálach sa tírdhreach. Ar an tslí chéanna, ní ghlacfar le háitreabh nua a mbeadh ag brath ar oibreacha talún móra, mar shampla gearradh isteach i bhfánaí, inlíonadh chun "ardán" réidh a chruthú nó carnadh chun lánpháirtiú a bhaint amach.

De bharr an radhairc fairsing a bhíonn ar fáil de ghnáth i dtírdhreacha comhréidh nó i gceanair chnoic oscailte, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go meascfaidh na háitribh nua go maith lena dtimpeallachtaí. I gceantair mar sin, tá baol níos mó i gceist le roghnú suímh agus dearadh lag ó thaobh drochthionchar ar an fhóntas amhairc agus ar an charactar tuaithe. Tá cúram faoi leith riachtanach, mar sin, maidir le roghnú suímh, ionas go mbeidh na tithe nua lánpháirtithe leis na tírdhreacha sin.

Uaireanta b'fhéidir nach é tionchar an áitribh nua leis féin a mbíonn éifeacht aige ar an charactar tuaithe, ach is é nuair a dhéantar é a mheas go carnach in éineacht le foirgnimh eile sa cheantar agus na gnéithe a bhaineann leo, idir cinn atá ann cheana féin nó atá ceadaithe, a d'fhéadfadh cur isteach ar charactar tuaithe an cheantair sin. D'fhéadfadh sin tarlú trí phatrún forbartha bruachbhailte a chruthú nó a shíneadh, nó trí fhorbairt ribíneach do-ghlactha a chruthú nó a shíneadh.

Áirítear iad seo a leanas ar na nithe atá le breithniú agus tionchar carnach foirgnimh ar an charactar tuaithe a mheas:

- idir-infheictheacht an fhoirgnimh bheartaithe le forbairt atá ann cheana féin agus atá beartaithe;
- suíomh, scála agus dearadh na forbartha beartaithe; agus
- leochaileacht an tírdhreacha agus an cumas a bhíonn aige glacadh le tuilleadh forbartha do na daoine sin a chaithfidh maireachtáil sa cheantar tuaithe.

**RH-P-3** **Ceantair Thuaithe Níos Láidre**

Tá de bheartas ag an Chomhairle riar ar dhuine ag a bhfuil riachtanas tithíochta i gceantar atá sainmhínithe mar Cheantar Tuaithe Níos Láidre, a fhad is gur féidir leo a léiriú gur féidir leo gach beartas bainteach eile den Phlean seo a chomhlíonadh, ar a n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2, sa chás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go gcomhlíonann siad ceann amháin nó níos mó dá leanas:

- daoine a bhfuil a bpríomhfhostaíocht i ngníomhaíocht atá bunaithe faoi tuath le fíor-riachtanas léirithe cónaí i gceantar áitiúil an bhoinn fostaíochta sin, mar shampla, daoine atá ag obair sa dtalmhaíocht, foraoiseacht, gairneoireacht etc.;

- daoine a bhfuil nasc ríthábhachtach acu leis an cheantar tuaithe as siocair a bheith ina gcónaí sa phobal seo tréimhse suntasach dá saol (7 bliana ar a laghad), nó naisc fhadbhunaithe (7 mbliana ar an laghad) a bheith sa cheantar tuaithe le neasghaolta, do trí bhíthinn bheith ag tabhairt aire do dhuine ar cónaitheoir reatha é (7 mbliana ar a laghad);

- daoine ar féidir leo, de bharr imthoscaí eisceachtúla sláinte, a léiriú go bhfuil fíor-riachtanas acu cónaí i suíomh áirithe thuaithe.

Ní chuirfear an beartas seo i bhfeidhm sa chás go bhfuil tairbhe cheada ag duine cheana féin leis na 7 mbliana dheireanacha, ach amháin gur féidir imthoscaí eisceachtúla a léiriú. D'áireofaí le himthoscaí eisceachtúla, ach gan iad seo amháin a bheith ann, cúinsí ina bhfuil cónaí ceadaithe, tógtha agus seilbhe glactha air roimhe díolta ag an iarratasóir le duine a chomhlíonann go cuí riachtanais an cheada sin.

**RH-P-4** **Ceantair Thuaithe atá Lag maidir le Struchtúr**

Tá de bheartas ag an Chomhairle riar aon duine ag a bhfuil riachtanas ar theach cónaithe (riachtanas de ghiniúint uirbeach nó tuaithe) i gceantar atá sainmhínithe mar Cheantar Tuaithe atá Lag maidir le Struchtúr (féach Léarscáil 7), a fhad is gur féidir leo a léiriú gur féidir leo gach beartas bainteach eile den Phlean seo a chomhlíonadh, ar a n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2.

**RH-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle nuair atá léirithe ag duine go bhfuil teach cónaithe de dhíth orthu i gceantar atá sainmhínithe mar Cheantar Tuaithe Faoi Thionchar Láidir Uirbeach, go bhféadfaí é a bhreithniú go fábharach do na daoine sin ar féidir leo fianaise a chur ar fáil go bhfuil siadsan, nó a dtuismitheoirí, ina gcónaí sna ceantair sin le tréimhse nach lú ná 7 mbliana faoi réir comhlíonadh gach beartas ábhartha eile de chuid an Phlean seo, ar a n-áirítear RH-P-1 agus RH-P-2. Ní cheadófar forbairt tithe saoire sna limistéir seo.

**RH-P-6** Is féidir tograí faoi choinne athchóiriú foirgneamh atá chun siobarnaigh nó in ainriocht i gCeantair Chonláiste Ardscéimhe a bhreithniú go fábhrach faoi choinne cónaí buan nó le húsáid mar bhaile saoire faoi réir na gcritéar seo a leanas a chomhlíonadh:

(i) Is féidir cónaí san áitreabh gan atógáil struchtúrtha ollmhór,

(ii) Is féidir fuíolluisce ón fhoirgneamh a chóireáil agus a dhiúscairt de réir chaighdeáin na Gníomhaireachta um Chaighdeáin Chomhshaoil,
(iii) Níl aon bhac ar rochtain atá ann cheana féin a úsáid ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre agus,
(iv) Is féidir comhlíonadh beartas ábharthach eile den phlean seo a léiriú. Ní sháróidh tograí faoi choinne athchóiriú, go ginearálta, 50% den bhunfhoirgneamh suas a fhad le hachar urláir nach mó ná 90m2. Caithfidh dearadh, méid, airde agus slacht an athchóirithe beartaithe a bheith ag teacht le carachtar ailtireachta an chineáil fhoirgnimh bhunaidh.

**Sainmhíniú:**

1. **Sainmhínítear neasbhaill teaghlaigh** mar mhic, iníonacha, máithreacha, aithreacha, seantuismitheoirí, deartháireacha, deirfiúracha, aintíní, uncailí, neachtanna nó nianna an iarratasóra.

2. **Teach Buan An príomhchónaí.**

3. **Foirgneamh tréigthe:** Go ginearálta, is é sainmhíniú a thugtar air seo foirgneamh ina bhfuil an chuid is mó de na ballaí seachtracha slán. Sa chás gur ballaí ísle atá sna ballaí seachtracha, déanfar gach cás a mheas de réir na dtuillteanas maidir leis an ionad agus an suíomh.

4. **Foirgneamh atá trochlaithe nó i ndroch-chaoi:** Na ballaí seachtracha ar fad agus an díon slán.

5. **Ceantair Tuaithe Fíor-ardscéimhe:** Taobh tíre lena mbaineann tírdhreach ar an gcaighdeán is airde sa Chontae, a bhfuil tréithe an fhiántais ag baint leis, agus nach mórán foirgneamh de chuid an duine atá ann má tá ceann ar bith. Áirítear orthu crios na n-ailltreacha arda cois cósta agus na réimsí sléibhte ar talamh ard.

6. **Cloigín atá ann faoi láthair:** Roinnt tithe agus / nó foirgnimh eile a bhfuil a gcuid cúirtealáistí ag síneadh le chéile nó i gcóngar gairid dá chéile, sa chás nach dtiocfadh forbairt ribíneach de bharr bhreis forbartha.

7. **Forbairt Ribíneach**
De ghnáth 5 theach ar thaobh amháin de 250 méadar d'éadanas bóthair.

Le socrú cé acu a dhéanfadh togra áirithe a leithéid d'fhorbairt ribíneach nó d'fhéadfaí é a bhreithniú, braitheann sé ar a leanas:

- An cineál limistéar tuaithe agus iomthosca an iarratasóra.
- An oiread agus a d'fhéadfaí an togra a bhreithniú mar fhorbairt inlíonta.
- An oiread agus a chuirfí le fad forbairt ribíneach nó an dtiocfadh limistéir ar leith forbairt ribíneach le chéile de thoradh na forbartha.
- Bristí fisiciúla agus tíreolaíocha a bheith ann a d'fhéadfadh ligean d'fhorbairt ar thaobh an bhóthair i gcásanna oiriúnacha.
- An oiread agus a chruthódh an togra clachan le tithe eile nó le foirgnimh eile le loingeáin thadhlacha, féadfaidh seo láithreacha cúltalaimh a chuimsiú in imthoscaí oiriúnacha.

Beidh dearcadh cothromaithe agus réasúnta ag an Údarás Pleanála ar léirmhíniú na gcritéar seo thuas, ag cur san áireamh imthosca áitiúla, comhthéacs an láithreáin, ar a n-áirítear stair phleanála an limistéir agus brúnna forbartha.'

8. **Teach saoire:** Áit chónaithe thánaisteach nach bhfuil ina phríomháit chónaithe. Fágtar as an áireamh an dara teach ina mbíonn daoine ar eisimircigh fillte iad ina gcónaí ó am go chéile.

**9. Láthair Athfhorbartha.**
Láthair athfhorbartha is ea láithreán ar tógadh air roimhe.

**RH-P-7:** Tá de bheartas ag an Chomhairle éileamh ar thograí maidir le forbairtí tithe aonair nua laistigh de cheantar gabhála an líonra séarachais atá beartaithe i gceantar an Bhuna Bhig-Dhoirí Beaga soláthar a dhéanamh do nasc leis an líonra séarachais sa todhchaí.

Caithfidh aon iarratas ar thithe tuaithe aonair laistigh den cheantar sin (a) mionsonraí faoin modh atá beartaithe nascadh leis an líonra atá beartaithe a chur san áireamh, agus (b) tograí mionsonraithe a chur ar aghaidh maidir le diúscairt eatramhach eisilteach ar an láthair go dtí caighdeáin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le diúscairt eisilteach ó chórais chóireála tithe aonair. Aithnítear ceantar gabhála an líonra séarachais atá beartaithe a fhreastalaíonn ar an cheantar ar an léarscáilíocht don Chreatchóras Bailte do Bhun Beag-Doirí Beaga atá ag gabháil le hAguisín A leis an Phlean seo.

**RH-P-8:** I gceantair thuaithe, breithneofar teach saoire (faoi réir gach teorainn phleanála eile) agus í á dhéanamh sin féachfaidh an Chomhairle le cothroime a chinntiú idir líon na mbailte saoire agus líon na mbailte buana. Agus cothroime idir tithe saoire/buana á cur i bhfeidhm, ní cheadófar an teach saoire molta má bhíonn de thoradh air gurb ionann líon iomlán na dtithe saoire atá ann agus ceadaithe agus 20% den stoc tithíochta atá ann agus ceadaithe sa bhaile fearainn ina bhfuil an láthair mholta suite. I gcás bailte fearainn atá tadhlach le teorainn creataí lonnaíochta ar leith, cuirfear an chothroime 20% i bhfeidhm ar iomlán achar an bhaile fearainn a bhreithnítear bheith taobh amuigh de theorainn na lonnaíochta.

Ní cheadófar tithe saoire i gceantair thuaithe a aithnítear mar 'limistéir faoi thionchar láidir uirbeach', ná limistéir ainmnithe mar limistéir 'Sárschéimhe'

Agus inghlacthacht togra á breithniú, beidh na breithnithe seo a leanas mar threoir ag an Chomhairle:-

- Seachnóidh áitreabh molta cruthú nó leathnú forbairt ar phatrún bruachbhaile sa limistéar tuaithe;
- Ní chruthóidh áitreabh molta, nó ní chuirfidh sé le, forbairt ribíneach;
- Ní bheidh mar thoradh ar áitreabh atá beartaithe forbairt a mbeadh drochthionchar aici ar fhóntas an cheantair nó ar chónaitheoirí tuaithe eile mar gheall ar ar shuí, ar shuíomh nó láthair na forbartha, nó a mbeadh ina forbairt neamhrialta;
- Beidh áitreabh molta doghlactha má tá sé suntasach sa tírdhreach;
- Ní ghlacfar le háitreabh atá beartaithe sa chás nach mbeadh sé ag teacht leis an tírghné, na crainn nó an fásra atá ann, na foirgnimh, na fánaí nó na gnéithe nádúrtha eile a d'fhéadfadh cabhrú lena lánphháirtiú. Ní bhreithneofar go fábharach de ghnáth tograí forbartha a mbaineann tochailt nó inlíonadh leathadach agus suntasach leo nó ní bhreithneofar go fábharach de ghnáth ar thograí a mbeadh de thoradh orthu crainn nó limistéir faoi chrainn a bhaint ar shiúl diomaite dá bhfuil riachtanach le slí a thabhairt don fhorbairt.

Acmhainn uathúil is ea tuath Dhún na nGall. Acmhainn áineasa agus acmhainn mhór turasóireachta atá ann. Tá tírdhreacha de cháilíocht agus de luach iontach ard, tá sé suntasach i dtaca le caomhnú nádúir agus bithéagsúlacht trí ghnáthóga a chur ar fáil don dúlra; agus cuimsítear ann comharthaí dár n-oidhreacht chultúrtha. Tá sé ríthábhachtach, agus slí á tabhairt d'aon fhorbairt nua, go dtugtar aire le cinntiú go gcomhtháthaíonn sé

go rathúil agus nach mbíonn de thoradh air díobháil do charachtar an limistéir thuaithe, rud a d'fhéadfadh an acmhainn luachmhar, an tírdhreach, a dhíluacháil nó a scrios.

Tá éagsúlacht tírdhreacha ann agus caithfear seo a chur san áireamh. Ní bhaineann cinneadh ar cibé an bhfuil foirgneamh nua lánpháirtithe sa tírdhreach le tástáil dofheictheachta; éilíonn sé measúnú ar an mhéid is féidir forbairt na láithreach, oibreacha beartaithe san áireamh, a lánpháirtiú go réidh leis an timpeallacht díreach thart uirthi agus leis an timpeallacht níos leithne.

Breithneofar an measúnú ar lánpháirtiú ó radhairc thábhachtacha mar a bhíonn siad le feiceáil ó áiteanna ar an líonra bóithre poiblí; ó chearta slí poiblí nó ó áiteanna eile a mbíonn rochtain ag an phobal orthu nó a mbíonn an pobal ag cruinniú iontu, m.sh. carrchlós, trá nó páirc. Sa chás nach féidir láthair a aithint go héasca óna leithéid de radhairc thábhachtacha, ní chuireann sin deireadh leis an riachtanas le láthair a roghnú go cúramach, lena chinntiú go meascfaidh an foirgneamh beartaithe go maith leis an timpeallacht díreach thart air agus lena chinntiú go mbeidh sé ar ardchaighdeán deartha.

Ba chóir foirgnimh nua a shuíomh ar bhealach a bainfeadh tairbhe as na deiseanna a chuireann aon phlandú aibí, cnoic, fánaí nó gnéithe nádúrtha eile ar fáil chun cabhrú le lánpháirtiú. Ní ghlacfar le tithíocht bheartaithe a d'fheicfí mar fhorbairt ar an spéirlíne nó a mbeadh suite ar bharr fána/droma nó a mbeadh, ar bhealach éigin eile, mar ghné fheiceálach sa tírdhreach. Ar an tslí chéanna, ní ghlacfar le háitreabh nua a bheadh ag brath ar oibreacha talún móra, mar shampla gearradh isteach i bhfánaí, inlíonadh chun "ardán" réidh d'fhorbairt a chruthú nó carnadh chun lánpháirtiú a bhaint amach.

De bharr na radharcanna fairsinge a bhíonn ar fáil de ghnáth i dtírdhreacha comhréidh nó i gceanair chnoic oscailte, tá sé ríthábhachtach a chinntiú go meascfaidh na háitribh nua go maith lena dtimpeallachtaí. I gceantair mar sin, tá baol níos mó i gceist le roghnú suímh agus dearadh lag ó thaobh drochthionchar ar an fhóntas amhairc agus ar an charachtar tuaithe. Tá cúram faoi leith riachtanach, mar sin, maidir le roghnú láithreach, ionas go mbeidh na tithe nua lánpháirtithe leis na tírdhreacha sin.

Uaireanta b'fhéidir nach é tionchar an áitribh nua leis féin a mbíonn éifeacht aige ar an charachtar tuaithe, ach is é nuair a dhéantar é a mheas go carnach in éineacht le foirgnimh eile sa cheantar agus na gnéithe a bhaineann leo, idir cinn atá ann cheana féin nó atá ceadaithe, a d'fhéadfadh cur isteach ar charachtar tuaithe an cheantair sin. D'fhéadfadh sin tarlú trí phatrún forbartha bruachbhailte a chruthú nó a shíneadh, nó trí fhorbairt ríbíneach do-ghlactha a chruthú nó a shíneadh.

Áirítear iad seo a leanas ar na nithe atá le breithniú agus tionchar carnach foirgnimh ar an charachtar tuaithe a mheas:

- Idir-infheictheacht an fhoirgnimh bheartaithe le forbairt atá ann cheana féin agus atá beartaithe;
- Suíomh, scála agus dearadh na forbairt atá beartaithe; agus
- Leochaileacht an tírdhreacha agus an cumas a bhíonn aige glacadh le tuilleadh forbartha do na daoine sin a chaithfidh maireachtáil sa cheantar tuaithe.

**RH-P-9:** Breithneofar aonaid aonair agus ilaonaid tithe saoire laistigh de cheantair chreataí lonnaíochta ar an choinníol nach rachaidh líon iomlán na dtithe saoire a cheadófar, le linn shaolré an phlean, thar 20% den líon iomlán aonad tithíochta a bhí ann laistigh den limistéar creataí nuair a glacadh an Plean seo. Déanfar measúnacht ar aon iarratas chomh maith i bhfianaise gach breithniú bainteach ábhartha lena n-áirítear criosuithe úsáid talaimh, infhaighteacht infreastruchtúir, beartais bhainteacha de phlean forbartha an chontae agus treoir/beartais réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmnithe bainteacha

comhshaoil agus beartas na Comhairle WES-P-10. Ní mór tograí mar seo aird a bheith acu ar scála agus ar fhoirm na lonnaíochta.

**RH-P-10** Tá sé de bheartas ag an Chomhairle go mbreithneofar forbairt teach saoire gan chur i bhfeidhm sriain i dtéarmaí cóimheá idir tithe saoire agus tithe cónaithe buana (tagraíonn Beartais RH-P-8 agus RH-P-9), faoi réir ainmnithe comhshaoil agus oidhreachta agus breithnithe conláiste agus:

(1) Sa chás gur féidir leis an iarratasóir beartas a thagraíonn do 'thionscadail turasóireachta a bhaineann le hacmhainní' a léiriú. Féadfar an beartas seo a léiriú laistigh de chreataí lonnaíochta nó sa cheantar tuaithe níos leithne nó
(2) Sa chás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú gur láithreán athfhorbartha é an láthair laistigh de chomhdhéanamh uirbeach creataí lonnaíochta agus go bhfuil a forbairt faoi choinne tithe saoire ar mhéid agus scála nach mbeadh díobhálach do charachtar na lonnaíochta. Láthair athfhorbartha is ea láithreán ar tógadh air roimhe. Eisíonn sé páirceanna, tailte áineasa, spás oscailte príobháideach nó poiblí, garraithe scóir, tailte/foirgnimh fhoraoiseacha, tailte talmhaíochta agus talamh mar a bhfuil iarsmaí na seanúsáide cumasctha isteach sa tírdhreach, nó scoite ag criosuithe úsáide talaimh nó tailte a bhfuil luach caomhnaithe nó úsáid conláiste ag baint leo.
(3) Sa chás go bhfuil an togra faoi choinne cíosa amháin, (uasmhéid 5 aonad) atá mar chuid de phlean éagsúlaithe feirme. Féadfar an beartas seo a léiriú laistigh de chreataí lonnaíochta nó sa cheantar tuaithe níos leithne (lena n-áirítear ceantair shárscéimhe) nó
(4) Sa chás go bhfuil an togra faoi choinne athchóiriú áitreabh nó foirgneamh a bhfuil drochbhail air.

**RH-P-11:** Éileofar go gcomhaontóidh aon fhorbairt tithe saoire leis na treoirlínte leagtha amach in 'Aguisín B, Teach a Thógáil Faoin Tuath i nDún na nGall, maidir le hIonad, Suíomh & Dearadh'. Agus seo á dhéanamh, ní cheadófar teach saoire sa chás nach féidir leis an tírdhreach glacadh leis an teach saoire nó sa chás a mbeadh tionchar diúltach ag an teach saoire ar an tírdhreach.

Chun críocha na mbeartas a bhfuil na huimhreacha RHP-6 go RH-P-10, is é a leanas sainmhíniú tí saoire: 'Áit tháinisteach chónaithe nach bhfuil ionann agus phríomháitreabh. Eisíonn sé seo dara bailte ina mbíonn cónaí uaineach ag daoine ar eisimircigh ag filleadh iad.

## 5.4 Cóiríocht don Lucht Siúil

### Aidhm:

### Soláthar cóireála don lucht siúil agus ceantair faoi leith a úsáid chun na críche sin a chur chun cinn.

### 5.4.1 Cúlra

Léirigh an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013, ar ghlac Comhairle Chontae Dhún na nGall leis, go raibh gá le cóiríocht do 91 teaghlach de chuid an Lucht Siúil i gContae Dhún na nGall ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair, 2008. Leag an clár spriocanna na Comhairle amach maidir le riachtanais an lucht siúil a chomhlíonadh trí 30 aonad de chóiríocht bhuan a chur ar fáil. Maidir le teaghlaigh lucht siúil atá faoi dhíon i ngnáthchóiríocht cheana fein, tá lánpháirtiú níos fearr beartaithe trí raon beart. Tugann an clár le tuiscint fosta go ndéanfaidh an Chomhairle achan iarracht trí shuíomh neamhbhuan a chur ar fáil sa Chontae agus go ndéanfar athbhreithniú ar an ghá leis an cheathrú láthair. Leagann Cuid 6 den phlean modheolaíocht cúig (5) phointe amach fá choinne tograí faoi chóiríocht bhuan a bhrú chun cinn mar seo a leanas:-

- Scrúdú a dhéanamh ar na láithreacha ó thaobh pleanála/cúrsaí teicniúla de, lena fháil amach an bhfuil aon lochtanna móra ann a chuirfeadh an láthair as an iomaíocht.
- Ag eascairt as aschur an athbhreithnithe sin, mionsonraí faoin láthair a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, an Choiste Beartais Straitéisigh Tithíochta, agus ansin faoi bhráid Choiste an Toghcheantair agus Comhairle an Bhaile.
- Na láithreacha le cur san áireamh sa Dréachtphlean Ceantair Áitiúil/sa Phlean Forbartha Contae lena fhoilsiú mar chuid den phróiseas sin. Cruinnithe poiblí le tionól i gceantair ina mbeidh láithreáin bheartaithe.
- I ndiaidh pleananna mionsonraithe faoin fhorbairt bheartaithe a bheith curtha i gcrích, an gnáthphróiseas comhairliúcháin phoiblí faoi rialacháin phleanála atá ann cheana féin le cur i gcrích.
- Tuarascáil ar an chomhairliúchán sin le cur faoi bhráid chomhaltaí i gcomhthéacs cinneadh a dhéanamh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh leis an fhorbairt bheartaithe.

Tá dhá láthair stad neamhbhuana aitheanta agus obair tosaithe orthu cheana féin ag an Oileán Mór, Leitir Ceanainn agus ag Elaghbeg, Bun na hAbhann, tríd an mhodheolaíocht chéanna sin a úsáid. I gcás an láithreáin ag an Oileán Mór, is í an chéad chéim eile ná pleananna mionsonraithe faoin fhorbairt bheartaithe a chur i gcrích leis an ghnáth-chomhairliúchán poiblí faoi na rialacháin phleanála reatha a chumasú. I gcás an tsuímh ag Elaghbeg, tá an mhodheolaíocht chúig phointe curtha i gcrích go hiomlán agus tá cead Cuid 8 Rialacháin Phleanála & Forbartha 2001 (mar a leasaíodh) faighte. Lorgófar cead athbhreithnithe ar Chuid 8, áfach, chun teacht le hathbhreithnithe atá déanta ar na pleananna a fuair cead cheana féin. Cé go bhfuil sé riachtanach go gcuirfí mionsonraí faoi shuíomhanna neamhbhuana agus faoi ghrúpscéimeanna tithíochta áirithe san áireamh sa phlean seo, meastar nach gá aonaid tithíochta ar scála beag, atá comhdhéanta de suas le dhá aonad in éineacht le stadanna aonair nó áitribh aonair, a liostú go sonrach sa phlean. Maidir leis na cineálacha sin forbairtí, beidh feidhm leis na gnáthchritéir phleanála.

## 5.4.2 Cuspóir

**TA-O-1:** Soláthar cóireála don lucht siúil agus ceantair faoi leith a úsáid chun na críche sin a chur chun cinn.

## 5.4.3 Beartas

**TA-P-1:** Tá de bheartas ag an Chomhairle iarracht a dhéanamh forálacha an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 agus athlua ar bith ar an chlár a chur i bhfeidhm chun riachtanais chóireála phobal an lucht siúil a chomhlíonadh.


**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

## Map 7
## Léarscáil 7

### Rural Area Types
### Cineálacha Ceantar Tuaithe

- Structurally Weak Rural Areas / Ceantair Thuaithe a bhfuil a struchtúr lag
- Stronger Rural Areas / Ceantair Thuaithe níos láidre
- Areas Under Strong Urban Influence / Ceantair faoi Thionchar Láidir Uirbeach
- Development Plan Areas of Letterkenny, Buncrana & Bundoran to be excluded / Limistéir Phlean Forbartha Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha & Bhun Dobhráin le heisiamh
- District Electoral Division / Toghroinn Ceantair




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

# Caibidil 6
# An Oidhreacht Nádúrtha agus Thóghta.



# Caibidil 6 An Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

## Aidhm:

**Oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a chaomhnú , a chosaint agus a fheabhsú do na glúine amach romhainn agus daoine a spreagadh luach a bheith acu ar na hacmhainní sin agus taitneamh a bhaint astu agus rochtain a bheith acu orthu.**

### Cúlra

Aithníonn an Chomhairle luach na hoidhreachta tógtha, cultúir agus nádúrtha is fearr maidir le cáilíocht ár saolta agus ár ngníomhaíochtaí ó lá go lá. Aithníonn an Chomhairle fosta go gcaithfear í a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe do na glúinte amach romhainn bunaithe ar shárchleachtas caomhnaithe. I dteannta a luachanna lárnacha agus aeistéitiúla, féadfaidh ár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha a bheith tábhachtach ó thaobh cultúr, sochaí, comhshaol, turasóireacht agus geilleagar an Chontae.

Tugann an tAcht Oidhreachta (1995) sainmhíniú ar oidhreacht mar a bheith comhdhéanta de rudaí ársa, oidhreacht ailtireachta, fána, flóra, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta, rudaí oidhreachta, uiscebhealaí intíre, tírdhreacha, séadchomharthaí, muirdhreacha, gnáthóga fiadhúlra agus longa báite. Aithníonn an Chomhairle gur comhfhreagracht í iad oidhreacht an Chontae a chosaint agus a chaomhnú, sa chás gur féidir impleachtaí ghníomhaireachtaí na húsáide talún ar an oidhreacht thógtha, chultúir agus nádúrtha a fhorbairt mar shócmhainní pobail.

**An Plean Oidhreachta Contae**
Féachann na beartais atá sa Phlean Forbartha Contae 2012 – 2018 lena chinntiú go dtabharfar aird mar is ceart ar chothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais an phobail agus an gheilleagair, fad a ghlacfar le cur chuige inbhuanaithe ar fhorbairt, ag a mbeidh meas cuí ar oidhreacht an Chontae, nuair a bhíonn forbairt á stiúradh agus tograí forbartha á gcinneadh. Féachann beartais an Phlean le tacú le prionsabail an Phlean Oidhreachta Contae agus cur leo.

## 6.1 Oidhreacht Nádúrtha

## Aidhm:

**An chuid is fearr d'oidhreacht an Chontae a chaomhnú agus a chosaint nuair is cuí do na glúinte amach romhainn agus daoine a spreagadh luach a bheith acu ar na hacmhainní sin agus taitneamh a bhaint astu.**

### 6.1.1 Cúlra

Tá caomhnú agus cosaint ár n-oidhreacht nádúrtha tábhachtach ó thaobh an bhithéagsúlacht a choimeád chun críocha taitnimh, oideachais, taighde agus chun éiceachórais sláintiúla a chothabháil. Tacaíonn an Chomhairle leis an dearcadh gur chomhfhreagracht é oidhreacht nádúrtha an Chontae a bhainistiú agus tá sí tiomanta oibriú le gníomhaireachtaí, pobail agus daoine aonair ábhartha lena chinntiú go ndéanfaidh geann ceann acu a chuid féin maidir le caomhnú agus cosaint ár n-oidhreachta nádúrtha.

**Láithreacha Caomhnaithe Dúlra Ainmnithe**
Tugann reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta cosaint don chuid is luachmhara dár limistéir oidhreachta nádúrtha anois. Baintear sin amach trí láithreacha Natura 2000 a ainmniú; trí Limistéar Caomhantais Speisialta (SACanna), trí Limistéir Chosanta Speisialta (SPAnna) agus trí Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHAnna) faoin Treoir Ghnáthóga agus Éanacha agus go náisiúnta trí Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LONanna).Is freagracht an Rialtais é na láithreacha sin a ainmniú ag an leibhéal náisiúnta, ach is comhfhreagracht é iad a chinntiú go gcosnófar iad don todhchaí. Is próiseas leanúnach é láithreacha a ainmniú agus tá láithreacha nua á n-ainmniú agus/nó á n-uasghrádú i dtéarmaí a stádas caomhnaithe, agus tá teorainneacha láithreacha atá ann cheana féin á gcoigeartú de réir mar a thagann eolas níos fearr chun cinn. Aguisín C, Tuairisc Chomhshaoil, léiríonn Léarscáileanna 2 & 3, Limistéir Speisialta Chosanta, Limistéir Speisialta Chaomhnaithe agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta sa Chontae.

**Suíomhanna Taobh Amuigh de Limistéir Ainmnithe**
Éilíonn Treoir an AE ar Éanacha chomh maith ar bhallstáit gnáthóga spéiceas tábhachta a chosaint taobh amuigh de limistéir ainmnithe. Tá Co. Dhún na nGall tábhachtach ar son raon spéiceas lena mbaineann luach ard caomhnaithe, a bhíonn sa mhórthaobh tíre taobh amuigh de limistéir ainmnithe, ar chóir iad a chosaint chomh maith.

**Cosaint Bogach**
Tá Éire ina sínitheoir fosta ar Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Ramsar ar chaomhnú agus úsáid chríonna bogach. Baineann luach ard eiceolaíoch le gnáthóga bogaigh, ar a n-áirítear portaigh mhóna, agus tá ról tábhachtach acu sa timthriall carbóin, ag cuidiú le hathrú aeráide a mhaolú.

**An Tírdhreach a Chaomhnú**
Is sócmhainn náisiúnta é tírdhreach Dhún na nGall, áit a chaithfear carachtar aithritheach an tírdhreacha fisiciúil a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe d'fhonn cáilíocht ár dtírdhreacha a choinneáil, a chaomhnú agus a chosaint. Ceann de phríomhrólanna na Comhairle na tírdhreacha is leochailí a chosaint ó fhorbairtí ionsáite agus/nó ó fhorbairtí nach dtagann leo. Dá réir sin, aithníodh Limistéir Conláiste Ardscéimhe (EHSA). Is limistéir iad sin den cháilíocht tírdhreacha is airde, agus ceann de na tréithe is mó a bhaineann leo ná go bhfuil siad fiáin, gan mórán struchtúr de dhéantús an duine iontu ar chor ar bith. Áirítear orthu go leor limistéar ardcháilíochta cósta agus sléibhte.

Laistigh den tírdhreach seo atá aitheanta mar EHSA, d'fhéadfadh ceantair a bheith ann nach gcomhlíonann sainmhíniú an ainmnithe go hiomlán. Breithneofar gach aimhrialtacht san ainmniú tírdhreacha mar sin ina aonair agus i gcomhthéacs gach cuspóir agus beartas eile atá sa Phlean seo, sa chás go ndéanfaí iarratas forbartha sna limistéir sin. Breithneofar gach aimhrialtacht san ainmniú tírdhreacha mar sin ina aonair, sa chás go ndéanfaí iarratas ar fhorbairt laistigh de na limistéir sin. Is ar an iarratasóir a bheidh an fhreagracht a léiriú nach gcomhlíonann an láthair tréithe an EHSA ina bhfuil sí lonnaithe, agus nach mbeidh drochthionchar ag aon fhorbairt ar luach tírdhreacha an EHSA níos leithne.

In 2002 shínigh agus dhaingnidh Éire Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa agus d'éiligh sin gealltanas beartais a thabhairt isteach le cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha a chur i gcrích.

Sainmhíníonn Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa tírdhreach mar 'ceantar, mar a bhraitheann daoine, arb é a charachtar toradh gníomhú agus idirghníomhú tosca nádúrtha agus/nó daonna'.

Éilíonn an tAcht Pleanála agus Forbarth 2011 go gcuimseoidh plean forbartha cuspóirí faoi choinne tírdhreacha (mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún um Thírdhreacha na hEorpa) le creat a chur ar fáil faoi choinne aithint, measúnacht, caomhnú, bainistíocht agus pleanáil tírdhreacha agus aird a bheith ann ar an Choinbhinsiún um Thírdhreach na Eorpa 2000.

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtas Oidhreachta (mar a bhí) doiciméad comhairliúcháin d'údaráis Phleanála dar teideal 'Tírdhreach agus Treoirlínte Measúnachta Tírdhreacha' in 2000. Níos deireanaí, tá Straitéis Náisiúnta d'Éirinn á ullmhú agus ullmhaíodh páipéar straitéise ar shaincheisteanna i gcomhair comhairliúcháin in 2011 d'fhonn é a chur chun tosaigh chuig an rialtas faoi choinne a bhreithnithe in 2012.

Tá an Tuairisc Chomhshaoil (MSC) atá leis an Phlean seo i ndiaidh staid reatha an chomhshaoil lena n-áirítear líonraí eiceolaíocha, anaclanna dúlra reachtúla, clúdach talún, oidhreacht chultúrtha (lena n-áirítear seandálaíocht agus oidhreacht talmhaíochta), tionchair amhairc tírdhreacha, sócmhainní ábhartha agus acmhainní muirí/cósta. Dá thoradh sin tá an tionchar féideartha ar thírdhreach trí fheidhmiú bheartais agus chuspóirí an phlean breithnithe, agus is moladh é dá bharr den Tuairisc Chomhshaoil go n-ullmhófaí Measúnacht ar Charachtar an Tírdhreacha.

**Crainn, Ballaí Cloiche agus Fálta Sceach**
Cuireann teorainneacha páirce traidisiúnta mar bhallaí cloiche, fálta sceach, línte crann, bruacha agus claíocha le carachtar réigiúnach thírdhreacha tuaithe i nDún na nGall, léiríonn siad úinéireacht talún stairiúil agus cleachtais feirmeoireachta a threisíonn ár dtuiscint ar an áit.

**Measúnú Oiriúnach**
Éilíonn Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) go gcosnófar na speicis agus na gnáthóga aitheanta de chuid láithreacha Natura 2000. Caithfidh plean nó tionscadal ar bith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chuspóirí caomhnaithe na láithreacha ainmnithe céimeanna iomchuí a ghlacadh le meathlú ghnáthóga nádúrtha agus ghnáthóga speiceas a sheachaint, chomh maith le cur isteach suntasach ar speicis dá bhfuil limistéir ainmnithe agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir Mheasúnú Oiriúnach.

## 6.1.2 Cuspóirí

**NH-O-1:** Bithéagsúlacht shaibhir Chontae Dhún na nGall a chosaint ar mhaithe leis na glúin atá ann faoi láthair agus na glúin amach romhainn.

**NH-O-2:** Airteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) a chomhlíonadh, agus féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, pleananna bainistíochta. do leasanna cáilitheacha agus do bhagairtí ar iontaofacht láthair Natura 2000.

**NH-O-3:** Luach caomhnaithe na SACanna, SPAanna, NHAnna agus RAMSAR go léir atá ann nó atá beartaithe a choinneáil, lena n-áirítear na specis planda agus ainmhithe sin atá aitheanta lena chosaint.

**NH-O-4:** Iontaofacht agus cáilíocht Uiscí Sliogéisc Ainmnithe agus Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce a chosaint agus a fheabhsú, agus aon Chlár Laghdaithe Sliogéisc ábhartha nó aon Phlean Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce ábhartha a thabhairt ar aird.

**NH-O-5:** Na Limistéir Sárscéimhe a chosaint ó fhorbairtí ionsáite agus/nó nach dtagann leo agus na hainmniúcháin tírdhreacha sin a athbhreithniú le linn shaolré an Phlean seo. Féadfar

tionscadail infreastruchtúir straitéiseacha a fhéachann le nascacht bóithre, iarnróid, aeir agus calafoirt, soláthar cumhachta, leathanbhanda / teileacumarsáide, cóireáil fuíolluisce, nó cineál comhchosúil forbartha infreastruchtúir phoiblí a bhreithniú i gceantair Sháráilleachta. Beidh na tograí seo faoi réir chomh maith gach breithniú bharach, ar a n-áirítear sonruithe comhshaoil agus breithnithe conláiste.

**NH-O-6:** Le cosaint agus caomhnú fálta sceach, ballaí cloiche agus teorainneacha páirce traidisiúnta mar shlite oidhreachta nádúrtha agus bealaí imirce don fhiadhúlra a chinntiú, nuair is cuí sin.

**NH-O-7:** Measúnacht Carachtar Tírdhreacha a ullmhú a sholáthróidh creat faoi choinne aithint, measúnacht, caomhnú, bainistiú agus pleanáil thírdhreacha (agus lena n-áirítear mhuirdhreach) Chontae Dhún na nGall de réir reachtaíocht reatha agus treoirlínte airí, agus aird a bheith ann ar Choinbhinsiún um Thírdhreacha na hEorpa, 2000.

**NH-O-8:** Carachtar an tírdhreacha a chosaint sa chás agus an méid a éilíonn pleanáil agus forbairt an cheantair é, lena n-áirítear caomhnú radharc agus amharc agus conláisc áiteanna agus gnéithe áilleachta nó spéise nádúrtha.

## 6.1.3 Beartais

**NH-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú nach ndéanfaidh tograí forbartha dochar do láthair ar bith lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta nó náisiúnta nó iad a scrios, láithreacha atá ainmnithe as ucht a suntasaí is atá siad maidir le fiadhúlra/gnáthóga.

**NH-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcosnófar láithreacha Natura 2000 de réir Threoir an AE maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) agus féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, na leasanna cáilitheacha agus na bagairtí ar iontaofacht na láithreacha Natura 2000 sin.

**NH-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go dtabharfaidh gach togra forbartha aird ar na hUiscí Sliogéisc Ainmnithe agus ar a gcuid Clár Laghdaithe Truaillithe Sliogéisc a bhíonn laistigh dá ndobharcheantair.

**NH-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go dtabharfaidh gach togra forbartha aird ar Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce agus ar aon Phleananna Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce ábhartha a bhíonn laistigh dá ndobharcheantair.

**NH-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go mbreithneofaí tionchar fhorbairt ionchasach ar ghnáthóga lena mbaineann luach nádúrtha agus ar ghnéithe lárnacha de líonra éiceolaíoch an Chontae iad, agus go gcorprófaí bearta bithéagsúlachta maolaitheacha isteach i dtograí forbartha.

**NH-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle an comhthéacs scéimhe, suntasacht tírdhreach cultúrtha, caithimh aimsire agus comhshaoil de chuid áiseanna líne chósta an Chontae a chosaint ó fhorbairt mhíchuí.

**NH-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle grúpaí suntasacha de chrainn/fálta sceach/coillte atá ann cheana féin a chosaint, agus tuilleadh plandaithe crann dúchasach i bhforbairtí nua a lorg, nuair is cuí sin.

**NH-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint teorainneacha ballaí cloiche a lorg, áit a léirítear go bhfuil ról suntasach oidhreachta acu. Sa chás go gcaithfear ballaí mar sin a leagan, beidh sé riachtanach ballaí cloiche a thógáil ag áiteanna eile/píosa siar laistigh den láthair, ag úsáid ábhar agus teicnící áitiúla comhaontaithe.

**NH-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle iontaofacht na Siúlóidí Cois Cladaigh ó Bhun an Phobail go dtí An Caisleán Nua, ó Bhun Dobhráin go dtí Tullaghan, ó Bhun Cranncha go dtí an Trá Ghil agus an bealach siúlóide a ghabhann thart ar an Trosc, Bealach Féich, a chosaint, trí bhainistiú a dhéanamh ar fhorbairt a chuirfeadh isteach ar áiseanna na siúlóidí sin agus na limistéir timpeall orthu, nó a chuirfeadh cosc orthu.

**NH-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle tírdhreacha Conláiste Ardscéimhe (EHSA) agus radhairc agus amhairc a chosaint, chomh maith le carachtar thírdhreacha saintréitheacha réigiúnacha, áitiúla agus cultúrtha sa Chontae a chaomnhú.

**NH-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle carachtar na mbóithre seo a leanas isteach chuig Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha a chosaint:

- Gleann Domhain go Bóthar na Dúchoraidh.
- Dún Lúiche go Bóthar an Tearmainn.
- Churchill go dtí an Tearmainn/Bóthar Dhún Lúiche.
- Mám na Mucaise go dtí Droichead Cabiber.

**NH-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle spéirlínte agus droimlínte feiceálacha a chosaint ó fhorbairt mhíchuí.

**NH-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle carachtar agus oidhreacht thírdhreach na nOileán a chosaint agus cur leo.

**NH-P-14** Déanfaidh an Chomhairle iarracht fosta na radhairc agus amhairc lena mbaineann luach conláiste speisialta agus spéis taitneamachta a chaomhnú, go háirithe radhairc idir bóithre poiblí agus an fharraige, lochanna agus aibhneacha. Maidir leis sin, breithneofar tograí forbartha a bheidh lonnaithe ar thailte idir an bóthar agus an fharraige, lochanna nó aibhneacha ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

- Cáilíochtaí tábhachta an radhairc i gceist.
- Cibé ar bhain forbairt atá ann cheana féin do shláine an radhairc go seadh.
- Cibé an gcuirfeadh an fhorbairt isteach go mór ar an radharc.
- Cibé an athródh an fhorbairt an radharc go hábharach.

Agus an beartas á fheidhmiú, cuirfear cur chuige réasúnta agus cothromaithe i bhfeidhm le cinntiú nach mbeidh an beartas ina chosc ginearálta ar fhorbairtí idir an bóthar agus an fharraige, lochanna agus aibhneacha.

**NH-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle cosaint ghnáthóga agus thearmann chearca fraoigh Chró na mBraonáin a chinntiú de bharr a dhlús ard Cearca Fraoigh agus a thábhacht maidir le líon náisiúnta na gCearc Fhraoigh, ar speiceas cosanta í faoin Treoir maidir le hÉin ón AE.

## 6.2 Oidhreacht Thógtha

### Aidhm:

### Oidhreacht thógtha an Chontae a chaomhnú agus cur léi.

### 6.2.1 Cúlra

Is é an cúlra fisiciúil agus sochpholaitiúil a chruthaigh sain-aitheantas uathúil an Chontae, agus tá sraitheanna de thagairtí sóisialta, stairiúla, polaitiúla, eacnamaíocha, fisiciúla, eolaíocha agus mothúchánacha neadaithe i gcreatlach tógtha ár dtírdhreacha agus le feiceáil inár mbailte, sráidbhailte agus, ar bhealach níos láidre b'fhéidir, inár mbailte agus tithe tuaithe. Tá na saintréithe inár n-oidhreacht thógtha, go háirithe in ailtireacht tuaithe Dhún na nGall, chomh tábhachtach dár n-aitheantas cultúrtha agus atá an focal nó an rann labhartha agus scríofa.

Bhí tionchar ag an aitheantas leanúnach a bhfuiltear á thabhairt do thábhacht ár n-oidhreachta tógtha agus don bhaint atá aici leis an am atá caite ar chéannacht ár gContae, agus aithnítear é mar shócmhainn luachmhar maidir le forbairt eacnamaíoch agus tuiscint ar an saol, ar athnuachan agus ar inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Déanann an Chomhairle tagairt do Bheartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015 I dTreo Todhchaí Inbhuanaithe: Ag Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha.

Tógadh tithe agus foirgnimh feirme Dhún na nGall, a dtugtar ailtireacht dúchais tuaithe go minic orthu, i gcaitheamh na mblianta trí ábhair áitiúla a úsáid le freastal ar a riachtanais féin laistigh de shrianta láithreacha áirithe. Níos minice ná a mhalairt tháinig na foirgnimh sin chun cinn in imeacht ama gan tionchar orthu ó ailtirí, stíleanna foirmiúla nó treochtaí faiseanta. Mar sin, baineann leagan amach ár bhfoirgneamh amuigh agus ár dteachíní go sainiúil leis an láthair ina mbíonn siad agus is minic a bhíonn difríochtaí sa stíl tuíodóireachta idir Inis Eoghain agus Gaoth Dobhair, agus ar an dóigh chéanna bíonn éagsúlachtaí le feiceáil san fhálú cloch tirim ó Chionn Mhálanna go Bun Dobhráin. Is iad na difríochtaí beaga straitéiseacha sin a thugann luach don mhéid dár n-oidhreacht thógtha atá fágtha agus a fhágann gur fiú iad a choinneáil.

Rinneadh leasuithe ar na foirgnimh sin i gcaitheamh na mblianta agus ba chóir leanúint leis an athrú sin ach na gnéithe dúchais a choinneáil, a athchóiriú agus cur leo, ionas go gcruthófar an méid spáis a bhíonn de dhíth sa lá atá inniu ann.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil go leor foirgneamh dúchais ann a chuireann leis an tírdhreach álainn agus lom a aithnítear le Dún na nGall ach nach bhfuil luaite faoi láthair i dTaifead na Struchtúr Cosanta (RPS) reatha. Tá an Chomhairle ag fiosrú na struchtúir sin a chur leis an RPS mar iarracht ar leagan na bhfoirgneamh sin a chosc, fad a oibríonn sí laisigh de bheartas tithíochta tuaithe le athúsáid go leor de na teachíní agus foirgnimh a spreagadh.

Féadfaidh caomhnú ról lárnach a imirt maidir le saibhreas eacnamaíoch a chur chun cinn trína chinntiú go gcuireann ceantar coinníollacha maireachtála agus oibre mealltacha ar fáil, a spreagfaidh infheistíocht isteach. Ansin, féadfaidh saibhreas eacnamaíoch beogacht bhailte stairiúla, shráidbhailte agus phobail áitiúla a chinntiú.

Áirítear ar ailtireacht thionsclaíoch Dhún na nGall na Trádstórais i Ráth Mealtain, na Muilte i gConmhaigh, sa Mhuileann Úr agus i mBéal Átha Seanaidh, na stáisiúin gharda cósta agus na tithe

solais in go leor de na sráidbhailte iascaireachta ar fud an Chontae ó Bhun an Phobail go dtí na Cealla Beaga, ó oifigí poist agus boscaí poist go tornóga aoil agus bríc-oibreacha, chomh maith leis na bóithre, droichid agus iarnróid a fhreastalaíonn ar na gníomhaireachtaí sin.

Bhí go leor de na láithreacha sin in úsáid go dtí le déanaí. Tá na foirgnimh sin ag dul trí phróiseas meathlaithe gníomhaigh faoi láthair, de bharr nach bhfuil siad in úsáid. Ba chóir clár caomhnaithe, athchóirithe nó athúsáid oiriúnaithigh a éascú, leis an phróiseas meathlaithe sin a stopadh.

Tá scéim na mBailte Oidhreachta bunaithe ar an bprionsabal go ndéanfaí forbairt ar roinnt bailte ag a bhfuil carachtar fisiciúil láidir le hionadaíocht a dhéanamh ar oidhreacht na hÉireann. Tá dhá éifeacht ag an phróiseas sin; cuidiú le timpeallacht thógtha na mbailte sin a chaomhnú agus uirlis mhargaíochta a chur ar fáil don tionscal margaíochta. Laistigh de Dhún na nGall, ainmníodh Ard an Rátha agus Ráth Mealtain agus rinneadh margaíocht orthu faoin tionscnamh seo (téama na fíodóireachta d'Ard an Rátha agus téama mar chalafort nó mar bhaile Seoirseach do Ráth Mealtain). D'ainmnigh an Chomhairle Ard an Rátha, Béal Átha Seanaidh, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus Ráth Bhoth mar 'Bhailte Oidhreachta'.

Tá ár n-oidhreacht ailtireachta, ar a n-áirítear bailedhreach foirgneamh agus tírdhreacha, cosanta faoi Chuid IV den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 agus tugann Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities (Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Gnóthaí Pobail, 2004) treoir ar an chuid seo den Acht. Tugtar tuilleadh treorach trí Government Policy on Architecture 2009-2015 (DEHLG 2009); agus Sraith Chomhairle ar shaincheisteanna ar leith nó ábhair faoi choinne foirgneamh stairiúla (Uimh.1 -16). Tá foilseacháin neamhreachtúla ann chomh maith a thugann treoir ar struchtúir chosanta agus foirgnimh stairiúla mar atá in Imleabhar 1: Report on the Present and future Protection of Thatched Structures in Ireland (2002).

Cuirfidh Comhairle Contae Dhún na nGall deiseanna oiliúna a athneartaíonn tábhacht ár scileanna uathúla tógála, agus ag an am chéanna ag tabhairt eolais ar thuíodóireacht, díonú sclátaí, athchóiriú fuinneoga stairiúla, plaistreáil aoil agus oibreacha etc le coinneáil á bhfuinneamh dúchasach a éascú.

## 6.2.2 Cuspóirí

**BH-O-1**: Oidhreacht ailtireachta an Chontae a chaomhnú, a chosaint, a thaifeadadh agus cur léi.

**BH-O-2:** Athbheochan agus athúsáid iomchuí na hoidhreachta tógtha ar fud an chontae a éascú, lena n-áirítear foirgnimh dúchais.

**BH-O-3:** Fás agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch a chur chun cinn trí athnuachan leanúnach na timpeallachta tógtha.

**BH-O-4:** An poitéinseal a bhaineann le ACAnna iomchuí a ainmniú laistigh den Chontae a fhiosrú.

## 6.2.3 Beartais

**BH-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle gach struchtúr (nó cuid de struchtúr) agus láthair atá i dTaifead na Struchtúr Cosanta agus lena mbaineann leas speisialta ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíonta, cultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil, a chaomhnú agus a chosaint.

**BH-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an RPS ar bhonn leanúnach, agus struchtúir (nó cuid de struchtúir) lena mbaineann leas speisialta a chur leis de réir mar is cuí.

**BH-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú, nuair is cuí, go mbeidh bearta maidir le creatlach foirgneamh dúchais agus/nó stairiúil a shíneadh, a leasú nó a athrú go hábhartha eolasach agus leochaileach faoi mhodhanna agus ábhair tógála traidisiúnta agus ceirdne agus nach mbeidh drochthionchar acu ar charachtar agus ar chuma struchtúir.

**BH-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcoinneálfar aghaidheanna siopaí stairiúla, struchtúir (agus codanna struchtúir), lena n-áirítear a gcuid mionsonraí feidhmiúla agus maisithe, de réir treoirlínte agus sárchleachtais caomhnaithe reatha.

**BH-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go ndéanfar deisiú, athúsáid agus athchóiriú ar fhoirgnimh dúchais/stairiúla a chuireann go dearfach le hoidhreacht thógtha an cheantair, lena n-áirítear iad sin dá dtagraítear ar liostú ar bith de chuid Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta.

**BH-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle réitigh deartha ardcháilíochta agus iomchuí a éascú, lena n-áirítear cúrsaí scála, comhréire, mionsonraí agus sonraíochtaí ábhair, do thograí forbartha a mbeidh tionchar acu ar fhoirgnimh dúchais agus/nó stairiúla i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon.

**BH-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle cáilíocht, carachtar agus sainiúlacht bhailte agus sráid-dreacha sa Chontae a chaomhnú agus cur leo, ag tabhairt airde, mar shampla, ar leagan amach sráideanna, línte foirgneamh agus leithid ceapach talún traidisiúnta, comharthaíocht agus troscán sráide stairiúil.

**BH-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcaomhnóidh agus/nó go gcuirfidh tograí ar na hOileáin le carachtar, scála agus taitneamhacht amhairc lárnacha na hoidhreachta ailtireachta, fad a léireoidh siad meas ar charachtar na bhfoirgneamh atá ann cheana agus ar radhairc agus spásanna tábhachtacha agsu ar an phatrún bailte stairiúil, ó thaobh scála, airde, grúpála, dlúis, deartha agus ábhar.

**BH-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle troscán sráide nua-aimseartha agus gnéithe mar shoilse, suíocháin agus binsí, boscaí bruscair, mullaird, ráillí, comharthaí sráide, boscaí poist, boscaí teileafóin, pábháil, clocha colbha, boscaí fóntais, cáblaí, cuaillí, aintéiní, dealbha, plaiceanna agus séadchomharthaí eile a dhearadh, a shuíomh agus a chuíchóiriú go leochaileach, ionas go mbeidh siad lánpháirtithe ó thaobh amhairc de, leis an timpeallacht thart orthu.

**BH-P-10** Tá sé de bheartas ag an Chomhairle gráigeanna/clacháin thraidisúnta a aithint agus a chur chun cinn i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon a chuireann le luach uathúil sainiúil carachtar tírdhreach ar leith.

## 6.3 Oidhreacht Seandálaíochta

**Aidhm:**

**Oidhreacht seandálaíochta an Chontae a chaomhnú agus a chosaint ar mhaithe leis na glúin atá ann faoi láthair agus na glúin amach romhainn, fad a spreagfar daoine meas a bheith acu ar na hacmhainní luachmhara, neamh-inathnuaite, cultúrtha sin agus taitneamh a bhaint astu, trí bhainistiú inbhuanaithe, feabhsú leochaileach agus forbairt iomchuí.**

### 6.3.1 Cúlra

Aithníonn an Chomhairle tábhacht chultúir agus stairiúil oidhreacht seandálaíochta an Chontae. Is é atá sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) iniúchadh reachtúil ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus tugann sé cosaint do struchtúir, láithreacha, gnéithe agus nithe faoi na hAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta (Leasaithe) 1930-2004.

Tá na Bailte Stairiúla seo a leanas aitheanta ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil fá choinne cosanta ginearálta: Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga, Leifear, Ráth Mealtain, Ráth Maoláin agus St. Johnston. Léirítear teorainneacha treoracha do na bailte sin sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. Tugtar Criosanna Poitéinsil Seandálaíochta ar na ceantair sin agus is ceantair iad ina bhfuil go leor seandálaíochta. Níl oidhreacht seandálaíochta an Chontae teoranta go dtí séadchomharthaí a bhfuil eolas fúthu agus láithreacha a aithnítear san RMP. Leagann an tAcht um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1994 na nósanna imeachta chun déileáil le teacht ar ní nó láthair seandálaíochta nach bhfuil taifeadadh amach. Aithníonn an Chomhairle na Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi úinéireacht/chúram an stáit agus atá faoi bhainistiú Oifig na nOibreacha Poiblí (Caibidil 10, Tábla 27). Tá an Chomhairle tiomanta oibriú i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí chun na Séadchomharthaí Náisiúnta seo a chaomhnú, a chur chun cinn agus a fheabhsú. Tá roinnt reiligí stairiúla faoina úinéireacht/cúram ag Comhairle Chontae Dhún na nGall (Caibidil 10, Tábla 28). Cuimhnítear go leagann 'The Code of Practise', arna fhoilsiú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, dar teideal 'Framework and principles for the Protection of Archeological Heritage', go leagann sé amach na bunphrionsabail náisiúnta i dtaca le forbairt agus oidhreacht seandálaíochta.

### 6.3.2 Cuspóir

**AH-O-1:** Oidhreacht seandálaíochta an Chontae a chaomhnú agus a chosaint ar mhaithe leis na glúin atá ann faoi láthair agus na glúin amach romhainn.

## 6.3.3 Beartais

**AH-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle iontaofacht Shéadchomharthaí Seandálaíochta agus a gcuid suíomhanna a chosaint agus a fheabhsú, agus caomhnú in-situ gach séadchomhartha seandálaíochta atá sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna a chinntiú.

**AH-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle Criosanna Poitéinsil Seandálaíochta atá lonnaithe sna ceantair uirbeacha de Bhéal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, na Cealla Beaga, Lifear, Ráth Mealtain, Ráth Maoláin agus St. Johnston, mar atá aitheanta sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, a chaomhnú agus a chosaint.

**AH-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle carachtar, suíomh ag radharc ó Shéadchomharthaí Náisiúnta/Séadchomharthaí Taifeadta a chosaint agus forbairt a mheasfaí a chuirfeadh isteach ar nó a choiscfeadh taitneamh a bhaint as áiseanna na láithreacha sin (ó thaobh amhairc nó go fisiciúil), a bhainistiú.

**AH-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle, sa chás go bhfuil sé oiriúnach, carachtar agus suíomh aon ní nó láthair seandálaíoch neamhthaifeadta a chosaint.


## County Donegal Development Plan 2012 - 2018

## Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018

## Map 8
## Léarscáil 8

## Areas of Especially High Scenic Amenity
## Limistéar Conláiste Ardscéimhe

- Areas of Especially High Scenic Amenity (EHSA) Limistéar Conláiste Ardscéimhe (LCA)
- National Roads Bóithre Náisiúnta
- Regional Roads Bóithre Réigiúnacha
- Views & Prospects Radhairc agus Amhairc




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall


Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council 2012.
Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012


To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.
Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

Plean Forbartha
Chontae Dhún Na nGall
2012-2018

# Caibidil 7
# Forbairt Acmhainní Nádúrtha.



# Caibidil 7 Forbairt Acmhainní Nádúrtha

## 7.1 An Tionscal Eastóscach agus Geolaíochta

**Aidhm:**

**D'fhonn asbhaint iomchuí agus inbhuanaithe chomhbhailiúchán agus/nó mianraí a fhaightear go háitiúil agus a chuireann leis an gheilleagar áitiúil a éascú, sa chás nach mbíonn drochthionchar ag gníomhaíocht den sórt sin ar shaincheisteanna a aithnítear a bheith tábhachtach, lena n-áirítear carachtar an tírdhreacha, radhairc nó ceantair atá spéisiúil ó thaobh na geolaíochta de.**

### 7.1.1 Cúlra

Tá traidisiún fada i nDún na nGall maidir le cloch áitiúil a úsáid mar ábhar bóithre, pábhála agus mar ábhar tógála tithe. Rud spreagúil é cloch áitiúil a úsáid i dtógáil an lae inniu, mar go léiríonn sé saothar agus traidisiúin na nglún a chuaigh romhainn agus mar nach gcuireann sé isteach ar an radharc i dtírdhreach Dhún na nGall.

Is acmhainní nádúrtha suntasacha agus riachtanacha iad comhbhailiúcháin maidir le forbairt eacnamaíochta leanúnach Dhún na nGall, mar sin is gá asbhaint inbhuanaithe ábhar iomchuí, mar shampla créanna, gairbhéal, gaineamh agus comhbhailiúcháin, a éascú. Ag an am céanna, glacann an Chomhairle leis an ghá le drochthionchair ar bith ar an timpeallacht nádúrtha, ar an tírdhreach, ar an líonra bóithre, ar an oidhreacht agus ar phobail a íoslaghdú. Áirítear iad seo a leanas ar na tionchair a chaitear a chur san áireamh: torann, creathadh, dusta, caighdeán uisce, an maoschlár a ísliú, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha, trácht sa tírdhreach agus ábhair dramhaíola.

Rialaíonn na hAchtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 go 1999 taiscéalaíocht agus forbairt ar gach mianra seachas cloch, gairbhéal, gaineamh agus cré. Ní áirítear an dromchla talmhaíochta ná móin ar mhianraí, sa chomhthéacs seo. Ní áirítear orthu cloch, gairbhéal, gaineamh ná cré, ach oiread, ach amháin i gcás roinnt mianraí liostaithe m.sh. Slinn Dín, Marmar, Gaineamh Silice agus Cré Tháthach.

D'eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha roinnt Ceadúnas Lorgaireachta i nDún na nGall in 2010. Ní cheadaíonn na ceadúnais sin (a bhíonn bailí ar feadh 6 bliain de ghnáth) ach lorgaireacht agus ní asbhaint. Teastaíonn cead pleanála agus Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú sular féidir dul ar aghaidh le hasbhaint. Teastaíonn Léas Mianadóireachta ón Aire DCENR fosta.

Beidh na tionscail eastóscach faoi threoir ag Treoirlínte an DEHLG d'Údaráis Pleanála 2004: Coiréil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeachta agus ag Treoirlínte Bainistithe Comhshaoil an EPA – Bainistiú Chomhshaoil sa Tionscal Eastóscach (mianraí neamh-sceidealta) 2006.

Cé go bhfuil na láithreacha eolaíocha is tábhachtaí ó thaobh na geolaíochta agus na geomoirfeolaíochta de ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAnna) ag an tSeirbhís

Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), mhol an Plean Oidhreachta Náisiúnta (2002) go naithneofaí Láithreacha Geolaíochta Contae (CGS) le láithreacha geolaíochta tábhachtacha eile a aithint agus a chosaint. Molann an Irish Geological Heritage Programme (páirtíocht idir Suirbhé Geolaíochta na hÉireann (SGÉ) agus NPWS) na láithreacha geolaíochta is fearr ar fad a bheith ainmnithe mar Cheantair Oidhreachta Náisiúnta. Aithníonn sé fosta a lán CGS, a bhfuil tábhacht gheolaíoch náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ag baint leo ach nach bhfaighidh an caomhnú reachtúil a bhaineann le Ceantair Oidhreachta Náisiúnta.

Dá réir sin, aithníodh sceideal de Láithreacha Geolaíochta Contae sa Phlean Forbartha seo. Ní liosta iomlán é seo agus féadfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DoEHLG) agus Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann (GSI) cur leis i rith tréimhse an Phlean.

Tugann liostú sa Dréachtphlean Forbartha cosaint bhreise do na láithreacha in aghaidh forbairtí a d'fhéadfadh a bheith dochrach agus a dteastaíonn cead pleanála uathu, de ghnáth, mar shampla tógáil, cairéalú, líonadh talún nó foraoiseacht. Dá bharr sin, tá beartais leagtha amach anseo le héifeacht a thabhairt don chosaint riachtanach i gcásanna ina dteastaíonn cead pleanála.

## 7.1.2 Cuspóirí

**EX-O-1:** An comhshaol a chaomhnú agus a chosaint, lena n-áirítear go háirithe an oidhreacht seandálaíochta agus nádúrtha agus láithreacha ainmnithe Eorpacha, chomh maith le láithreacha ar bith eile a fhorordaítear, a chaomhnú agus a chosaint.

**EX-O-2:** Tréithe an tírdhreacha a bhuanchoimeád sa chás go mbíonn pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cuí an cheantair á iarraidh, lena n-áirítear buanchoimeád radharc agus amharc, gnéithe cultúrtha, áiseanna in áiteanna agus gnéithe leasa nó áilleachta nádúrtha.

**EX-O-3:** Na láithreacha sin a bhfuil an poitéinseal is airde acu ó thaobh mianraí/comhbhailiúcháin a asbhaint laistigh de shaolré an Phlean agus nach bhfuil suite laistigh de limistéir ard-taitneamhachta nó nach mbeadh drochthionchar acu ar ainmniúcháin chomhshaoil, a aithint.

**EX-O-4:** Caighdeán an chomhshaoil a chosaint agus a chaomhnú, lena n-áirítear truailliú comhshaoil a chosc, a theorannú, a dhíchur, a laghdú nó deireadh a chur leis, chomh maith le huiscí, screamhuisce, an cladach agus an t-atmaisféar a chosaint.

## 7.1.3 Beartais

**EX-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan tograí tionscail eastóscach a cheadú, de ghnáth, i gceantair Ardscéimhe nó in áiteanna ina mbeadh drochthionchar acu ar aon láthair Natura 2000, Limistéar Oidhreachta Nádúrtha, Anaclann Dúlra, Limistéar Cosanta Screamhuisce (Uiscíoch), Dobharcheantar Diúilicíní Péarla Fionnuisce nó in áiteanna eile atá tábhachtach maidir le flóra agus fána a chosaint, nó lena mbaineann mór-phoitéinseal seandálaíochta, ach amháin más féidir a thaispeáint go soiléir nach mbeadh drochthionchar suntasach ag tionscail eastóscach den sórt sin ar áiseanna nó ar an chomhshaol, agus má chomhlíonann siad Airteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Beidh gach togra tionscail eastóscach i nDobharcheantair Diúilicíní Péarla Fionnuisce ainmnithe faoi réir ag Measúnú um an Treoir maidir le Gnáthóga agus comhlíonfaidh siad

na cuspóirí agus na cleachtais atá leagtha amach sa Phlean Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce ábhartha agus in aon chóid cleachtais ábhartha.

**EX-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan tograí forbartha maidir le saoráidí cairéil agus saoráidí coimhdeacha a cheadú ach amháin sa chás gur tugadh fianaise nach mbeidh mar thoradh orthu bagairt mhór truaillithe ar an chomhshaol, lena n-áirítear sioltachán agus dríodrú uiscí dromchla glactha ag dul le sruth, ag féachaint don leochaileacht a aithníodh sa Phlean Bainistithe Abhantraí agus in aon Phlean Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce ábhartha agus lena chinntiú nach mbeidh drochthionchar ag tograí tionscail eastóscach ar an chomhshaol, lena n-áirítear ar cháilíocht agus ar chainníocht uisce dromchla agus screamhuisce (uiscígh), ar chonairí aibhneacha, ar na bogaigh a bhaineann leo agus ar Cheantair Bhainistithe Abhantraí.

**EX-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go mbeadh plean lánpháirtithe céimnithe forbartha agus athchóirithe maidir le hiarchúram/athúsáid na láithreach ag gabháil le gach iarratas ar thograí tionscail eastóscach. Caithfidh plean athchóirithe ar bith Airteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh, agus féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, do leasanna cáilitheacha agus do bhagairtí ar iontaofacht láthair Natura 2000.  Ba chóir do phleananna athchóirithe beartais EX-P-1 agus EX-P-2 agus cuspóirí EX-O-1, EX-O-2 agus EX-O-4 a chomhlíonadh.

**EX-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh, sa chás go moltar forbairt tionscail eastóscach laistigh de 300m de shéadchomhartha taifeadta/láthair seandálaíochta, nó is dócha go mbeidh tionchar ábharthach aige ar chonláistí amhairc an tséadchomhartha/tsuímh,  go bhfostóidh na hiarratasóirí/na hoibreoirí seirbhísí seandálaí nó duine cuícháilithe le tabhairt faoi mheasúnú seandálaíochta ar an láthair. Tá an measúnú sin le cur ar aghaidh go hiomlán in éineacht leis an iarratas pleanála don fhorbairt.

**EX-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle a éileamh go mbeidh fianaise ar oiriúnacht an líonra bóithre i dtéarmaí leithid, ailínithe agus acmhainn iompair ag gabháil le tograí forbartha, agus a éileamh go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar aon easpaí aitheanta ar chostas an iarratasóra.

Sa chás go dteastaíonn oibreacha maolaithe chun infreastruchtúr bóithre a athailíniú nó a uasghrádú, caithfidh siad Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chomhlíonadh agus féachaint do na cuspóirí caomhnaithe ábhartha, do leasanna cáilitheacha agus do bhagairtí ar iontaofacht láthair Natura 2000, agus comhlíonfaidh siad na cuspóirí agus na cleachtais atá leagtha amach in aon Phlean Fo-Abhantraí Diúilicíní Péarla Fionnuisce ábhartha agus in aon chóid cleachtais ábhartha, a fhad is gur féidir go réasúnta, ag cur san áireamh sábháilteacht úsáideoirí bóthair amach anseo.

## Oidhreacht Gheolaíochta

**G-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle Láithreacha Geolaíochta Contae (CGS) a chosaint. Dá réir sin, glacfaidh an Chomhairle cur chuige réamhchúraim ar thograí forbartha a mbeidh an poitéinseal acu tionchar a imirt ar CGS. Ba chóir tuarascáil mhionsonraithe ó dhuine inniúil a bheith ag gabháil le tograí, tuarascáil a leagfaidh amach an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann lena chinntiú gur féidir cinneadh eolasach a dhéanamh.  Sa chás gur dócha go ndéanfar dochar suntasach don CGS, ní bhronnfar cead pleanála ach amháin má bhíonn cúinsí sáraitheacha ann lena mbaineann tábhacht phoiblí don Chontae.

## 7.2 Fuinneamh

### Aidhm:

**Forbairt ar phunann fuinnimh ilchineálach a éascú tríd an phoitéinseal gaoithe, gréine, hidri, tonnta, bithmhaise, bithfhuinnimh, ola agus gáis a ghabháil ar bhealach inbhuanaithe. Forbairt iomchuí ar infreastruchtúr gaolmhar a éascú ar mhaithe leis na hacmhainní fuinnimh sin a ghabháil agus ar mhaithe le forbairt Dhún na nGall mar Lárionad Barrfheabhais d'Fhuinneamh In-Athnuaite a chur chun cinn agus a éascú. Forbairt ar thograí fuinnimh gaoithe ar tír mór agus amach ón chósta, a bheadh lonnaithe go hiomchuí, a éascú ag teacht leis an Straitéis Fuinnimh Gaoithe.**

### 7.2.1 Cúlra

Aithníonn Dún na nGall na buntáistí comhshaoil agus na deiseanna eacnamaíocha a éiríonn as forbairt acmhainní fuinnimh inathnuaite atá ar fáil agus féidearthacht shuntasach thíreolaíocht Dhún na nGall tairbhe a bhaint as na fuinnimh seo, go háirithe fuinneamh gaoithe, toinne, taoide agus hídreafhuinneamh. Is é cuspóir sainráite an Chontae bheith neamhspleách ó thaobh fuinnimh de agus bheith ina easpórtálaí fuinnimh.

Tá Dún na nGall chun tosaigh faoi láthair maidir le fuinneamh inbhuanaithe a sholáthar leis an eangach náisiúnta agus maidir leis an chéad choláiste a fhorbairt chun Acadamh Náisiúnta Gaoithe a chur ar fáil in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Táthar ag tosú aitheantas a thabhairt don Chontae mar Lárionad Barrfheabhais san earnáil nithe in-athnuaite as ucht taighde agus forbartha.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus ag an Bhord Forbartha Contae Na Cealla Beaga a fhorbairt mar Lárionad Barrfheabhais don gheilleagar glas, trí shraith gnólachtaí tacaíochta láidre, beomhar agus forghníomhacha. Thacaigh an Bord Forbartha Contae le clár Ardteastais mar Theicneoir Fuinnimh Gaoithe a bhunú in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus le cláir chomhlántacha a bhunú ar feadh Choistí Gairmoideachais Dhún na nGall (Teastas FETAC Leibhéal 5 sa Teicneolaíocht In-Athnuaite). Tá poitéinseal ann sa Chontae teicneolaíochtaí in-athnuaite a óstáil (ar tír mór agus amach ón gcósta araon), chun déantúsaíocht agus iompar (allmhairiú/onnmhairiú) a dhéanamh agus chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí. Tá saineolas agus scileanna inaistrithe ag go leor tionscal ag tá ag dul i léig (m.sh. iascaireacht, feirmeoireacht, tógáil), chomh maith le bonn infreastruchtúir chun leas a bhaint as na deiseanna atá ag teacht chun cinn ón gheilleagar glas.

**Treoir maidir le Pleanáil**
Leagann an Plean Forbartha Náisiúnta (2007-2013) agus an Straitéis Spáis Náisiúnta (2002 - 2020) béim ar an tábhacht a bhaineann le córais fuinnimh iontaofa agus éifeachtacha, mar ghás agus leictreachas, chun cumhacht a thabhairt don tionscal agus do sheirbhísí, agus le hinfreastruchtúr fuinnimh a fhorbairt ar bhonn uile-oileánda. Féadfaidh forbairt ar Fhuinneamh In-Athnuaite fiontair inbhuanaithe ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de a chruthú, agus féadfaidh sí ról tábhachtach a imirt maidir le fostaíocht a chur ar fáil agus cuidiú le hoibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh i ndáil le hathrú aeráide idirnáisiúnta. Tá an líonra traschuir i nDún na nGall go príomha

ar 38kV agus 110kV, gan aon 220kV nó 400kV sa Chontae (tá na líonraí traschuir sa chontae le feiceáil ar léarscáil 9).

Aithníonn Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála (2010 - 2022) do réigiún na teorann go bhfuil poitéinseal faoi leith don réigiún ag baint le fuinneamh in-athnuaite trí ghaoth, bithmhais agus uisce a fhorbairt. Tacaíonn na treoirlínte le haitheantas a thabhairt do shaoráidí trasteorann agus le soláthar a dhéanamh dóibh, agus aithníonn siad go bhféadfaidh toradh suntasach teacht as meascán fuinnimh in-athnuaite iomchuí a fhorbairt, mar shampla meascán d'fhuinneamh gaoithe, tonnta agus taoide, le soláthar leanúnach a chinntiú. Cuireann na treoirlínte um Fhuinneamh Gaoithe (DoEHLG, 2006) comhairle ar údaráis pleanála maidir le saincheisteanna suímh agus feidhmithe maidir le feirmeacha gaoithe tráchtála.

In aghaidh na ráiteas treorach beartais sin tá an gá leis an fhuinneamh a ghinntear trí infreastruchtúr tarchurtha a ghabháil. Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh Eirgrid (an tOibreoir Tarchurtha Leictreachais neamhspleách) Grid 25, ina thugtar mionsonraí faoi thograí chun infreastruchtúr leictreachais nua agus uasghrádaithe a chur i bhfeidhm chun tograí fuinnimh in-athnuaite a ghabháil. Samhlaíonn an straiteis go mbeidh an tOirthuasiceart in ann a bheith ina ghlan-onnmhaireoir cumhachta chuig an chuid eile den oileán, agus dá bhrí sin ní bheifear ag brath an oiread ar ghiniúint lasmuigh den réigiún. Cuireann an straitéis seo méadú ar sholáthar cumhachta chun cinn chun freastal ar infheistíocht eacnamaíoch sa Chontae agus chun infheistíocht amach anseo a mhealladh. Go príomha, is 38 kV agus 110 kV atá an líonra tarchurtha i nDún na nGall. Níl aon 220 kV nó 400 kV sa Chontae. Déanann ciorcad trasteorann 110 kV nasc leis an Srath Bán i dTuaisceart Éireann. Beartaíonn an straitéis infheistíocht bhreise san Iarthuaisceart thart ar €750m a chur i bhfeidhm chun uasghrádú a dhéanamh ar bheagnach 700 km den líonra tarchurtha atá ann cheana féin, agus chun ciorcaid nua a thógáil, lena n-áirítear oibreacha atreisithe 110 kV idir na Cealla Beaga (stáisiún na Binne Báine).

**Fuinneamh gaoithe**

Faoi 2010, bhí thart ar 15% den leictreachas á thairgeadh ag an Chontae ó fhoinsí in-athnuaite. Tá sprioc uaillmhianach bunaithe ag an Rialtas chun an méid sin a mhéadú go dtí 40% den leictreachas ar fad as foinsí in-athnuaite faoi 2020, le fuinneamh gaoithe chun méid mór a chur leis an sprioc sin (5,500MW).

Tá Dún na nGall ag giniúint aschur fuinnimh gaoithe suntasach cheana féin, i gcomparáid le contaetha eile in Éirinn, agus tá sé ina onnmhaireoir fuinnimh, in ainneoin an infreastruchtúir eangaigh leictreachais teoranta atá sa Chontae agus an iliomad ainmniúchán comhshaoil agus oidhreachta, a bhaineann le os cionn 1/3 den achar talún. Dá bharr sin, tá dúshlán ag baint le cur chuige cothromaithe a bhaint amach chun tuilleadh suíomhanna a aithint a n-oibreodh ó thaobh na giniúna de agus nach mbainfeadh ó na háiseanna scéimhe agus ón chosaint chomhshaoil.

As an 1,803MW cumhachta a ghintear ag feirmeacha gaoithe in Éirinn, gintear 279.65MW i nDún na nGall ó líon iomlán de 28 feirm gaoithe. Ina theannta sin, tá 154.1MW breise as feirmeacha gaoithe ar conradh sa Chontae atá le nascadh leis an eangach faoi 2014 agus tá poitéinseal ann do 660 MW fuinnimh a ghiniúint ag fuinneamh gaoithe sa Chontae faoi 2020 (má bhíonn gach feirm ghaoithe Geata 3 nasctha). In éineacht leis na méideanna móra gineadóirí gaoithe atá ag lorg naisc leis an eangach leictreachais i dTuaisceart Éireann, léiríonn sin dúshlán d'fhóntais ar an dá thaobh den teorainn. Taobh istigh de Dhún na nGall tá an punann athfhoráis inathnuaite ag leathnú le forbairt teicneolaíochta nua agus níos fearr, go sonrach i bhfuinneamh gaoithe, stóráil inathnuaite agus inathnuaití amach ón chósta. Tá EirGrid ag forbairt an Eangach Tarchuir go náisiúnta agus taobh istigh de Dhún na nGall le slí a thabhairt do riachtanais inathnuaite amach anseo. Tá cead pleanála faighte chun an líne 110 kV idir na Cealla Beaga (stáisiún na Binne Báine) agus Leitir Ceanainn a thabhairt isteach agus a atreisiú, agus chun líonraí Dhún na nGall agus Thuaisceart Éireann a lánpháirtiú tuilleadh. Feabhsóidh uasghráduithe cumas agus cáilíocht an tsoláthair in Iarthuaisceart an Chontae agus chomh maith leis sin tabharfaidh sé tacaíocht do Dhún na nGall bheith ina easportálaí fuinnimh inathnuaite tá Eirgrid ag obair i gcomhar le Northern Ireland Electricity (NIE) agus System Operator Northern Ireland (SONI) i gcomhthionscadal dar teideal "The Renewable Integration Development

Project (RIDP)" leis an réiteach is fearr ar fad a aimsiú don líonra le riar ar ghiniúint inathnuaite, ar a n-áirítear naisc feirme gaoithe Geata 3 a éascú san Iarthuaisceart. Léiríonn seo go mbeidh athneartuithe suntasacha de dhíth go náisiúnta agus sin taobh istigh agus taobh amuigh den chontae.

Tá Straitéis Fuinnimh Ghaoithe ullmhaithe le forbróirí, sealbhóirí talaimh agus an pobal a chur ar an eolas faoi na láithreáin is fóirsteanaí faoi choinne suíomh tograí fuinnimh ghaoithe. Tá an straitéis seo de réir na dtreoirlínte ar Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe chun na ceantair is fearr a aithint, chomh maith le ceantair nár chóir na feirmeacha gaoithe a lonnú iontu. Tharla sin i ndiaidh anailís a dhéanamh ar cheantair a bheadh oiriúnach d'fhorbairt fuinnimh gaoithe sa Chontae. Bhain an measúnú sin úsáid as cur chuige Chórais Gheografacha Faisnéise (GIS), a rinne scrúdú ar raon fachtóirí a bhaineann le forbairt fuinnimh ghaoithe, lena n-áirítear: poitéinseal fuinnimh gaoithe (trí Atlas Luas na Gaoithe www.seai.ie ), naisc eangaigh atá beartaithe agus atá ann cheana féin, ainmniúcháin oidhreachta nádúrtha, leochaileacht tírdhreacha. Aithníonn an straitéis na nithe seo a leanas:

**Ceantair Oscailte Do Bhreithniú** - Tá na ceantair seo oscailte do bhreithniú faoi choinne tograí cuí fuinnimh ghaoithe. Tá siad aitheanta agus aird ar raon tosca, ar a n-áirítear féidearthacht fuinnimh ghaoithe (tríd an atlas luas gaoithe www.seai.ie), naisc líonra atá ann cheana féin, naisc líonra mholta, ainmnithe oidhreachta náisiúnta agus leochaileacht tírdhreacha, tá an t-infreastruchtúr bóithre imleor agus sa chás gur féidir coimhlintí dóchúla le hainmnithe oidhreachta nádúrtha a chosaint. Tá oileáin le pobail curtha san áireamh fosta ionas gur féidir tuirbín(í) cuí pobail a bhreithniú agus mar thoradh féindóthain a spreagadh.

**Na Ceantair nach Roghnaítear iad** – aithníodh ceantair nach roghnófar iad fá choinne tograí fuinnimh gaoithe de bharr srianta móra comhshaoil, oidhreachta agus tírdhreacha. Áirítear orthu sin; Láithreacha SAC agus SPA (Natura 2000), NHAnna, ceantair neamh-mhillte de chuid EHSAnna, Limistéir Diúilicíní Péarla Fionnuisce, agus radhairc agus amhairc thábhachtacha. Meastar gur beag an mhéid acmhainneachta atá ag na ceantair sin fá choinne fuinneamh gaoithe a fhorbairt.

Léarscáil 9 - cuireann Fuinneamh Gaoithe béim ar 'An Ceantar Inbhreithnithe' agus 'Ceantair Neamhfhabhraithe.

Aithníonn an Chomhairle na deiseanna a eascraíonn as tuirbíní níos éifeachtúlaí a úsáid ar fheirmeacha gaoithe seanbhunaithe, de bharr go ngineann siad torthaí fuinnimh i bhfad níos airde in aghaidh an tuirbín, ag laghdú, mar sin, an gá le tuirbíní breise. Tá an t-infreastruchtúr, na bóithre, na háiteanna crua-sheasta, na tuirbíní, an fo-stáisiún agus na sconsaí bunaithe cheana féin sa chuid is mó de chásanna, mar sin níor chóir go gcruthódh siad tionchar mór.

Le hidirghníomhú, atá ag éirí níos casta i rith an ama, na saincheisteanna a bhaineann le tograí fuinnimh ghaoithe a bhreithniú, tá an Chomhairle tiomanta do Straitéis Fuinnimh inathnuaite a fhorbairt a thuilleadh, straitéis a aithníonn ról féideartha an chontae i nginiúint fuinnimh i gcomhthéacs na pleanála cuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair. Caithfear na beartais fuinnimh ghaoithe istigh anseo a bhreithniú i gcomhthéacs na forbartha agus na gcaighdeán teicniúil a bhaineann le fuinneamh gaoithe leagtha amach i gCaibidil 10 agus i gcomhthéacs gach cuspóir agus beartas bainteach eile atá leagtha amach sa Phlean seo.

## Fuinneamh Tonnta

Tá acmhainn fuinnimh tonnta suntasach amach ó chósta Dhún na nGall. Leis an acmhainn in-athnuaite suntasach sin a ghabháil agus le tairbhe a bhaint as, is gá an t-infreastruchtúr eangaigh tacaíochta a shuiteáil. Beidh gá le pointí nasctha líonra, ag a mbeidh an acmhainneacht agus an t-infreastruchtúr tarchuir iomchuí, a aithint fá choinne tionscadal píolótach. Tá an poitéinseal ag Éire a bheith ina ceannródaí domhanda i ndéantúsaíocht agus in úsáid chórais fuinnimh aigéin agus tá saineolas taighde 3ú Leibhéal aici sna réimsí dearadh tuirbín ag Ollscoil Luimnigh, tástáil samhlacha tonnumair ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus samhlú fuinnimh tonnta ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Maidir le fréamhshamhlacha a fhorbairt, tá trí fhorbróir fuinnimh tonnta in Éirinn faoi

láthair. Thug an Rialtas le tuiscint gur chóir d'Éirinn a bheith ina ceannródaí domhanda maidir le fuinneamh in-athnuaite, de bharr gur acmhainní aigéin thar na bearta iad sin a thugann suíomh ceannródaíoch don Chontae maidir le saoráidí giniúna fuinnimh tonnta aigéin lánscála a fhorbairt, a bheidh inmharthana ó thaobh na tráchtála de.

**Bithmhais agus Bithbharra**
Is é atá i mbithmhais an t-ábhar bitheolaíochta a fhaightear ó orgánaigh atá beo nó a bhí beo le déanaí. Ar feadh na céadta bliain bhí muintir Dhún na nGall ag brath ar ár n-acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear móin mar fhoinse bhreosla agus feamainn mar leasachán ar bharra. Cé go bhfuil baint móna ag éirí neamh-inbhuanaithe tá raon leathan roghanna inbhuanaithe agus inacmhainne air sin. Tá achair mhóra foraoiseachta tráchtála a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe, a bhfuil an poitéinseal aige a úsáid mar bhreosla adhmaid do mhargaí baile agus tráchtála. Chomh maith leis sin, tá spéis níos mó á cur i mbarra fuinnimh mar shaileach, ráib agus miscanthus, agus tugann gach ceann díobh sin deiseanna bithbhreosla malartacha atá inmharthana agus atá ag fás sa Chontae cheana féin. Is fiú a thabhairt ar aird go dtugann an Roinn Talmhaíochta tacaíocht deontais fá choinne saileach agus miscanthus a fhás.

**Breoslaí Iontaise**
Is beartas lárnach de chuid an Rialtais é infheistíocht i dtaiscéalaíocht ola agus gáis amach ón chósta a spreagadh. Eisíodh roinnt ceadúnas sirtheoireachta taiscéalaíocha ar chuideachtaí fá choinne Imchuach Slyne agus Imchuach Rocal, 150km de chósta Dhún na nGall. Chomh maith leis sin, d'iarr an Rialtas iarratais ar roghanna ceadúnaithe ar tír mór in 2010 fá choinne Imchuach Carbhónmhar an Iarthuaiscirt (achar thart ar 8,000 cileaméadar cearnach, lena n-áirítear an ceantar ar an taobh ó dheas den Éirne i mBéal Átha Seanaidh agus thart ar Bhun Dobhráin). Tá deis ann róil Aerfort na gCealla Beaga agus Aerfort Dhún na nGall a leathnú agus a fhorbairt mar shaoráidí seirbhíse cothabhála fá choinne gníomhaíochtaí amach ón chósta.

Déanann Éire 96% dá soláthairtí gáis a allmhairiú ón Eoraip trí idirnascaire ón Ríocht Aontaithe. Sa chás go dtiocfar ar chúltaiscí hidreacarbóin a bheidh inmharthana ó thaobh na tráchtála de, caithfidh gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe a bheith faoi réir ag dian-mheasúnú agus ag nósanna imeachta sábháilte agus tástáilte.
Go náisiúnta, déanfar an soláthar gáis a sholáthar ar bhealach straitéiseach trí idirnascairí idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, rud a chinnteoidh soláthairtí gáis leordhóthanacha chomh fada agus is léir amach anseo. Tógadh píblíne gáis nua ó Bhéal Feirste go Doire agus thacódh an Chomhairle leis na seirbhísí atá ann cheana féin a thabhairt isteach sa Chontae.

## 7.2.2 Cuspóirí

**E-O-1:** Punann fuinnimh in-athnuaite éagsúil a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, chun freastal ar éilimh agus chun leas a bhaint as buntáiste iomaíoch an Chontae ó thaobh suímh.

**E-O-2:** Neartú an eangaigh leictreachais a éascú chun gabháil agus dáileadh fuinnimh a chumasú. Tacóidh an Chomhairle le hidirnascairí trasteorann agus tras-náisiúnta chun onnmhairiú an fhuinnimh amach as an Chontae a chumasú.

**E-O-3:** Na Cealla Beaga a fhorbairt mar Lárionad Barrfheabhais don gheilleagar glas agus do thionscail fuinnimh eile, le cnuasach gnólachtaí tacaíochta agus saoráidí taighde agus forbartha láidre, beomhara agus forghníomhacha a fhorbairt.

**E-O-4:** Meascán forbairtí inbhuanaithe agus éagsúil, a chuirfidh teorainn ar an ghlanmhéid drochthionchar a bhaineann le téamh domhanda a éascú, mar shampla fuinneamh in-

athnuaite, fás táirgí feirme áitiúla agus modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn.

**E-O-5:** Le cinntiú go gcomhlíonann forbairtí fuinnimh ghaoithe na riachtanais agus na caighdeáin uile leagtha amach i dTreoirlínte ar Fhuinneamh Ghaoithe an RCPRA 2006, nó aon Treoirlínte gaolmhara (nó mar a d'fhéadfaí a leasú).

## 7.2.3 Beartais

**Ginearálta**

**E-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar athneartuithe eangaigh ar a n-áirítear naisc eangaigh agus fuinnimh trasteorann (leictreachas agus gás) isteach sa Chontae ar tríd agus idir na contaetha máguaird a éascú, agus tacú le forbairt ar naisc eangaigh trasteorann.

**E-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt chuí fuinnimh inathnuaite ó fhoinsí éagsúla, ar a n-áirítear gaoth, tonn, taoide, bithbhreoslaí, bithghás, cumhacht na gréine, geoiteirmeach, hídrea agus stóráil uisce a éascú mar acmhainn in-athnuaite fuinnimh chinéitigh ag teacht le gach breithniú ábharach agus le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**E-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt iomchuí ar an tionscal bithbhreoslaí a éascú trí infreastruchtúr coimhdeach chun baint, stóráil agus táirgeadh barr bithbhreosla inbhuanaithe a chumasú, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartas eile de chuid an Phlean seo.

**E-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle suiteálacha fuinnimh gréine i dtionscadail tógála cónaithe, tráchtála, tionscail agus poiblí a éascú, ar an choinníoll nach mbainfeadh tograí den oidhreacht thógtha de réir phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**E-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle a bheith mar lárionad barrfheabhais do thaighde agus forbairt ar theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear fuinneamh gaoithe, hidrea, taoide agus tonnta, agus go sonrach calafort na gCealla Beaga agus Aerfort Dhún na nGall a fhorbairt mar ionaid chothabhála, sheirbhíse agus sholáthair do shaoráidí fuinnimh amach ón gcósta, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartas eile de chuid an Phlean seo.

**E-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar thograí maidir le dramhaíol a aistriú go fuinneamh a éascú, lena n-áirítear díleá anaeróbach agus díleá tirim fá choinne dramhaíola feirme nó eile agus fotháirgí i gcomhthéacs cuspóirí agus beartas eile de chuid an Phlean seo.

**E-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt inbhuanaithe ar shaoráidí a bhaineann le táirgí bithmhaise, lena n-áirítear scealpóga adhmaid agus millíní adhmaid a éascú, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartas eile de chuid an Phlean seo.

**E-P-8** Tá sé de pholasaí ag Comhairle Chontae Dhún na nGall nach gceadófar scoilteadh hiodrálach laistigh de Chontae Dhún na nGall. Mar sin, ní ligfidh an Chomhairle seo do chleachtais insáiteacha astarraingt gás scealla.

**Fuinneamh Gaoithe**

**E-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle go mbeidh forbairtí fuinnimh de réir riachtanais na dTreoirlínte Forbartha Fuinnimh Ghaoithe: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, 2006, (nó mar a d'fhéadfadh bheith leasaithe).

**E-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite a éascú, trí thograí fuinnimh gaoithe ar tír mór agus amach ón chósta a fhorbairt, ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**E-P-11** Tá sé de bheartas ag an Chomhairle:

**(1)** tograí cuí fuinnimh ghaoithe sa "Cheantar Oscailte Do Bhreithniú", mar a aithnítear ar Léarscáil Fuinnimh Ghaoithe Uimh. 9. a éascú, agus

**(2)** gan tograí fuinnimh ghaoithe sna ceantair sin aitheanta "neamhfhabhraithe" ar Léarscáil Fuinnimh Gaoithe Uimh. 9 a bhreithniú go fabhrach.

Ba chóir do thograí fuinnimh gaoithe Ailt 6.3 - 6.9 de Threoirlínte Fuinnimh Ghaoithe d'Údaráis Phleanála, 2006 agus Caibidil 10, Alt 10.6 (Fuinneamh Gaoithe – Treoirlínte Forbartha & Caighdeáin Theicniúla) a leanúint.

**E-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle gach forbróir fuinnimh gaoithe a spreagadh dul i mbun comhchomhairle réamhphleanála leis an Údarás Pleanála i ndáil le tograí forbartha. Spreagtar forbróirí teagmháil a dhéanamh leis an phobal áitiúil fosta chun an poitéinseal do bhuntáistí don phobal áitiúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn a fhiosrú, agus/nó chun socruithe maidir le hinfheistíocht an phobail áitiúil a fhiosrú.

**E-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar fheirmeacha gaoithe/comharchumainn/ uaththáirgeadh pobail a spreagradh lena chur ar chumas na bpobal a gcuid leictreachais agus iocaim féin a ghiniúint agus an barrachas a dhíol ar ais leis an eangach, de réir beartas eile sa Phlean seo agus ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**E-P-14** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le tionscnaimh deonacha ó fhorbróirí/oibreoirí feirmeacha gaoithe ar leas an phobail áitiúil, ag teacht le beartais eile sa Phlean seo agus le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

(Mar shampla, b'fhéidir; comh-úinéireacht ar thograí forbartha, díbhinní airgeadais, infreastruchtúr áitiúil níos fearr a fhorbairt, talamh a bhronnadh ar an phobal le húsáid, mar shampla mar pháirceanna imeartha, saoráidí pobail áitiúla a fhorbairt nó a athchóiriú, cearta slí/rotharbhealaí, bealaí siúil agus bealaí marcaíochta a chruthú, turais oideachasúla agus laethanta promóisin).

**E-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar fhiontar inbhuanaithe ar scála beag, faoi úinéireacht an phobail nó talmhaíochta agus/nó fiontar beag a éascú, chomh maith le tograí fuinnimh in-athnuaite chun riachtanais fuinnimh áitiúla a chomhlíonadh agus/nó chun fuinneamh barrachais a sholáthar don eangach i gcomhthéacs bheartais eile de chuid an Phlean seo agus pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

**E-P-16** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le feirmeacha gaoithe a lonnú i gcnuasaigh gar do naisc eangaigh atá ann cheana nó atá beartaithe agus gar d'fheirmeacha gaoithe atá ann agus atá i mbun oibre agus ceadaithe, chun barainneacht scála a bhaint amach agus chun achar spáis na dtionchar comhshaoil a íoslaghdú.

**E-P-17** Tá de bheartas ag an Chomhairle acmhainneacht agus mais chriticiúil na bhfeirmeacha gaoithe atá ann cheana féin a neartú agus a fheabhsú, laistigh den acmhainneacht

comhshaoil áitiúil, lena n-áirítear sean-thuirbíní a uasghrádú ar bhealach inbhuanaithe nó a athsholáthar le cinn níos nua agus níos éifeachtúlaí.

**E-P-18** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí fá choinne cur le feirmeacha gaoithe atá ann cheana féin nó atá ceadaithe a cheadú. Sa chás go mbeidh tograí den sórt sin in ann an tÚdarás Pleanála a shásamh ó thaobh na dtreoirlínte um Fhuinneamh Gaoithe 2006 (DoEHLG) agus nach dtiocfaidh dochar comhshaoil suntasach as na tionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ag tuilleadh tógála ar an láthair maidir le; tírdhreacha, gnáthóga, cobhsaíocht ithreach agus gnáthóga comhshaoil.

**E-P-19** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go ndéanfar gach bóthar a bhaineann le forbairt ar fheirmeacha gaoithe a chothabháil nó a dheisiú ar chostas an fhorbróra chun sásacht na Comhairle.

**E-P-20** Tá de bheartas ag an Chomhairle go ndéanfar measúnacht ar thionchair fhéideartha ar oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha, lena n-áirítear tionchair ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus uiscebhealaí a mheasúnaítear mar chuid de thograí forbartha feirmeacha gaoithe. Sa chás go n-áithnítear a leithéid de thionchair, is cóir bearta maolaithe mar chriosanna maolánacha, faid scartha agus socruithe rochtana a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

**E-P-21** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar chomhthograí gaoithe agus tonnta, taoide agus/nó hidrea a éascú i gceantair nach bhfuil srianta suntasacha comhshaoil, oidhreachta nó tírdhreacha ag baint leo, chun fuinneamh in-athnuaite a chruthú agus a onnmhairiú agus chun ioncam áitiúil a chruthú faoi réir ag pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.


**County Donegal Development Plan 2012 - 2018**

**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012 - 2018**

## Map 9 / Léarscáil 9

## Wind Energy
## Fuinneamh Gaoithe

- Areas Open to Consideration / Limistéir a d'fhéadfaí a phlé
- Not Favoured Areas / Ceantair nach bhfuiltear i bhfách leo
- 38 Kv station / Stáisiún 38Kv
- 38 Kv Line / Líne 38 Kv
- 110 Kv Station / Stáisiún 110 Kv
- 110 Kv Line / Líne 110Kv
- 110 Kv Reinforcement Line - Operational from 2012 / Líne Átreisiúcháin 110 Kv - i bhfeidhm ó 2012




Source - Donegal County Council
Foinse - Comhairle Chontae Dhún na nGall

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number 2012/02/CCMA/Donegal County Council. Unauthorised reproduction infringes Ordnance Survey Ireland and Government of Ireland copyright. Ordnance Survey Ireland, 2012. Donegal County Council,2012.

Sonraí de chuid Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann arna atáirgeadh faoi Uimhir Cheadúnais SOÉ 2012/02/CCMA Comhairle Contae Dhún na nGall. Má dhéantar é seo a atáirgeadh gan údarás, sáróidh sé cóipcheart Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann agus Rialtas na hÉireann. Shuirbhéireacht Ordnáis Éireann, 2012. Comhairle Contae Dhún na nGall, 2012

To be read in conjunction with relevant accompanying text contained in the front section of this appendix as well as other relevant objectives & policies of the CDP.

Le Léamh i gcomhar leis an téacs ábhartha tionlacain atá chun tosaigh sa chuid seo den aguisín chomh maith le cuspóirí agus beartais ábhartha eile sa PFC.

Plean Forbartha
Chontae Dhún Na nGall
2012-2018

# Caibidil 8
# Turasóireacht Agus Muir



# Caibidil 8 Turasóireacht Agus Muir

## 8.1 Turasóireacht

### Aidhm:

**Tacú le forbairt ar tháirgí agus seirbhísí turasóireachta inbhuanaithe ar chaighdeán domhanda mar phríomh-ghné de straitéis forbartha eacnamaíochta foriomlán.**

### 8.1.2 Cúlra

Is áit ina bhfuil áilleacht den scoth é Dún na nGall, le cósta lom, sléibhte, cnoic agus gnáthóga nádúrtha neamh-mhillte ina gcónaíonn go leor leor speiceas flóra agus fána. Níl ansin ach cuid den mhéid nádúrtha a mheallann turasóirí chuig an Chontae. Fad is a spreagtar daoine sult a bhaint as taitneamhachtaí an Chontae, caithfear a bheith an-chúramach faoin gcomhshaol a chosaint, comhshaol atá neamh-mhillte le blianta fada anuas. Tá an turasóireacht ag cur go mór leis an gheilleagar áitiúil i gcónaí; chruthaigh sí €319m in 2009. Cuireann sí fostaíocht dúchasacha ardcháilíochta ar fáil ar fud an Chontae agus de réir mar a éireoidh an téarnamh eacnamaíochta níos láidre, beidh sí fiú níos tábhachtaí mar ghineadóir ioncaim.

Tá an turasóireacht aitheanta ag an Chomhairle agus ag an Bhord Forbartha Contae mar príomh-earnáil fá choinne poist a chruthú. Cur chuige forghníomhach atá tógtha ag an Chomhairle maidir le Turasóireacht a fhorbairt le blianta beaga anuas. Cuirtear tacaíocht ar fáil go díreach agus go hindíreach araon chun cuidiú le forbairt agus margaíocht ar tháirgí turasóireachta. Comhordaíonn an Chomhairle raon gníomhartha agus tionscadal agus an cuspóir atá aige sin ná ceann scríbe turasóireachta tarraingteach agus inbhuanaithe a chur ar fáil. Is príomh-chomhpháirtí í an Chomhairle de Donegal Tourism Ltd., fiontar comhoibríoch a socraíodh faoi choimirce an Bhoird Forbartha Contae le cuidiú le margaíocht a dhéanamh ar an Chontae, agus sin a chomhordú, agus sa chiall sin tá tábhacht faoi leith ag baint le 'Branda Dhún na nGall' a fhorbairt.

Tá deis mhaith ag an Chontae tairbhe a bhaint as líon níos airde turasóirí de bharr go bhfuil raon éagsúil cóiríochta ardchaighdeáin do thurasóirí ann cheana féin, lena n-áirítear óstáin, teachíní ar cíos, tithe leaba agus bricfeasta, óstáin le hárasáin, agus saoráidí campála agus carbháin. Tá raon fairsing taitneamhachtaí turasóireachta sa Chontae, agus tá na cinn seo a leanas thar a bheith oiriúnach don Chontae: siúl, rothaíocht, iascaireacht, galf, dreapadóireacht sléibhte, tonnmharcaíocht agus saoirí nádúir chun breathnú ar éin, míolta móra, iolair fíréin agus fianna. Tá oidhreacht thógtha láidir ag an Chontae chomh maith, le láithreacha seandálaíochta ó 2500 BC, mar shampla Grianán Ailigh agus Ciorcal Cloch na Bealtaine. Chomh maith leis sin, cuireann bailte plandála agus caisleáin tarraingteacha na tréimhsí rialachais atá caite i gcuimhne dúinn. Is iomaí cumann stairiúil atá ag Dún na nGall agus is iontach an áit é fá choinne saoirí taighde ginealais.

**Inbhuanaitheacht Turasóireachta**
Aithníonn an Chomhairle go gcaithfear na prionsabail inbhuanaitheachta turasóireachta a chur isteach sa Plean leis na haidhmeanna seo a leanas a bhaint amach:

1. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní comhshaoil ar phríomhghné den forbairt turasóireachta iad, próisis éiceolaíochta riachtanacha a chothabháil agus cuidiú leis an oidhreacht nádúrtha agus leis an bhitheolaíocht a chaomhnú.

2. Meas a léiriú ar ionracas soch-chultúir na bpobal óstála, a n-oidhreacht chultúrtha thógtha agus bheo agus a luachanna traidisiúnta a chaomhnú agus cur le tuiscint agus caoinfhulaingt.

3. Oibríochtaí eacnamaíochta inmharthana, fadtéarmacha a chinntiú, a chuirfidh buntáistí soch-eacnamaíochta a bheidh scaipthe go cóir ar fáil do na geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear fostaíocht chobhsaí agus maolú ar bhochtaineacht.

**Inrochtaineacht ar Thurasóireacht**
Ceann de na gnéithe is tábhachtaí maidir le forbairt turasóireachta ná an gá le rochtain isteach sa Chontae agus timpeall air a fheabhsú. Saincheist ollmhór do chuairteoirí é go leor iompair, comharthaíochta agus saoráidí gaolmhara a chur ar fáil laistigh den Chontae.

Cuirfidh tograí maidir le bóthar an A5 ó Bhaile Átha Claith go Doire a fhorbairt feabhas ar chúrsaí nascachta agus cuirfear deireadh le dearcaí ar bith faoi iargúlacht Dhún na nGall. Laghdóidh sé agaí turais go mór fosta. Freastalaíonn dhá aerfort ar an Chontae, agus cuireann siad seirbhísí áitiúla agus idirnáisiúnta ar fáil (Aerfort Dhún na nGall ag an Charraig Fhinn agus Aerfort Chathair Dhoire). Chomh maith leis sin, tá gaireacht d’Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d’Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste, agus rochtain orthu, riachtanach chun cur leis an rochtain ar mhargaí turasóireachta domhanda. Sheol an Chomhairle seirbhís bád farantóireachta gluaisteán idir an Caisleán Nua agus Aird Mhic Giollagáin in 2001, agus seoladh an tseirbhís idir Bun Cranncha agus Ráth Maoláin in 2004. Rinneadh dul chun cinn ar an chéim dheiridh maidir leis na leithinsí a nascadh nuair a tugadh Droichead na Maoile Rua idir Fánaid agus Ros Goill chun críche in 2010. Is féidir taisteal anois idir Aird Mhic Giollagáin, Inis Eoghain agus Fánaid agus Ros Goill in aon lá amháin agus sult a bhaint as an radharc tíre ardscéimhe atá le feiceáil ó Thuaisceart Uladh, ó thiomáint 100 míle Inis Eoghain agus ó Thiomáint an Atlantaigh.

Tugann calafort na gCealla Beaga deis faoi leith don turasóireacht san Iarthuaisceart, mar gur féidir le longa turas mara dul i mbeart ann thar oíche. Idir 2010 agus 2011, roghnaigh 6 árthach turas mara na Cealla Beaga mar cheann scríbe. Tá an Caisleán Nua ag cur an earnáil seo chun cinn le blianta beaga anuas. Aithníonn an Chomhairle gur deis faoi leith é seo do na Cealla Beaga nó don Chaisleán Nua margadh nideoige a bhunú, margadh a d’fhéadfadh Lárionad Long Turas Mara a chothabháil.

**Forbairt Táirgí Turasóireachta**
Díreoidh an Chomhairle ar réimsí forbartha táirgí turasóireachta mar: Fóillíocht Mhara, Bealaí Siúil, Tionscadail Slatiascaireachta, Tionscadail Íocónacha, Féilte & Imeachtaí Cultúir, Saoráidí Uile-Aimsire, Forbairt Oileáin, Oidhreacht/Cultúr, gníomhaíochtaí agus saoráidí Spóirt agus bealaí Turasóirí lena n-áirítear scrúdú ar an phoitéinseal maidir le bealaí nua a ainmniú/a oscailt, m.sh. Slí Cuairteoirí Cholm Cille.

Aithníonn an Chomhairle an méid a chuireann turasóireacht le geilleagar Chontae Dhún na nGall agus ina leith seo, beidh dearcadh dearfach aici ar thograí oiriúnacha a fhéachann le tógáil ar tháirgí turasóireachta, de réir gnáthbhreithnithe pleanála, treoir pleanála Náisiúnta agus Réigiúnacgh, beartais den Phlean Forbartha Contade chomh maith le hainmnithe comhshaoil.

**Táirgí Turasóireachta ar Chaighdeán Domhanda/táirgí turasóireachta íocónacha agus straitéiseacha**
Cuideoidh forbairt ar tháirgí agus taitneamhachtaí íocónacha le níos mó éagsúlachta a chur leis an meascán táirgí turasóireachta atá ann cheana féin, mar shampla Féilte agus Imeachtaí ar Chaighdeán Domhanda, Fóillíocht Mhara, gníomhaíochtaí bunaithe ar Shléibhte, taitneamhachtaí Oileáin, páirceanna Oidhreachta, Caisleáin, Mainistreacha, Foraoisí, Páirceanna Náisiúnta, gníomhaíochtaí Eachaíochta, Slatiascaireacht, Galf, slite Siúil, imeachtaí Gníomhaíochta Cultúir, imeachtaí Éicea-Thurasóireachta, Railithe, Tonnmharcaíocht agus Tumadóireacht, srl.

D'fhonn dul san iomaíocht le réigiúin turasóireachta sean-bhunaithe ar fud an Chontae agus go hidirnáisiúnta, is gá raon táirgí agus seirbhísí turasóireachta éagsúil, ardchaighdeáin agus inrochtaine a chur ar fáil. Caithfidh forbairt ar shócmhainní turasóireachta an Chontae a chinntiú go n-aithneofar riachtanais phobail agus chónaitheoirí. Níor chóir go mbeadh drochthionchar ar an chomhshaol de bharr cuairteoirí á mbainistiú isteach chuig na hacmhainní nádúrtha agus thart orthu.

Aithníodh na táirgí turasóireachta íocónacha agus straitéiseacha seo a leanas a dhéanamh orthu agus ina measc tá Sliabh Liag agus Cionn Mhálanna.

1. Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
2. Sliabh Liag
3. Cionn Mhálanna
4. Anaclann Éanlaithe Fiáine na hInse
5. Caiseal Ghrianán Ailigh
6. Páirc Baile Chnoc na Bearaice
7. Páirc Foraoise na hArdadh
8. Slí Cuairteoirí Cholm Cille
9. Errigal

**Bainistiú agus Caomhnú Tránna**
Is iomaí trá álainn glan atá i nDún na nGall (is Tránna Brataí Goirme iad 12 díobh sin) agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag iarraidh cáilíocht an uisce agus timpeallachtaí na tránna a chosaint. Cuireadh tús le Tionscadal Bainistithe Tránna i Ros Neamhlach in 2003 le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a réimsíonn ó chreimeadh cósta go gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus an tslí is fearr le cothromaíocht a bhaint amach idir sult a bhaint as na tránna agus iad a chaomhnú. Síneofar an tionscadal, má bhíonn acmhainní ar fáil, chuig roinnt tránna eile atá faoi bhrú ó fhórsaí nádúrtha agus ó fhórsaí an duine.

## 8.1.2 Cuspóirí

**TOU-O-1:** Raon táirgí turasóireachta inbhuanaithe ar chaighdeán domhanda, bunaithe ar an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúir, a chuireann croí-acmhainn ar fáil don tionscal.

**TOU-O-2:** Tacú le forbairt ar íomhá comhshaoil cáilíochta don Chontae.

**TOU-O-3:** Tacú le ceantair a aithnítear mar cheantair thurasóireachta tréana agus gach saoráid choimhdeach is gá le ceann scríbe saoire cáilíochta a chruthú.

**TOU-O-4:** Tacú le forbairt ar cheantair ag a bhfuil poitéinseal maith ó thaobh na turasóireachta de, as a leanfaidh geilleagar turasóireachta inbhuanaithe don Chontae agus don Réigiún.

**TOU-O-5:** Tacú le forbairt ar infreastruchtúr cáilíochta, atá de dhíth chun taisteal laistigh den Chontae a éascú, lena n-áireofar bóithre, aer, iarnród, calafort, comharthaíocht, leathanbhanda, tionscnaimh iompair agus cóiríocht.

**TOU-O-6:** Tacú le hinstitiúidí oideachais agus taighde a chuidíonn le turasóireacht a fhorbairt.

**TOU-O-7:** Is cuspóir fadtéarmach de chuid na Comhairle é tacú le forbairt ar naisc iarnróid chuig an Chontae agus timpeall air, le béim ar an nasc iarnróid Doire – Leitir Ceanainn –

Sligeach a fhorbairt, agus mar sin líonra iarnróid Uile-Éireann a chur i gcrích, rud a bheadh ina thaitneamhacht turasóireachta ann féin.

**TOU-O-8:** An tábhacht a bhaineann le bealaí siúlóide agus rotharbhealaí a aithint, agus cearta slí poiblí a thugann rochtain ar an chladach, ar an sliabh, ar bhruach an locha nó na habhann, nó ar áit scéimhe nádúrtha nó áis caithimh aimsire eile sa Chontae a chaomhnú, lena n-áirítear na cinn atá leagtha amach i gCaibidil 10 den Phlean.

**TOU-O-9** Bheith ag obair le heagrais bhainteacha trasteorann i dTuaisceart Éireann agus i gContaethe comharsanachta le hearnáil na turasóireachta a chur chun cinn sa Chontae ar dhóigh íogair agus inbhuanaithe.

## 8.1.3 Beartais

**TOU-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle cáilíochtaí tírdhreacha nádúrtha agus gnáthóga comhshaoil an Chontae a chosaint.

**TOU-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle raon leathan Táirgí Turasóireachta Íocónacha agus Straitéiseacha a fhorbairt, ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar na ceantair sin.

**TOU-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan tograí forbartha a mbainfeadh ón taitneamhacht/ón cháilíocht amhairc ar feadh na mbóithre isteach chuig mórthaitneamhachtaí turasóireachta nó ar na radhairc a fhaightear uathu, a cheadú.

**TOU-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le hoidhreacht thógtha, nádúrtha, chultúir agus teanga na n-oileán, a bhfuil poitéinseal turasóireachta suntasach acu. Tacóidh an Chomhairle le forbairt ar infreastruchtúr teileachumarsáide agus rochtaine níos fearr fosta chun cuidiú le pobail oileáin áitiúla turasóirí a mhealladh.

**TOU-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le forbairt ar fhiontair thurasóireachta dúchasacha agus ar thionscnaimh thurasóireachta pobal-bhunaithe ar bhealach a chomhlíonann prionsabail inbhuanaitheachta turasóireachta agus a thagann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**TOU-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle saoráidí agus taitneamhachtaí a fheabhsú chun an margadh longa turas mara a fhorbairt sna Cealla Beaga ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**TOU-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le forbairt ar Aerfort Dhún na nGall agus ar Aerfort Chathair Dhoire, chomh maith le rochtain níos fearr orthu.

**TOU-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le forbairt ar mhíondíolachán in earnáil na turasóireachta de réir na mbeartas i Straitéis Miondíola an Chontae.

**TOU-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí maidir le grúpaí carbhán/tithe soghluaiste/carbhán tarraingthe/tithe mótair seasta ag bailte agus sráidbhailte turasóireachta agus ag áiteanna oiriúnacha eile a éascú, sa chás go mbeidh fáil éasca ar infreastruchtúr agus ar shaoráidí oiriúnacha, laistigh d’achar siúil, agus sa chás go mbeidh tograí ag teacht le cuspóirí agus beartais eile atá sa Phlean seo. Ní mheasfar

tograí den chineál sin laistigh de láithreacha Natura 2000, EHSAnna nó ceantair atá cosanta faoi Phlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarthuaiscirt.

**TOU-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí iomchuí maidir le síntí ar pháirceanna grúpaí carbhán/tithe soghluaiste seasta atá ceadaithe/údaraithe cheana féin a cheadú, sa chás nach mbeidh drochthionchar ag síneadh den sórt sin ar aon Natura 2000 nó EHSA ainmnithe atá ann cheana féin, nó ar cheantar atá cosanta faoi Phlean Bainistithe Abhantraí Idirnáisiúnta an Iarththuaiscirt, nó sa chás go mbeadh síneadh in aghaidh cuspóra nó beartais ar bith eile de chuid an Phlean seo.

**TOU-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go gcloífidh gach togra maidir le láithreacha grúpaí carbhán/tithe soghluaiste seasta (lena n-áirítear síntí ar láithreacha atá ann cheana féin), láithreacha carbhán turais/tithe mótair nó láithreacha campála, leis na critéir seo a leanas:

- Soláthar uisce leordhóthanach a bheith ar fáil agus a chur ar fáil.
- Go ndéantar soláthar oiriúnach ar shaoráidí leithris/cithfholctha i láithreacha campála.
- Go ndéantar soláthar leordhóthanach ar chóireáil dramhuisce i ngach láthair grúpaí carbhán/tithe soghluaiste, nó i láithreacha carbhán turais/tithe mótair agus i láithreacha campála, a chuireann saoráidí leithris/cithfholctha ar fáil, ag teacht leis na cuspóirí agus na beartais atá sa phlean forbartha seo.
- Go ndéantar soláthar, nuair is cuí, ar naisc shábháilte agus leordhóthanacha do choisithe le seirbhísí áitiúla.
- Go bhfuil sé d'acmhainneacht ag an chomhshaol atá á fháil freastal ar an togra ó thaobh cúinsí comhshaoil, tírdhreacha agus taitneamhachta amhairc agus i bhfianaise na forbartha carnaí atá ann cheana nó atá ceadaithe, agus forbairt i láithreacha cósta ach go háirithe, go léireofar nach mbainfeadh siad ó shuíomh amhairc na líne cósta nó nach gcuirfeadh siad isteach ó thaobh radhairc ag pointí tábhachtacha ar feadh na líne cósta.
- Ní lonnófar an fhorbairt i dtimpeallachtaí íogair/leochaileacha (m.sh. dumhcha, machairí, srl.), agus tabharfar cosaint, nuair is cuí, do láithreacha den sórt sin trí fhálú agus bealaí siúlóide ardaithe/fálaithe trasna tránna agus dumhcha.
- Go ndéantar soláthar leordhóthanach do spás agus d'fhoscadh idir forbairtí agus línte cósta, línte cladaigh agus bruacha aibhneacha.
- Go ndéantar soláthar do dhearadh agus do leagan amach ar ardchaighdeán le foscadh teorann nádúrtha, plandú agus tírdhreachú inmheánach, agus naisc bhóithre agus coisithe atá sainithe go fisiciúil agus a bhfuil dromchla ceart orthu.
- Go bhfuil tograí ag teacht, go ginearálta, le treoir fhoilsithe, lena n-áirítear Treoirlínte Campála agus Treoirlínte maidir le Láithreacha Carbhán agus Campála a Fhorbairt, 1982, Fáilte Ireland, nó le heagrán ar bith de na treoirlínte a eisíodh ó shin.
- Go bhfuil tograí ag teacht leis na critéir bhainistithe forbartha sonracha atá leagtha amach i gCaibidil 10.

**TOU-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle iarracht a dhéanamh Láithreacha Catha stairiúla tábhachtacha sa Chontae a aithint agus a thaifeadadh.

**TOU-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle an tionscnaimh turasóireachta, 'Bealach Tiomána an Atlantaigh Fhiain', a chuimsíonn cósta iomlán Dhún na nGall. A chur chun cinn.

**TOU-P-14** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Ghaeilge a chur chun cinn trína chinntiú go ndéanfar bailte Gaeltachta, a fhéadfaidh feidhmiú mar dhreasadóirí dá gceantair mhágúaird, a fhorbairt ar bhealach iomchuí agus inbhuanaithe, agus i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

**TOU-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle bailte agus sráidbhailte Gaeltachta a chur chun cinn mar phríomhcheantair fáis maidir le forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear turasóireacht agus infheistíochtaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn as cláir mhaoinithe, tionscadail agus tionscnaimh, idir phoiblí agus phríobháideach, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

**TOU-P-16** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt réimse tionscadal inbhuanaithe turasóireachta a éascú agus a chur chun cinn ar fud an Chontae a fheabhsaíonn eispéaras an chuairteora agus a thacaíonn le féiniúlacht láidir turasóireachta an Chontae.

**TOU-P-17** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairtí táirge turasóireachta a bhaineann le hacmhainn a bhreithniú ar fud an Chontae, seachas laistigh de Cheantair Shárscéimhe. Beidh sé riachtanach go mbeidh an táirge turasóireachta agus úsáid na hacmhainne ag croílár an togra, agus go léireofaí nasc soiléir leis an acmhainn agus spléachas uirthi. Ní cheadófar cóiríocht neamhspleách. D'fhéadfaí forbairt tithe saoire a bhreithniú go coimhdeach ach ní mór don táirge turasóireachta bheith ar an tréith is suntasaí i gcónaí. Ní mór d'aon fhorbairt tithe saoire mar seo bheith cóngarach don acmhainn agus gaolmhar di.

Ní bheidh aon tionchar ag an bheartas seo ar thograí le hinfreastruchtúr turasóireachta logánta a sholáthar nó a uasghrádú (mar shampla bealaí siúil, bealaí rothair, soilsiú, áiseanna agus ionaid eolais do thurasóirí) laistigh de Cheantair Shárscéimhe. Déanfar measúnacht ar fhorbairtí táirge turasóireachta chomh maith i bhfianaise gach breithniú bainteach ábhartha lena n-áirítear beartais bhainteacha de phlean forbartha an chontae (seachas Beartais RH-P-8 agus RH-P-9) agus treoir/beartais réigiúnach agus náisiúnta eile, ainmnithe bainteacha comhshaoil lena n-áirítear léiriú chur i gcrích Alt 6 den Treoir maidir le Gnáthóga.

## 8.2 Bainistiú Acmhainní Mara agus Criosanna Cósta

## Aidhm:

## Tacú le forbairtí acmhainní mara a chuireann le forbairt soch-eacnamaíoch agus inbhuanaithe an Chontae.

### 8.2.1 Cúlra

San áireamh sa chomhshaol mara agus cósta tá tránna, aillte, línte cósta carraige, inbhir agus an fharraige oscailte. Tá 1,134 km de líne cósta ag Dún na nGall (17% de líon iomlán an Stáit), 12 Trá Brataí Goirme agus 900,000km2 de ghrinill farraige (achar 10 oiread níos mó ná Dún na nGall). Síneann uiscí críche na hÉireann go dtí an teorainn mara 12 míle (22 km). Tá an líne cósta seo rí-thábhachtach do ghníomhaíochtaí turasóireachta agus fóillíochta; chuidigh a calafoirt doimhne agus a farraigí saibhre leis na tionscail iascaireachta fás agus folláine a bhaint amach, agus is cuid thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha Dhún na nGall iad na hoileáin a bhfuil daoine ina gcónaí orthu agus na pobail ar an chósta.

Rangaítear imeall trá na hÉireann mar an talamh agus an grinneall farraige idir lánmhara na ngnáth-taoidí nó na meán-taoidí (a léirítear mar HWM ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis) agus an teorainn dhá mhíle déag (tá 12 muirmhíle cothrom le thart ar 22.24 ciliméadar). Clúdaíonn imeall trá ceantair taoide na n-abhann go háirithe inbhir. Teastaíonn cead pleanála chomh maith le cead imill trá maidir le forbairtí ar imeall trá atá faoi úinéireacht an stáit nó faoi úinéireacht phríobháideach agus atá buailte ar limistéar riaracháin Údaráis Áitiúil.

Tar éis achtú na reachtaíochta Imeall Trá agus Dumpáil ar Farraige (Leasú) in 2010, aistríodh freagracht as feidhmeanna imeall trá áirithe chuig an DoEHLG. Áirítear orthu: Forbairt ar chalafoirt nó a bhaineann le calafoirt, na forbairtí go léir a bhaineann le fuinneamh amach ón chósta, lena n-áirítear ola, gáis, gaoithe, tonnta agus taoide, asbhaint comhbhailiúchán agus mianraí agus Bainistiú Criosanna Cósta.
Leanfaidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag déanamh cinntí ar iarratais ar cheadanna imeall trá a bhaineann le gníomhaíochtaí dobharchultúir agus iascaigh.

**Comhthéacs Reachtaíochta/Beartais**
Tá beartais agus treoracha (Natura 2000) tugtha isteach ag an AE chun gnáthóga mara a chosaint. Tá reachtaíocht tugtha isteach chun aghaidh a thabhairt ar Athrú Aeráide. Aistríodh feidhmeanna imeall trá chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in 2010. Beidh toiliú a fháil ón Údarás Pleanála anois, agus ón Bhord Pleanála i gcásanna áirithe, de dhíth ó thograí maidir le forbairtí amach ón chósta.[1] Aithníonn an Straitéis Spáis Náisiúnta go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag acmhainní mara agus nádúra, lena n-áirítear iascaigh intíre, iascaigh mara, dobharshaothrú, maidir le foinsí fostaíochta inbhuanaithe ailtéarnacha a chur ar fáil i gceantair thuaithe.

Aithníodh iascaireacht agus an earnáil mhara mar ghnéithe tábhachtacha de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Teorann. Tá na Cealla Beaga agus an Caisleán Nua ar dhá cheann de na calafoirt iascaireachta is suntasaí ar fud an Réigiún; agus tá dobharshaothrú thar a bheith tábhachtach sa Chontae fosta. Chruthódh leathnú ar an ghníomhaíocht sa réimse mara deiseanna chun bonn tionscail an Réigiúin a leathnú tuilleadh. Beidh sé tábhachtach fosta gníomhaíocht mhara a leathnú amach go

[1] De réir tionscadal aitheanta sa Bhille um Bonneagar Straitéiseach 2006.

dtí réimsí eile fosta, chun an úsáid is mó is féidir a bhaint as an fharraige mar acmhainn nádúrtha agus chun fostaíocht ailtéarnach a chur ar fáil i gceantair chósta.

Is é atá i mBainistiú Lánpháirteach Chrios an Chósta (ICZM) creat pleanála agus bainistithe do chrios cósta áirithe, arna fhorbairt trí idirchaidreamh le geallsealbhóirí ábhartha le deis a thabhairt forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar an chomhshaol cósta. Tá ICZM tugtha isteach ar bhonn píolótach ag Trá Ros Neamhlach.

### Athrú Aeráide

Tá aeráid na hÉireann ag athrú ag teacht le treochtaí réigiúnacha agus domhanda agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar leibhéil fharraige agus ar chreimeadh cósta, agus go dtarlóidh imeachtaí stoirme agus tuilte níos minicí agus níos déine. Éilíonn an tAcht Pleanála nua ar Údaráis Pleanála machnamh a dhéanamh ar na tionchair a bhíonn ag Athrú Aeráide ina gcuid Pleananna Forbartha anois, chomh maith le bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu. Dá réir sin, féachann an Plean seo leis na tionchair a bhaineann le hathrú aeráide a íoslaghdú trí bhainistiú a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe i suíomhanna iomchuí agus trí chur in aghaidh thograí forbartha i gceantair leochaileacha agus i gceantair faoi chosaint. Cuirfidh beartais tuilte sa Phlean seo cosc ar fhorbairt i gceantair i mbaol tuilte.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur cosc ar chreimeadh cósta trí oibreacha innealtóireachta. Déanfaidh an Chomhairle bainistiú cúramach i gceantair atá faoi réir creimthe cósta agus atá leochailach ó thaobh ardú ar leibhéil fharraige lena chinntiú nach ndéanfar bagairt ar fhorbairtí nua mar gheall ar a suíomh.

### Fuinneamh In-Athnuaite

De bharr suíomh cósta oscailte an Chontae, tá sé suite go fíor-mhaith chun leas a bhaint as na deiseanna agus an buntáiste suímh iomaíoch a thagann ó fhorbairtí fuinnimh aigéin in-athnuaite. Is díol spéise faoi leith é a gaireacht an Chontae don láthair tástála fuinnimh tonnta Náisiúnta amach ó Bhéal an Mhuirthead in iarthuaisceart Mhaigh Eo. Tá an Contae aitheanta mar cheantar oiriúnach d'fhuinneamh gaoithe amach ón chósta. Is eol don Chomhairle fosta gur gá an comhshaol cósta agus mara leochaileach a chosaint, rud atá riachtanach chun tionscail muir-bhunaithe eile, bithéagsúlacht, oidhreacht agus turasóireacht a chothabháil.

### Fóillíocht Mhara

Tá na hacmhainní nádúrtha ar fad atá de dhíth chun earnáil rathúil agus beomhar fóillíochta mara agus turasóireachta a fhorbairt ag Dún na nGall. Tá sé tábhachtach ó thaobh turasóireacht mhara a fhorbairt sraith muiríní a bhunú a bheadh lonnaithe go straitéiseach thart ar an chósta. Mheas Straitéis Forbartha Muiríní Chontae Dhún na nGall 2004 go bhféadfadh Dún na nGall 450 beart agus saoráidí slatiascaireachta mara a chothabháil go féideartha ag na sé suíomh seo a leanas (Tábla 18).

**Tábla 18 Ionaid Mhuiríne/Slatiascaireachta Mara Bheartaithe**

| | | |
|---|---|---|
| Baile Uí Fhuaruisce – cuan nádúrtha sábháilte (iomlán) | Bunagee (Cúil Dabhcha) ionad slatiascaireachta mara/cuan nádúrtha sábháilte (maoiniú faighte) | Ailt an Chorráin (togra muiríne á fhorbairt) |
| Fathain (muiríne seanbhunaithe) | Na Cealla Beaga (togra muiríne ar bun) | Toraigh (cuan nádúrtha sábháilte) |

Tacóidh an Chomhairle le cur i bhfeidhm an tionscadail 'Sail West', a bhfuil maoiniú faighte aige chun an t-ionad slatiascaireachta mara ag Cúil Dabhcha a fhorbairt. Chomh maith leis sin, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le Ráth Maoláin, na Dúnaibh agus Port an tSalainn mar ionaid slatiascaireachta mara atá ann cheana féin.

Thug taighde le tuiscint go bhfuil easpa ionaid ollmhóra a bheadh in ann os cionn 100,000 cuairteoir in aghaidh na bliana a mhealladh. Dá bharr sin, beidh an Chomhairle gníomhach ó thaobh Ionad Beatha Mara a bhunú i mBun Dobhráin, a d'fhéadfadh a bheith ina lárionad oideachais agus caomhnaithe luachmhar.

Tá príomhthionscadail rochtana mara tugtha chun críche go ráthúil sa Chontae le blianta beaga anuas. Léiríonn tabhairt isteach na mbád farantóireachta gluaisteán ar na bealaí An Caisleán Nua-Aird Mhic Giollagáin agus Ráth Maoláin-Bun Cranncha go bhfuil poitéinseal ag tionscadail den sórt sin maidir le hathnuachan soch-eacnamaíoch agus cur chun cinn na turasóireachta a bhrú chun cinn.

Tá 12 Trá Brataí Goirme ag Dún na nGall faoi láthair (2010) agus rialaíonn Fodhlíthe a chuireann cosc ar ghníomhaíochtaí faoi leith achan cheann acu.

**Tábla 19 Tránna Brataí Goirme**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bun Dobhráin | An Charraig Fhinn | Cúil Dabhcha | Fintra |
| Trá na Cille | Lisfannan | Cnoc an Mharmair | Murvagh |
| Narin – Port Nua | Port an tSalainn | Ros Neamhlach | An tSrúibh |

### Iascaireacht/Slatiascaireacht

Tá rannchuidiú na n-earnálacha iascaireachta/slatiascaireachta chuig geilleagar Dhún na nGall fós láidir, in ainneoin athstruchtúraithe agus srianta cuóta agus mar sin tá sé riachtanach straitéisí a chuideoidh le fás agus éagsúlú na hearnála a chur i bhfeidhm. Tá earnáil iascaigh breisluacha seanbhunaithe agus ráthúil ag an Chontae, lena n-áirítear próiseáil agus pacáistiú ar tír mór, agus forbairt ar tháirgí mhin éisc. Chomh maith leis sin, tá raon éagsúil tionscal ar tír mór ag an Chontae, a thacaíonn leis an earnáil mara, lena n-áirítear; tógáil bád, déanamh/deisiú eangach, tarlú agus lóistíocht, castainní muirí, hiodrálaic, caidéil, leictreonaic, srl. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis na tionscail sin agus le tionscail onnmhairithe eile atá ag teacht chun cinn lena chur ar chumas an Chontae leas a bhaint as an oidhreacht mhara láidir atá aige, chomh maith leis an tuiscint atá aige ar an earnáil agus ar a cuid riachtanas.

Is ionaid thábhachtacha iad na Cealla Beaga, an Caisleán Nua agus Ailt an Chorráin maidir le gníomhaíocht iascaireachta agus flít agus feidhmíonn siad mar chatalaígh eacnamaíochta ríthábhachtacha dá ngeilleagair áitiúla faoi seach. Caithfear an mhais chriticiúil atá bainte amach ag na suíomhanna sin a chothabháil ar mhaithe le forbairt amach anseo.

### Dobharshaothrú

Ag teacht le beartas an Rialtais, tacóidh an Chomhairle le forbairt inbhuanaithe ar an earnáil dobharshaothraithe chun an méid a chuireann sí le fás eacnamaíochta sa Chontae a uasmhéadu. Go sonrach, aithníonn an Chomhairle forbairt agus leathnú an tionscadail feirmeoireacht oisirí sa Chontae agus a fhéidearthacht maidir le fostaíocht agus easpórtáil táirge.

### Na hOileáin

Cruthaíonn suíomh geolaíoch na nOileán amach ón chósta deacrachtaí a bhaineann le rochtain, cumarsáid agus fás eacnamaíochta do phobail na nOileán. Tacaíonn an Plean Forbartha Contae le forbairt phobail na n-oileán trí aitheantas a thabhairt dá n-oidhreacht thábhachtach thógtha, nádúrtha, chultúir, mhara agus seandálaíochta, chomh maith leis na deiseanna eacnamaíochta a eascróidh as an turasóireacht. Tá gá le forbairt ar rochtain agus infreastruchtúr teileachumarsáide níos fearr le pobail oileánda bheomhara a chothabháil tríd an cheangal leis an mórthír a fheabhsú agus le deis a thabhairt do dhaoine cianmhaireachtáil agus cianobair a dhéanamh.

## 8.2.2 Cuspóirí

**MCZM-O-1:** Meascán fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a fhorbairt chun leanúnachas soláthair a chinntiú, a thacóidh le forbairt ar fhuinneamh gaoithe, tonnta agus taoide i suíomhanna atá tábhachtach go straitéiseach, ar an tuiscint gur suíomhanna deartha go hiomchuí iad, a bheidh i gcothromaíocht le cúinsí pleanála agus comhshaoil eile.

**MCZM-O-2:** Róil na gCealla Beaga, an Chaisleáin Nua agus Ailt an Chorráin, mar ionaid gníomhaíochta flít, próiseála agus seirbhísí coimhdeacha, a chosaint agus a fheabhsú.

**MCZM-O-3:** Ardcháilíocht uisce a chothabháil agus ardstádas uisce a athchruthú sa chás gur tháinig meathlú air, le gnáthóga mara agus fionnuisce a fheabhsú.

**MCZM-O-4:** Forbairt iomchuí agus inbhuanaithe na nOileán a chothabháil agus a fheabhsú.

## 8.2.3 Beartais

**MCZM -P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar Lárionad Oideachais agus Taighde Criosanna Cósta sa Chontae a éascú.

**MCZM-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le cur i bhfeidhm tograí chun ionad Beatha Mara a fhorbairt i mBun Dobhráin.

**MCZM-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le cur i bhfeidhm tograí chun Ionad Fionnachtana Mara a fhorbairt i mBun Cranncha.

**MCZM-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt chuí agus uasghrádú ar mhuiríne, stáisiúin bhád agus/nó saoráidí slatiascaireachta mara a éascú ar fud an Chontae ar a n-áirítear oileáin amach ón chósta.

Ceantair Thosaíochta is ea iad Baile Uí Fhuairisce, Bunagee (Cúl Dabhcha), Ailt an Chorráin, Fathain, na Cealla Beaga agus Oileán Thoraí faoi choinne forbairt muiríní agus infreastruchtúr cúnta gaomhar ach breithneofar tionscadail fhéideartha ag suíomhanna eile a spreagfaidh turasóireacht chomh maith.

**MCZM-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt iomchuí ar shaoráidí slatiascaireachta a éascú ag féachaint do chuspóirí agus beartais ábhartha eile de chuid an phlean seo.

**MCZM-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle féachaint do thionscadail bainistithe trá a chur i bhfeidhm bunaithe ar an taithí a fuarthas ó Thionscadal Bainistithe a Trá Ros Neamhlach.

**MCZM-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle róil na gCealla Beaga, an Chaisleáin Nua Ailt an Chorráin, na Dúnaibh agus Rath Maoláin, mar ionaid ghníomhaíochta flít, próiseála agus seirbhísí coimhdeacha, a chosaint agus a fheabhsú, agus leathnú amach suíomhanna den sórt sin mar cheantair deiseanna cuí infheistíochta agus fostaíochta, lena n-áirítear gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le muiríne, atá de réir phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair, a éascú.

**MCZM-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar na Cealla Beaga mar Lárionad Barrfheabhais, taighde agus forbairt, iompar agus lóistíocht, déantúsaíocht agus

iarfheistiú fuinnimh in-athnuaite agus fuinnimh eile amach ón chósta a éascú, i gcomhthéacs phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**MCZM-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle feidhmiú leanúnach an dá bhealach bád farantóireachta, An Caisleán Nua-Aird Mhic Giollagáin agus Ráth Maoláin-Bun Cranncha a éascú, nuair is féidir sin.

**MCZM-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle bainistiú a dhéanamh ar thograí forbartha, lena chinntiú nach gcuirfidh siad isteach ar thaitneamhacht caithimh aimsire agus comhshaoil na dTránna Brataí Goirme, na gCeantar Bainistithe Abhantraí, na Limistéar Cosanta Speisialta, na Limistéar Caomhantais Speisialta, na Limistér Oidhreachta Náisiúnta agus na Limistéar Conláiste Ardscéimhe atá ainmnithe agus beartaithe.

**MCZM-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí forbartha a éascú a chuirfidh le hinbhuanaitheacht phobail na n-oileán trína sócmhainní agus deiseanna tábhachtacha ó thaobh oidhreachta agus eacnamaíochta tógtha, nádúrtha, cultúrtha, mara agus seandálaíochta, i gcomhthéacs phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

# Caibidil 9
# Pobal, Cultúr Agus Gaeltacht.



# Caibidil 9 Pobal, Cultúr agus Gaeltacht

**Aidhm:**

**Soláthar a dhéanamh do lánpháirtiú fhorbairt pleanála & inbhuanaithe ar an cheantar lena riachtanais shóisialta, phobail agus chultúir le go mbeidh an Contae mar áit tarraingteach le bheith ag maireachtáil agus ag obair ann, inar féidir sócmhainní cultúir a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe agus inar féidir leis an infreastruchtúr sóisialta cuidiú le pobail agus le bailte a neartú.**

## 9.1 Cúlra

An caighdeán saoil is fearr is féidir a chur ar fáil do phobail agus do dhaoine aonair i sochaí atá uilechuimsitheach go sóisialta agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de – is cuid lárnach é sin d'fhorbairt an Chontae amach anseo agus tá sé le feiceáil i ngach réimse den Phlean Forbartha. I measc rudaí eile, is é comhionnanas deiseanna i raon leathan fachtóirí, lena n-áirítear deiseanna fostaíochta, infreastruchtúr leordhóthanach agus seirbhísí ar ardchaighdeán, a chinneann caighdeán saoil.

Sna ceithre daonáireamh is deireanaí, aithníodh an Contae mar an ceantar údaráis áitiúil is mó díothachta sa tír[1] agus dá bharr sin is príomhthosaíocht é dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Aithníonn an Feisteán Uirlisí 'Pleanáil d'Uilechuimsitheacht i gContae Dhún na nGall', 2009[2], d'fhonn pleanáil a dhéanamh do shochaí uilechuimsitheach, gur gá scrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí bunúsacha a chuireann cosc ar dhaoine tabhairt faoi agus sult a bhaint as na gníomhaíochtaí a mheasann daoine eile a bheith ina ngnáthghníomhaíochtaí. Ní hamháin go mbíonn easpa airgid agus cineálacha éagsúla acmhainní ar dhaoine a bhíonn ag cónaí i mbochtaineacht, ach mothaíonn go leor acu eisithe, iargúlta, gan cumhacht agus go ndéantar idirdhealú orthu ó thaobh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí agus ó thaobh rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí.

Roinntear freagracht as cruthú fostaíochta, seachadadh infreastruchtúir agus soláthar seirbhísí thar na réimsí go léir trí raon gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais. Sa chomhthéacs seo, féadfaidh an Plean Forbartha a chuid a dhéanamh trí chreat pleanála bunaithe ar shárchleachtas pleanála a chur ar fáil, creat a bhainfidh an leas is fearr is féidir as acmhainní (daoine, talamh, maoiniú, infreastruchtúr, fuinneamh) trí bhainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar shuíomh, nádúr agus scála na forbartha (mar shampla tithíocht, infreastruchtúr, tionscal) chun cur leis na coinníollacha is fearr is féidir a sheachadadh d'fhorbairt shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíochta inbhuanaithe. Tríd an méid sin a dhéanamh, féadfaidh sé cuidiú leis an mbaol eisiata sóisialta agus bochtaineachta sa tsochaí a íoslaghdú trí fhorbairt ar phobail bheomhara, sheirbhísithe agus áiteanna ardchaighdeáin, sábháilte le cónaí agus oibriú iontú agus le cuairt a thabhairt orthu, a éascú.

---

[1] Tá scór na díothachta coibhneasta in Éirinn idir –10 agus +16.8 agus is é an meánscór náisiúnta +2.1. In 2006, bhí scór díothachta coibhneasta –10 ag Contae Dhún na nGall, a chiallaíonn gurb é an t-údarás áitiúil is mó díothachta sa Stát ar fad é, rangú a coinníodh go seasta ó 1991 i leith.

[2] Arna ullmhú ag an Aonad Taighde agus Beartais, Comhairle Contae Dhún na nGall.

**Infreastruchtúr agus Seirbhísí Sóisialta**
Tá ról tábhachtach ag forbairt shóisialta agus phobail maidir le tacú leis an gCroí Straitéis sa tslí is go dtugann sí tuairisc ar an infreastruchtúr agus ar na sócmhainní níos boige is gá le caighdeán saoil an daonra a fheabhsú. Tá forbairt ar phobail bheomhara agus inbhuanaithe mar chuid lárnach do Chroí-Straitéis an phlean agus is féidir sin a bhaint amach trí mhais chriticiúil a éascú i mbailte agus i sráidbhailte níos comhdhlúite, ag baint an leas is fearr is féidir as gaireacht daoine, gnólachtaí agus seirbhísí trí fhorbairt a dhíríonn ar lonnú agus ar úsáid mheasctha, trí infreastruchtúr fisiciúil agus sóisialta a chur ar fáil agus trí dhearadh uirbeach ardchaighdeáin agus bainistiú iomchuí ar cheantair thuaithe a chinntiú. Tá ordlathas lonnaíochta an phlean seo leagtha amach i gcaibidil 2, Croí-Straitéis, agus léirithe ar Léarscáil 1 a thaispeánann Leitear Ceanainn mar an Geatabhealach nasctha le Doire, aicme 2 mar na Bailte Tacaíochta Straitéiseacha agus aicme 3 agus 4 mar na Bailte Móra agus na Sráidbhailte Láidre agus na sráidbhailte beaga faoi seach.

**Cultúr**
Aithníonn an Chomhairle an luach a chuirtear ar na bealaí éagsúla a léirítear ár gcultúr agus an deis a thugann siad maidir leis an gheilleagar agus an turasóireacht a stiúradh agus mar ghné suntasach i bhfeasacht agus i gcaighdeán saoil an phobail. Mar thoradh air sin glacfaidh an CDP cur chuige dearfach maidir le tograí a bhaineann cothromaíocht idir forbairt saoráidí cultúrtha agus dícheall cuí ar chúinsí comhshaoil amach.

Glactar leis go huilíoch go dtarraingíonn íomhá dearfach infheistíocht isteach. Tá sé cruthaithe ag taithí idirnáisiúnta agus náisúnta go mbaintear "éifeacht iolraitheora" thart ar 1.5 oiread ioncaim agus fostaíochta as airgead a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí cultúrtha i ngeilleagair áitiúla. Maítear gurb iad 'tionscail chultúrtha' ar an cheathrú/an chúigiú earnáil is tapúla atá ag fás i ngeilleagair fhorbartha.

Is uirlis thar a bheith tábhachtach é an cultúr nuair a mbaintear úsáid as mar chatalaíoch do thionscadail. D'fhéadfadh tionscadail faoi cheannas cultúir sa Chontae todhchaí agus taithí a phobal a athrú. D'fhéadfadh tionscadail athnuachana a úsáideann an cultúr mar chatalaíoch athúsáid láithreacha athfhorbraíochta nó foirgnimh tréigthe le haghaidh úsáide poiblí nó le haghaidh gnólachtaí cruthaitheacha a óstáil, a chumasú.

**An Ghaeltacht**
Is í Gaeltacht Dhún na nGall an seachtú Gaeltacht is mó as an seacht gcinn atá sa tír agus clúdaíonn sí aon trian d'achar an Chontae. Tá 23,783 duine ann; aon cheathrú den daonra Gaeltachta ar fad in Éirinn.[1] Cé gurb í an teanga an phríomhghné sainitheach sa cheantar seo, tá oidhreacht shóisialta agus chultúir shaibhir sa Ghaeltacht fosta. Is féidir méid geografach cheantar na Gaeltachta a fheiceáil ó na léarscáileanna a ghabhann leis seo agus tá na 6 oileán a gcónaíonn daoine orthu san áireamh ann; Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne, Inis Fraoigh, Oileán an Bhráighe agus Gabhla. Tá líon iomlán de 711 duine ina gcónaí ar na hoileáin sin, agus chomh maith leis an Ghaeltacht ar an tír mhór, is ábhar ollmhór spéise sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil iad. Tá luach mór cultúir acu don tír, don réigiún agus don Stát.

Cé gur iomaí bua atá ag an Ghaeltacht, mar shampla na sár-acmhainní cultúir, an suíomh atá aici laistigh d'achair ardscéimhe agus an poitéinseal ollmhór turasóireachta atá aici, is iomaí dúshlán cultúir, infreastruchtúir agus eacnamaíochta atá roimpi fosta.

**Úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Dhún na nGall[2]**
Baineann na príomhdhúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu leis an laghdú ar úsáid na Gaeilge agus leis na cúiseanna a mheastar atá leis sin, ina measc Gaeilgeoirí á gcailleadh trí eisimirce agus bás (bás na gcainteoirí dúchais atá fágtha sa Ghaeltacht) agus inimirce daoine nach labhraíonn Gaeilge, rud a fhágann go mbíonn níos lú Gaeilgeoirí i measc an phobail. An dúshlán atá ann aghaidh a

[1] Daonáireamh 2006
[2] An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátail agus Moltaí, 2007

thabhairt ar na saincheisteanna sin fad a fhéachtar le pobail fholláine, bheomhara a chothabháil, pobail a bhfuil inimirce de dhíth orthu, b'fhéidir, chun saoráidí bunúsacha mar scoileanna, siopaí, srl., a chothabháil, agus i gcúinsí ina bhféadfadh nach mbeadh go leor Gaeilgeoirí sásta filleadh ar an Ghaeltacht, nó dul ann don chéad uair.

Tá trí chineál pobal teanga sa Ghaeltacht faoi láthair.

**A:** Toghranna Ceantair ina labhraíonn níos mó ná 67% den daonra Gaeilge achan lá.
**B:** Toghranna Ceantair ina labhraíonn 44-66% den daonra Gaeilge achan lá.
**C:** Toghranna Ceantair ina labhraíonn níos lú ná 44% den daonra Gaeilge achan lá.

Is ionann Catagóir A agus na ceantair sin ina bhfuil cion ard daoine a labhraíonn Gaeilge go gníomhach. I gCatagóirí B agus C tá na pobail a labhraíonn Gaeilge bunaithe ar líonraí sóisialta teangeolaíocha de dhaoine níos sine, teaghlaigh agus líonraí oideachais/pobail.

**Todhchaí na Teanga**
Laistigh den Ghaeltacht, leagann an Croí-Straitéis scaipeadh fáis amach, le cion suntasach á sannadh ar na ceantair uirbeacha mar chuid de roinnt beart atá de dhíth chun an mhais chriticiúil a mhéadú sa Chontae, mar shampla Dún Lúiche, a ainmníodh mar bhaile aicme 2 a bhfuil poitéinseal suntasach fás agus forbartha aige. Aithníodh áiteanna eile, mar shampla an Bun Beag, na Doirí Beaga, agus an Fál Carrach faoi Bhailte agus Sráidbhailte Láidre a bhfuiltear le díriú orthu le comhdhlúthú agus athnuachan a dhéanamh orthu. Tá na leithdháiltí sin agus na pleananna a chuireann i bhfeidhm iad lárnach maidir leis an Ghaeltacht a chosaint, a fheabhsú agus a fhás amach anseo. Trí na bailte, féadfaimid ceantair thábhachtacha a aithint le haghaidh forbartha agus athnuachana a mbeidh iliomad buntáistí acu, má dhéantar forbairt orthu, ní amháin don áit féin ach don cheantar níos leithne fosta, agus d'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha a bheith ann don cheantar máguaird fosta. I gcomhthéacs níos leithne, tá an Chomhairle tiomanta do leanúint lena ndáil le hÚdarás na Gaeltachta, gníomhaireachtaí stáit eile agus na pobail Ghaeltachta ag comhoibriú le caomhnú na Gaeilge agus tábhacht chultúrtha na Gaeltachta a chinntiú.

## 9.2 Cuspóirí

**CCG-O-1:** Pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an Chontae a lánpháirtiú le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúir a chuid daoine.

**CCG-O-2:** An Contae a fhorbairt mar áit tarraingteach le bheith ag cónaí agus ag obair ann, trí phobail bheomhara agus inbhuanaithe a fhorbairt.

**CCG-O-3:** Leanúint ar aghaidh ag cruthú sochaí a bheidh uilechuimsitheach go sóisialta le comhionnanas rochtana do chách mar phríomhchuspóir straitéiseach pleanála agus forbartha.

**CCG-O-4:** Cur chun cinn, cosaint, gabháil agus forbairt inbhuanaithe a dhéanamh go leanúnach ar an Chultúr mar acmhainn sa Chontae, le haird chuí a thabhairt ar chúinsí comhshaoil.

**CCG-O-5:** Cur chuige comhordaithe ar sheachadadh infreastruchtúr sóisialta, pobail agus cultúir agus seachadadh seirbhísí a éascú trí obair stiúrthóireachtaí éagsúla na Comhairle, chomh maith le hidirchaidreamh idir-ghníomhaireachta agus comhoibriú le heagraíochtaí reachtúla agus le heagraíochta ábhartha eile, lena n-áirítear tionscnaimh trasteorann.

**CCG-O-6:** Leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt theangeolaíoch, chultúir, shóisialta, fhisiciúil agus eacnamaíoch na Gaeltachta faoi réir na ngnáthchúinsí pleanála agus comhshaoil, agus tosaíocht na Gaeilge agus an cultúr a bhaineann léi a chothabháil.

**CCG-O-7:** An fhéidearthacht a fhiosrú láithreacha a aithint le bheith ina reilig(í) bardais.

## 9.3 Beartais

**Infreastruchtúr Sóisialta, Seirbhísí Áitiúla agus Forbairt Phobail**

**CCG-P-1** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go mbeidh gach réimse d'infreastruchtúr sóisialta agus d'fhorbairt phobail corpraithe agus lánphairtithe go cuí sa phleanáil sa Chontae ar bhealach a bhainfidh cothromaíocht amach idir sin agus ceisteanna ábhartha eile.

**CCG-P-2** Tá de bheartas ag an Chomhairle chomh fada agus a bheidh praiticiúil, go lonnófaí an t-infreastruchtúr sóisialta agus na seirbhísí áitiúla go léir ag suíomhanna lárnacha sráidbhaile/comharsanachta laistigh de bhailte, rud a éascóidh rochtain do choisithe, uilechuimsitheacht shóisialta, fás ar bheomhaireacht an phobail, ar shábháilteacht agus ar inrochtaineacht don líon is mó daoine is féidir. Sa chás go moltar suíomhanna malartacha, léireoidh na hiarratais cén fáth nach féidir suíomh lárnach a fháil agus an tslí a chomhlíonfaidh an fhorbairt na critéir ar fad atá leagtha amach thuas agus an tslí a mbeidh sí ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**CCG-P-3** Tá de bheartas ag an Chomhairle i gceantair thuaithe nach bhfuil baile in aice láimhe chun freastal ar an fhorbairt, gur fearr infreastruchtúr sóisialta agus seirbhísí áitiúla a lonnú áit nach mbeidh drochthionchar ar ainmniúcháin chomhshaoil, áit a bhfuil an t-infreastruchtúr riachtanach ar fáil cheana féin nó gur féidir leis an fhorbróir é a chur ar fháil agus go lonnófaí é ina dhiaidh sin gar d'infreastruchtúr tuaithe atá ann cheana féin mar scoil, ionad pobail, séipéal, iompar poiblí. Ag na suíomhanna sin, beidh aon togra den sórt sin iomchuí don áit timpeall air, i dtéarmaí scála agus caithfidh sé na gnáthriachtanais phleanála agus chomhshaoil, go háirithe maidir le suíomh, dearadh, rochtain agus lánpháirtiú.

**CCG-P-4** Tá de bheartas ag an Chomhairle gan ach tograí maidir le saoráidí cúraim chónaithigh, mar shampla tithe altranais, a bhreithniú laistigh de bhailte atá ann cheana féin, ina bhfuil taitneamhachtaí sóisialta agus infreastruchtúr iomchuí, nó inar féidir iad a chur ar fáil go héasca. Léireoidh tograí den sórt sin na caighdeáin deartha atá leagtha amach sna Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do Shuímh Chúraim Chónaithigh do Dhaoine Scothaosta in Éirinn, 2009, de réir mar is cuí.

**CCG-P-5** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt ar thithíocht foscaidh nó scéimeanna eile a mbainfeadh leas as saoráidí pobail agus cúraim a éascú, laistigh de bhailte a bhfuil an t-infreastruchtúr fisiciúil riachtanach ann, mar bhealach chun cur leis na roghanna atá ann do dhaoine atá faoi mhíchumas nó do dhaoine scothaosta nach bhfuil ag iarraidh dul isteach i dteach altranais, faoi réir ag comhlíonadh le riachtanais chomhshaoil agus teicniúla, agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**CCG-P-6** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt chónaitheach ar scála mór a chéimniú isteach ar bhealach comhordaithe le teacht ar infreastruchtúr sóisialta agus pobail riachtanach mar scoileanna, taitneamhachtaí agus saoráidí eile, nuair is cuí sin. Ba chóir don fhorbróir taighde a dhéanamh ar an chlár le hinfreastruchtúr a sheachadadh sula

gcuirtear iarratas pleanála ar aghaidh agus cuirfear ar aghaidh é leis an iarratas d'fhonn breithniú ar chéimniú iomchuí na forbartha atá beartaithe a éascú.

**CCG-P-7** Tá de bheartas ag an Chomhairle buntáistí a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear spás oscailte, saoráidí caithimh aimsire agus saoráidí pobail a chur ar fáil, agus ailt 47 agus 48, agus foráil ar bith eile de na hAchtanna Pleanála a úsáid, sa chás go meastar saoráidí den sórt sin a bheith riachtanach mar thoradh ar an fhorbairt atá beartaithe.

**CCG-P-8** Tá de bheartas ag an Chomhairle tograí maidir le cuibhrinn phríobháideacha agus phoiblí, gáirdíní pobail agus margaidh thuaithe a éascú, mar fheithicil le forbairt phobail a éascú agus tacú léi, faoi réir ag ceisteanna comhshaoil agus teicniúla agus ag pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**Bunoideachas agus Iar-Bhunoideachas**

**CCG-P-9** Tá de bheartas ag an Chomhairle teacht leis na cáipéisí seo a leanas maidir le soláthar oideachais a phleanáil, lena n-áirítear iarratais phleanála a phróiseáil agus láithreacha oideachais a aithint; Scoileanna a Sholáthar agus an Córas Pleanála – Cód Cleachtais d'Údaráis Pleanála, an tsraith Treoir-Dhoiciméid Theicniúla a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna TGD20 - TGD25, Forbairt Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha agus an Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach a théann leo.

**CCG-P-10** Tá de bheartas ag an Chomhairle cur i bhfeidhm clár de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, mar an Clár Scoileanna agus Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna a éascú, ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**Oideachas agus Oiliúint 3ú Leibhéal**

**CCG-P-11** Tá de bheartas ag an Chomhairle leathnú iomchuí ar shaoráidí oideachais agus taighde ag institiúidí tríú leibhéal a éascú, go háirithe i ndáil le nuálaíochtaí i mbithteicneolaíocht, i bhfuinneamh in-athnuaite agus i gceangail trasteorann leis na soláthróirí tríú leibhéal i dTuaisceart Éireann faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach a bheith ar fáil, aon ainmniúcháin chomhshaoil agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**Cúram Leanaí**

**CCG-P-12** Tá de bheartas ag an Chomhairle soláthar agus forbairt saoráidí cúraim leanaí, mar atá leagtha amach i gCaibidil 11 den phlean seo.

**Sláinte, Spórt agus Caitheamh Aimsire**

**CCG-P-13** Tá de bheartas ag an Chomhairle a chinntiú go mbeidh aird chuí ag na tograí forbartha ábhartha ar shiúl agus ar rothaíocht, rud a chuirfidh gníomhaíocht fhisiciúil chun cinn agus a laghdóidh úsáid carranna.

**CCG-P-14** Tá de bheartas ag an Chomhairle tionscnaimh forbartha agus infreastruchtúr iomchuí a éascú, cinn a chuirfidh sláinte agus stíleanna maireachtála gníomhacha chun cinn ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar. Cuirtear beartas níos mionsonraithe sa réimse seo ar fáil i gCuid 4.1 Iompar.

**CCG-P-15** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt iomchuí agus leathnú ar phríomh-shaoráidí sláinte sa Chontae a éascú, go háirithe maidir le forbairt ar shainseirbhísí liachta faoi réir

ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**CCG-P-16** Tá de bheartas ag an Chomhairle soláthar saoráidí spóirt, caithimh aimsire, taitneamhachtaí agus áineasa iomchuí a éascú, chun tacú le fás baile nó sráidbhaile faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar. Cuirfidh soláthar iomchuí na saoráidí sin leis an chaighdeán beatha trí na roghanna sóisialta atá ar fáil do dhaoine a fheabhsú, ach féadfaidh sé deathionchar a imirt fosta ar shláinte na ndaoine trí roghanna spóirt agus aclaíochta níos leithne a chur ar fáil sa phobal.

**CCG-P-17** Tá de bheartas ag an Chomhairle Bealach Féich/Srath an Urláir a chur chun cinn mar Lárionad Feabhais do spóirt i nDún na nGall.

**CCG-P-18** Tá de bheartas ag an Chomhairle bealaí glasa agus páirceanna líneacha le leathnú I fearann páirce isteach i gceantair uirbeacha ag suíomhanna cuí agus straitéiseacha a éascú.

**Seirbhísí Leabharlainne agus Cultúir**

**CCG-P-19** Tá de bheartas ag an Chomhairle cur i bhfeidhm tionscadal caipitil Seirbhísí Cultúir mar atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach na gCeangal Cultúrtha 2009-2014 faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

Déanann sin soláthar d'fhorbairt leabharlanna, saoráidí cartlainne, ionad oidhreachta agus cultúrtha, (scoil[eanna] ceoil), músaem, agus foirgneamh agus ionaid ealaíon agus cultúir ar fud an Chontae. Déanfar soláthar do thograí sna Creatchórais Bailte, nuair is cuí sin, trí cheantair, foirgnimh/tailte, criosú nó ráitis beartais a aithint. Áirítear iad seo a leanas ar thionscadail chaipitil den sórt sin:

- Leabharlann Pobail Bhaile Dhún na nGall;
- Ceanncheathrú Seirbhísí Cultúir;
- Leabharlann Pobail Bhealach Féich/Shrath an Urláir;
- An Phríomh-Leabharlann a fheabhsú;
- Leabharlann Pobail Ghaoth Dobhair;
- Leabharlann Pobail na nGleannta;
- Leabharlann Pobail Chloich Cheann Fhola;
- Lárionad na dTaifead;
- An Lárionad Cartlainne.

**Cultúr**

**CCG-P-20** Tá de bheartas ag an Chomhairle na hamharcealaíona agus na taibh-ealaíona a chur chun cinn, lena n-áirítear teanga, ceol traidisiúnta, litríocht agus ealaíon, trí fhorbairt iomchuí ar ionaid, spás agus suíomhanna dá bhforbairt agus dá gcur chun cinn a éascú, faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**CCG-P-21** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt a dhéanamh ar cheangail idir príomhfhoirgnimh chultúrtha, gnéithe cultúir agus áiteanna spéise nádúrtha, líonra bealaí do choisithe, slite oidhreachta agus spásanna glasa d'fhonn na sócmhainní cultúir ar fud an Chontae a cheangal le chéile. D'fhéadfaí sin a bhaint amach trí na pleananna

uirbeacha agus beidh sé mar chuid den athrbhreithniú ar limistéir EHSA le linn saolré an phlean.

**CCG-P-22** Tá de bheartas ag an Chomhairle aitheantas a thabhairt don mhéid a chuireann ealaíontóirí traidisiúnta agus comhaimseartha leis an saol cultúrtha sa Chontae, agus forbairtí iomchuí lena gcuid riachtanas a éascú, faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar, agus mar sin forbairt na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha amach anseo a chosaint agus a spreagadh trí na nithe seo a leanas:

a. Spás a chur ar fáil chun raon foirgneamh a n-úsáidtear chun críocha cultúir agus pobail a fhorbairt i mbailte iomchuí agus
b. Sa chás go bhfuil siad ann cheana, tionscnaimh nó tionscadail a fhéachann le foirgnimh a n-úsáidtear chun críocha cultúir agus pobail a fheabhsú nó a shíneadh a éascú.
c. Soláthar a dhéanamh do sheirbhísí cultúir sna bailte, agus iad a éascú.
d. Comhpháirtíochtaí a spreagadh trí thionscnaimh shóisialta, phoiblí, phríobháideacha agus áitiúla.

**CCG-P-23** Tá de bheartas ag an Chomhairle spás poiblí bríomhar, ardchaighdeáin agus samhlaíoch a chruthú i mbailte iomchuí a léireoidh agus a thaispeánfaidh a gcultúr traidisiúnta trí uirlisí mar dhearadh uirbeach cáilíochta agus trí Chlár Ealaíne Poiblí na Comhairle. Chomh maith leis sin, éascóidh an Chomhairle forbairt iomchuí ar an Pháirc Dealbhóireachta cheannródaíoch sa Chontae faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar. Laistigh den líonra spásanna poiblí sa Chontae éascóidh an Chomhairle forbairt ar áiteanna súgartha ardchaighdeáin i mbailte iomchuí chun leasa cuairteoirí agus an phobail áitiúil faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**CCG-P-24** Tá de bheartas ag an Chomhairle tacú le Dún na nGall a fhorbairt mar an 'Chontae Cruthaitheach' trí dheiseanna nua oideachais agus fostaíochta a éascú san earnáil chruthaitheach, go háirithe tograí iomchuí maidir le foirgnimh folmha agus tréigthe a athúsáid agus a athfhorbairt, faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar. Léireoidh tograí den sórt sin meas ar iontaofacht an fhoirgnimh bhunaithe, an oiread agus a bheidh sin praiticiúil agus iomchuí.

**CCG-P-25** Tá de bheartas ag an Chomhairle rochtain ar thaitneamhachtaí cultúir a éascú, trína chinntiú go mbeidh siad inrochtaine don phobal agus go bhfreastalóidh siad ar riachtanais chultúir daoine atá faoi mhíchumas.

**CCG-P-26** Tá de bheartas ag an Chomhairle forbairt iomchuí ar tháirgí turasóireachta cultúrtha a éascú, forbairt a bhainfidh leas as ceangail atá sa Chontae cheana féin maidir le stair, geolaíocht, forbairt eacnamaíochta, daon-traidisiúin, teanga agus oidhreacht ceoil, chomh maith le turasóireacht ghníomhaíocht-bhunaithe agus mara faoi réir ag an infreastruchtúr riachtanach agus aon cheisteanna comhshaoil a bheith ar fáil, agus iad a bheith ag teacht le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ar an cheantar.

**<u>An Ghaeltacht</u>**

**CCG-P-27** Tá de bheartas ag an Chomhairle an Ghaeilge a chur chun cinn trína chinntiú go ndéanfar bailte Gaeltachta, a fhéadfaidh feidhmiú mar dhreasadóirí dá gceantair

mháguaird, a fhorbairt ar bhealach iomchuí agus inbhuanaithe, agus i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

**CCG-P-28** Tá de bheartas ag an Chomhairle bailte agus sráidbhailte Gaeltachta a chur chun cinn mar phríomhcheantair fáis maidir le forbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear turasóireacht agus infheistíochtaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn as cláir mhaoinithe, tionscadail agus tionscnaimh, idir phoiblí agus phríobháideach, i gcomhthéacs cuspóirí agus beartais ábhartha eile den phlean seo.

**CCG-P-29** Tá de bheartas ag an Chomhairle inbhuanaitheacht na Gaeilge a chur chun cinn trí Mheasúnuithe Tionchair Teanga, mar atá leagtha amach i gCaibidil 5, a chur i bhfeidhm go hiomchuí.

**CCG-P-30** Tá de bheartas ag an Chomhairle leanúint ar aghaidh lena cuid seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge, nuair is féidir sin, go háirithe ag féachaint do sholáthar seirbhísí sa Ghaeltacht féin.

Plean Forbartha
Chontae Dhún Na nGall
2012-2018

# Caibidil 10
# Forbairt Agus Caighdeáin Theicniúla.



# Caibidil 10 Forbairt agus Caighdeáin Theicniúla

## Aidhm:

**Forbairt eagraithe agus inbhuanaithe an Chontae a chinntiú trí chuspóirí agus caighdeáin a leagan amach chun forbairt a bhainistiú.**

## 10.1 Forbairt Ghinearálta

Foilsíodh raon cáipéisí ina bhfuil prionsabail, caighdeáin, beartais agus treoirlínte lena bhforbairt ag an leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Contae.

**10.1.1** Beidh na tograí forbartha ar fad faoi réir ag breithnithe pleanála ábhartha iomchuí, na cuspóirí, beartais agus caighdeáin ábhartha de chuid an Phlean Forbartha seo (lena n-áirítear na haguisíní), straitéisí Réigiúnacha agus Náisiúnta, treoir agus beartais, ainmniúcháin agus breithnithe comhshaoil, agus ainmniúchán, breithniú nó athchóiriú den sórt sin a fhoilseofar le linn saolré an phlean seo.

Chun críocha na caibidle seo, tá liosta de cuid de na cáipéisí is tábhachtaí tugtha thíos: Tá teacht ar liosta den cháipéisíocht treorach pleanála atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil: www.environ.ie.

- Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha – Treoirlínte le haghaidh na nÚdarás Pleanála (Cathracha, Bailte & Sráidbhailte) (DoEHLG 2009) agus an doiciméad a ghabhann leis sin Lámhleabhar do Dhearadh Uirbeach, Treoir Shárchleachtais, 2008.
- Teach a Thógáil faoin Tuath i nDún na nGall- Treoir maidir le hIonad, Suíomh agus Dearadh. Aguisín B.
- Treoirlínte Bhainistiú Tráchta, 2006.
- Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015.
- Beartas Náisiúnta Bóithre.
- Comharthaíocht Turasóireachta & Fóillíochta ar Bhóithre Náisiúnta.
- Tithe Baile a Sheachadadh, Pobail a Chothabháil, 2007.
- Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeáin Deartha d'Árasáin Nua,' 2007.
- Aeróga agus Struchtúir Tacaíochta – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála, (DoEHLG 1996).
- An Córas Pleanála agus Baol Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (DoEHLG 2009).
- Coiréil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha – Treoirlínte d'Údaráis Pleanála (DoEHLG 2004).
- Fuinneamh Gaoithe – Treoirlínte Forbartha d'Údaráis Pleanála (DoEHLG 2006).
- Moltaí maidir le hOibreacha Forbartha Láithreach le haghaidh Limistéir Tithíochta i nDún na nGall (2007).

**10.1.2** Cuirfidh tograí forbartha maidir le hilfhorbairtí cónaithe naisc snáthoptaice le rochtain oscailte agus duchtú atá neodrach ó thaobh díoltóra, ar fáil ar fud na forbartha.

**10.1.3** Déanfar gach duchtú (poiblí agus príobháideach) a leagan amach agus a shuiteáil de réir 'Moltaí d'Oibreacha Cáblaí Teileachumarsáide Faoin Talamh – Do Scéimeanna Bóithre, Tráchtála agus Cónaithe'.

**10.1.4** Déanfaidh an Chomhairle Chontae iarracht tógáil tithe aonair i gcúinsí iomchuí a éascú, de réir an Phlean Forbarta Contae. Ceadófar naisc leathorlaigh le príomhlíonra uisce sa chás go dtugann breithnithe ar dhea-bhainistiú infreastruchtúir deis sin a dhéanamh. In imthosca áirithe d'fhéadfadh go mbeadh príomhlíonra uisce níos mó de dhíth ar an Chomhairle chun soláthar uisce a chur ar fáil do theach aonair, seachas ceangal leathorlaigh fada (12mm) do theach aonair. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Chomhairle na píobáin agus na feistis píblíne píobáin ar fáil, suas le fad uasta 100 méadar in aghaidh an tí, ar na coinníollacha seo a leanas:

- Go dtógann an t-iarratasóir an píblíne chuig líne, leibhéal agus sonraíocht mar a comhaontaíodh le Seirbhís Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála na Comhairle Contae, agus go n-éascóidh sé cigireacht/maoirsiú de réir mar is gá leis an Chomhairle Chontae;
- Go leis an Chomhairle Chontae an píblíne chríochnaithe agus nach ndéanfaidh an t-iarratasóir maíomh ar úinéireacht;
- Go ndearna nó go ndéanfaidh an Chomhairle Chontae soláthar airgeadais leordhóthanach le costas na soláthairtí a chlúdach;
- Déanfar leasú ar an sceideal de mhuirir cheangail chun dídhreasú do líonta tí nach ndéanann iarratas ar cheangal in imthosca den sórt sin, agus a fhanann go mbeidh na hoibreacha tugtha i gcrích ar chostas daoine eile, ar a thabhairt isteach.

Nótaí:
Déanfar an ghnáth-tháille ceangail uisce a tharscaoileadh i gcásanna den sórt sin, in áit oibreacha a rinneadh an t-iarratasóir agus an phíblíne á leagan síos. Ní bheidh aon éifeacht ag an soláthar seo ar ranníocaíochtaí forbartha a ghearrtear ar an fhorbairt. Is ábhar do Sheirbhís Bhóithre na Comhairle Contae iad táillí oscailte agus caighdeáin athchóirithe bóithre agus ní bheidh aon éifeacht ag an soláthar seo orthu.

**10.1.5** **BANNAÍ**

Ceanglófar ar fhorbróirí urrús leordhóthanach a thabhairt trí éarlais airgid tirime nó trí bhanna le cur i gcríoch agus cothabháil sásúil na forbartha a chinntiú, lena n-áirítear cothabháil go dtí go nglacfar ceannas orthu, in imthosca ina sásaíonn an fhorbairt beartas na Comhairle ar Tháthcheangal Eastát Tithíochta Príobháideach. Sa chás go sásóidh an fhorbairt beartas na Comhairle i ndáil le Táthcheangal, ach go bhfuil socruithe malartacha oiriúnacha eile déanta ag na cónaitheoirí/an fhorbróir maidir le cothabháil, mar shampla, cuideachta Bainistithe, is féidir an t-urrús a scaoileadh ansin.

Cuirfear coinníoll i bhfeidhm de réir fhorálacha Alt 34(4)(g) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Ríomhfar méid an urrúis ar bhonn €5000 in aghaidh an tí i bhforbairt nach bhfuil aon trealamh meicniúil/leictreach ann. I gcásanna ina bhfuil trealamh meicniúil/leictreach san fhorbairt, is €15,000 in aghaidh an tí a bheidh san urrús.

Beidh ar an fhorbróir líníochtaí "mar a foirgníodh", suirbhé CCTV, tuarascáil scríofa agus deimhniú scríofa gur tugadh seirbhísí infreastruchtúir chun críche chuig na caighdeáin riachtanacha a chur ar fáil sula scaoiltear an t-urrús. Chomh maith leis sin, ní cheadófar ceangal ar bith le séarach poiblí nó le príomhlíonra uisce go dtí go mbeidh sin cruthaithe agus doiciméadaithe.

## 10.2 Iompar

### NA BÓITHRE POIBLÍ AR FAD

**10.2.1 Ceanglas don Ráiteas Tráchta agus Iompair:**

Cruthóidh tograí forbartha áirithe turais suntasacha, bíodh sin i gcarr, i bhfeithicil tráchtála, ar rothar, ag siúl nó ar iompar poiblí. D'fhéadfadh impleachtaí móra a bheith aige sin ar an líonra bóithre áitiúil. Tharlódh, i roinnt imthoscaí, go n-éileodh sin athruithe ar leagan amach agus ar acmhainneacht na mbóithre/na n-acomhal, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní sábháilteachta ar bhóithre agus d'fhonn leibhéal seirbhíse sásúil a choinneáil d'úsáideoirí bóithre. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnú tráchta agus iompair (TTA) le haghaidh a thabhairt go hiomlán ar na himpleachtaí arna n-eascairt as sin agus le cuidiú le breithmheas a dhéanamh ar an iarratas pleanála. Caithfidh Ráiteas Tráchta agus Iompair, i.e. TTS 1 agus TTS 2 comhlánaithe, a bheith ag gabháil le hiarratais phleanála a éilíonn rochtain ar bhóthar poiblí agus a chruthóidh méid suntasach tráchta breise. Ní ghnách go mbeidh siad sin de dhíth i gcás iarratais ar áit chónaithe aonair.

Ba chóir go dtabharfadh an Measúnú Tráchta agus Iompair tuairisc neamhchlaonta ar thionchair na forbartha atá beartaithe agus ba chóir dó na gnéithe dearfacha agus diúltacha a bhaineann léi a chur in iúl. Caithfear an scóp a bhaineann leis sin a chomhaontú le hInnealtóirí Bóithre na Comhairle. Áirítear ar cháipéisí treoracha Treoirlínte Measúnaithe Tráchta agus Iompair, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.

**10.2.2 Ceanglas maidir le hIniúchadh Sábháilteachta:**

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh iniúchadh sábháilteacha ar bhóithre a bheith de dhíth le himpleachtaí sábháilteachta na forbartha atá beartaithe a bheith mar fhaisnéis don mheasúnú agus d'fhonn cuidiú le bearta iomchuí riachtanacha chun caighdeáin sábháilteachta a chothabháil a aithint. Ní bheidh cead ach ag foirne iniúchóireachta sábháilteachta, a mbeidh a gcomhaltaí ceadaithe ag an NRA/Údarás áitiúil, iniúchtaí sábháilteachta a dhéanamh.

Na rudaí le hiniúchadh sábháilteachta a dhéanamh orthu:

- Tá iniúchtaí sábháilteachta ar bhóithre éigeantach do gach iarratas pleanála ar Bhóithre Náisiúnta (HD 19/09).
- Tá Iniúchtaí Sábháilteachta éigeantach ar bhóithre áitiúla i gcás iarratas ar níos mó ná 50 áit chónaithe nó ar fhorbairtí eile de chineálacha agus/nó méideanna tráchta comhchosúla, nó mar a mheasfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall a bheith de dhíth ar mhaithe le sábháilteacht tráchta.
- Maidir le forbairtí ina bhféadfadh sé a bheith deacair Caighdeáin NRA DMRB a bhaint amach, féadfaidh an t-iarratasóir cinn mhalartacha a chur ar aghaidh, arna dtacú ag iniúchadh sábháilteachta céim féidearthachta, lena mbreithniú.

An tAm le hIniúchadh Sábháilteachta a dhéanamh:

- Céim féidearthachta (F) – measúnú comparáideach ar roghanna.
- Céim 1 – Réamh-dhearadh curtha i gcrích.
- Céim 1/2 - Curtha le chéile i gcás scéimeanna beaga.
- Céim 3 – foirgniú curtha i gcrích/sula n-osclaítear é do thrácht.

**10.2.3 Teorainneacha ar Thaobh an Bhóthair i gCeantair Thuaithe:**

- Ba chóir an líne de theorainneacha ar thaobh an bhóthair atá ann cheana féin a choimeád, nuair is féidir sin, go háirithe feadh bóithre ardscéimhe, faoi réir ag ceisteanna sábháilteachta tráchta, ina bhféadfadh lonnú siar ón bhóthar a bheith de

dhíth. Cuirfear ithir nach airde ná 100mm ar an áit siar ón bhóthar agus cuirfear síolta féir inti.

- tá gach teorainn ar thaobh an bhóthair lena cothabháil ag an úinéir talún lena chinntiú go ndéanfar riachtanais amharclínte a chaomhnú. (plandú ar leibhéal íseal le hinfheictheacht a chinntiú).
- Cuirfear an teorainn ar thaobh an bhóthair siar ón bhóthar an t-achar íosta arna sonrú i dTábla 20 thíos le freastal ar an bhealach isteach.

**Tábla 20: Teorainneacha ar Thaobh an Bhóthair i gCeantair Thuaithe**

| AN CINEÁL BÓTHAIR | ACHAR ÍOSTA SIAR ÓN LÍNE LÁR AN BHÓTHAIR |
|---|---|
| Bóithre Náisiúnta den Dara Grád | 10.0m |
| Príomhbhóthar Náisiúnta | 12.0m |
| Bóthar Réigiúnach | 6.5m |
| Bóthar Contae | 5.0m |


Sa chás go mbeadh an teorainn úinéireachta ar thaobh an bhóthair atá ann cheana féin níos faide siar ná an t-achar siar ón bhóthar arna aithint sa tábla thuas, coinneofar an teorainn sin.

Sa chás go mbeadh achar siar ón bhóthar de chuid na forbartha ar thaobh an bhóthair atá ann cheana féin níos lú ná an t-achar siar ón mbóthar arna lua sa tábla thuas, cinnfidh an Chomhairle cén t-achar siar ón mbóthar íosta ar chóir a bheith ann.

Ba chóir aird a thabhairt fosta ar Theach a Thógáil faoin Tuath i nDún na nGall, Treoir maidir le hIonad, Suíomh agus Dearadh (Aguisín B) san áit a ndéantar tagairt do chóiriú ar imeallacha teorann/bealaí isteach agus amach.

### 10.2.4 Mionsonraí faoi Bhealaí Isteach:

- Leagfar mionsonraí faoi bhealaí isteach amach de réir Tábla 20 agus Fíor 6, Mionsonraí faoi Bhealaí Isteach agus Maoin Chónaithe.




**Fíor 6 – Mionsonraí faoi Bhealaí Isteach do Mhaoin Chónaithe**

- Maidir le bealaí isteach neamh-chónaithe, is ar a laghad 20m a bheidh an t-achar siar ó cholbha an bhóthair do gheataí/fálta bealaí isteach.

Cuirfidh gathanna bealaí isteach do gach forbairt seachas áiteanna cónaithe aonair gathanna bóthair phoiblí/acomhail forbartha ar fáil de réir Lámhleabhar Deartha an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do Bhóithre agus do Dhroichid (DMRB). Is ar a laghad 6m a bheidh gathanna inmheánacha laistigh d'fhorbairtí cónaithe.

Dearfar agus tógfar bóithre rochtana inmheánacha de réir na Moltaí maidir le hOibreacha Forbartha Láithreach le haghaidh Limistéir Tithíochta agus Lámhleabhar Deartha Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

Ní lonnófar rochtain cabhsáin ag béal acomhail ná laistigh de dhá oiread gha an cholbha ar mhion-bhóithre acomhail.

**10.2.5 Uisce Dromchla agus Draenáil ar Thaobh an Bhóthair:**

Déanfar an draenáil ar thaobh an bhóthair atá ann cheana féin a chothabháil agus silteáin bóithre d'uisce dromchla (ar féidir a chur faoi ghlas) nó cuirfear córas oiriúnach malartach ar fáil chun freastal ar rith chun srutha ón bhóthar poiblí. Dearfar an bealach isteach chun sileadh uisce ón láthair amach ar an bhóthar nó cosán poiblí a chosc. B'fhearr córais uisce a leagan amach le go ndéanfar sileadh a scaoileadh chuig uiscechúrsa oiriúnach, a bheidh in ann freastal ar an méid uisce a mbítear ag súil leis (ní mholtar poill mhaothaithe de ghnáth). Beidh córais draenála lán-deartha chuig an sceitheadh deiridh san áireamh leis na hoibreacha bóithre ar fad atá beartaithe agus beidh córais mhaolúcháin san áireamh nuair is gá sin, go háirithe ar láithreacha géara nó ag sceitheadh a mheastar a bheith lán nó beagnach lán.

**10.2.6 Acomhail ar Bhóithre Contae:**

Cuirfear spré léargais ag acomhail ar fáil de réir Tábla 23 agus Fíor 6.

**10.2.7 Athchóiriú Bóithre:**

Deiseofar aon damáiste do bhóithre poiblí a tharlaíonn mar thoradh ar fhorbairt go dtí sástacht na Comhairle Contae, nuair a mheastar gur gá sin. Tharlódh go mbeadh urrús airgid tirim de dhíth chun deisiú sásúil ar an damáiste a chinntiú.

**10.2.8** D'fhéadfadh nach mbeadh cumas iompair leordhóthanach ag an líonra bóithre agus d'fhéadfadh go mbeadh sé iomchuí an fhorbairt a éascú faoi réir ag riachtanas go dtabharfadh an Chomhairle faoi oibreacha neartaithe bóithre ar chostas an fhorbróra. In imthosca den sórt sin gearrfar ranníocaíocht forbartha nó in imthosca iomchuí d'fhéadfaí coinníoll a chur i bhfeidhm a n-éileodh go dtabharfadh an forbróir faoi oibreacha chuig sonraíochtaí na Comhairle, lena n-áireofaí an Chomhairle a shlánú.

**Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad**

**10.2.9 Grádán uasta inghlactha ag druidim le bóthar poiblí:**

Léiríonn an tábla thíos na grádáin uasta a cheadaítear ar bhóithre – féach an NRA DMRB le tuilleadh mionsonraí a fháil:

**Tábla 21 – Bóithre Poiblí ach go hÁirithe**

| Tag: DMRB | An Cineál Bóthair | Grádán Uasta Inmhianta | Grádán Uasta Caidrimh |
|---|---|---|---|
| TD 9/07 | Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha | 5% | 6% |
| | Bóithre Áitiúla | 6% | 12% |

**T**


**Tábla 22 – Bóithre Inmheánacha Cónaithe/Tionscail**

| | Pointe Rochtana | Cuid in aice le Bóthar Poiblí | Grádán uasta do bhóthar inmheánach |
|---|---|---|---|
| TD41-42/09 | Rochtain Dhíreach | 15m @ 2.5%* | grádán 10% |
| | Rochtain Aonair ** | 15m @ 2.5% | |

* féadfar sin a thuaslagadh chuig 10m achar áit chónaithe agus 4% in imthosca deacra
** féadfar sin a thuaslagadh chuig 5m achar áit chónaithe agus 4% in imthosca deacra

### 10.2.10 Amharclínte:

Amharclínte ag acomhail le Bóithre Poiblí nach Bóithre Náisiúnta iad: Cuirfear spré léargais buan ar fáil lena chinntiú go mbeidh radharc leordhóthanach i ngach treo ag tiománaithe a bhíonn ag teacht amach ar an rochtain dhíreach le go bhfeicfidh siad trácht in am trátha chun a n-inlíochtaí a dhéanamh go sábháilte, gan tionchar a imirt ar luas an tráchta ar an bhóthar mór. Beidh amhrclínte ag acomhail le Bóithre Poiblí nach Bóithre Náisiúnta de réir Thábla 23 agus fíoracha 7 nó 8. D'fheádfaí imeacht ó na riachtanais i dTábla 23 a bhreithniú má fhaightear deimhniú ó Dhearthóir an Iarratasóra maidir le dearadh agus tógáil de réir an NRA DMRB. Tugann an léaráid seo a leanas mionsonraí faoin tslí a ndéanfar imchlúdach na láithreach a ríomh agus a chur i láthair do gach iarratas pleanála.




**Fíor 7 – Tomhas le haghaidh Spré Léargais [achair X & Y]**


**Sainmhíniú ar Achair 'X' agus 'Y':**

Tagraítear don achar 'X' mar an achar siar ón bhóthar agus déanfar é a thomhas ó leanúint an taobh is gaire de lána reatha an bhóthair mhóir (taobh marcanna an charrbhealaigh agus ní an stráice chrua) ar feadh lárlíne na rochtaine dírí. Sa chás go leanann crua-ghrua ar an bhóthar mór thar líne na rochtaine dírí, déanfar an t-achar 'X' a thomhas ó chúl an chrua-ghrua.

Is éard atá san achar 'Y' an amharclíne íosta a cheadaítear agus déanfar é a thomhas ó phointe ar an taobh is gaire ar lána reatha an phríomhbhóthar go dtí an crosbhealach le lárlíne an bhóthair rochtaine.

Maidir le bóithre réigiúnacha agus uirbeacha, sa chás go mbíonn cosc ar scoitheadh de bharr líne bhán leanúnach, d'fhéadfaí tuaslagadh a cheadú chun an spré léargais ar

thaobh na láimhe clé den imeall is gaire a thomhas fá choinne tráchta i d'aghaidh, seachas ar an imeall is gaire den bhóthar.




**Fíor 8 – Spré léargais malartach do bhóithre uirbeacha, réigiúnacha agus áitiúla sa chas go mbíonn cosc ar scoitheadh**

Déanfar infheictheacht sa phlána ceartingearach a thomhas ó airde súl an tiománaí idir 1.05m agus 2.0m suite ag an achar siar ón bhóthar sa rochtain dhíreach ar airde ruda idir 0.26m agus 1.05m.

**Tábla 23: Amharclínte ag pointí rochtana chuig Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad**

| Amharclínte ag pointí rochtana chuig Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tag -DMRB | An Cineál Rochtana | Luas Kph | Achar Y i méadair | Achar X i méadair |
| TD 41- 42/09 Tábla 7.1 | Ilrochtain | 42 | 50 | 3m*-9m** |
| | Ilrochtain | 50 | 70 | 3m*-9m** |
| | Ilrochtain | 60 | 90 | 3m*-9m** |
| | Ilrochtain | 70 | 120 | 3m*-9m** |
| | Ilrochtain | 85 | 160 | 3m*-9m** |
| | Ilrochtain | 100 | 215 | 3m*-9m** |
| | Rochtain Aonair | | Ag brath ar teorainn luais thuas | 2.4m |

* Nuair a chuirtear comhartha chun stopadh in airde ag acomhal
** Nuair a chuirtear comhartha chun géilleadh in airde ag acomhal

Cinntear riachtanais infheictheachta ag catagóir agus luas an bhóthair maidir le bóithre réigiúnacha uirbeacha agus áitiúla ag a bhfuil teorainn luais éifeachtach de 60 KPH nó níos lú. Féadfar an t-achar "Y" a thuaslagadh faoi chéim luais amháin in imthosca deacra (sa chás go mbíonn feidhm le toisí amhairc Fíor 7).

**10.2.11 Achar siar ón Bhóthar d'Fhoirgnimh ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad:** Beidh gá le hachar siar ón bhóthar de 25m ar a laghad ó lárlíne an charrbhealaigh ar Bhóithre Réigiúnacha agus beidh gá le hachar siar ón bhóthar de 15m ó lárlíne an charrbhealaigh ar Bhóithre Áitiúla. Sa chás go bhfuil líne foirgneamh seanbhunaithe cruthaithe ag foirgnimh atá ann cheana féin, d'fhéadfadh foirgnimh nua an líne foirgneamh seanbhunaithe a leanúint, agus d'fhéadfadh nach mbeadh an t-achar siar ón bhóthar de dhíth.

**10.2.12 Achar Amhairc chun Stopadh:**
Beidh na hachair amhairc chun stopadh íosta ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad de réir Tábla 24 thíos. D'fheádfaí imeacht ó na riachtanais i dTábla 24 a bhreithniú má fhaightear deimhniú ó dhearthóir an iarratasóra maidir le dearadh agus tógáil de réir an NRA DMRB.

**Tábla 24: Achar Amhairc chun Stopadh**

| **Luas Deartha (km/h)** | 100 | 80 | 70 | 60 | 50 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Achar Amhairc chun Stopadh (m)** | 215 | 160 | 120 | 90 | 70 |

DMRB ref TD 9/07

## 10.3 Páirceáil

**Tábla 25: Caighdeáin Pháirceála Carranna**

| Forbairt | Páirceáil Carranna | Páirceáil Rothar (líon caighdeán) |
|---|---|---|
| **Áitribh / Cónaithe** | | |
| Teach cónaithe | 2 spás in aghaidh gach tí cónaithe<br>1.5 spás in aghaidh gach tí cónaithe neamhscoite | Níl aon spás curtha ar fáil ach cuirtear rochtain seachtrach ar fáil chuig an ngáirdín/clós cúil seachas sin tugtar spás amháin in aghaidh gach aonaid. |
| Dúbáilte (aonad cónaithe an urláir uachtaraigh) | 2 spás in aghaidh gach tí cónaithe | Seastán amháin clúdaithe in aghaidh gach aonaid |
| Teaghaisí / Árasán | 1.25 spás in aghaidh gach arásáin aon seomra<br>1.5 spás in aghaidh gach arásáin dá sheomra<br>1.75 spás in aghaidh gach arásáin trí sheomra | Seastán amháin clúdaithe in aghaidh gach aonaid |
| Carbháin / Teach Soghluaiste | Spás amháin in aghaidh gach carbháin / tí soghluaiste | |

| | | |
|---|---|---|
| **Siopaí / Miondíolachán** | | |
| Siopaí / Miondíolachán Bia | Spás amháin in aghaidh gach 20m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>chomh maith le páirceáil d'Fheithiclí Seachadta | 2 spás in aghaidh an aonaid ar a laghad.<br>Spás amháin in aghaidh gach 500m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>Spás amháin in aghaidh gach 250m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air ina dhiaidh sin |
| Siopaí / Miondíolachán Neamhbhia | Spás amháin in aghaidh gach 25m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>chomh maith le páirceáil d'Fheithiclí Seachadta | Spás amháin in aghaidh gach 100m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>Spás amháin in aghaidh gach 500m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air ina dhiaidh sin |
| Miondíolachán Earraí Téagaracha | Spás amháin in aghaidh gach 35m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>chomh maith le páirceáil d'Fheithiclí Seachadta | 2 spás in aghaidh an aonaid ar a laghad.<br>Spás amháin in aghaidh gach 500m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air |
| **Oifigí agus Seirbhísí Gairmiúla** | | |
| Oifigí agus seirbhísí Airgeadais/Gairmiúla agus seirbhísí eile a fhreastalaíonn go príomha ar chuairteoirí ón bpobal | Spás amháin in aghaidh gach 30m2 | Spás amháin in aghaidh gach 100m2 |
| **Stóráil nó Dáileadh Tionscail/Tionscail Éadrom** | | |
| Tionscal Trom | Measúnú déantar air ar bhonn tuillteanas aonair ag féachaint do líon na n-oibrithe, do phátrúin oibríochta, don láthair agus don chóngaracht d'iompar poiblí ach spás amháin in aghaidh gach 2 fostaí ar a laghad | Measúnú déantar air ar bhonn tuillteanas aonair ag féachaint do líon na n-oibrithe, do phátrúin oibríochta, don láthair agus don chóngaracht d'iompar poiblí ach spás amháin in aghaidh gach 10 fostaí ar a laghad |
| Tionscail Éadrom | Mar atá thuas | Mar atá thuas |
| Trádstóráil | Mar atá thuas | Mar atá thuas |
| **Óstáin/Brúnna/Tithe aíochta** | | |
| Óstáin/ Tithe aíochta (gan Beáir, Bialanna agus Seomraí Ócáide san áireamh) – le ríomh go leithleach | Spás amháin in aghaidh gach seomra<br>Chomh maith le spás amháin in aghaidh gach 10 seomra<br>Carrchlós foirne chomh maith le páirceáil d'Fheithiclí Seachadta | Spás amháin in aghaidh gach 10 seomra le 2 seastán ar a laghad |
| Brúnna | Spás amháin in aghaidh 5 leaba | Spás amháin in aghaidh gach 20 leaba le 2 seastán ar a laghad |
| **Bialanna agus Bialanna beir leat** | | |
| Bialann | Spás amháin in aghaidh gach 9m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air | Spás amháin in aghaidh gach 100m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air |

| | | |
|---|---|---|
| Bialann Beir Leat (lena n-áirítear an cuntar bialainne beir leat laistigh de bhialanna) | 5 spás ar a laghad suas go dtí 30m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air agus spás amháin in aghaidh gach 10m2 ina dhiaidh sin | Spás amháin in aghaidh gach bialann beir leat |
| **Bunaíochtaí Oideachais/Cúram Leanaí** | | |
| Scoileanna – Bunscoileanna agus Meánscoileanna | 1.5 spás in aghaidh an tseomra ranga | 2.5 spás in aghaidh an tseomra ranga |
| Coláistí Tríú Leibhéal / Saoráidí Poiblí/Saoráidí Príobháideacha do Dhaoine Fásta/Saoráidí Breisoideachais eile | 5 spás in aghaidh an tseomra ranga | 4 spás in aghaidh an tseomra ranga |
| Saoráidí Cúraim Leanaí | Spás amháin in aghaidh gach fostaí chomh maith le 0.25 spás do gach leanbh (mar atá sonraithe ag an uaslíon leanaí a cheadaítear don spás úrláir mar atá leagtha amach i Rialacháin Cúraim Leanaí an Rialtais) | Spás amháin in aghaidh gach 5 fostaí |
| **Saoráidí Cúraim Sláinte** | | |
| Ionaid Sláinte, Lialanna Dochtúirí, Cleachtóirí Cúraim Sláinte, Fiaclóirí, Lialanna Tréidliachta srl | 3 spás in aghaidh gach seomra comhairliúcháin<br>Chomh maith le spás atá coinnithe d'otharcharr ag ionaid sláinte<br>Chomh maith le spás breise tiontaithe/ inlíochta ag lialanna tréidliachta d'ainmhithe níos mó. | Spás amháin in aghaidh gach seomra comhairliúcháin |
| Tithe Altranais | Spás amháin in aghaidh gach fostaí atá ar dualgas<br>Spás amháin in aghaidh gach leaba/seomra do pháirceáil cuairteoirí chomh maith le páirceáil d'Fheithiclí Seachadta | Spás amháin in aghaidh gach 5 fostaí |
| Ospidéil | Spás amháin in aghaidh an dochtúra nó comhairligh<br>2 spás in aghaidh gach 3 ball foirne altranais<br>Spás amháin in aghaidh 3 leaba<br>3 spás in aghaidh gach seomra comhairliúcháin eisothair<br>Chomh maith le spás oibríochta do leoraithe seirbhísithe otharcharr. | Spás amháin in aghaidh 10 ball foirne |
| **óisialta/Siamsaíocht** | | |
| Tithe ósta gan áit damhsa | Spás amháin in aghaidh gach 20m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air |
| Tithe Ósta/clubanna oíche/ionaid ceoil a bhfuil áiteanna damhsa iontu | Spás amháin in aghaidh gach 20m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air<br>Chomh maith le limistéar tuirlingthe chun freastal a dhéanamh ar 3 tacsaí, 2 spás páirceála bus ag láithreacha nach láithreacha i lár bailte iad. | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 d'achar úrláir a bhfuil rochtain ag an bpobal air |

| **Sóisialta/Creideamh/Comhthionól** | | |
|---|---|---|
| Seomraí Ócáide/Ionaid Chomhdhála | Spás amháin in aghaidh gach 10m2 Chomh maith le limistéar tuirlingthe do thacsaithe/d'fheithiclí eile agus páirceáil bus tiomnaithe de réir mar is cuí ag láithreacha nach láithreacha i lár mbailte iad. | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 |
| Pictiúrlann | Spás amháin in aghaidh gach 5 suíochán | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 |
| Amharclann | Spás amháin in aghaidh gach 5 suíochán | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 |
| Séipeál | Spás amháin in aghaidh gach 5 suíochán | Spás amháin in aghaidh gach 200m2 |
| **Saoráidí Pobail/Spóirt** | | |
| Leabharlanna | Spás amháin in aghaidh gach 50m2 | 5 spás ar a laghad |
| Músaeim | Spás amháin in aghaidh gach 100m2 chomh maith le páirceáil busanna do láithreacha nach láithreacha i lár bailte iad. | 5 spás ar a laghad |
| Halla Spóirt | Spás amháin in aghaidh 50m2 chomh maith le páirceáil busanna. | 5 spás ar a laghad |
| Club Spóirt / Páirceanna Imeartha | Déanfar iarratais do 30 spás in aghaidh gach Club Spóirt/Príomhpháirceanna do chlubanna spóirt agus d'fhaichí spóirt níos mó a bhfuil saoráidí lucht féachana tiomnaithe iontu a mheasúnú ar bhonn a dtuillteanas aonair féin. | 5 spás ar a laghad |

**10.3.1** Ní mór na caighdeáin thuas a léamh i gcomhar leis na beartais a bhaineann le Páirceáil atá laistigh den chaibidil Iompair.

**10.3.2** Beidh na spásanna urláir atá liostaithe thuas cothrom le glan spáis urláir na forbartha atá beartaithe, mura luaitear a mhalairt.

**10.3.3** Déanfar gach togra eile do chineálacha forbartha nach bhfuil liosaithe thuas a mheasúnú ag féachaint do thréithe sonracha an fhoirgnimh lena n-áirítear: líon na bhfostaithe/na gcuairteoirí, uaireanta oibríochta, láthair agus cóngaracht chuig iompar poiblí srl.

Déanfar limistéir pháirceála carranna a thírdhreachú agus a phlandáil le crainn chun an tionchar amhairc atá acu a laghdú nuair is cuí.

**10.3.4** Lorgóidh an t-údarás pleanála ranníocaíochtaí airgeadais in ionad spásanna páirceála ag teacht leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha reatha sna himthosca seo a leanas:

a. Nuair nach féidir leis an bhforbróir na spásanna atá ag teastáil a chur ar fáil go héasca.
b. Nuair is mian leis an gComhairle carrchlós a bheidh lonnaithe go lárnach a fhorbairt seachas roinnt carrchlós aonair. Léireoidh an ranníocaíocht in aghaidh gach spás an costas a bhaineann leis an spás malartach luaite a fhorbairt.

**10.3.5** Beidh an Chomhairle réidh le dul i mbun comhaontuithe airíocha le húinéirí talún/maoine chun carrchlós a chur ar fáil i mbailte sna himthosca seo a leanas:

a. Coinneoidh an t-úinéir talún úinéireacht iomlán agus deis forbartha na dtailte atá i gceist.
b. Déanfaidh an Chomhairle carrchlós sealadach as na tailte (go hiondúil ar feadh tréimhse de 5 bliana ar a laghad).
c. Sa bheartas seo, d'fhéadfaí tailte cóngaracha atá faoi úinéireacht úinéirí talún éagsúla (tailte cúil) a thabhairt le chéile chun carrchlós amháin a dhéanamh astu, de réir chomhaontú na bpáirtithe ar fad.

**Tábla 26: Diminsin Na Mbánna Lódála & Páirceála**

| DIMINSIN NA MBÁNNA LÓDÁLA & PÁIRCEÁLA | |
|---|---|
| Bá páirceála do charranna | 5m x 2.5m |
| Taobhranna Cúrsaíochta | 6m |
| Bá Lódála | Leagtha amach agus de mhéid atá oiriúnach d'Fheithiclí Seirbhísithe cuí |

## 10.4 Measúnú Tionchair Teanga

**10.4.1** Measúnú Tionchair Teanga a ullmhú:

a. Maidir le cásanna ina mbeidh sé mar riachtanas (dá dtagraítear i mBeartas UB-P-10) i gcead ar bith go mbeidh cion na n-aonad a bheidh á áitiú ag cainteoirí Gaeilge cothrom le cion na gcainteoirí Gaeilge laistigh de DED (bunaithe ar shonraí an daonáirimh is déanaí) na láithreach iarratais (faoi réir ag íosmhéid 20%), agus sa chás go mbeidh líon na n-aonad mar chodán den láthair iomlán, déanfar an líon a shlanú chuig an slánuimhir is gaire.
b. Is mar seo a leanas a bheidh an struchtúr don Mheasúnú Tionchair Teanga:
    - Cur síos ar an bhforbairt agus ar an dúiche.
    - Anailís ar shonraí daonáirimh (CSO) agus úsáid na Gaeilge ar bhonn laethúil sa cheantar.
    - Anailís ar an infreastruchtúr sóisialta sa cheantar inar féidir úsáid na Gaeilge agus an tionchar cultúir a bhaineann leis a léiriú, mar shampla na meáin, scoileanna, saoráidí spóirt, saoráidí/ionaid Ghaeilge, gnó, comharthaí.
    - Tátail agus cur i láthair na mbeart maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a léirítear drochthionchair.

## 10.5 Forbairt Tionscail Agus Tráchtála

**10.5.1** Beidh gach togra tionscail agus tráchtála faoi réir breithnuithe comhshaoil agus gach breithnithe pleanála eile agus beidh siad lonnaithe agus leagtha amach de réir Treoirlínte agus Caighdeán an NRA, an DMRB an EPA agus de réir aon fhoilsithe den sórt sin amach anseo.

**10.5.2** Ní mór tírdhreachú agus i gcásanna áirithe, criosanna bufair idir na húsáidí éagsúla a chur ar fáil. Cuirfidh forbróirí scáthú éifeachtach ar fáil ón mbóthar poiblí nó ó cheantair chónaithe, de réir mar is cuí.

**10.5.3** Beidh gach ceantar seirbhíse lonnaithe go hiomlán laistigh de chúirtealáiste na láithreach ina mbeidh spás inlíochta leordhóthanach mar aon le modh oiriúnach rochtana chuig an mbóthar poiblí curtha ar fáil.

**10.5.4** Déanfar gach ábhar dramhaíola a stóráil ar chúl foirgneamh i gcoinníollacha sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de agus déanfar iad a scáthú ó radharc an phobail.

**10.5.5** Déanfar an dramhaíl ar fad a stóráil ar bhealach a chinnteoidh nach rithfidh aon uisce le sruth isteach sa chóras draenála uisce dromchla.

**10.5.6** Déanfar an t-uisce ar fad a rithfidh le sruth ó cheantair bhundaithe a bhailiú agus a dhiúscairt go leithleach ó dhreanáil uisce dromchla.

**10.5.7** Beidh gach pointe nasctha breosla nó pointí sceite bundaithe rothlaithe.

**10.5.8** Déanfar gach duchtú (poiblí agus príobháideach) a leagan amach agus a shuiteáil de réir 'Moltaí d'Oibreacha Cáblaí Teileachumarsáide Faoin Talamh – Do Scéimeanna Bóithre, Tráchtála agus Cónaithe'. DCNR

## 10.6 Fuinneamh Gaoithe

**10.6.1** Déanfar scagthástáil ar thograí fuinnimh gaoithe i leith Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus Mheasúnú Cuí ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar an timpeallacht tíosach. Sa chás nach mbeidh EIA de dhíth ar an bhforbairt ba chóir Tuarascáil Chomhshaoil a ullmhú.

**10.6.2** Ní mór na nithe seo a leanas a bhreithniú fosta agus tograí fuinnimh gaoithe á n-ullmhú:

- Measúnú geolaíoch ar an gceantar.
- Measúnú geoiteicniúil ar an bhforchlúdach agus ar an mbuncharraig.
- Measúnú ar an bhfásra nó ar na hainmhithe áitiúla agus imirceacha.
- Ráiteas Cobhsaíochta Móna chun baol brúchta portaigh nó sciorrtha talún a chinneadh.

**10.6.3** Chóir go gcuirfí fálta ar aon chuid den láthair seachas d'fhorbairtí coimhdeacha ar nós fostáisiúin.

**10.6.4** Ní mór go mbeadh gach nasc cábla eangaí faoin talamh.

**10.6.5** Ní mór do thuirbíní gaoithe na riachtanais agus na caighdeáin uile leagtha amach i dTreoirlínte ar Fhuinneamh Ghaoithe an RCPRA 2006, nó aon Treoirlínte gaolmhara ina dhiaidh sin agus chomh maith leis sin ní ceadmhach iad a lonnú laistí dá leanas:

a) Crios amharcthionchair Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.
b) Crios tionchair/de bhealach eitilte Aerfort Dhún na nGall.

**10.6.6** Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha: Crios Amharcthionchair

**Sainmhíniú:-**

Tá carachtar comhshaoil agus amhairc Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha comhdhéanta d'achar geografach na páirce agus den chúlchríoch díreach in aice léi. Níor chóir léirmhíniú a fháil as cur i bhfeidhm an bheartais ábhartha mar a bheith ag baint le tailte a bhfuil ceangal teoranta fisiciúil nó amhairc acu leis an pháirc. Is ar an iarratasóir a bheidh an fhreagracht an méid tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt fuinnimh ghaoithe bheartaithe ar an Pháirc Náisiúnta a léiriú.

## 10.7 Carbháin Agus Campáil

**10.7.1** Déanfar breithniú ceart i leith leagan amach agus tírdhreachta na páirce agus déanfar tagairt ar leith do na limistéir slí isteach agus fáiltithe.

**10.7.2** Uasdlús de 50 carbhán in aghaidh an heicteáir (20 in aghaidh an heicteáir).

**10.7.3** 8m ar a laghad idir gach páirc agus 9m ar a laghad idir gach páirc agus aon struchtúr buan. Beidh spás breise de dhíth sa chás go mbeidh carr páirceáilte le hais carbháin.

**10.7.4** 30m ar a laghad idir aon pháirc agus bóthar poiblí nó 15m má chuirtear scáthú oiriúnach ar fáil chomh maith le 3m ar a laghad idir aon pháirc agus carrbhealaí láithreáin.

**10.7.5** Sa chás nach mbeidh soláthar den sórt sin ar fáil ní mór foinse eile uisce inólta a chur ar fáil chun sástachta na Comhairle Contae, i.e. rud a cheadóidh 136 lítear (30 galún) in aghaidh an lae do gach páirc.

**10.7.6** Ní mór hiodrant dóiteáin a chloíonn le BS750 a chur ar fáil ar láthair nach mbeidh níos faide ná 100m ón bpáirc is faide uaidh. Níor mór go mbeadh an hiodrant ceangailte le príomhlíonra uisce a bheidh trastomhas de 100mm aige ar a laghad. Soláthar uisce sreabhadh dóiteáin de 2000 lítear in aghaidh an nóiméid a sheasfaidh ar feadh 30 nóimead go comhuaineach agus déanfar soláthar do bhuaicéileamh laethúil fosta. Sa chás nach mbeidh aon sreabhadh nó foinse uisce ar fáil, is féidir stóráil a sholáthar. Cuirfear pointe dóiteáin le spóil píobán ar fáil laistigh de 30m de pháirc ar bith.

**10.7.7** Cuirfeadh gnáthshoilsiú ar fáil agus déanfar é a chothabháil i gcónaí in ordú maith oibre do gach foirgneamh, carbhán, bealach isteach, bealach amach agus bóthar a úsáidtear go hinmheánach.

## 10.8 Stáisiúin Líonta Peitril

**10.8.1** Beidh feidhm ag na nithe seo a leanas maidir le stáisiúin líonta peitril nua:

- Tógfar balla íseal, nuair is cuí, a bheidh thart ar 0.6 m in airde, ar feadh an éadanais bhóthair.
- Déanfar soláthar do 2 pointe rochtana bóthair a leagfar amach agus a thógfar de réir an NRA DMRB. Cuirfidh an t-iarratasóir doiciméad isteach a léireoidh gur comhlíonadh leis an NRA DMRB mar chuid den iarratas pleanála.
- Ní chuirfidh aon fhógraíocht nó comharthaí tráchtála isteach ar infheictheacht na bpointí rochtana chuig an láthair nó ar an teorainn tosaigh/ballaí sciatháin.

**10.8.2** Féadfar siopa/caifé a bheidh glanachar miondíola/caifé de suas go dtí 100 méadar cearnach aige a cheadú má bhíonn baint aige le stáisiún líonta peitril. Sa chás go mbeidh spás miondíola/caife a bheidh níos mó ná 100 méadar cearnach de ghlanspás miondíola/caifé a bhaineann le saoráidí peitril á lorg, beidh feidhm ag an gcur chuige leanúnach le forbairt den sórt sin.

- Chun cumas iompair na mbealaí straitéiseach a chosaint, ní dhéanfar stáisiúin líonta peitril nua a éilíonn rochtain dhíreach ar bhealaí den sórt sin a bhreithniú lasmuigh den luasteorainn 60kph. Beidh feidhm ag an mbeartas seo leis an líonra bóithre straitéiseach atá léarscáilithe sa Chaibidil Iompair.

## 10.9 Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi Chaomhnóireacht an OPW

O Úinéireacht Stáit
G Caomhnóireacht an OPW

**Tábla 27: Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Úinéireacht Stáit nó faoi Chaomhnóireacht an OPW**

| Séadchomhartha | Baile Fearainn | Uimh. Séadchomhartha | Stádas |
|---|---|---|---|
| Séipéal, Cros | An Ráith | 23 | O |
| Cloigtheach, Mainistir, Dhá Chros, etc. | Toraigh | 24 | O |
| Séipéal, Fearsaid Chrois, Croscheann | Cluain Catha | 25 | O |
| Séipéal & Tobar, St. Hugh's (Teampall Aoidh Mhic Bhricne) | An Baile Mór | 139.01 | O |
| Ionad Aithrí | An Caiseal | 139.02 | O |
| Teampall Cahan & Créfort | Málainn Bhig | 139.03 | O |
| Tuamaí Meigiliteacha & Imfhálú Cloiche | Málainn Mhóir | 139.04 | O |
| Dúnfort Ghrianán Aileach | An Cheathrú Riabhach | 140 | G |
| Caisleán Dhún na nGall | Dún na nGall | 174 | G |
| Mainistir (Fran.) Dhún na nGall | An Glaidhb | 175 | O |
| Cros agus Leaca Charn Domhnach | Séipéal agus Fearainn | 271 | O |
| Caisleán na dTuath | Caisleán na dTuath | 319 | O |
| 'Seanchaisleán' nó 'O'Doherty's Keep' | Tulaigh Armhaoile | 435 | G |
| Gallán | Pluc | 453 | G |
| Ciorcal Cloch na Bealtaine, Gallán | Tops | 463 | O |
| Coimpléacs Mill | An Muileann Nua | 639 | O |
| Séipéal Naomh Mhuire, Séipéal Naomh Conaill | Inis Caoil (Port Nua) | | O |

## 10.10 Reiligí Stairiúla (atá faoi chaomhnóireacht Chomhairle Chontae Dhún na nGall)

**Tábla 28: Reiligí Stairiúla (atá faoi chaomhnóireacht Chomhairle Chontae Dhún na nGall)**

| Ainm | Baile Fearainn | Uimhir RMP | Toghlimistéar |
|---|---|---|---|
# Caibidil 11 Straitéis Cúraim Leanaí

## 11.0 RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

### Cúram Leanaí – Beartas agus Tionscnaimh an Rialtais

Is ar an Roinn Sláinte agus Leanaí, trí Oifig an Aire Leanaí, atá an fhreagracht maidir le beartas cúraim leanaí a fhorbairt. Tá síneadh curtha leis an Chlár Náisiúnta Infheistíochta Cúraim Leanaí 2006 – 2010 (NCIP) go dtí 2013 agus cuireann sé leis an Chlár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí 2000-2006 a bhí ann roimhe sin.

Soláthraíonn na 'Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Saoráidí Cúraim Leanaí' a foilsíodh i mí Iúil 2001 creat maidir le Cúram Leanaí a sholáthar agus a éascú ag próiseas an Phlean Forbartha agus leagtar amach sa Straitéis cúraim leanaí sin na cuspóirí agus na beartais bheartaithe maidir le cúram leanaí a sholáthar laistigh den Chontae de réir Threoirlínte an DEHLG.

Sa bhliain 2001 a bunaíodh Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall faoi Chlár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí 2000-2006 (EOCP) na bPleananna Forbartha Náisiúnta. Is é ról an choiste tacú le seirbhísí cúraim leanaí atá oiriúnach agus leordhóthanach a fhorbairt ar fud an Chontae. Riarann agus formhuiníonn Coiste Cúraim Leanaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall deontais do sheirbhísí pobail agus príobháideacha cúraim leanaí faoin Chlár Náisiúnta Infheistíochta Cúraim Leanaí 2006 – 2013 (NCIP), agus faoin Scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige a seoladh sa bhliain 2009. Sheol an tAire Leanaí Plean Straitéiseach Náisiúnta nua do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) sa bhliain 2010 agus ina dhiaidh sin chuir Coiste Cúraim Leanaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall Plean Feidhmíochta Áitiúil do Chontae Dhún na nGall don bhliain 2011 le chéile.

Feidhmíodh cuspóirí agus beartais na Straitéise Cúraim Leanaí roimhe sin via an próiseas forbartha bainistíochta agus Coiste Cúraim Leanaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall go háirithe maidir le ceanglais agus caighdeáin agus i ngach próiseas ón réamhphleanáil go dtí déanamh cinntí i ndáil le hiarratais phleanála.

Ag breathnú chun cinn tá spriocanna, aidhmeanna agus cuspóirí beartais na straitéise roimhe seo sa straitéis seo lena chinntiú go soláthraítear an cúram leanaí cineálach is cuí ar dhóigh atá ceart agus freagrach.

Cuireann an straitéis cúraim leanaí seo soláthar dóthanach de chúram leanaí cineálach chun cinn sa Chontae via na cuspóirí agus beartais atá leagtha amach in alt 7.0 agus 8.0 den doiciméad seo. Déanfaidh an Chomhairle forbairt saoráidí cúraim leanaí a éascú agus a chur chun cinn; ach ní sholáthróidh sí féin na saoráidí sin go fisiciúil.

### LÉIRMHÍNIÚ

**Cúram Leanaí**
An sainmhíniú atá ar chúram leanaí mar atá leagtha amach ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí:

Tagraíonn "Cúram Leanaí" do shaoráidí cúraim lae agus do sheirbhísí do leanaí réamhscoile agus do leanaí scoile lasmuigh d'uaire scoile. Áirítear orthu sin seirbhísí a chuireann deiseanna cúraim, oideachais agus sóisialú ar fáil do leanaí a théann chun leasa leanaí, tuismitheoirí, fostóirí agus an phobail i gcoitinne. Ar an dóigh sin áirítear seirbhísí ar nós naíonraí, seirbhísí cúraim lae, crèches, grúpaí súgartha, grúpaí feighil leanaí agus grúpaí lasmuigh d'uaire scoile, ach níl scoileanna (bunscoileanna, meánscoileanna agus scoileanna speisialta) ná ionaid chónaithe do leanaí san áireamh.

**Feighil Leanaí**
Ní chlúdaíonn Treoirlínte na n-údarás áitiúil 'feighil leanaí', a shainmhínítear mar chúram leanaí a sholáthar do nach mó ná 6 leanbh (lena n-áirítear leanaí an fheighlí leanaí féin) i dteach cónaithe an fheighlí leanaí, mar go mbaineann siad le gnéithe pleanála úsáide talún do chúram leanaí agus sin amháin. Mar go bhfuil ról tábhachtach áfach ag feighlithe leanaí i ndáil le cúram leanaí a sholáthar sa cheantar áitiúil ba chóir iad a mheas i gcomhthéacs an riachtanais i leith forbairtí cúraim leanaí amach anseo.

## SAORÁIDÍ CÚRAIM LEANAÍ ATÁ ANN CHEANA

Déanann Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall Teoranta bainistiú ar liosta de 140 seirbhís cúraim leanaí ar fud an Chontae atá cothrom le dáta, atá scaipthe de réir toghlimistéar mar atá mionsonraithe sa tábla thíos.

**Tábla 35: Líon Iomlán na Seirbhísí Cúraim Leanaí sa Chontae**

| Limistéar Geografach | Líon iomlán Seirbhísí Cúraim Leanaí |
|---|---|
| Dún na nGall | 24 |
| Na Gleannta | 26 |
| Inis Eoghain | 33 |
| Leitir Ceanainn (lena n-áirítear Baile na nGallóglach) | 45 |
| Srath an Urláir | 12 |
| **IOMLÁN** | **140** |

**Scéim Oideachais agus Cúraim Luathóige (ECCE)**
Soláthraíonn an scéim ECCE áit saor in aisce do gach leanbh i dtimpeallacht réamhscoile an bhliain sula dtosaíonn siad sa bhunscoil. Tá ar an iomlán 135 seirbhís cúraim leanaí ag baint leasa as an scéim ECCE faoi láthair, is ionann an uimhir sin agus seirbhísí cúraim leanaí pobail agus príobháideacha, agus soláthróirí séasúracha agus soláthróirí cúraim lae iomlán. Tá iomlán de 1,946 leanbh sa Chontae ag baint úsáid lánaimseartha as an scéim ECCE faoi láthair, sin ardú de 6.5% ó théarma Eanáir-Meitheamh na bliana 2010.

Tá scaipeadh geografach na seirbhísí briste síos i:

**Tábla 36: Scaipeadh geografach na seirbhísí**

| Limistéar Geografach | An líon iomlán seirbhísí | Scéim 38 Seachtain | Scéim 50 Seachtain |
|---|---|---|---|
| Dún na nGall | 24 | 22 | 2 |
| Na Gleannta | 22 | 18 | 4 |
| Inis Eoghain | 33 | 31 | 2 |
| Leitir Ceanainn (lena n-áirítear Baile na nGallóglach) | 44 | 39 | 5 |
| Srath an Urláir | 12 | 8 | 4 |

**Scéim Fóirdheontais Pobail um Chúram Leanaí**

Tá an Scéim Fóirdheontais Pobail um Chúraim Leanaí ar fáil faoin NCIP le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí cúraim leanaí pobal-bhunaithe neamhbhrabúsacha le cúram leanaí ar ardchaighdeán ag rátaí laghdaithe a sholáthar do thuismitheoirí atá faoi mhíbhuntáiste. Faoi láthair tá 34 seirbhís cúraim leanaí ag baint leasa as an Scéim CCS. Is seirbhísí pobail atá iontu sin ar fad agus iad leagtha amach ar bhun limistéir geografach:

**Tábla 37: Seirbhísí Cúram Leanaí ag Rochtain ar an Scéim Fóirdheontais Pobail um Chúram Leanaí (Scéim FPCL)**

| Limistéar Geografach | An líon iomlán seirbhísí |
|---|---|
| Dún na nGall | 5 |
| Na Gleannta | 8 |
| Inis Eoghain | 8 |
| Leitir Ceanainn (lena n-áirítear Baile na nGallóglach) | 9 |
| Srath an Urláir | 4 |

Tá 29 de na 34 seirbhís sin ag baint leasa as an scéim ECCE fosta. Is seirbhís CCS agus sin amháin an 5 cinn atá fágtha, agus ar roinnt cúiseanna, is seirbhís cúraim leanaí do leanaí in aois scoile iad agus sin amháin nó tá seirbhís réamhscoile i ngar don tseirbhís atá ag cur na scéime ECCE ar fáil, mar sin cuireann siad seirbhísí ar fáil do leanaí atá níos óige nach bhfuil incháilithe don ECCE.

**An Scéim Tacaíochta Fostaíochta agus Oiliúna Cúraim Leanaí (CETS)**

Thug Oifig an Aire Leanaí an Scéim CETS isteach i mí an Mheithimh na bliana 2010 in ionad fóirdheontas chúram leanaí FÁS agus an Choiste Gairmoideachais chun tacaíocht bhreise cúraim leanaí a sholáthar do thuismitheoirí a bheadh ar chúrsaí oiliúna. Tá na seirbhísí atá rannpháirteach sa scéim leagtha amach ar bhonn limistéir gheografach:

**Tábla 38: Seirbhísí Cúram Leanaí ag Rochtain ar an Sceim Tacaíochta Fostaíochta agus Oiliúna Cúraim Leanaí (Scéim TFOCL)**

| Limistéar Geografach | An líon iomlán seirbhísí |
|---|---|
| Dún na nGall | 2 |
| Na Gleannta | 5 |
| Inis Eoghain | 7 |
| Leitir Ceanainn (lena n-áirítear Baile na nGallóglach) | 13 |
| Srath an Urláir | 2 |

## DÉIMEAGRAFAÍOCHT/DAONRA CHONTAE DHÚN na nGALL

### Aoisghrúpa leanaí 0-19

Tháinig fás foriomlán de 3.7% ar líon na leanaí (0-14) ó 32,225 go 33,426 sa tréimhse idir 2002 agus 2006. Laistigh den Chontae, de Thoghlimistéar Dhún na nGall agus na nGleannta bhí laghdú beag cé go raibh ardú ar an líon foriomlán i dtoghlimistéar an oirthir, Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach agus Sraith an Urláir (Tábla 39).

**Tábla 39: An Líon Leanbh i gContae Dhún na nGall de réir bliana, aoisghrúpa agus toghlimistéar.**

| TOGHLIMISTÉAR DHÚN NA NGALL | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 1,610 | 4,553 | 2,306 | 8,649 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 1,728 | 3,798 | 2,027 | 7,553 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 1,696 | 3,604 | 1,867 | 7,167 |
| **TOGHLIMISTÉAR NA nGLEANNTA** | | | | |
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 1,462 | 4,006 | 2,077 | 7,545 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 1,538 | 3,562 | 1,788 | 6,888 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 1,556 | 3,391 | 1,648 | 6,596 |
| **TOGHLIMISTÉAR INIS EOGHAIN** | | | | |
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 2,244 | 5,763 | 3,068 | 11,075 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 2,592 | 5,272 | 2,852 | 10,716 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 2,960 | 5,630 | 2,677 | 11,267 |
| **TOGHLIMISTÉAR LEITIR CEANAINN** | | | | |
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 1,908 | 4,417 | 2,344 | 8,669 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 2,257 | 4,332 | 2,401 | 8,990 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 2,545 | 4,523 | 2,370 | 9,438 |
| **TOGHLIMISTÉAR BHAILE na nGALLÓGLACH** | | | | |
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 1,025 | 2,678 | 1,426 | 5,129 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 1,145 | 2,481 | 1,256 | 4,882 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 1,263 | 2,556 | 1,190 | 5,009 |
| **TOGHLIMISTÉAR SRATH AN URLÁIR** | | | | |
| | **0-4** | **5-14** | **15-19** | **Iomlán** |
| **(staitisticí daonáirimh) 1996** | 1,063 | 2,471 | 1,320 | 4,854 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2002** | 1,167 | 2,383 | 1,190 | 4,740 |
| **(staitisticí daonáirimh) 2006** | 1,148 | 2,554 | 1,108 | 4,810 |

*N.B. D'athraigh coimisiún na teorann na Toghlimistéir an 5 Meitheamh 2009 ó foilsíodh Plean Forbartha Dhún na nGall agus an daonáireamh deiridh i 2006. Rinneadh cúig thoghlimistéar den 6 Thoghlimistéar, agus cuireadh isteach an chuid ba mhó de Thoghlimistéar Bhaile na nGallóglach i dToghlimistéar leathnaithe Leitir Ceanainn agus rinneadh athruithe ar Thoghlimistéir Inis Eoghain agus Shrath an Urláir. Chun críche anailíse déimeagrafach agus teilgin daonra, úsáideadh na sonraí daonra ó 2006 a bhí ar eolas, agus tagraítear go spásúil do na sean-thoghlimistéir. Ar mhaithe le críocha eolais agus sin amháin na sonraí agus an anailís staitisticiúil sin.*

I dTábla 40 tá briseadh síos de réir aoischohóirt laistigh de gach Toghlimistéar. Bhí laghdú i ngach aoischohóirt 0-4, 5-14 agus 15-19 i dtoghlimistéar Dhún na nGall, agus cé gur tháinig laghdú foriomlán ar líon na leanaí i dtoghlimistéar na nGleannta tháinig fás beag de 1% ar an aoischohóirt 0-4.

**Tábla 40: Daonáireamh an Toghlimistéir a léiríonn athrú céatadáin agus athrú iarbhír idir dhaonáireamh 2002-2006**

| TOGHLIMISTÉAR DHÚN na nGALL | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 1,728 | 1,696 | -2% | -32 |
| **5-14** | 3,798 | 3,604 | -5% | -194 |
| **15-19** | 2,027 | 1,867 | -8% | -160 |
| **TOGHLIMISTÉAR NA nGLEANNTA** | | | | |
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 1,538 | 1,556 | +1% | +18 |
| **5-14** | 3,562 | 3,391 | -5% | -171 |
| **15-19** | 1,788 | 1,648 | -8% | -140 |
| **TOGHLIMISTÉAR INIS EOGHAIN** | | | | |
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 2,592 | 2,960 | +14% | +368 |
| **5-14** | 5,272 | 5,630 | +7% | +358 |
| **15-19** | 2,852 | 2,677 | -6% | -175 |
| **TOGHLIMISTÉAR LEITIR CEANAINN** | | | | |
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 2,257 | 2,545 | +13% | +288 |
| **5-14** | 4,332 | 4,523 | +4% | +191 |
| **15-19** | 2,401 | 2,370 | -1% | -31 |
| **TOGHLIMISTÉAR BHAILE na nGALLÓGLACH** | | | | |
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 1,145 | 1,263 | +3% | +118 |
| **5-14** | 2,481 | 2,556 | +3% | +75 |
| **15-19** | 1,256 | 1,190 | -5% | -66 |
| **TOGHLIMISTÉAR SHRATH AN URLÁIR** | | | | |
| | **2002** | **2006** | **% athrú** | **Aon athrú in aon chor** |
| **0-4** | 1,167 | 1,148 | -2% | -19 |
| **5-14** | 2,383 | 2,554 | +7% | +171 |
| **15-19** | 1,190 | 1,108 | -7% | -82 |

*N.B. D'athraigh coimisiún na teorann na Toghlimistéir an 5 Meitheamh 2009 ó foilsíodh Plean Forbartha Dhún na nGall agus an daonáireamh deiridh i 2006. Rinneadh cúig thoghlimistéar den 6 Thoghlimistéar, agus cuireadh isteach an chuid ba mhó de Thoghlimistéar Bhaile na nGallóglach i dToghlimistéar leathnaithe Leitir Ceanainn agus rinneadh athruithe ar Thoghlimistéir Inis Eoghain agus Shrath an Urláir. Chun críche anailíse déimeagrafach agus teilgin daonra, úsáideadh na sonraí daonra ó 2006 a bhí ar eolas, agus tagraítear go spásúil do na sean-thoghlimistéir. Ar mhaithe le críocha eolais agus sin amháin na sonraí agus an anailís staitisticiúil sin.*

I dtoghlimistéar Inis Eoghain agus Leitir Ceanainn bhí ardú réasúnta mór de 14% agus 3% faoi seach i measc an aoisghrúpa 0-4 chomh maith le hardú de 7% agus 4% faoi seach i measc an aoisghrúpa 5-14.

Bhí titim i ngach toghlimistéar san aoisghrúpa 15-19; tagann sin leis an athrú a léirigh Daonáireamh 2002 ar Dhaonáireamh 1996 seachas Leitir Ceanainn ina raibh ardú beag de 2% roimhe sin.

Tá staitisticí ar an líon iarbhír leanaí iomlán (0-14) dhaonáireamh 2006 ag teacht salach ar na staitisticí teilgthe atá mionsonraithe i straitéis cúraim leanaí an phlean roimhe seo. Faoin mbliain 2006, 30,483 leanbh idir 0-14 a teilgeadh sa straitéis cúraim leanaí roimhe seo ach de réir figiúirí an daonáirimh, 33,426 leanbh a bhí ann.

Sa straitéis cúraim leanaí roimhe seo teilgeadh go mbeadh 30,725 leanbh ann faoi 2010 cé gur 33,770 an figiúr measta do 2010 mar atá mionsonraithe i dtábla 4 sa straitéis seo agus tá líon de 35,719 teilgthe do 2016.

**Tábla 41: Tábla ina léirítear staitisticí ar an líon leanbh atá anois ann agus ar an líon leanbh atá teilgthe (Bunaithe ar mheántreocht leanúnach d'ardú de 2.4% ar an ráta breithe bliain ar bhliain san aoischohóirt 0-4, agus leanúint an fháis de 2% roimhe sin san aoischohóirt 0-14)**

| Bliain | 0-4 | 5-14 | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **2002 (daonáireamh 2002)** | 10,427 | 21,828 | 32,225 |
| **2006 (daonáireamh 2006)** | 11,168 | 22,258 | 33,426 |
| **2010 (measta)** | 11,067* | 22,703 | 33,770 |
| **2016 (teilgthe)** | 12,562 | 23,157 | 35,719 |

*meastar an figiúr tríd an ráta breithe aitheanta ó 2006-2009 san áireamh agus an ráta breithe teilgthe do 2010 a chur leis.

## An Líon Teilgthe Leanaí

Thaifead daonáireamh 2006 daonra an Chontae ag 147,264, ardú de 7% ar fhigiúr de 137,575 2002, agus an líon iomlán leanaí (0-14) ag 33,426, ardú de 4% ar fhigiúr 33,225 ó dhaonáireamh 2002. Is ionann agus 23% den daonra iomlán an líon leanaí in aois 0-14, nuair a oibrítear é mar chéatadán.

Glacann Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha na Teorann 2010-2022 go dtiocfadh fás bliantúil de 1,414 ar an daonra agus mar thoradh air sin go mbeadh daonra de 152,920 ann i 2010, ardú de 3.8% ar fhigiúr daonáirimh 2006. Leagann siad amach spriocanna fáis daonra don Chontae atá bunaithe ar phatrúin ina leanadh ag fás don Chontae ó 1991-2006 chomh maith le spriocanna daonra a d'fhoilsigh an DEHLG in Eanáir 2009. Is 171,337 faoi 2016 agus 184,450 faoi 2022 an spriocphobal atá beartaithe don Chontae amach anseo.

**Tábla 42: Léirítear Ráta Breithe Bliantúil Iarbhír i nDún na nGall ó 1998-2009 agus Ráta Breithe Bliantúil Teilgthe ó 2010-2016, bunaithe ar ardú bliantúil de 2.4% (an meánráta fáis idir 1998-2009)**

| Bliain | Líon breitheanna |
|---|---|
| **1998** | 1,781 |
| **1999** | 1,857 |
| **2000** | 1,772 |
| **2001** | 1,895 |
| **2002** | 1,911 |
| **2003** | 1,969 |

| Bliain | Líon breitheanna |
|---|---|
| **2004** | 1,897 |
| **2005** | 1,926 |
| **2006** | 2,067 |
| **2007** | 2,114 |
| **2008** | 2,263 |
| **2009** | 2,284 |
| **2010** | 2,339 (teilgthe) |
| **2011** | 2,395 (teilgthe) |
| **2012** | 2,452 (teilgthe) |
| **2013** | 2,511 (teilgthe) |
| **2014** | 2,571 (teilgthe) |
| **2015** | 2,633 (teilgthe) |
| **2016** | 2,696 (teilgthe) |

Cheal staitisticí iarbhír daonra do 2010 agus trí úsáid a bhaint as daonra measta de 152,920 mar atá leagtha amach ag Údarás Réigiúnach na Teorann, is féidir líon garbh de 35,171 leanbh (aois 0-14) a mheas, má ghlactar le % de 23% den iomlán.

Léirítear staitisticí maidir leis an líon leanaí atá ann cheana agus atá beartaithe de réir bliana, aoischohóirt agus iomlán i dtábla 41. Tomhaistear na staitisticí measta trí úsáid a bhaint as teaglaim rátaí breithe bliain ar bhliain mar % athraithe agus é réamh-mheasta chun cinn. Tháinig an mhodheolaíocht sin ar líon iomlán leanbh (0-14) de 33,770 do 2010, tá an figiúr sin beagáinín níos ísle ná an figiúr de 35,171 ar thángthas air in alt 4.7.3 thuas, mar sin féin bheadh sé réasúnach glacadh leis an raon idir an péire acu mar fhigiúr cuí. Is ionann agus 35,719 an líon leanaí iomlán teilgthe d'aois 0-14 do 2016 agus úsáid á baint as an mhodheolaíocht céanna sin mar atá mionsonraithe i dtábla 41.

Cé go léirítear laghdú beag de 0.9% san aoisghrúpa 0-4 do 2010 ar fhigiúr 2006 i dtábla 41, is ionann an figiúr teilgthe do 2016 agus 12,562 nó ardú de 13.5%.

**Fórsa Saothair Fir/Mná agus na himpleachtaí ar shaoráidí Cúraim Leanaí.**
Luaigh 56,670 duine in aois 15 agus os a chionn i ndaonáireamh 2006 a bpríomhstádas eacnamaíochta mar a bheith 'ag obair'. Ba mhná a bhí i 23,843 (42%) díobh sin. Bhí thart ar 15,402 sa Chontae ag 'tabhairt aire don bhaile/don teaghlach', ísliú beag ó 2002 nuair a roghnaigh 16,000 duine 'fanacht sa bhaile'.Ba mhná a bhí i 95% den mheitheal a d'fhan sa bhaile i ndaonáireamh 2002 agus 2006 araon. Cé go bhfuil an fórsa saothair comhdhéanta de chion réasúnta ard de mhná, roghnaíonn cion ard ban fanacht sa bhaile, beagnach cóimheas de 2:1 faoi seach.

## RIACHTANAS AGUS ÉILEAMH AR SHAORÁIDÍ CÚRAIM LEANAÍ

Leis an fhógra go raibh an Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí 2006–2010, go 2013 á leathnú, leanann sé de bheith mar bheartas ag an rialtas tacaíocht a thabhairt agus feabhas a chur ar chaighdeán saoráidí cúraim leanaí.

Thaispeáin Daonáireamh 2006 do Chontae Dhún na nGall líon na leanaí in aois 0-14 ag 33,426 nó ag 23% de dhaonra iomlán an Chontae. Léirítear fás idir 2006 agus 2010 de 1% agus daonra teilgthe de 35,719 do 2016 i dTábla 41 den tuarascáil seo.

Go starógach leanann an t-éileamh ar chúram leanaí de bheith ag fás, go háirithe i gceantair uirbeacha ach i gceantair thuaithe fosta, ní díreach le cuidiú le tuismitheoir leas a bhaint as deiseanna oibre, oiliúna agus oideachais ach le deiseanna luathfhoghlama a sholáthar do leanaí. Oibríonn Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall le grúpaí le héileamh/riachtanas ar shaoráidí a chinneadh agus chun cuidiú le grúpaí bealaí a aimsiú le heolas a bhailiú ar riachtanas (m.sh. suirbhéanna, cruinnithe

oscailte do thuismitheoirí). Léiríonn an DCCC fosta an riachtanas le haghaidh tuilleadh saoráidí pobail cúraim leanaí laistigh den Chontae, go háirithe i Leitir Ceanainn agus Inis Eoghain, a bheadh comhghaolmhar le ráta fáis níos airde sa líon leanaí a bhfuil fianaise le fáil orthu sa 2 thoghlimistéar sin.

Ní mór do chaighdeán na saoráidí ceanglais Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006 a chomhlíonadh.

## 11.1 AIDHMEANNA

Soláthar a dhéanamh do chreat beartais pleanála úsáide talún a éascóidh, a spreagfaidh agus a chuirfidh le soláthar na saoráidí cúraim leanaí is fearr is féidir i dtimpeallacht atá sábháilte agus oiriúnach le freastal go príomha ar riachtanais forbartha leanaí, ach fosta ar cheanglais sóisialta agus eacnamaíochta an phobail níos leithne agus le caighdeán seirbhísí cúraim leanaí a fheabhsú don phobal.

Beartas pleanála d'úsáid talún a sholáthar a dhéanfaidh breithniú straitéiseach ar an riachtanas le haghaidh cúraim leanaí agus le haghaidh taitneamhachtaí do leanaí, go háirithe le tionscnaimh cruthú poist, forbairtí atá bunaithe ar an eacnamaíocht agus forbairtí tithíochta/cónaithe agus ionaid chomharsanachta sa Chontae.

## 11.2 CUSPÓIRÍ

**CH-O-1** Soláthar saoráidí cúraim leanaí inbhuanaithe agus inoiriúnaithe ar ardchaighdeán a chumasú i láithreacha éagsúla réasúnta cóngarach do na daoine a bhfuil freastal le déanamh orthu agus scaipeadh spásúil na ndaoine i nDún na nGall a thabhairt san áireamh.

**CH-O-2** Láithreacha cuí do sholáthar saoráidí cúraim leanaí a aithint.

**CH-O-3** Comhionannas a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar eisiamh/ar mhíbhuntáiste sóisialta i ndáil le soláthar saoráidí cúraim leanaí.

**CH-O-4** Breithniú iompar malartach/roinnte, roinnt nó athúsáid saoráidí atá ann cheana agus saoráidí soghluaiste a chur chun cinn le freastal ar riachtanais cheantair iargúlta.

**CH-O-5** Dul i gcomhairle agus oibriú le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall, compháirtíochtaí/grúpaí forbartha áitiúla, Boird Sláinte, agus Boird Forbartha Contae i ndáil le saoráidí cúraim leanaí a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus córais eolais bunlíne a bhunú.

**CH-O-6** Tacaíocht a thabhairt do sholáthar saoráidí cúraim leanaí a bhaineann úsáid as an Ghaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht.

**CH-O-7** Cúram leanaí a aithint mar réimse cruthú fostaíochta áitiúil agus réimse atá tábhachtach do dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíochta an cheantair.

## 11.3 BEARTAIS

### Suíomh Saoráidí Cúraim Leanaí

**CH-P-1** Is beartas atá ann soláthar saoráidí cúraim leanaí a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh i ngach baile agus sráidbhaile, nuair a aithnítear an riachtanas, agus in áiteanna in aice le saoráidí pobail atá ann cheana ar nós scoileanna agus séipéil, i ndáil leis na caighdeáin forbartha atá leagtha amach in alt 10.

**CH-P-2** Is beartas atá ann saoráidí cúraim leanaí ar scála beag a bhreithniú, atá de réir scála agus foirm tís i gceantair thuaithe, seachas i Limistéir Chonláiste Ardscéimhe (EHSAnna), san áit ina bhfuil sé léirithe nach féidir freastal go réasúnach ar na riachtanais atá laistigh de bhailte agus sráidbhailte, agus i saoráidí pobail chóngaracha atá ann cheana.

Is beartas atá ann saoráidí cúraim leanaí i Limistéir Chonláiste Ardscéimhe (EHSAnna) a bhreithniú, sa dóigh gur féidir iad a lánpháirtiú go sásúil sa tírdhreach agus go mbeadh siad comhdhéanta de:

- Athchóiriú foirgnimh atá tréigthe, imithe ó rath nó i ndrochriocht;
- Síneadh a chur le foirgnimh/cnuasaigh foirgneamh atá ann cheana.

**CH-P-3** Is beartas atá ann comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta agus le grúpaí forbartha áitiúla sna ceantair Ghaeltachta le soláthar naíonraí agus saoráidí do leanaí atá níos sine a éascú mar phríomhghné chun cosaint a dhéanamh ar oidhreacht theangeolaíoch agus cultúir na Gaeltachta. Breithneofar éascú a dhéanamh ar shaoráidí cúraim leanaí cuí san áit ina bhfuil méideanna móra tithíocht shóisialta agus/nó tithíocht inacmhainne á gcur ar fáil ag an Chomhairle i gceantair Ghaeltachta mar chuid den fhorbairt. Oibríonn an DCCC sa Ghaeltacht fosta, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, lena chinntiú go bhfuil freastal a dhéanamh ar riachtanais chúraim leanaí an cheantair.

**CH-P-4** Is beartas atá ann soláthar saoráidí cúraim leanaí a spreagadh laistigh de, in aice le nó cóngarach do scoileanna, ionaid sláinte agus saoráidí pobail eile ar mhaithe le soláthar áitiúil agus forbairt inbhuanaithe agus inrochtaine a éascú.

**CH-P-5** Is beartas atá ann soláthar a dhéanamh i bpleananna ceantair áitiúla do shuíomh le haghaidh saoráidí cúraim leanaí i gceantair chónaithe níos nua, in ionaid dhúiche nó in ionaid chomharsanachta.

## 11.4 FORBAIRT NUA TITHÍOCHTA AGUS SAORÁIDÍ CÚRAIM LEANAÍ

Moltar sna Treoirlínte a d'eisigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil gur chóir go n-éileodh údaráis phleanála go ndéanfaí soláthar do shaoráid amháin cúraim leanaí ar a laghad i gceantair thithíochta nua agus i gceantair eile ina bhfuil forbairtí cónaithe mura bhfuil cúiseanna suntasacha lena mhalairt a dhéanamh. Moltar soláthar tagarmhairc de shaoráid cúraim leanaí amháin in aghaidh 75 teach cónaithe (íosmhéid de 20 áit cúraim leanaí). Ba chóir an soláthar seo a bhreithniú ar an gcomhiomlán, m.sh. bheadh ceantar ina bhfuil forbairtí de thrí cinn de 25-teach faoi dhliteanas forbairt saoráid cúraim leanaí a thógáil agus/nó tacú leo.

Déanfaidh an Chomhairle muirear forbartha do shaoráidí cúraim leanaí ar gach forbairt tithíochta a bhreithniú san áit nach féidir aon saoráidí cúraim leanaí a sholáthar ar an láthair, m.sh., san áit ina bhfuil cúram leanaí leordhóthanach cóngarach don láthair. Bheadh an muirear sin mar bhunús le

Ciste Forbartha Cúraim Leanaí an Chomhairle Chontae, a mbainfí úsáid as le saoráidí cúraim leanaí a bhunú ag suíomhanna chuí.

Déanfaidh gach soláthróir agus forbróir pobail/príobháideach ar mian leo saoráidí cúraim leanaí a oscailt idirchaidreamh díreach le Coistí Cúraim Leanaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall le riachtanas cúraim leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mheaitseáil (m.sh. grúpaí pobail, daoine aonair) le spás do chúram leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann (m.sh. saoráid a chuireann an forbróir ar fáil).

Bainfear úsáid as an moladh sé sin saoráid amháin in aghaidh 75 teach cónaithe atá sna Treoirlínte Cúram Leanaí (Meitheamh 2001) mar **thagarmharc táscach amháin** agus déanfar é a athrú de réir na comhairle atá in Aguisín 2 de na Treoirlínte (agus aird á tabhairt ar chomhdhéanamh an cheantair chónaithigh atá beartaithe, m.sh. meastachán den mheascán den phobal a bhfuil iarracht á déanamh ag an réimse tithíochta freastal orthu agus an toradh ar aon anailís riachtanais cúraim leanaí aitheanta). Mar thoradh ar an measúnú sin agus i gcomhoibriú le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall, breithneoidh an Chomhairle cibé an dteastaíonn saoráidí cúraim leanaí sainiúla mar chuid den fhorbairt sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar fhorbróirí láthair atá suite in áit níos oiriúnaí a chuir ar fáil mar mhalairt.

- Beidh na soláthairtí cúraim leanaí sin i bhfeidhm i ndáil le tithíocht sóisialta agus tithíocht inacmhainne fosta.
- Breithneoidh an Chomhairle socruithe gearrthéarmacha laistigh den réimse tithíochta atá ann fosta san áit nach bhfuil saoráidí fadtéarmacha curtha ar fáil fós.

**Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí pobal-urraithe**

Leanfaidh an Chomhairle le tacaíocht a thabhairt do shaoráidí cúraim leanaí atá tionscanta ag an phobal i gcomhpháirtíocht le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall.

## 11.5 COMHAIRLE AGUS TREOIR AGUS BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Chiallódh tógáil saoráid cúraim leanaí nua nó úsáid foirgneamh atá ann cheana a athrú ón úsáid atá á baint as i láthair na huaire go mbeadh cead pleanála riachtanach don fhorbairt de ghnáth. Má thiteann an úsáid atá á baint as cheana féin nó an úsáid atá beartaithe, áfach, laistigh d'aicme 8, d'fhéachfaí air mar fhorbairt dhíolmhaithe faoi réir d'Alt 10 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2011. Sáinmhínítear Úsáid Aicme 8 mar úsáid:

a) mar ionad sláinte nó clinic nó do sholáthar aon seirbhísí míochaine nó sláinte (ach ní le haghaidh úsáid teach sainchomhairleora nó dochtúra nó aon fhoirgneamh atá ceangailte leis an teach nó laistigh den chúirtealáiste sin, chun na críche sin).
b) Mar crèche.
c) Mar naíolann lae.
d) Mar ionad lae.

Bheadh forbairt a bheadh comhdhéanta de theach le haghaidh feighil leanaí ina forbairt díolmhaithe fosta faoi réir Alt 10(5) de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2011. Sainmhínítear 'Feighil Leanaí mar ' …gníomhaíocht le feighil a dhéanamh air nach mó ná 6 leanbh, lena n-áirítear leanaí, más ann dóibh, an duine atá i mbun feighilte, i dteach an duine sin, le haghaidh brabúis nó gnóchain.'

Feidhmeofar na critéir seo a leanas agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht saoráidí cúraim leanaí:

- Aird á tabhairt ar na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006, maidir le himpleachtaí pleanála na rialachán sin.
- Oiriúnacht na láithreach do chineál agus méid na saoráide beartaithe.
- Oiriúnacht scála na hoibríochta i dtaobh an cheantair ina bhfuil sí beartaithe.
- An torann agus an núis a thagann ó thrácht nó ó shúgradh lasmuigh.

- Fáil ar limistéir shúgartha lasmuigh agus mionsonraí faoin bhainistíocht a bheidh i gceist.
- Rochtain shábháilte agus páirceáil áisiúil do chustaiméirí agus don fhoireann. (Breithneofar na caighdeáin atá le cur i bhfeidhm ar fhiúntas achan chás. Beidh soláthar d'fheithiclí chun dul isteach agus amach ón tsaoráid sa ghiar tosaigh agus/nó saoráid leataoibh feadh éadan na bhforbairtí riachtanach sa chuid is mó de chásanna).
- Coinníollacha tráchta áitiúla.
- Líon saoráidí den sórt sin sa cheantar agus an tionchar ar leathadh an cineál sin úsáidí ar thréithe foriomlán an cheantair.
- Na huaire a bhfuil sé i gceist an tsaoráid a bheith i mbun feidhme (d'fhéadfadh fadhbanna a bheith ag baint le feidhmiú 24 uair i gceantair áirithe).
- Éifeacht ó thaobh amhairc: An éifeacht ar thaitneamhacht amhairc agus ar thréithe an cheantair.
- Riachtanas léirithe maidir le soláthar cúram leanaí sa cheantar (m.sh, trí shuirbhé, plean gnó mionsonraithe), aird/feasacht ar shaoráidí cúraim leanaí áitiúil eile.
- Comhairliúchán le foireann cigireachta Réamhscoile lena chinntiú go bhfreastalaíonn na pleananna ar Rialacháin Seirbhísí Réamhscoile 2006 (más infheidhme).
- Teagmháil le Coiste Cúraim Leanaí Chomhairle Chontae Dhún na nGall lena chinntiú go bhfuil na céimeanna cearta maidir le seirbhís cúraim leanaí á dtógáil.

## Suímh Shonracha

### Ceantair Chónaithe

D'fhéadfadh soláthar saoráidí cúram leanaí i gceantair chónaithe go príomha a bheith áisiúil d'úsáideoirí ach ní mór é sin a bheith meáite in aghaidh tréithe cónaitheach riachtanach a choimeád.

Is dóichí go mbeadh tithe scoite/suímh i **gceantair chónaithe bunaithe** nó in aon mhaoin leathscoite substaintiúil le spás le haghaidh páirceáil eas-shráide agus/nó pointí oiriúnacha fágála agus bailithe do chustaiméirí agus le spás le haghaidh limistéar súgartha lasmuigh níos inghlactha do sholáthar saoráidí cúraim leanaí. Is é sin an cás go mór mór más úsáid cuid amháin den teach atá i gceist agus go bhfanann an úsáid chónaitheach mar atá.

Ní dóichí go mbeadh úsáid tithe neamhscoite nó tithe leathscoite ar láithreacha beaga inghlactha do shaoráidí cúraim lae iomlán agus déanfar measúnú orthu de réir a bhfiúntas le haird á tabhairt ar bhainistiú forbairtí príomha atá imlínithe thuas. D'fhéadfadh cúram tar éis scoile nó seisiúnach, a bheadh sa bhreis ar phríomh-úsáid cónaitheach, a bheith níos oiriúnaí ina leith sin.

Beifear ag súil go ndéanfaí forbróirí pleanáil do agus go gcuirfidh siad soláthar cúraim leanaí i **gceantair thithíochta nua** san áireamh. Beidh a leibhéal sin ag brath ar imthosca áirithe ach mar threoir d'fhéadfadh saoráid cúraim leanaí amháin le haghaidh 20 áit cúram leanaí in aghaidh thart ar 75 teach cónaithe ar a laghad a bheith cuí.

### Ionaid Chomharsanachta

De ghnáth bheadh áit laistigh de cheantair chónaithe oiriúnach le haghaidh saoráidí cúraim leanaí ar an choinníoll go mbeadh spás oscailte dóthanach laistigh den tsaoráid nó áit súgartha sábháilte lasmuigh le rochtain éasca. Sa dara cás, mura bhfuil an áit súgartha faoi rialú an iarratasóra, beidh mionsonraí cead na n-úinéirí lena úsáid riachtanach. Ní mór d'iarratasóirí rochtain agus páirceáil a sholáthar fosta a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm páirceála/pointí fágála atá á roinnt le húsáideoirí eile agus ní mór a léiriú go bhfuil an ceart sin ann. D'fhéadfadh cead pleanála a bheith coinníollach sa chás sin.

D'fhéadfadh áitribh nó láithreacha ar imeall nó ar chomhéadan cheantair chónaithe nó ceantair **in aice le príomhbhealaí tráchta** san áit ina bhfuil spásanna do chustaiméirí nó don fhoireann le tarraingt isteach nó le páirceáil a bheith inghlactha do sholáthar saoráidí cúraim leanaí.

### Ceantair Thionscail/Ceantair Fhostaíochta

D'fhéadfadh saoráidí cúraim leanaí a bheith oiriúnach i **gcriosanna beaga tionscail/i bpáirceanna teicneolaíochta agus gnó** go háirithe má tá siad sa bhreis ar an úsáid tionsal atá ann cheana féin. Níl siad oiriúnach in eastáit thionscail/i gceantair mhianadóireachta ghinearálta san áit ina bhféadfadh contúirt a bheith ag baint leis an phróiseas atá idir lámha nó go bhféadfadh gléasra agus innealra a bheith díobhálach do shláinte agus do shábháilteacht leanaí.

Beidh rochtain agus páirceáil oiriúnach riachtanach i gceantair tionscail agus soláthar agus nó rochtain ar áit súgartha sábháilte lasmuigh.

Ní dóigh go mbeidh **áitribh/ceantair thráchtála**, i gceartlár bailte, ina bhfuil trácht trom oiriúnach do shaoráidí cúraim leanaí mar gheall ar bhac agus guais thráchta a d'fhéadfaí a chruthú. Beidh siad níos inghlactha i suímh ina bhfuil páirceáil áisiúil agus spás súgartha lasmuigh ar fáil.

Bíonn saoráidí cúraim leanaí oiriúnach de ghnáth i **bhforais oideachais** ar nós coláistí tríú leibhéal agus scoileanna náisiúnta agus meánscoileanna, go háirithe cinn a bhíonn in ann cúram iarscoile a sholáthar.

Ní mór saoráid cúraim leanaí a bheith lonnaithe i ngach cás ag achar cuí ó fhorais ina bhfuil substaintí guaiseacha de réir Sceideal 8 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2011.

Moltar go ndéanfadh an Fhoireann Chigireachta Réamhscoile measúnú tosaigh ar na pleananna/na háitribh atá beartaithe lena chinntiú go bhfuiltear ag freastal ar na cóimheasa agus ar chaighdeán na timpeallachta (m.sh. aerú, fuinneoga cearta) agus go bhfuil siad de réir na Rialachán um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006.

### Comhairliúchán/Eolas a éilítear in Iarratais

Moltar d'iarratasóir dul i gcomhairle le Rannóg Pleanála, Rialú Foirgníochta agus Oifigeach Dóiteáin an Chomhairle Contae agus leis an Bhord Sláinte atá sa cheantar, sula seoltar isteach iarratas ar shaoráid cúraim leanaí. Ba chóir d'iarratasóirí dul i gcomhairle le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall fosta le tacaíocht agus treoir a fháil maidir leis an phróiseas agus go háirithe maidir le tuiscint straitéiseach a fháil ar riachtanais chúraim leanaí sa cheantar ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh.

Spreagann Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall, agus iad ag feidhmiú le saoráidí cúraim leanaí ionchasacha, iarratasóirí le Plean Gnó a chur le chéile, mar a dhéanann aon ghnó eile, ar mhaithe le tuiscint iomlán a fháil ar inmharthanacht an ghnó. Mar sin, moltar go seolfadh iarratasóirí isteach an t-eolas mar a leanas:

1. Cineál na Saoráide
   - Cúram lae iomlán
   - Seisiúnach
   - Buail isteach
   - Cúram Iarscoile
2. Líon na leanaí a bhfuil freastal á dhéanamh orthu.
3. Soláthar páirceála do chustaiméirí agus don fhoireann araon.
4. Na huaire atá beartaithe
5. Soláthar spáis oscailte agus bearta le bainistiú a dhéanamh orthu.

Ba chóir go mbeadh ar chumas an iarratasóra riachtanas a léiriú fosta (trí shuirbhé nó trí imlíne a thabhairt maidir leis an dóigh ina bhfreastalaíonn an tsaoráid ar an chritéar pleanála d'aon tsaoráid amháin do 75 teach nua).

Ba chóir go dtabharfadh an t-iarratasóir, tar éis taighde sula ndéantar iarratas ar chead pleanála, imlíne maidir le haon saoráidí cúraim leanaí eile atá sa cheantar agus ba chóir don iarratasóir dul i gcomhairle leis an DCCC murar eol dóibh aon saoráidí cúraim leanaí eile atá sa cheantar a bhfuil sé i gceist acu iarratas a sheoladh isteach ina leith. Is ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil forbairt straitéiseach cúraim leanaí ar fud an Chontae é sin, agus ar mhaithe le dúbailt a sheachaint.

## SAORÁIDÍ CÚRAIM LEANAÍ SAINMHÍNITHE

### Crèches/Naíolanna/Cúram Lae Iomlán

Seirbhís cúram leanaí **iomlán lae** do leanaí, lapadáin agus leanaí réamhscoile (níos mó ná 3.5 uaire in aghaidh an lae). Cuireann go leor saoráidí crèche agus saoráidí cúraim lae iomlán seirbhís iarscoile ar fáil do leanaí in aois scoile (6 go 14 bliain d'aois). D'fhéadfadh ionaid buail isteach cúram a sholáthar do leanaí, lapadáin agus leanaí réamhscoile fosta ar feadh lá iomlán ach ar bhonn ad hoc a tharlaíonn sé sin (m.sh. ar fáil in ionad siopadóireachta)

### Cúram Lae Seisiúnach

Seirbhís struchtúrtha de 3.5 uaire nó níos lú do leanaí nach bhfuil in aois scoile (2 bhliain 9 mí go cúig bliana) le forbairt a dhéanamh ar an leanbh roimh aistriú chun scoile. Áirítear ar chúram leanaí seisiúnach, réamhscoileanna, grúpaí súgartha agus scoileanna súgartha. Is ionann agus foirmeacha de chúram seisiúnach iad Montessorí nó High/Scope, áiteanna a bhaineann úsáid as fealsúnacht oideachais shainiúil agus seirbhísí réamhscoile fosta.

### Naíonra

Seirbhís réamhscoile seisiúnach a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge. Tá líon naíonraí sna ceantair Ghaeltachta agus ar fud an Chontae.

### Grúpaí Tuismitheoirí agus Lapadáin

Seirbhís tacaíochta do thuismitheoirí agus lapadáin araon a sholáthraíonn deiseanna súgartha agus deiseanna casadh le leanaí eile do na leanaí agus a thugann deis do thuismitheoirí casadh le chéile. Is iondúil go mbíonn leanaí a fhreastalaíonn ar sheisiún tuismitheoirí agus lapadáin faoi trí bliana d'aois agus go mbíonn siad i dteannta a dtuismitheoirí nó feighlí leanaí.

### Cúram Leanaí in Aois Scoile/Cúram Leanaí Tar Éis Scoile/Cúram Leanaí Lasmuigh den Scoil

Seirbhís cúraim leanaí do leanaí atá in aois scoile (in aois 6 go 14), le struchtúr atá dírithe ar leanaí ar a bhféadfaí staidéar, súgradh, gníomhaíochtaí sóisialta a áireamh, ar feadh dhá uair go trí huaire an chloig díreach tar éis na scoile de ghnáth.

### Feighil leanaí/Cúram leanaí baile-bhunaithe

Duine aonair a sholáthraíonn cúram leanaí ina dteach féin, nó i roinnt cásanna i dteach na leanaí féin. Feighlithe leanaí atá cláraithe leis an HSE atá i mbun feighilte ar níos mó ná 3 leanbh (rangófar iad mar crèche má tá níos mó ná 6 leanbh i gceist). Soláthraíonn go leor feighlithe leanaí seirbhís cúraim lae iomlán agus tá siad rangaithe mar sheirbhís cúram lae iomlán.

### Roinntear cúram leanaí fosta ina sholáthair pobail agus príobháideach.

Reáchtálann grúpaí pobail comhdhéanta d'oibrithe deonacha an soláthar pobail (tuismitheoirí de ghnáth) ar bhonn neamhbhrabúis. D'fhéadfadh cúram lae iomlán, crèche, naíonra, soláthar iarscoile agus grúpa tuismitheoirí agus lapadán a bheith i gceist ansin. Is gnáth le cúram leanaí pobail a bheith níos inacmhainne, cé go mbaintear amach an ráta atá i gceist i láthair na huaire i go leor réimsí cúraim leanaí.

### Soláthar príobháideach

Is ionann soláthar príobháideach agus gnó cúraim leanaí a fheidhmítear ar mhaithe le brabús.